



An Bhruiséal, 2 Iúil 2024
(OR. en)

10664/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0210(COD)**

**CODEC 1430
EF 192
ECOFIN 634
PE 163**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 - An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 22 go dtí an 25 Aibreán 2024)

I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Marek BELKA (S&D, PL), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) ina raibh leasú amháin (leasú 1) ar an togra. Níor cuireadh síos aon leasú eile.

II. VÓTÁIL

Nuair a caitheadh vóta sa seisiún iomlánach an 23 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa an leasú 1 ar an togra le haghaidh Rialacháin.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

P9_TA(2024)0298

Seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Aibreán 2024 maidir le togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (COM(2023)0367 – C9-0217/2023 – 2023/0210(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0367),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0217/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Nollaig 2023¹,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0052/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C, C/2024/1594, 5.3.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/1594/oj>.

LEASUITHE PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

2023/0210 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE)
Uimh. 1093/2010**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,
ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,
ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,
ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,
ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach³,

* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ■ .

² IO C , , lch. .

³ IO C , , lch. .

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ó glacadh Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, rinneadh athruithe suntasacha ar an margadh seirbhísí íocaíochta miondíola, athruithe a bhaineann den chuid is mó leis an úsáid, atá ag méadú, a bhaintear as cártaí agus as modhanna digiteacha íocaíochta, leis an úsáid, atá ag laghdú, a bhaintear as airgead tirim agus leis an láithreach mhéadaitheach de ghníomhaithe agus de sheirbhísí nua, lena n-áirítear tiachóga digiteacha agus íocaíochtaí gan teagmháil. Le paindéim COVID-19 agus na hathruithe a rinneadh mar gheall uirthi ar chleachtais tomhaltais agus íocaíochta méadaítear an tábhacht a bhaineann le híocaíochtaí slána agus éifeachtúla a bheith againn.
- (2) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Íocaíochtaí Miondíola don Aontas⁵ fógraíodh seoladh athbhreithnithe chuimsithigh ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar Threoir (AE) 2015/2366 *‘lenar cheart measúnú foriomlán a áireamh i dtaobh an bhfuil sí fós oiriúnach don fheidhm, agus forbairtí sa mhargadh á gcur san áireamh’*.
- (3) Le Treoir (AE) 2015/2366 díritear ar aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar chineálacha nua seirbhísí íocaíochta agus ar fheabhas a chur ar leibhéal na cosanta agus na slándála do thomhaltóirí Sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún ar thionchar agus ar chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/2366, fuarthas gur éirigh den chuid is mó le Treoir (AE) 2015/2366 maidir le go leor dá cuspóirí, ach sainaithníodh réimsí áirithe inti freisin nár baineadh cuspóirí na Treorach sin amach ina n-iomláine. Mar shampla, sainaithníodh sa mheastóireacht an méadú ar chineálacha nua calaoise mar shaincheist is ábhar inní maidir le cuspóirí cosanta tomhaltóirí. Sainaithníodh easnaimh freisin maidir leis an gcuspóir feabhas a chur ar iomaíocht sa mhargadh a bhí leis na ‘seirbhísí baincseirbhíosa oscailte’ mar a thugtar orthu (seirbhísí faisnéise cuntas agus seirbhísí tionscanta íocaíochta) trí na bacainní margaidh a ísliú, bacainní nár mhór do sholáthraithe tríú páirtí aghaidh a thabhairt orthu. Tá dul chun cinn i dtreo an chuspóra feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí íocaíochta trasteorann teoranta freisin, mar gheall ar neamhréireachtaí i gcleachtais mhaoirseachta agus i bhforfheidhmiú ar fud an Aontais den chuid is mó. Sainaithníodh sa mheastóireacht freisin tosca lena gcuirtear bac ar an dul chun cinn maidir leis an gcuspóir cothroime iomaíochta a thabhairt do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta go léir.
- (4) Sainaithníodh sa mheastóireacht freisin fadhbanna maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éagsúil Threoir (AE) 2015/2366 a théann i bhfeidhm go díreach ar an iomaíocht idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta, trí dhálaí rialála éagsúla a chruthú i mBallstáit éagsúla, rud a spreagann arbatráiste rialála. Níor cheart go mbeadh aon deis ann do ‘shiopadóireacht dlínsí’ ina roghnódh soláthraithe seirbhísí íocaíochta, mar ‘thír dhúchais’, na Ballstáit sin ina bhfuil cur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le seirbhísí íocaíochta níos buntáistí dóibh agus ina soláthródh siad seirbhísí trasteorann i mBallstáit eile a chuireann léirmhíniú níos déine ar na rialacha i bhfeidhm nó a chuireann beartais

⁴ Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

⁵ COM/2020/592 final.

forfheidhmiúcháin níos gníomhaí i bhfeidhm maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe ansin. Cuirtear an iomaíocht as a riocht leis an gcleachtas sin. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha an Aontais maidir le seirbhísí íocaíochta a chomhchuíbhiú tuilleadh, trí rialacha lena rialaítear feidhmiú na gníomhaíochta seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe lena mbaineann a ionchorprú i Rialachán. Ba cheart rialacha den sórt sin, seachas na rialacha maidir le húdarú agus maoirseacht institiúidí íocaíochta, ar cheart iad a choinneáil i dTreoir, a shoiléiriú agus a bheith níos mionsonraithe, agus ar an dóigh sin corrlaigh léirmhínte a íoslaghdú.

- (5) Cé go rialaítear eisiúint ríomh-airgid faoi Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, rialaítear úsáid ríomh-airgid chun idirbhearta íocaíochta a chistiú den chuid is mó le Treoir (AE) 2015/2366. Dá bhrí sin, an creat dlíthiúil is infheidhme maidir le hinstiúidí ríomh-airgid agus institiúidí íocaíochta, go háirithe maidir le rialacha iompair gnó, tá siad ailínithe go substaintiúil cheana féin. Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le comhtháthú seachtrach agus ós rud é go bhfuil sé ag éirí níos deacra idirdhealú a dhéanamh idir seirbhísí ríomh-airgid agus seirbhísí íocaíochta, ba cheart na creataí reachtacha a bhaineann le hinstiúidí ríomh-airgid agus institiúidí íocaíochta a thabhairt níos gaire dá chéile. Mar sin féin, tá na ceanglais maidir le ceadúnú, go háirithe caipiteal tosaigh agus cistí dílse, agus roinnt príomhchoincheapa bunúsacha lena rialaítear an gnó ríomh-airgid mar atá eisiúint ríomh-airgid, dáileadh ríomh-airgid agus infhuascailteacht, difriúil leis na seirbhísí a sholáthraíonn institiúidí íocaíochta. Dá bhrí sin, is iomchuí na sainiúlachtaí sin a chaomhnú agus forálacha Threoir (AE) 2015/2366 agus Threoir 2009/110/CE á gcumasc. Ós rud é go ndéantar Treoir 2009/110/CE a aisghairm le Treoir (AE) XXXX [PSD3], ba cheart a rialacha, cé is moite de na rialacha maidir le húdarú agus maoirseacht, a ionchorpraíodh i dTreoir (AE) XXX [PSD3], a thabhairt isteach i gcreat aontaithe faoin Rialachán seo, mar aon le coigeartuithe iomchuí.
- (6) Chun go n-áiríteofar deimhneacht dhlíthiúil agus raon feidhme soiléir chur i bhfeidhm na rialacha is infheidhme maidir le gnó a dhéanamh a bhaineann le seirbhísí íocaíochta agus ríomh-airgid a sholáthar, is gá na catagóirí soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá faoi réir na n-oibleagáidí maidir leis an ngnó a dhéanamh a bhaineann le seirbhísí íocaíochta agus ríomh-airgid a sholáthar ar fud an Aontais a shonrú.
- (7) Tá roinnt catagóirí de sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ann. Glacann institiúidí creidmheasa taiscí ó úsáideoirí is féidir a úsáid chun idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú. Tá siad údaraithe de bhun Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷. Ní ghlacann institiúidí íocaíochta taiscí. Féadfaidh siad cistí úsáideoirí a choinneáil agus ríomh-airgead a eisiúint is féidir a úsáid chun idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú. Tá siad údaraithe de bhun Threoir (AE) XXX [PSD3]. Féadfaidh institiúidí gioró oifige poist atá i dteideal déanamh amhlaidh faoin dlí náisiúnta seirbhísí ríomh-airgid agus seirbhísí

⁶ Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstiúidí ríomh-airgid, leanúint den ghnó sin agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

⁷ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

íocaíochta a sholáthar freisin. Áirítear ar chatagóirí eile soláthraithe seirbhísí íocaíochta an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus bainc cheannais náisiúnta nuair nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údarás airgeadaíochta nó údaráis phoiblí eile, agus Ballstáit nó a n-údaráis réigiúnacha nó áitiúla nuair nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údaráis phoiblí.

- (8) Is iomchuí an tseirbhís lena n-éascaítear airgead a aistarraingt as cuntas íocaíochta a dhícheangal ón ngníomhaíocht lena ndéantar cuntas íocaíochta a riar, toisc go bhféadfadh sé nach ndéanfadh soláthraithe seirbhísí aistarraingthe airgid thirim cuntais íocaíochta a riar. Maidir leis na seirbhísí maidir le heisiúint ionstraimí íocaíochta agus maidir le hidirbhearta íocaíochta a fháil, a liostaítear le chéile i bpointe 5 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2366 amhail is nach bhféadfaí ceann amháin acu a thairiscint gan an ceann eile, ba cheart iad a chur i láthair mar dhá sheirbhís íocaíochta éagsúla. Le liostú na seirbhísí fála agus eisiúna ar leithligh, mar aon le sainmhínithe ar leith ar gach seirbhís, ba cheart a shoiléiriú go bhféadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta na seirbhísí eisiúna agus fála a thairiscint astu féin.
- (9) Is deacair go praiticiúil é catagóirí áirithe oibreoirí uathmheaisíní (UMB) a eisiamh ó raon feidhme Threoir (AE) 2015/2366. Dá bhrí sin, ba cheart catagóir nua oibreoirí UMB nach riarann cuntais íocaíochta a chur in ionad na catagóire oibreoirí UMB atá eisíata ón gceanglas a bheith údaraithe mar sholáthraí seirbhísí íocaíochta faoi Threoir (AE) 2015/2366. Cé nach bhfuil na hoibreoirí sin faoi réir na gceanglas údarúcháin faoi Threoir (AE) XXX [PSD3], ba cheart go mbeidís, áfach, faoi réir na gceanglas maidir le trédharcacht táillí i gcásanna ina ngearrann oibreoirí UMB den sórt sin muirir ar aistarraingtí airgid thirim.
- (10) Chun tuilleadh feabhais a chur ar rochtain ar airgead tirim, ar tosaíocht de chuid an Choimisiúin í, ba cheart go gceadófaí do cheannaithe seirbhísí soláthair airgid thirim a thairiscint, i siopaí fisiceacha, fiú mura ndéanann custaiméir ceannachán, gan gá le húdarú soláthraí seirbhísí íocaíochta a fháil ná a bheith ina bpáirtí de chuid institiúide íocaíochta. Ba cheart go mbeadh an oibleagáid ar na seirbhísí soláthair airgid sin, áfach, na táillí a ghearrtar ar an gcustaiméir, más ann dóibh, a nochtadh. Ba cheart do mhiondíoltóirí na seirbhísí sin a sholáthar ar bhonn deonach agus ba cheart go mbeadh siad ag brath ar infhaighteacht airgid thirim *sa* mhiondíoltóir.
- (11) Maidir leis an eisiamh ó raon feidhme Threoir (AE) 2015/2366 ar idirbhearta íocaíochta ón íocóir chuig an íocaí trí ghníomhaire tráchtála a ghníomhaíonn thar ceann an íocóra nó an íocaí, cuireadh i bhfeidhm é ar bhealach an-éagsúil ar fud na mBallstát. Is iondúil go sainmhínítear coincheap na ngníomhairí tráchtála sa dlí sibhialta náisiúnta, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, rud a fhágann go gcaitear go neamhréireach leis na seirbhísí céanna i ndlínsí éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart coincheap na ngníomhairí tráchtála faoin eisiamh sin a chomhchuibhiú agus a shoiléiriú trí thagairt a dhéanamh don sainmhíniú ar ghníomhairí tráchtála mar a leagtar síos i dTreoir 86/653/CEE ón gComhairle⁸. Ina theannta sin, ba cheart tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfar idirbhearta íocaíochta ón íocóir leis an íocaí trí ghníomhairí tráchtála a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Baintear é sin amach trína cheangal gur cheart gníomhairí a

⁸ Treoir 86/653/CEE ón gComhairle an 18 Nollaig 1986 maidir le comhordú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le gníomhairí tráchtála féinfhostaithe (IO L 382, 31.12.1986, lgh. 17-21).

údarú trí chomhaontú leis an íocóir nó leis an íocaí chun díol nó ceannach earraí nó seirbhísí a chaibidliú nó a thabhairt i gcóir thar ceann an íocóra amháin nó an íocaí amháin, ach ní thar ceann na beirte araon, is cuma an bhfuil cistí an chliaint i seilbh an ghníomhaire tráchtála nó nach bhfuil. Maidir le hardáin ríomhtráchtála a fheidhmíonn mar ghníomhairí tráchtála thar ceann ceannaitheoirí aonair agus díoltóirí aonair araon gan aon fhíorchorrlach nó fíor-uathriaíl ag na ceannaitheoirí nó na díoltóirí chun dul i mbun caibidlíochta nó chun díol nó ceannach earraí nó seirbhísí a thabhairt i gcóir, níor cheart iad a eisiáimh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) treoirínte a fhorbairt maidir leis an eisiáimh maidir le hidirbhearta íocaíochta ón íocóir chuig an íocaí trí ghníomhaire tráchtála chun tuilleadh soiléireachta agus cóineasaithe a sholáthar i measc na n-údarás inniúil. Féadfar a áireamh sna treoirínte sin stór cásanna úsáide a chumhdaítear de ghnáth leis an eisiáimh gníomhaire tráchtála.

- (12) Cuireadh an t-eisiáimh ó raon feidhme Threoir (AE) 2015/2366 a bhaineann le hionstraimí sainchuspóireacha i bhfeidhm ar bhealach éagsúil ar fud na mBallstát, cé gur ceanglaíodh ar sholáthraithe seirbhísí a raibh a n-ionstraimí cumhdaithe leis an eisiáimh sin a ngníomhaíocht a chur in iúl do na húdaráis inniúla. Sholáthair ÚBE tuilleadh teorach ina *‘Treoirínte maidir leis an eisiáimh líonra teoranta faoi PSD2’* an 24 Feabhra 2022⁹. D’ainneoin na n-iarrachtaí sin cur i bhfeidhm an eisiáimh a bhaineann le hionstraimí sainchuspóireacha a shoiléiriú, tá soláthraithe seirbhísí ann fós a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le méideanna móra íocaíochta agus le táirgí éagsúla a thairgtear do líon mór custaiméirí a fhéachann le leas a bhaint as an eisiáimh sin. Sna cásanna sin, ní thairbhíonn tomhaltóirí de na coimircí is gá agus níor cheart do na seirbhísí tairbhiú den eisiáimh d’ionstraimí sainchuspóireacha. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nár cheart a bheith ábalta an ionstraim shainchuspóireach chéanna a úsáid chun idirbhearta íocaíochta a dhéanamh ar mhaithe le hearraí agus seirbhísí a fháil laistigh de níos mó ná líonra teoranta amháin ná chun réimse neamhtheoranta earraí agus seirbhísí a fháil.
- (13) Chun a mheas ar cheart gréasán teoranta a eisiáimh ó raon feidhme, ba cheart suíomh geografach phointí glactha an líonra sin chomh maith le líon na bpointí glactha a mheas. Le hionstraimí sainchuspóireacha níor cheart go mbeadh an sealbhóir ábalta earraí nó seirbhísí a fháil ach amháin ar áitreabh fisiceach an eisiáimh, ach níor cheart go gclúdófaí úsáid i dtimpeallacht siopa ar líne faoi choincheap áitreabh an eisiáimh. Ba cheart a áireamh in ionstraimí sainchuspóireacha, ag brath ar an gcóras conarthach faoi seach, cártaí nach féidir a úsáid ach i slabhra siopaí ar leith nó in ionad siopadóireachta ar leith, cártaí breosla, cártaí ballraíochta, cártaí iompair phoiblí, ticéid pháirceála, dearbháin béilí nó dearbháin le haghaidh seirbhísí ar leith, a d’fhéadfadh a bheith faoi réir creat dlíthiúil sonrathach cánach nó saothair arna cheapadh chun úsáid na n-ionstraimí sin a chur chun cinn chun na cuspóirí a leagtar síos sa reachtaíocht shóisialta a chomhlíonadh, amhail dearbháin do chúram leanaí nó dearbháin éiceolaíochta. ***Ag an am céanna, ba cheart go n-áiritheodh timpeallacht rialála na mBallstát maidir le dearbháin inghlacthacht na ndearbhán sin.***
- (14) Ba cheart an t-eisiáimh a bhaineann le hidirbhearta íocaíochta áirithe trí bhíthin gléasanna teileachumarsáide nó gléasanna teicneolaíochta faisnéise a dhíriú go sonrathach ar mhicróíocaíochtaí le haghaidh ábhar digiteach agus seirbhísí gutha. Ba cheart tagairt shoiléir d’idirbhearta íocaíochta chun ticéid leictreonacha a cheannach a choinneáil ionas gur féidir le custaiméirí ticéid leictreonacha a ordú, a fháil agus a bhailíochtú agus íoc astu go héasca ó aon áit agus ag aon tráth trí fhóin phóca nó trí ghléasanna eile. Le ticéid leictreonacha, is

⁹ An tÚdarás Baincéireachta Eorpach, ÚBE/GL/2022/02.

féidir seirbhísí a sholáthar a d'fhéadfadh tomhaltóirí a cheannach murach sin i bhfoirm ticéad páipéir, agus na seirbhísí sin a éascú, agus áirítear leo iompar, siamsaíocht, páirceáil carranna, agus dul isteach chuig ionaid, ach ní áirítear earraí fisiceacha. Ba cheart idirbhearta íocaíochta arna ndéanamh ag soláthraí sonraithe líonraí cumarsáide leictreonaí ó ghléas leictreonach nó trí ghléas leictreonach agus a ghearrtar ar an mbille gaolmhar chun tabhartais charthanacha a bhailiú a eisiáimh freisin. Níor cheart feidhm a bheith aige ach sa chás ina mbeidh luach na n-idirbheart íocaíochta faoi bhun tairseach shonraithe.

- (15) D'éascaigh an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA) do na 'monarchana íocaíochta' agus 'monarchana bailiúcháin' a chur ar bun ar fud an Aontais, rud a fhágann gur féidir idirbhearta íocaíochta an ghrúpa chéanna a lárú. I ndáil leis sin, maidir le hidirbhearta íocaíochta idir máthairghnóthas agus a foghnóthas nó idir foghnóthais de chuid an mháthairghnóthais chéanna arna soláthar ag soláthraí seirbhísí íocaíochta a bhaineann leis an ngrúpa céanna, ba cheart iad a eisiáimh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart a mheas gur seirbhís íocaíochta é orduithe íocaíochta a bheith á mbailiú *agus cistí a fháil* thar ceann grúpa ag máthairghnóthas nó ag a fhoghnóthas chun iad a tharchur chuig soláthraí seirbhísí íocaíochta eile.
- (16) Chun seirbhísí íocaíochta a sholáthar, tá gá le tacaíocht seirbhísí teicniúla. I measc na seirbhísí teicniúla sin, tá próiseáil agus stóráil sonraí, seirbhísí tairisí íocaíochta, seirbhísí cosanta iontaoibhe agus príobháideachta, fiordheimhniú sonraí agus eintiteas, soláthar líonra teicneolaíochta faisnéise (TF) agus cumarsáide, soláthar agus cothabháil comhéadan tomhaltóirí a úsáidtear chun faisnéis íocaíochta a bhailiú, lena n-áirítear teirminéil agus gléasanna a úsáidtear le haghaidh seirbhísí íocaíochta. Ní ionann seirbhísí tionscanta íocaíochta ná seirbhísí faisnéise cuntas agus seirbhísí teicniúla.
- (17) Ní hionann seirbhísí teicniúla agus seirbhísí íocaíochta mar sin toisc nach nglacann soláthraithe seirbhísí teicniúla seilbh ar na cistí atá le haistriú tráth ar bith. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a eisiáimh ón sainmhíniú ar sheirbhísí íocaíochta. Mar sin féin, ba cheart na seirbhísí sin a bheith faoi réir ceanglais áirithe, amhail ceanglais maidir le dliteanas i leith mainneachtain tacú le fiordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm ■.
- (18) Agus teacht chun cinn tapa mhargadh na n-íocaíochtaí miondíola agus teacht chun cinn seirbhísí íocaíochta nua agus réiteach íocaíochta nua á gcur i gcuntas, is iomchuí cuid de na sainmhínithe faoi Threoir (AE) 2015/2366 a oiriúnú don mhargadh mar atá lena áirithiú go mbeidh reachtaíocht an Aontais fós oiriúnach don fheidhm agus go mbeidh sí neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.
- (19) Baineann tábhacht shuntasach le soiléiriú an phróisis agus leis na céimeanna éagsúla atá le leanúint chun idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú maidir le cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe a bhfuil baint acu le hidirbheart íocaíochta agus maidir le fiordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm. Is é an t-íocóir, nó duine thar ceann an íocóra, nó an t-íocaí, a thionscnaíonn an próiseas as a n-éiríonn idirbheart íocaíochta. Is é an t-íocóir a thionscnaíonn an t-idirbheart íocaíochta trí ordú íocaíochta a dhéanamh. A luaithe a chuirfear an t-ordú íocaíochta isteach, seiceálfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an bhfuil an t-idirbheart údaraithe agus fiordheimhnithe, lena n-áirítear, más infheidhme, trí fhíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm, agus ansin déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an t-ordú íocaíochta a bhailíochtú. Ansin déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta na bearta ábhartha chun an t-idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú, lena n-áirítear aistriú cistí.

- (20) I bhfianaise na dtuairimí éagsúla a shainnaithin an Coimisiún ina athbhreithniú ar chur chun feidhme Threoir (AE) 2015/2366 agus a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) i dtábhacht ina thuairim an 23 Meitheamh 2022 maidir leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/2366, is gá an sainmhíniú ar chuntais íocaíochta a shoiléiriú. Is é an critéar cinnitheach maidir le cuntas a aicmiú mar chuntas íocaíochta an cumas idirbhearta íocaíochta laethúla a dhéanamh ó chuntas den sórt sin. Gné shainitheach de choincheap an chuntais íocaíochta is ea an fhéidearthacht idirbhearta íocaíochta a dhéanamh le tríú páirtí ó chuntas nó tairbhe a bhaint as idirbhearta den sórt sin a dhéanann tríú páirtí. Ba cheart, dá bhrí sin, cuntas íocaíochta a shainmhíniú mar chuntas a úsáidtear chun cistí a sheoladh chuig tríú páirtithe agus chun cistí a fháil uathu. Ba cheart aon chuntas a bhfuil na saintréithe sin ag baint leis a mheas mar chuntas íocaíochta agus ba cheart rochtain a fháil air chun seirbhísí tionscanta íocaíochta agus faisnéise cuntas a sholáthar. Níor cheart cásanna ina bhfuil gá le cuntas idirghabhálaí eile chun idirbhearta íocaíochta ó thríú páirtithe nó le tríú páirtithe a fhorghníomhú teacht faoin sainmhíniú ar chuntas íocaíochta. Ní úsáidtear cuntais choigiltis chun cistí a sheoladh chuig tríú páirtí nó chun cistí a fháil ó thríú páirtí, agus dá bhrí sin eisiatar iad ón sainmhíniú ar chuntas íocaíochta.
- (21) I bhfianaise theacht chun cinn cineálacha nua ionstraimí íocaíochta agus na neamhchinnteachta atá i réim sa mhargadh maidir lena gcáilíocht dhlíthiúil, ba cheart an sainmhíniú ar ‘ionstraim íocaíochta’ a shonrú tuilleadh trí roinnt samplaí a sholáthar lena léiriú cad a chomhdhéanann ionstraim íocaíochta nó cad nach gcomhdhéanann ionstraim íocaíochta, agus prionsabal na neodrachta teicneolaíochta á chur san áireamh.
- (22) In ainneoin go n-éascaítear leis an gCumarsáid Neasréimse (NFC) idirbheart íocaíochta a thionscnamh, mar gheall gur ‘ionstraim íocaíochta’ lánfeidhme atá ann, bheadh roinnt dúshlán ag baint leis sin, mar shampla chun fíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí gan teagmháil ag an bpointe díola agus maidir le córas dliteanais an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta. Ba cheart, dá bhrí sin, NFC a mheas mar fheidhmiúlacht ionstraime íocaíochta agus ní mar ionstraim íocaíochta ann féin.
- (23) Thagair an sainmhíniú ar ‘ionstraim íocaíochta’ faoi Threoir (AE) 2015/2366 do ‘gléas phearsantaithe’. Ós rud é go bhfuil cártaí réamhíochta ann i gcás nach bhfuil ainm shealbhóir na hionstraime priontáilte ar an gcárta, d’fhéadfadh sé go bhfágfaí na cineálacha cártaí sin lasmuigh de raon feidhme an tsainmhínithe ar ionstraim íocaíochta dá gcuirfí an tagairt sin i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú ar ‘ionstraim íocaíochta’ a leasú chun tagairt a dhéanamh do ghléas ‘aonair’ seachas do ghléasanna ‘pearsantaithe’, lena soiléirítear nach dtagann ainm shealbhóir na hionstraime faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (24) Measfar gur seirbhísí teicniúla iad ‘tiachóga digiteacha faoi bhealach’, mar a thugtar orthu, lena mbaineann téacschomharthú ionstraime íocaíochta atá ann cheana, mar shampla cárta íocaíochta, agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a eisiadh ón sainmhíniú ar ionstraim íocaíochta toisc nach féidir, dar leis an gCoimisiún, comhartha a mheas mar ionstraim íocaíochta ann féin ach, ina ionad sin, gur ‘iarratas ar íocaíocht’ é de réir bhrí Airteagal 2(21) de Rialachán (AE) 2015/751 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.¹⁰ Maidir le catagóirí eile de thiachóga digiteacha, áfach, mar atá ríomhthiachóga réamhíochta amhail ‘tiachóg

¹⁰ Rialachán (AE) 2015/751 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le táillí idirmhalartaithe ar idirbhearta íocaíochta cártabhunaithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 1).

ilchéimneach' lenar féidir le húsáideoirí airgead a stóráil le haghaidh idirbhearta ar líne amach anseo, ba cheart iad a mheas mar ionstraim íocaíochta agus a n-eisiúint a mheas mar sheirbhís íocaíochta.

- (25) Le forbairtí teicneolaíochta atá déanta ó glacadh Treoir (AE) 2015/2366 tá athrú ó bhonn tagtha ar an mbealach a sholáthraítear seirbhísí faisnéise cuntas. Soláthraíonn na cuideachtaí a chuireann na seirbhísí sin ar fáil faisnéis chomhiomlánaithe ar líne don úsáideoir seirbhísí íocaíochta maidir le cuntas íocaíochta amháin nó níos mó a choinnítear le soláthraí seirbhísí íocaíochta amháin nó níos mó agus a ndéantar rochtain orthu trí chomhéadain ar líne de chuid an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas. Mar sin, is féidir le húsáideoirí seirbhísí íocaíochta léargas foriomlán a fháil ar a gcuntais íocaíochta láithreach bonn ag tráth ar bith.
- (26) Cuireadh i dtábhacht in athbhreithniú an Choimisiúin nach soláthraíonn soláthraithe seirbhíse faisnéise cuntas údaraithe sonraí cuntais íocaíochta a chomhiomlánaigh siad corruair don tomhaltóir óna bhfuair siad a gcead chun na sonraí a rochtain agus a chomhiomlánú, ach go soláthraíonn siad iad do pháirtí eile, ionas go mbeidh sé ábalta seirbhísí eile a sholáthar don tomhaltóir a úsáideann na sonraí. Mar sin féin, tá tuairimí éagsúla ann faoi an dtagann an ghníomhaíocht seo faoin tseirbhís faisnéise cuntas rialáilte. Measann an Coimisiún gur féidir le teacht chun cinn um 'cheadúnas mar sheirbhís' sin shamhail ghnó na 'baincéireachta oscailte' a bheith ina fhoinse seirbhísí nuálacha, sonraí-bhunaithe, chun leas ar deireadh na n-úsáideoirí deiridh. Go deimhin, leis an tsamhail ghnó sin féadfaidh úsáideoirí deiridh rochtain a thabhairt ar shonraí a gcuntais íocaíochta chun seirbhísí eile - neamhíocaíochta - a fháil lena n-áirítear iasachtú, cuntasáíocht, measúnú acmhainneachta creidmheasa. Tá sé riachtanach, áfach, go mbeadh a fhios ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta go beacht cé hiad a mbeidh rochtain acu ar shonraí a gcuntais íocaíochta, cad iad na forais dhlíthiúla leis agus cad iad na cuspóirí leis. Ba cheart úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a chur ar an eolas go hiomlán faoi tharchur a gcuid sonraí agus a dtarchur chuig cuideachta eile a údarú. Maidir leis an tsamhail ghnó nua sin atá bunaithe ar bhaincéireacht oscailte teastaíonn mionathrú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar sheirbhísí faisnéise cuntas, chun a shoiléiriú go bhféadfar an fhaisnéis arna comhiomlánú ag an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas údaraithe a tharchur chuig tríú páirtí ionas go mbeidh an tríú páirtí sin ábalta seirbhísí eile a sholáthar don úsáideoir deiridh, le cead ón úsáideoir deiridh. Chun cosaint leordhóthanach a sholáthar do thomhaltóirí dá gcuid sonraí cuntais íocaíochta agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar dóibh faoi stádas na n-eintiteas a fhaigheann rochtain ar a gcuid sonraí, ba cheart d'eintiteas rialáilte an tseirbhís um chomhiomlánú sonraí ó chuntais íocaíochta a sholáthar i gcónaí ar bhonn ceadúnais, fiú i gcás ina dtarchuirtear na sonraí chuig soláthraí seirbhísí eile ar deireadh.
- (27) Seirbhís íocaíochta is ea seirbhís aistrithe luacha airgid a bhíonn bunaithe de ghnáth ar airgead tirim a sholáthraíonn íocóir do sholáthraí seirbhísí íocaíochta, i gcás nach ndéantar aon chuntais íocaíochta a chruthú in ainm an íocóra nó an íocaí, a sheolann an méid comhfhreagrach chuig íocaí nó chuig soláthraí seirbhísí íocaíochta eile a ghníomhann thar ceann an íocaí. I roinnt Ballstát, soláthraíonn ollmhargaí, ceannaithe agus miondíoltóirí eile seirbhís don phobal lena gcuirtear ar a chumas don phobail billí fónais agus billí rialta tí eile a íoc. Ba cheart na seirbhísí íoca billí sin a láimhseáil mar sheirbhís aistrithe luacha airgid.
- (28) Ba cheart go gcumhdófaí leis an sainmhíniú ar chistí airgead bainc ceannais arna eisiúint le haghaidh úsáid mhiondíola, lena n-áirítear nótaí bainc agus monaí, agus aon airgeadra digiteach bainc ceannais, ríomh-airgead agus airgead bainc tráchtála a d'fhéadfadh a bheith

ann amach anseo. Níor cheart airgead bainc ceannais a eisítear lena úsáid idir an banc ceannais agus bainc thráchtála, i.e. le haghaidh úsáid mhórdhíola, a chlúdach.

- (29) Le Rialachán (AE) 2023/1114 an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, leagtar síos go measfar gur ríomh-airgead iad comharthaí ríomh-airgid ***chun críocha an Rialacháin sin. Chun ceanglais dhúblacha a sheachaint, tá sé tábhachtach go leagfaí amach go soiléir i bhforálacha an Rialacháin seo na cásanna inar cheart, ina ionad sin, comharthaí ríomh-airgid a bheith faoi réir*** an Rialacháin seo.
- (30) Chun muinín shealbhóir an ríomh-airgid a chaomhnú, ní foláir go mbeidh ríomh-airgead infhuascailte. Ní chiallaíonn infhuascailteacht gur cheart na cistí a fhaightear mar mhalairt ar ríomh-airgead a mheas mar thaiscí nó mar chistí inaisíoctha eile chun críche Threoir 2013/36/AE¹¹. Ba cheart go mbeifí ábalta cistí a fhuascailt i gcónaí, ar an bparluach, gan aon fhéidearthacht teacht ar chomhaontú maidir le híos-tairseach le haghaidh fuascailte. Go ginearálta, ba cheart fuascailt a dheonú saor in aisce. Mar sin féin, ba cheart go mbeifí ábalta táille chomhréireach chostasbhunaithe a iarraidh, gan dochar don reachtaíocht náisiúnta maidir le gnóthaí cánach nó sóisialta ná d'aon oibleagáidí ar an eisisheoir ríomh-airgid faoi reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais nó faoi reachtaíocht náisiúnta ábhartha eile, lena n-áirítear rialacha maidir le frithsciúradh airgid agus frithmaoiniú sceimhlitheoireachta, d'aon ghníomh lena ndírítear ar chistí a reo nó d'aon bheart sonrach a bhaineann le coireanna a chosc agus a imscrúdú.
- (31) Ní mór do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta rochtain a fháil ar chórais íocaíochta chun seirbhísí íocaíochta a sholáthar d'úsáideoirí. Is iondúil go n-áirítear sna córais íocaíochta sin na scéimeanna cártaí ceithre pháirtí chomh maith le mórchórais a phróiseálann aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha. Chun cóir chomhionann a áirithiú ar fud an Aontais idir na catagóirí éagsúla soláthraithe seirbhísí íocaíochta údaráithe, is gá soiléiriú a thabhairt ar na rialacha maidir le rochtain ar chórais íocaíochta. D'fhéadfadh an rochtain sin a bheith díreach nó indíreach trí rannpháirtí eile sa chóras íocaíochta sin. Ba cheart an rochtain sin a bheith faoi réir ceanglais lena n-áiríteofar sláine agus cobhsaíocht na gcórais íocaíochta sin. Chuige sin, ba cheart don oibreoir córais íocaíochta measúnú riosca a dhéanamh ar sholáthraí seirbhísí íocaíochta a dhéanann iarratas ar rannpháirtíocht dhíreach; ba cheart go ndéanfaí scrúdú sa mheasúnú riosca sin ar na rioscaí ábhartha ar fad, lena n-áirítear, más infheidhme, riosca socraíochta, riosca oibriúcháin, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca gnó. I gcás gach soláthraí seirbhísí íocaíochta a dhéanfaidh iarratas ar rannpháirtíocht i gcóras íocaíochta, ba cheart gur air féin a bheidh an riosca a bhaineann lena rogha chórais féin agus ba cheart dó cruthúnas a sholáthar don chóras íocaíochta go bhfuil a chuid socruithe inmheánacha daingean go leor in aghaidh na gcineálacha sin riosca. Níor cheart d'oibreoirí córais íocaíochta díúltú d'iarratas ar rannpháirtíocht dhíreach ó sholáthraí seirbhísí íocaíochta ach amháin mura bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta ábalta cloí le rialacha an chórais nó go bhfuil ardleibhéal riosca do-ghlactha ag baint leis.
- (31a) Chun íocaíochtaí digiteacha a phróiseáil ar líne nó as líne, tá sé fíor-riachtanach go bhfaighidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta tosaigh rochtain ar theicneolaíocht NFC ar***

¹¹ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lgh. 338-436).

ghairis mhóibíleacha. Áirítear ar chomhpháirteanna na teicneolaíochta sin, go háirithe ach ní go heisiach, aeróga NFC agus eilimintí slána gaireas móibíleach, mar a thugtar orthu (e.g.: Cárta Cliste Uilíoch (UICC), SE leabaithe (eSE), agus microSD etc). Dá bhri sin, is gá a áirithiú nach ndiúltódh monaróirí buntrealaimh gaireas móibíleach nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí rochtain ar aeróga cumarsáide neasréimse ná ar na gnéithe slándála aon uair is gá chun seirbhísí íocaíochta a sholáthar. Chuige sin, sa gheilleagar digiteach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta tosaigh a bheith i dteideal bogearraí a stóráil ar chrua-earraí gaireas móibíleach ábhartha chun idirbhearta a dhéanamh indéanta go teicniúil ar líne agus as líne araon. Chun na críche sin, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar mhonaróirí buntrealaimh gaireas móibíleach agus ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí rochtain a sholáthar ar théarmaí cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha ar na comhpháirteanna cruu-earraí agus bogearraí uile a theastaíonn le haghaidh idirbhearta ar líne agus as líne. I ngach cás, ba cheart oibleagáid a bheith ar na hoibreoirí sin acmhainneacht leormhaith a sholáthar ar ghnéithe ábhartha cruu-earraí agus bogearraí i ngairis mhóibíleacha chun idirbhearta íocaíochta ar líne a phróiseáil agus chun cistí a stóráil ar ghairis mhóibíleacha le haghaidh idirbhearta íocaíochta as líne. Ba cheart an oibleagáid sin a bheith gan dochar d'Airteagal 6(7) de Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², lena gcuirtear d'oibleagáid ar mhaoir gheata idir-inoibritheacht éifeachtach agus rochtain a sholáthar, saor in aisce, leis an gcóras oibriúcháin, leis na gnéithe cruu-earraí nó bogearraí de ghairis mhóibíleacha chun críocha idir-inoibritheachta, rud atá infheidhme maidir le modhanna íocaíochtaí digiteacha atá ann cheana agus modhanna íocaíochtaí digiteacha nua.

- (32) Ba cheart go mbeadh rialacha agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag na hoibreoirí córais íocaíochta maidir le rochtain atá comhréireach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach. Níor cheart d'hoibreoirí córais íocaíochta idirdhealú a dhéanamh in aghaidh institiúidí íocaíochta maidir le rannpháirtíocht más féidir cloí leis na rialacha córais agus nach bhfuil aon riosca do-ghlactha ann don chóras. Áirítear ar chórais den sórt sin, i measc córais eile, na córais sin a ainmnítear faoi Threoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³. I gcásanna ina bhfuil an córas íocaíochta lena mbaineann faoi réir maoirseachta cheana féin ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais faoin Rialachán ón mBanc Ceannais Eorpach (AE) Uimh. 795/2014¹⁴, ba cheart don bhanc ceannais nó do na bainc ceannais a dhéanann an mhaoirseacht sin faireachán a dhéanamh ar urramú na rialacha sin faoi chuimsiú a maoirseachta. I gcásanna córais íocaíochta eile, ba cheart do na Ballstáit údarais náisiúnta inniúla a ainmniú lena áirithiú go gcloífadh oibreoirí bonneagair córais íocaíochta le ceanglais den sórt sin.

¹² *Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margáí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margáí Digiteacha), (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32022R1925>).*

¹³ Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45).

¹⁴ Rialachán ón mBanc Ceannais Eorpach (AE) Uimh. 795/2014 an 3 Iúil 2014 maidir le ceanglais um maoirseacht le haghaidh córais íocaíochta a bhfuil tábhacht shistéamach leo (IO L 217, 23.7.2014, lch. 16).

- (33) Chun iomaíocht chóir idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta a áirithiú, i gcás rannpháirtí i gcóras íocaíochta i ndáil le córas den sórt sin do sholáthraí seirbhísí íocaíochta atá údaraithe nó cláraithe, ba cheart dó freisin, arna iarraidh sin air, rochtain ar na seirbhísí sin a dheonú ar bhealach oibiachtúil, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach d'aon soláthraí seirbhísí íocaíochta eile atá údaraithe nó cláraithe.
- (34) Na forálacha a bhaineann le rochtain ar chórais íocaíochta, níor cheart feidhm a bheith acu maidir le córais arna mbunú agus arna bhfeidhmiú ag soláthraí aonair seirbhíse íocaíochta. Is féidir le córais íocaíochta den sórt sin feidhmiú in iomaíocht dhíreach le córais íocaíochta eile, nó, go tipiciúil, i nideog den mhargadh nach bhfuil cumhdaithe faoi córais íocaíochta eile. Áirítear le córais den sórt sin scéimeanna trí pháirtí, lena n-áirítear scéimeanna cártaí trí pháirtí, a mhéid nach bhfeidhmíonn na scéimeanna sin choíche mar scéimeanna cártaí ceithre pháirtí de facto, lena n-áirítear trí bheith ag brath ar cheadúnaithe, ar ghníomhairí nó ar chomhpháirtithe comhbhrandála. Is iondúil go n-áirítear le córais den sórt sin seirbhísí íocaíochta a chuireann soláthraithe teileachumarsáide ar fáil inarb é oibreoir na scéime an soláthraí seirbhísí íocaíochta i leith an íocóra agus an íocaí araon, agus córais inmheánacha de chuid grúpaí baincéireachta. Chun an iomaíocht a spreagadh idir córais íocaíochta iata den sórt sin agus córais íocaíochta phríomhshrutha sheanbhunaithe, níor cheart rochtain ar na córais íocaíochta dhílsithe iata sin a dheonú do thríú páirtithe. Ba cheart, áfach, córais iata den sórt sin a bheith i gcónaí faoi réir rialacha iomaíochta an Aontais agus rialacha iomaíochta náisiúnta lena bhféadfaí a cheangal go ndeonófar rochtain ar na scéimeanna chun iomaíocht éifeachtach a choimeád ar bun i margaí íocaíochtaí.
- (35) Ní mór d'institiúidí íocaíochta a bheith ábalta cuntas a oscailt agus a choinneáil ar bun le hinstiúid creidmheasa chun a gceanglais maidir le ceadúnú a chomhlíonadh maidir le cistí custaiméirí a chosaint. Mar sin féin, mar a léiríonn ÚBE go háirithe ina Thuairim an 5 Eanáir 2022,¹⁵ d'ainneoin na bhforálacha maidir le cuntais institiúidí íocaíochta le banc tráchtála arna leagan síos i dTreoir (AE) 2015/2366, maidir le roinnt institiúidí íocaíochta nó cuideachtaí a dhéanann iarratas ar cheadúnas institiúide íocaíochta, ní mór dóibh aghaidh a thabhairt ar chleachtais a dhéanann roinnt institiúidí creidmheasa a dhiúltaíonn cuntas a oscailt dóibh nó a dhúnann cuntas i gcás inarb ann dóibh, bunaithe ar riosca níos airde a mheastar a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. Leis na cleachtais 'dí-rioscaithe' sin, mar a thugtar orthu, cruthaítear dúshláin shuntasacha iomaíochta d'institiúidí íocaíochta.
- (36) Dá bhrí sin, ba cheart d'institiúidí creidmheasa cuntas íocaíochta a sholáthar d'institiúidí íocaíochta, agus d'iarratasóirí a chuireann isteach ar cheadúnas mar institiúid íocaíochta, chomh maith lena ngníomhairí agus lena ndáileoirí, ach amháin i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil forais thromchúiseacha ann le rochtain a dhiúltú. Is gá iarratasóirí a chuireann isteach ar cheadúnas mar institiúid íocaíochta a áireamh san fhoráil sin, ós rud é go bhfuil sé ina réamhriachtanas cuntas bainc inar féidir cistí cliant a chosaint chun ceadúnas institiúide íocaíochta a fháil. Ba cheart a áireamh ar na forais le diúltú forais thromchúiseacha lena cheapadh go bhfuil gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar bun ag an institiúid íocaíochta nó tríd an institiúid íocaíochtaí, nó go bhfuil samhail ghnó nó próifíl riosca ann is cúis le rioscaí tromchúiseacha nó le costais iomarcacha um chomhlíonadh don institiúid creidmheasa. Mar shampla, d'fhéadfadh samhlacha gnó ina n-úsáideann institiúidí íocaíochta líonra ollmhór gníomhairí costais shuntasacha a ghiniúint maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (AML/CFT) a chomhrac. Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag

¹⁵ An tÚdarás Baincéireachta Eorpach, ÚBE/Op/2022/01.

institiúid íocaíochta achomharc a dhéanamh in aghaidh diúltú ag institiúid chreidmheasa chuig údarás inniúil arna ainmniú ag Ballstát. Chun feidhmiú an chirt achomhairc sin a éascú, ba cheart d'institiúidí creidmheasa aon diúltú maidir le cuntas a sholáthar, nó dúnadh cuntais ina dhiaidh sin, a spreagadh i scríbhinn agus go mion. Ba cheart tagairt a dhéanamh sa chúis sin d'eilimintí sonracha a bhaineann leis an institiúid íocaíochta lena mbaineann, gan tagairt a dhéanamh do bhreithnithe ginearálta ná cineálacha. Chun cuidiú leis na húdaráis inniúla déileáil le hachomhairc in aghaidh diúltú cuntais nó tarraingt siar cuntais agus leis an gcúis na n-achomharc sin, ba cheart do ÚBE caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt lena gcomhchuíbítear cur i láthair na gcúiseanna sin.

- (37) Chun roghanna eolasacha a dhéanamh agus chun bheith ábalta a soláthraí seirbhísí íocaíochta a roghnú go héasca laistigh den Aontas, ba cheart d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta faisnéis inchomparáide agus shoiléir a fháil faoi sheirbhísí íocaíochta. Lena áirithiú go dtabharfar faisnéis riachtanach, leordhóthanach, intuigthe do na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta maidir leis an gconradh seirbhíse íocaíochta agus na hidirbhearta íocaíochta, is gá na hoibleagáidí ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta maidir le faisnéis a sholáthar do na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta a shonrú agus a chomhchuíbhiú.
- (38) Agus an fhaisnéis a cheanglaítear á soláthar d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta riachtanais úsáideoirí seirbhísí íocaíochta agus gnéithe praiticiúla agus éifeachtúlacht costais a chur san áireamh, ag brath ar an gconradh seirbhíse íocaíochta faoi seach. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta cumarsáid ghníomhach a dhéanamh ag an am cuí gan aon spreagadh ó úsáideoir seirbhísí íocaíochta, nó ba cheart dóibh an fhaisnéis a chur ar fáil ar iarraidh sin do na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta. Sa dara cás, ba cheart d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta bearta gníomhacha a dhéanamh chun an fhaisnéis a fháil, lena n-áirítear an fhaisnéis sin a iarraidh go sainráite ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, logáil isteach i mbosca ríomhphoist cuntais bainc nó cárta bainc a chur isteach i bprintéir le haghaidh ráitis chuntais. Chun na gcric sin, ba cheart do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a áirithiú gur féidir an fhaisnéis a rochtain, agus go mbeidh an fhaisnéis ar fáil do na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta.
- (39) Ós rud é nach mbíonn tomhaltóirí agus gnóthais sa staid chéanna leochailteachta, ní bheidh an leibhéal cosanta céanna de dhíth orthu. Cé go bhfuil sé tábhachtach cearta tomhaltóirí a ráthú trí fhorálacha nach féidir maolú a dhéanamh orthu ar bhonn conartha, is beart réasúnach é ligean do ghnóthais agus d'eagraíochtaí a mhalairt a chomhaontú nuair nach mbíonn siad ag déileáil le tomhaltóirí. ***D'fhéadfadh comhaontuithe den sórt sin rialú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear fíordheimhniú láidir custaiméara (SCA) i bhfeidhm.*** Féadfar déileáil le micrifhiontair, mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún,¹⁶ ar an mbealach céanna le tomhaltóirí. Ba cheart feidhm a bheith ag rialacha áirithe i gcónaí, gan beann ar stádas an úsáideora.
- (40) Chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a choinneáil ar bun, ba cheart an ceart a bheith ag tomhaltóirí chun faisnéis a fháil maidir le coinníollacha agus praghsanna seirbhísí saor in aisce sula mbeidh siad faoi cheangal ag aon chonradh seirbhíse íocaíochta. Chun go mbeidh tomhaltóirí ábalta comparáid a dhéanamh idir na seirbhísí agus na coinníollacha a chuireann soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar fáil agus, i gcás díospóide, chun a gcearta agus a noibleagáidí conarthacha a fhíorú, ba cheart go mbeadh tomhaltóirí ábalta an fhaisnéis sin

¹⁶ IO L 124, 20.05.2003, lgh. 36-41.

agus an creatchonradh a iarraidh ar pháipéar, saor in aisce agus ag aon tráth le linn an ghaoil chonarthaigh.

- (41) Chun leibhéal na trédhearcachta a mhéadú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis bhunúsach a sholáthar faoi idirbhearta íocaíochta forghníomhaithe gan aon mhuirear breise a ghearradh ar an tomhaltóir. I gcás idirbheart íocaíochta aonair, níor cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta muirear ar leith a ghearradh i leith na faisnéise sin. Ar an gcaoi céanna, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis a thagann ina dhiaidh sin faoi idirbhearta íocaíochta faoi chreachonradh a sholáthar saor in aisce agus ar bhonn míosúil. Agus an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht maidir le praghsáil agus ar riachtanais éagsúla na gcustaiméirí á cur san áireamh, áfach, ba cheart na páirtithe sa chonradh a bheith in ann teacht ar chomhaontú faoi mhuirir i leith faisnéis níos minice nó faisnéis bhreise.
- (42) Ba cheart d'ionstraimí íocaíochta ar luach íseal a bheith ina rogha mhalartach shaor is furasta a úsáid i gcás earraí agus seirbhísí ar phraghas íseal agus níor cheart ualach a bheith ag gabháil leo de bharr ceanglais iomarcacha. Dá bhrí sin, ba cheart na ceanglais faisnéise ábhartha agus na rialacha maidir lena bhforghníomhú a theorannú d'fhaisnéis riachtanach, agus na cumais theicniúla a bhfuil údar le bheith ag súil leo á gcur san áireamh i gcás ionstraimí atá dírithe ar íocaíochtaí ar luach íseal, agus orthu siúd amháin. D'ainneoin an chórais a mbaineann ualach níos lú leis, ba cheart cosaint leordhóthanach a bheith ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta, ag féachaint do na rioscaí teoranta a bhaineann leis na hionstraimí íocaíochta sin, go háirithe i ndáil le hionstraimí íocaíochta réamhíochta.
- (43) In idirbhearta íocaíochta aonair, ba cheart an fhaisnéis riachtanach a thabhairt ar thionscnamh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta féin i gcónaí. Ós rud é go mbíonn íocóirí i láthair de ghnáth agus an t-ordú íocaíochta á thabhairt, níor cheart go mbeadh sé riachtanach go soláthrófar faisnéis ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile i gcónaí. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith ábalta faisnéis a thabhairt ó bhéal nó rochtain éasca ar an bhfaisnéis a thabhairt ar shlí eile, lena n-áirítear trí na coinníollacha a bheith ar taispeánt i gcónaí ar chlár fógraí san áitreabh. Ba cheart faisnéis a thabhairt freisin maidir leis an áit ar féidir faisnéis eile níos mionsonraithe a fháil, lena n-áirítear ar an suíomh gréasáin. I gcás ina n-iarrann an tomhaltóir é sin, áfach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis riachtanach a thabhairt ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile freisin.
- (44) Ba cheart an fhaisnéis riachtanach a bheith comhréireach le riachtanais na n-úsáideoirí. Ba cheart go mbeadh na ceanglais faisnéise i leith idirbheart íocaíochta aonair difriúil leis na ceanglais faisnéise i leith creatchonartha lena ndéantar foráil maidir le sraith idirbheart íocaíochta.
- (45) Chun bheith ábalta rogha eolasach a dhéanamh, ba cheart d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a bheith ábalta comparáid a dhéanamh idir muirir Uathmheaisín Bainc (UMB) agus muirir soláthraithe eile. Chun trédhearcacht na muirear UMB do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta na n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a mhéadú, ba cheart faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta faoi na muirir uile is infheidhme **ar thionscnamh idirbhirt maidir le haistarraingtí UMB *Aontais*** i gcásanna éagsúla, ag brath ar an UMB as a n-aistarraingeoidh na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta airgead tirim. ***Go sonrach, ba cheart do UMBanna atá á n-oibriú ag institiúidí creidmheasa aon táillí seasta a thaispeáint i bhfoirm airgeadaíochta a mbeifear ag súil go n-íocfaidh úsáideoir iad ar airgead tirim a aistarraingt ó UMB na hinstiúide creidmheasa sin. Ba cheart an táille sheasta sin a thaispeáint ag an bpointe ag***

a gcuireann an t-úsáideoir a chárta isteach nó a dhéanann sé a chárta a thapáil i gcoinne UMB nó roimhe sin chun an próiseas aistarraingthe airgid thirim a thionscnamh. Is ionann níos mó trédhearcachta agus faisnéis níos fearr ón soláthraí seirbhísí íocaíochta freisin maidir leis an malartú airgeadra, más infheidhme.

- (46) Tá creatchonarthaí agus na hidirbhearta íocaíochta a chumhdaítear leis na conarthaí sin níos coitianta agus níos suntasaí ó thaobh an gheilleagair de ná idirbhearta íocaíochta aonair. Má tá cuntas íocaíochta nó ionstraim íocaíochta shonrach i gceist, ceanglaítear creatchonradh a bheith ann. Dá bhrí sin, ba cheart na ceanglais maidir le faisnéis roimh ré maidir le creatchonarthaí a bheith cuimsitheach agus ba cheart faisnéis a sholáthar ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile i gcónaí. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a bheith ábalta, áfach, teacht ar chomhaontú sa chreachonradh faoin dóigh ina dtabharfar faisnéis a thagann ina dhiaidh sin ar idirbhearta íocaíochta forghníomhaithe.
- (47) Níor cheart idirdhealú a dhéanamh i bhforálacha conarthacha in aghaidh tomhaltóirí atá ina gcónaí go dleathach san Aontas, ar fhorais a náisiúntachta nó a n-áite cónaithe. I gcás ina ndéantar foráil i gcreatchonradh maidir leis an gceart chun an ionstraim íocaíochta a bhlocáil ar chúiseanna a bhfuil bonn cirt oibiachtúil leo, níor cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta a bheith in ann an ceart sin a agairt ar mbonn go bhfuil athrú tagtha ar áit chónaithe an úsáideora seirbhísí íocaíochta laistigh den Aontas, agus ar an mbonn sin amháin.
- (48) Chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit, ar mhaithe leis an tomhaltóir, a bheith in ann srianta nó toirmisc a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach ar athruithe aontaobhacha i gcoinníollacha creatchonartha, mura bhfuil athrú den sórt sin bunaithe ar chúis a bhfuil bonn cirt léi, mar shampla.
- (49) Chun soghluaisteacht úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a éascú, ba cheart d'úsáideoirí a bheith ábalta creatchonradh a fhoirceannadh gan muirir a thabhtú. I gcás conarthaí arna bhfoirceannadh ag seirbhísí íocaíochta níos lú ná sé mhí tar éis dóibh teacht i bhfeidhm, áfach, ba cheart a cheadú do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta muirir a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na costais arna dtabhú mar gheall gur fhoirceann an t-úsáideoir an creatchonradh. I gcás, faoi chreachonradh, ina gcuirtear seirbhísí íocaíochta ar fáil i gcomhpháirt le seirbhísí teicniúla lena dtacaítear le soláthar seirbhísí íocaíochta, mar atá críochfoirt a úsáidtear le haghaidh seirbhísí íocaíochta a fháil ar cíos, níor cheart úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a chur faoi cheangal lena soláthraí seirbhísí íocaíochta ar théarmaí níos troma arna leagan síos sna clásail chonarthacha lena rialaítear na seirbhísí teicniúla. Chun an iomaíocht a chaomhnú, ba cheart téarmaí conarthacha den sórt sin a bheith faoi réir cheanglais an chreachonartha maidir le táillí foirceanta. I gcás tomhaltóirí, níor cheart go mbeadh an tréimhse fógra arna comhaontú níos faide ná 1 mhí, agus níor cheart go mbeadh an tréimhse sin níos giorra ná 2 mhí i gcás soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Ba cheart go mbeadh na rialacha sin gan dochar don oibleagáid atá ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta an conradh seirbhíse íocaíochta a fhoirceannadh in imthosca eisceachtúla faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais nó faoi dhlí náisiúnta ábhartha eile, mar atá dlí maidir le sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta, aon ghníomh lena ndírítear ar chistí a reo, nó aon bheart sonrach a bhaineann le coireanna a chosc agus a imscrúdú.
- (50) Chun inchomparáideacht a bhaint amach, ba cheart na muirir mheasta um chomhshó airgeadra ar aistrithe agus íocaíochtaí creidmheasa a dhéantar laistigh den Aontas agus ón Aontas chuig tríú tír a shloinneadh ar an mbealach céanna, eadhon mar chéatadán marcála suas os cionn ***ráta tagarmhairc malairte eachtraí a chomhlíonann***

Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷, agus an muirear comhshó airgeadra a bhíonn mar thoradh air a thaispeántar mar mhéid airgeadaíochta san airgeadra a úsáideann an custaiméir chun an comhshó airgeadra a thionscnamh. Le cruinneas agus sláine tagarmharcanna den sórt sin, a áirithítear leis an gcóras le haghaidh riarthóirí tagarmharcanna a thugtar isteach leis an Rialachán sin, cosnaítear leasanna chustaiméirí na soláthraithe seirbhíse íocaíochta agus na bpáirtithe a sholáthraíonn seirbhísí comhshó airgeadra. Ba cheart do sholáthraí seirbhíse íocaíochta an tagarmharc céanna a úsáid go comhsheasmhach agus le haghaidh malartuithe a dhéantar sa dá threo. I gcás ina ndéantar tagairt do ‘mhuirir’ sa Rialachán seo, ba cheart go gcumhdófaí leis freisin, más infheidhme, muirir ‘comhshó airgeadra’.

- (51) Léiríodh ón taithí atá faighte gurb é roinnt na muirear idir íocóir agus íocaí an córas is éifeachtaí ós rud é go n-éascaítear leis an gcur chuige sin próiseáil dhíreach íocaíochtaí. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh go ngearrfaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta an íocóra agus an íocaí, faoi seach, muirir orthu ar bhonn díreach. D’fhéadfadh sé gur méid nialasach a bheidh i gceist le haon muirir arna ngearradh freisin toisc nár cheart go ndéanfaí difear leis na rialacha sin don chleachtas faoinarb amhlaidh nach ngearrann an soláthraí seirbhíse íocaíochta muirear ar thomhaltóirí as suim a chur do shochar a gcuntas. Ar an gcaoi chéanna, ag brath ar théarmaí an chonartha, féadfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta gan muirear a ghearradh ach ar an íocaí as an tseirbhís íocaíochta a úsáid, agus sa chás sin ní fhorchuirtear aon muirir ar an íocóir. Is féidir go bhforchuirfidh na córais íocaíochta muirir trí tháille shuibscribhinne. Na forálacha maidir leis an méid a aistrítear nó aon muirir a ghearrtar, níl aon tionchar díreach acu ar an bpraghsáil idir soláthraithe seirbhíse íocaíochta nó aon idirghabhálaithe.
- (52) Is muirear é formhuirear a ghearrann ceannaithe ar thomhaltóirí a chuirtear leis sa bhreis ar an bpraghas arna iarraidh ar earraí agus ar sheirbhísí nuair a úsáideann an tomhaltóir modh íocaíochta áirithe. Ceann de na cúiseanna atá le formhuirearú is ea tomhaltóirí a threorú chuig ionstraimí íocaíochta níos saoire nó níos éifeachtaí, agus ar an dóigh sin iomaíocht a chothú idir modhanna íocaíochta malartacha. Faoin gcóras a tugadh isteach le Treoir (AE) 2015/2366, cuireadh cosc ar íocóirí muirir a iarraidh as ionstraimí íocaíochta a úsáid a ndéantar táillí idirmhalartaithe a rialáil ina leith faoi Chaibidil II de Rialachán (AE) 2015/751, i.e. le haghaidh cártaí dochair agus creidmheasa tomhaltóirí arna n-eisiúint faoi scéimeanna cárta ceithre pháirtí, agus le haghaidh na seirbhíse íocaíochta sin a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸ maidir leo, i.e. aistriú creidmheasa agus idirbhearta dochair dhírigh arna n-ainmniú in euro laistigh den Aontas. Faoi Threoir (AE) 2015/2366, ceadaíodh do na Ballstáit ceart an íocaí chun muirir a iarraidh a thoirmeasc nó a theoranú tuilleadh, agus aird á tabhairt ar an ngá atá leis an iomaíocht a spreagadh agus úsáid ionstraimí íocaíochta éifeachtúla a chur chun cinn.

¹⁷ *Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32016R1011>)*

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus ghnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012., lch. 22).

Is gá an cur chuige sin a chomhchuihbhiú chun cothroime iomaíochta a chothú san Aontas, agus, dá bhrí sin, chun toirmeasc iomlán a achtú ar fhormhuirearú ar fud an Aontais.

- (53) Ina athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/2366, shainithin an Coimisiún *easpa comhchuibhithe lena gceadaítear formhuirearú le haghaidh ionstraimí íocaíochta agus léirmhínte éagsúla* maidir leis na hionstraimí íocaíochta a chumhdaítear leis an toirmeasc ar fhormhuirearú. Dá bhrí sin, is gá an toirmeasc ar fhormhuirearú a leathnú go sainráite chun gach aistriú creidmheasa agus dochar díreach a chumhdach agus ní hamháin na cinn a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, faoi mar a bhí faoi Threoir (AE) 2015/2366.
- (54) Is éard is seirbhísí faisnéise cuntas agus seirbhísí tionscanta íocaíochta ann, ar a dtugtar ‘seirbhísí baincéireachta oscailte’ go minic le chéile, seirbhísí íocaíochta lena mbaineann rochtain ar shonraí úsáideora seirbhíse íocaíochta ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta nach bhfuil cistí an tsealbhóra cuntais ná cuntas íocaíochta á gcoinneáil acu. Le seirbhísí faisnéise cuntas, ceadaítear sonraí úsáideora a chomhiomlánú, arna iarraidh sin don úsáideoir seirbhísí íocaíochta, le soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas éagsúla in aon áit amháin. Le seirbhísí tionscanta íocaíochta is féidir íocaíocht a thionscnamh ó chuntas an úsáideora, mar atá aistriú creidmheasa nó dochar díreach, ar bhealach a bheidh áisiúil don úsáideoir agus don íocaí gan úsáid a bhaint as ionstraim amhail cárta íocaíochta.
- (55) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas rochtain a cheadú trí fhaisnéis faoi chuntas agus trí sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta ar shonraí cuntas íocaíochta más féidir leis an úsáideoir seirbhísí íocaíochta rochtain a fháil ar an gcuntas íocaíochta ar líne agus más rud é gur thug an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta cead le haghaidh rochtain den sórt sin. Bhí Treoir (AE) 2015/2366 bunaithe ar phrionsabal na rochtana ar shonraí cuntas íocaíochta gan gá le gaol conarthach idir an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus na soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta, rud a raibh d’éifeacht leis nach bhféadfaí go praiticiúil muirear a ghearradh as rochtain ar shonraí. Ó cuireadh Treoir (AE) 2015/2366 i bhfeidhm, tá rochtain ar shonraí faoi bhaincéireacht oscailte ar siúl ar bhonn neamhchonarthach mar sin, agus gan mhuirearú. Dá mbeadh seirbhísí rochtana sonraí rialáilte faoi réir muirir, i gcás nach raibh aon mhuirear ann go dtí seo, d’fhéadfadh an tionchar ar sholáthar leanúnach na seirbhísí sin, agus dá bhrí sin, ar iomaíocht agus nuálaíocht i margáí íocaíochta, a bheith ina thionchar suntasach. Ba cheart, dá bhrí sin, cloí leis an bprionsabal sin. Tá coinneáil ar bun an chur chuige sin i gcomhréir le Caibidlí III agus IV den togra le haghaidh Rialachán maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le rochtain chothrom ar shonraí agus i ndáil le húsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí)¹⁹, go háirithe Airteagal 9(3) den togra sin maidir le cúiteamh, a bhfuil an Rialachán seo gan dochar dó. Foráiltear sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le Rochtain ar Shonraí Airgeadais (FIDA) do chúiteamh a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le rochtain ar shonraí a chumhdófar le FIDA. Dá bhrí sin, bheadh córas den sórt sin difriúil leis an gceann a rialaítear leis an Rialachán seo. Tugtar údar leis an déileáil dhifriúil sin toisc, murab ionann agus rochtain ar shonraí cuntas íocaíochta, a rialaítear le dlí an Aontais ó theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/2366, nach raibh rochtain ar shonraí airgeadais eile faoi réir rialachán de chuid an Aontais go dtí seo. Dá

¹⁹ Togra le haghaidh Rialachán maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le rochtain chothrom ar shonraí agus i ndáil le húsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí).
COM/2022/68 final

bhrí sin, níl aon riosca ann go gcuirfí isteach air toisc, murab ionann agus rochtain ar shonraí cuntas íocaíochta, go bhfuil an margadh sin ag teacht chun cinn agus go ndéanfar é a rialáil den chéad uair le FIDA.

- (56) Féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta gaol conarthach a bhunú, lena n-áirítear i gcomhthéacs socrú conarthach iltaobhach (e.g. scéim), le cúiteamh féideartha, chun rochtain a fháil ar shonraí cuntas íocaíochta agus chun seirbhísí baincéireachta oscailte a sholáthar seachas na cinn a cheanglaítear leis an Rialachán seo. Sampla de sheirbhísí breisluacha den sórt sin a thairgtear trí Chomhádain Feidhmchláir ‘préimhe’ mar a thugtar orthu is ea an fhéidearthacht go ndéanfar íocaíochtaí athraitheacha athfhillteacha amach anseo a sceidealú. Bheadh gá le haon chúiteamh as seirbhísí den sórt sin a bheith i gcomhréir le Caibidlí III agus IV den Ghníomh um Shonraí atá beartaithe i ndiaidh dháta a chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le hAirteagail 9(1) agus 9(2) ar chúiteamh ann. Rochtain ag soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta ar shonraí cuntas íocaíochta a rialaítear faoin Rialachán seo gan ceanglas maidir le gaol conarthach, agus dá bhrí sin gan mhuirearú, ba cheart di a bheith indéanta i gcónaí fiú i gcásanna ina bhfuil socrú conarthach iltaobhach i bhfeidhm (e.g. scéim) agus ina bhfuil na sonraí céanna ar fáil freisin mar chuid den socrú conarthach iltaobhach sin.
- (57) Chun ardleibhéal slándála a ráthú maidir le rochtain agus malartú sonraí, ba cheart rochtain ar chuntais íocaíochta agus ar na sonraí iontu a sholáthar do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta trí chomhádain atá deartha agus tiomnaithe chun críocha ‘baincéireacht oscailte’, amhail API. Chuige sin, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas cumarsáid shlán a shocrú le soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta. Chun aon neamhchinnteacht a sheachaint maidir le cé aige a mbeidh rochtain ar shonraí an úsáideora seirbhíse íocaíochta, ba cheart go gcuirfí ar chumas soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta leis an gcomhádain tiomnaithe iad féin a chur in aithne don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, agus brath ar na nósanna imeachta fíordheimhnithe uile a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas don úsáideoir seirbhísí íocaíochta. Ba cheart do **sholáthraithe seirbhísí** faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta an comhádain tiomnaithe a úsáid, de ghnáth, dá rochtain agus dá bhrí sin níor cheart dóibh comhádain custaiméirí soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a úsáid chun rochtain a fháil ar shonraí, ach amháin i gcásanna ina dteipeann ar an gcomhádain tiomnaithe nó nach bhfuil sé ar fáil faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo. I gcúinsí den sórt sin chuirfí a leanúnachas gnó i mbaol mar gheall ar a neamhábaltacht rochtain a fháil ar na sonraí dár tugadh cead dóibh. Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta ábalta rochtain a fháil i gcónaí ar na sonraí atá fíor-riachtanach dóibh chun seirbhís a thabhairt dá gcliainnt.
- (57a) Níor cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas comhádain malartach a chur ar fáil i gcás nach mbeidh an comhádain tiomnaithe ar fáil seachas an coimhádain a úsáideann an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas le haghaidh fíordheimhnithe agus cumarsáid lena úsáideoirí, chun rochtain a fháil ar shonraí cuntas íocaíochta.**
- (58) Chun úsáid rianúil an chomhádain tiomnaithe a éascú, ba cheart a shonraíochtaí teicniúla a dhóiciméadú go leordhóthanach agus ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a choimre a chur ar fáil go poiblí. Lena chur ar chumas soláthraithe seirbhísí

baincúireachta oscailte a rochtain amach anseo a ullmhú go leordhóthanach agus aon fhadhb teicniúil a d'fhéadfadh a bheith ann a réiteach, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a chur ar chumas soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta comhéadan a thástáil roimh an dáta a ghníomhachtófar an comhéadan. Níor cheart ach do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta atá údaraithe rochtain a fháil ar shonraí cuntas íocaíochta tríd an gcomhéadan sin, cé gur cheart d'iarratasóirí a chuireann isteach ar údarú mar sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta a bheith ábalta na sonraíochtaí teicniúla a sheiceáil. Chun idir-inoibritheacht na réiteach teicneolaíochta éagsúil a áirithiú, ba cheart don chomhéadan úsáid a bhaint as caighdeán chumarsáide a fhorbraíonn eagraíochtaí idirnáisiúnta nó Eorpacha um chaighdeánú lena n-áirítear an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) nó an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO).

- (59) Chun go mbeidh soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta ábalta leanúnachas gnó a áirithiú i gcónaí agus chun bheith ábalta seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar dá gcliaint, ní mór don chomhéadan tiomnaithe a bhfuil súil acu a úsáid ceanglais ardleibhéal a chomhlíonadh i gcomhthéacs feidhmíochta agus feidhmiúlachtaí. Ba cheart go n-áiríteodh sé ar a laghad 'paireacht sonraí' leis an gcomhéadan custaiméirí a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas dá úsáideoirí, agus dá bhrí sin go n-áireofar leis na sonraí cuntas íocaíochta atá ar fáil freisin do na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta sa chomhéadan a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas dóibh. Maidir le seirbhísí tionscanta íocaíochta, ba cheart go n-éascófaí leis an gcomhéadan tiomnaithe ní hamháin íocaíochtaí aonair a thionscnamh ach buanorduithe agus dochair dhíreacha a thionscnamh. Ba cheart ceanglais níos mionsonraithe maidir le comhéadain tiomnaithe a leagan síos i gCaighdeán Theicniúla Rialála arna bhforbairt ag ÚBE.
- (60) I bhfianaise an tionchair shuntasáigh a bheadh ag neamh-infhaighteacht fhada comhéadain tiomnaithe ar leanúnachas gnó soláthraithe seirbhísí faisnéise agus tionscanta íocaíochta, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an neamh-infhaighteacht sin a leigheas gan mhoill. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta a chur ar an eolas faoi aon neamh-infhaighteacht den sórt sin maidir lena gcomhéadan tiomnaithe agus faoi na bearta a rinneadh chun iad a leigheas gan mhoill. I gcás nach mbeidh comhéadan tiomnaithe ar fáil, agus i gcás nach mbeidh aon réiteach malartach éifeachtach ar fáil ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta a bheith ábalta a leanúnachas gnó a chaomhnú. Ba cheart cead a bheith acu a iarraidh ar a n-údarás inniúil náisiúnta úsáid a bhaint as an gcomhéadan a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas dá n-úsáideoirí go dtí go mbeidh an comhéadan tiomnaithe ar fáil arís. Ba cheart don údarás inniúil, i ndiaidh dó an iarraidh a fháil, a chinneadh a dhéanamh gan mhoill. Go dtí go ndéanfaidh an t-údarás an cinneadh, ba cheart cead a bheith ag na soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta iarrthacha an comhéadan a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas dá úsáideoirí a úsáid ar bhonn sealadach. Ba cheart don údarás inniúil ábhartha spriocdháta a shocrú don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas chun feidhmiú iomlán an chomhéadain tiomnaithe a aschur, agus an fhéidearthacht ann smachtbhannaí a fhorchur i gcás nach ndéanfaí amhlaidh faoin spriocdháta. Ba cheart cead a bheith ag gach soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta, ní hamháin iad siúd a thug isteach an iarraidh, rochtain a fháil ar na sonraí a theastaíonn uathu chun a leanúnachas gnó a áirithiú.

- (61) Níor cheart go mbeadh aon tionchar diúltach ag an rochtain dhíreach shealadach sin ar thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta iad féin a chur in aithne go cuí i gcónaí agus a n-oibleagáidí uile a urramú, mar atá teorainneacha an cheada a deonaíodh dóibh, agus níor cheart dóibh rochtain a fháil ach ar na sonraí a theastaíonn uathu chun a n-oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh agus an tseirbhís rialáilte a sholáthar. Níor cheart, in imthosca ar bith, sonraí cuntas íocaíochta gan aitheantas cuí ('camchóipeáil scáileáin' mar a thugtar air) a rochtain choíche.
- (62) Ós rud é go bhféadfaí a mheas go mbeadh ualach díreireach ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas áirithe maidir le comhéadan tiomnaithe a chur ar bun, ba cheart d'údarás inniúil náisiúnta a bheith ábalta cuntas soláthraí seirbhísí íocaíochta a dhíolmhú, arna iarraidh sin dó, ón oibleagáid comhéadan tiomnaithe rochtana sonraí a bheith aici, agus rochtain sonraí íocaíochta a thairiscint trína 'chomhéadan custaiméirí' amháin nó gan aon chomhéadan rochtana sonraí baincéireachta oscailte a chur ar fáil ar chor ar bith. D'fhéadfadh rochtain sonraí tríd an gcomhéadan custaiméirí (gan aon chomhéadan tiomnaithe) a bheith iomchuí i gcás soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an-bheag a mbeadh comhéadan tiomnaithe ina ualach suntasach airgeadais agus acmhainní. D'fhéadfadh sé go mbeadh údar le bheith díolmhaithe ón oibleagáid aon chomhéadan rochtana sonraí 'baincéireachta oscailte' a choinneáil i gcás ina bhfuil samhail ghnó shonrach ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, mar shampla i gcás nach mbeadh aon bhaint ag seirbhísí baincéireachta oscailte le custaiméirí. Ba cheart critéir mhionsonraithe a leagan síos i gcaighdeáin theicniúla rialála arna bhforbairt ag ÚBE maidir leis na cineálacha éagsúla cinntí díolúine sin a dheonú.
- (63) Chun lántairbhe a bhaint as acmhainneacht na baincéireachta oscailte san Aontas, tá sé fíor-riachtanach go gcuirfí cosc ar aon chaitheamh idirdhealaitheach le soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas. I gcás inar chinn an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta leas a bhaint as seirbhísí soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, ba cheart go ndéileálfadh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas sin leis an ordú sin ar an mbealach céanna a dhéileálfadh sé le hiarraidh den sórt sin dá ndéanfadh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta é go díreach ina 'chomhéadan custaiméirí', mura rud é go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ag an soláthraí íocaíochta is riarthóir cuntas chun déileáil leis an iarraidh maidir le rochtain a fháil ar an gcuntas ar bhealach difriúil, lena n-áirítear amhras tromchúiseach faoi chalaíochas.
- (64) Chun seirbhísí tionscanta íocaíochta a sholáthar, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an fhaisnéis inrochtana go léir a sholáthar don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta maidir le forghníomhú an idirbhirt íocaíochta díreach i ndiaidh dó an t-ordú íocaíochta a fháil. Ar uairibh, bíonn tuilleadh faisnéise ar fáil don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas i ndiaidh dó an t-ordú íocaíochta a fháil, ach sula ndéanann sé an t-idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú. Más ábhartha maidir leis an ordú íocaíochta agus forghníomhú an idirbhirt íocaíochta, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an fhaisnéis sin a sholáthar don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta. Níor cheart don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta tairbhe a bhaint ach *amháin* as an bhfaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le neamh-fhorghníomhú an idirbhirt tionscanta. Tá an fhaisnéis sin fíor-riachtanach ionas go mbeidh an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta ábalta seirbhís a chur ar fáil d'íocaí ar thar a cheann a thionscnóidh sé an t-idirbheart, seirbhís a bheidh ábalta, mar gheall ar a cáilíocht, dul in iomaíocht le modhanna eile íocaíochta leictreonaí atá ar fáil don íocaí, lena n-áirítear cártaí íocaíochta.

(65) Chun muinín as baincéireacht oscailte a mhéadú, tá sé riachtanach go mbeidh smacht iomlán ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a úsáideann seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta ar a gcuid sonraí agus go mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis shoiléir faoi na ceadanna rochtana sonraí a dheonaigh na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta sin do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear cuspóir an cheada agus catagóirí na sonraí cuntas íocaíochta lena mbaineann, lena n-áirítear sonraí faoi aitheantas an chuntais, faoin idirbheart agus faoin iarmhéid cuntais. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ‘deais’ a chur ar fáil d’úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a úsáideann seirbhísí den sórt sin, chun faireachán a dhéanamh ar an rochtain sonraí a dheonaítear do sholáthraithe seirbhísí na ‘baincéireacht oscailte’ agus chun an rochtain sin a aistarraingt. Níor cheart ceadanna chun íocaíochtaí aonuaire a thionscnamh a bheith ar an deais sin. Ní fhéadfaidh deais cead a thabhairt d’úsáideoir seirbhísí íocaíochta ceadanna rochtana sonraí nua a chur ar bun le soláthraí seirbhísí faisnéise cuntais nó tionscanta íocaíochta nár tugadh aon rochtain ar shonraí roimhe seo dóibh. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta a chur ar an eolas go pras faoi aon aistarraingt ar rochtain ar shonraí. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a chur ar an eolas go pras faoi cheadanna rochtana sonraí nua agus athbhunaithe arna ndeonú ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear fad bailíochta an cheada agus a chuspóir (go háirithe cé acu an bhfuil sé chun leasa an úsáideora sonraí a chomhdhlúthú nó chun iad a tharchur chuig tríú páirtí). Níor cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a spreagadh, úsáideoir seirbhísí íocaíochta a spreagadh, ar aon bhealach, chun na ceadanna a thugtar do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta a aistarraingt. Ba cheart go dtabharfaí rabhadh leis an deais don úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar bhealach caighdeánach faoin riosca a bhaineann le hiarmhairtí conarthacha a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le rochtain sonraí a tharraingt siar chuig soláthraí seirbhísí baincéireachta oscailte, ós rud é nach ndéantar an gaol conarthach idir an t-úsáideoir agus soláthraí ‘baincéireachta oscailte’ a bhainistiú ar an deais, ach is faoin úsáideoir seirbhísí íocaíochta atá sé an riosca sin a fhíorú. Leis an deais ceadanna ba cheart go ndéanfaí custaiméirí a chumhachtú lena gceadanna a bhainistiú ar bhealach feasach agus neamhchlaonta agus go dtabharfaí smacht láidir do chustaiméirí ar an dóigh a n-úsáidtear a gcuid sonraí pearsanta agus neamhphearsanta. Ba cheart go gcuirfí san áireamh i ndeais ceadanna, i gcás inarb iomchuí, na ceanglais inrochtaineachta faoi Threoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(65a) Níor cheart go dtuigfí leis an téarma 'cead' sa Rialachán seo go bhfuil an bhrí chéanna leis agus atá ag an téarma 'toiliú' faoi Rialachán (AE) 2016/679 a bhfuil feidhm ag ceanglais an Rialacháin sin ina leith. Tagraíonn cead faoin Rialachán seo d’údarú ó úsáideoir seirbhíse íocaíochta chun idirbheart íocaíochta a dhéanamh nó chun rochtain a fháil ar shonraí faisnéise faoi chuntais. Tá an ceanglas sin gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679 agus do Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰.

²⁰ *Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoracha 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha') (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22, <http://data.europa.eu/eli/dir/2005/29/oj>).*

- (65b) *Ba cheart do ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina leagfar amach liosta caighdeánaithe de chatagóirí na faisnéise atá le nochtadh ar an deais.*
- (66) Léiríodh san athbhreithniú ar Threoir (AE) 2015/2366 go bhfuil soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta fós neamhchosanta ar go leor bacainní gan údar, in ainneoin leibhéal an chomhchuibhithe a baineadh amach agus an toirmisc ar bhacainní den sórt sin a fhorchuirtear le hAirteagal 32(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/389 ón gCoimisiún²¹. Cuirtear bac suntasach leis na bacainní sin fós ar acmhainneacht iomlán na baincéireachta oscailte san Aontas. Tuairiscíonn soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta na bacainní sin go rialta do mhaoirseoirí, do rialaitheoirí agus don Choimisiún. Rinne ÚBE anailís orthu ina Thuairim i mí an Mheithimh 2020 *dar teideal ‘Tuairim an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh maidir le bacainní faoi Airteagal 32(3) de RTS maidir le SCA agus CSC’*. D’ainneoin iarrachtaí soiléirithe ata déanta, tá go leor neamhchinnteachta fós ann, sa mhargadh agus le maoirseoirí, maidir le cad is ‘bacainn thoirmisce’ ann maidir le seirbhísí baincéireachta oscailte rialáilte. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach go soláthrófaí liosta soiléir agus neamh-uileghabhálach de na bacainní baincéireachta oscailte toirmisce sin, ag brath go háirithe ar an obair a dhéanann ÚBE.
- (67) An oibleagáid maidir le dintiúir shlándála phearsantaithe a choimeád sábháilte, baineann tábhacht rímhór léi chun cistí an úsáideora seirbhíse íocaíochta a chosaint agus chun teorannú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le calaois agus le rochtain neamhúdraithe ar na cuntais íocaíochta. Maidir le téarmaí agus coinníollacha nó oibleagáidí eile a fhorchuireann soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta i dtaca le dintiúir shlándála phearsantaithe a choimeád sábháilte, áfach, níor cheart iad a dhréachtú ar bhealach a chuireann cosc ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta leas a bhaint as seirbhísí a chuireann soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí tionscanta íocaíochta agus seirbhísí faisnéise cuntas. Níor cheart aon fhoráil a bheith i dtéarmaí agus coinníollacha den sórt sin a d’fhágfadh go mbeadh sé níos deacra, ar aon dóigh, leas a bhaint as seirbhísí íocaíochta de chuid soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile arna n-údarú nó arna gclárú de bhun Threoir (AE) XXX (PSD3). Ina theannta sin, is iomchuí a shonrú, maidir le gníomhaíochtaí na soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus na soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas, nach sonraí íocaíochta íogaire iad ainm úinéir an chuntais ná uimhir an chuntais.
- (68) Chun go n-éireoidh go hiomlán leis an ‘mbaincéireacht oscailte’ ní mór forfheidhmiú láidir agus éifeachtach a dhéanamh ar na rialacha lena rialaítear an gníomhaíocht sin. Ós rud é nach ann d’aon údarás aonair ar leibhéal an Aontais chun cearta agus dualgais na ‘baincéireachta oscailte’ a fhorfheidhmiú, is iad na húdaráis inniúla náisiúnta an chéad leibhéal d’fhorfheidhmiú baincéireachta oscailte. Tá sé fíor-riachtanach go n-áiritheoidh na húdaráis inniúla náisiúnta go ndéanfar creat rialáilte ‘baincéireachta oscailte’ an Aontais a urramú go réamhghníomhach agus go docht. Deir oibreoirí na baincéireachta oscailte ar bhonn rialta go bhfuil forfheidhmiú neamhleor na n-údarás ábhartha ar cheann de na cúiseanna go bhfuil glacadh leis an mbaincéireacht oscailte teoranta i gcónaí san Aontas. Ba cheart go mbeadh na hacmhainní iomchuí ag na húdaráis inniúla náisiúnta chun a gcúraimí forfheidhmithe a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Ba cheart d’údaráis

²¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/389 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh fíordheimhniú láidir custaiméara agus caighdeáin choiteanna chumarsáide shlána oscailte (IO L 69, 13.3.2018, lch. 23).

inniúla náisiúnta idirphlé réidh rialta idir gníomhaithe éagsúla éiceachóras na ‘baincéireachta oscailte’ a chur chun cinn agus idirghabháil a dhéanamh air. Ba cheart smachtbhannaí iomchuí a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí. Le faireachán rialta arna dhéanamh ag na húdaráis inniúla, arna gcomhordú ag ÚBE, ar mhargadh na ‘baincéireachta oscailte’ san Aontas, ba cheart go n-éascófaí forfheidhmiú, agus le bailiú sonraí maidir le margadh na ‘baincéireachta oscailte’, leigheasfar bearna sonraí atá ann faoi láthair, rud a chuireann bac ar aon tomhas éifeachtach ar ghlacadh iarbhír na ‘baincéireachta oscailte’ san Aontas. Ba cheart rochtain a bheith ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus ag soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta ar chomhlachtaí um réiteach díospóidí, de bhun Airteagal 10 de thogra an Ghnímh um Shonraí, a luaithe a thioctaidh an Rialachán sin i bhfeidhm.

- (69) Mar thoradh ar úsáid chomhthreomhar as an téarma ‘toiliú sainráite’ i dTreoir (AE) 2015/2366 agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²², tá míthuiscintí ann. Is é is cuspóir don toiliú sainráite faoi Airteagal 94 (2) de Threoir (AE) 2015/2366 an cead chun rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta sin, le go mbeifear in ann na sonraí pearsanta sin a phróiseáil agus a stóráil, is é sin, na sonraí is gá chun an tseirbhís íocaíochta a sholáthar. Dá bhrí sin, ba cheart soiléiriú a thabhairt chun an deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus chun idirdhealú soiléir a dhéanamh i dtaobh na rialacha maidir le cosaint sonraí. I gcás ina n-úsáidtear an téarma ‘toiliú sainráite’ i dTreoir (AE) 2015/2366, ba cheart an téarma ‘cead’ a úsáid sa Rialachán seo. I gcás ina ndéantar tagairt do ‘cead’, ba cheart an tagairt sin a bheith gan dochar d’oibleagáidí na soláthraithe seirbhísí íocaíochta faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679. Dá bhrí sin, níor cheart cead a fhorléiriú go heisiach mar ‘toiliú’ nó ‘toiliú sainráite’ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679.
- (70) Tá slándáil na n-aistrithe creidmheasa ríthábhachtach chun muinín na n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta sna seirbhísí sin a mhéadú agus chun a n-úsáid a áirithiú. Féadfaidh íocóirí a bhfuil sé beartaithe acu aistriú creidmheasa a sheoladh chuig íocaí ar leith, mar thoradh ar chalaouis nó ar earráid, aitheantóir uathúil a sholáthar nach gcomhfhreagraíonn do chuntas atá ag an íocaí sin. Chun cur le laghdú ar chalaouis agus ar earráidí, ba cheart d’úsáideoirí seirbhísí íocaíochta tairbhe a bhaint as seirbhís lena bhfíorófaí an bhfuil aon neamhréireacht idir aitheantóir uathúil an íocaí agus an t-ainm, ***nó aitheantóir eile amhail uimhir fhioscach, aitheantóir uathúil Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 16(1), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³, nó aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI), lena saináithnítear gan débhrí an t-íocaí, arna sholáthar ag an íocóir agus, má bhraitear aon neamhréireachtaí den sórt sin, ba cheart fógra a thabhairt don íocóir maidir leis sin. Ní gá gurb í uimhir idirnáisiúnta an chuntais bhainc (IBAN) an t-aitheantóir uathúil.*** Bhí tionchar dearfach suntasach ag seirbhísí den sórt sin, sna tíortha ina bhfuil siad, ar leibhéal na calaoise agus na n-earráidí. I bhfianaise thábhacht

²² Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

²³ ***Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (códú) (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32017L1132>).***

na seirbhíse sin chun calaois agus earráidí a chosc, ba cheart seirbhís den sórt sin a bheith ar fáil saor in aisce do thomhaltóirí. Chun achrainn nó moilleanna míchuí i bpróiseáil an idirbhirt a sheachaint, ba cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra fógra den sórt sin a sholáthar laistigh de chúpla soicind ón nóiméad a chuir an t-íocóir an fhaisnéis faoin íocaí isteach. Ionas go mbeidh an t-íocóir ábalta a chinneadh an rachaidh sé nó sí ar aghaidh leis an idirbheart atá beartaithe, ba cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra fógra den sórt sin a sholáthar sula n-údaróidh an t-íocóir an t-idirbheart. D'fhéadfadh réitigh áirithe maidir le tionscnamh aistriithe creidmheasa a bheith ar fáil d'íocóirí trínar féidir leo ordú íocaíochta a dhéanamh gan an t-aitheantóir uathúil a chur isteach iad féin. Ina ionad sin, soláthraíonn soláthraí an réitigh tionscnaimh sin eilimintí sonraí den sórt sin. I gcásanna den sórt sin, níl aon ghá le seirbhís lena bhfíoraítear an dtagann an t-aitheantóir uathúil agus ainm an íocaí le chéile ós rud é go ndéantar laghdú suntasach ar an riosca go dtarlóidh calaois nó earráidí.

- (71) Foráiltear le Rialachán (AE) XXX lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 go ndéanfar seirbhís lena bhfíoraítear an dtagann an t-aitheantóir uathúil le hainm an íocaí ***nó le haitheantóir eile*** de chuid an íocaí a chur ar fáil d'úsáideoirí maidir le haistriithe creidmheasa meandracha in euro. Chun creat comhleanúnach a bhaint amach maidir le gach aistriú creidmheasa agus aon fhorlú míchuí á sheachaint, níor cheart feidhm a bheith ag an tseirbhís fíorúcháin dá dtagraítear sa Rialachán seo ach amháin maidir le haistriithe creidmheasa nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) XXX lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012.
- (72) Le roinnt tréithe d'ainm an íocaí ar mian leis an íocóir aistriú creidmheasa a dhéanamh chuig a chuntas nó a cuntas d'fhéadfadh sé cur leis an dóchúlacht go mbraithfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta neamhréireacht, lena n-áirítear idirdhealaitheach nó traslitríú féideartha eile ar ainmneacha in aibítirí éagsúla, difríochtaí idir ainmneacha a úsáidtear de ghnáth agus ainmneacha a léirítear ar dhoiciméid aitheantais fhoirmiúla i gcás daoine nádúrtha, nó difríochtaí idir ainmneacha tráchtála agus dlíthiúla i gcás daoine dlítheanacha. Chun achrainn míchuí i bpróiseáil aistriithe creidmheasa a sheachaint agus chun cinneadh an íocóra dul ar aghaidh leis an idirbheart beartaithe a éascú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta méid na neamhréireachta sin a léiriú trína léiriú san fhógra nuair nach bhfuil aon mheaitseáil ná mheaitseáil 'dhlúth' ann.
- (73) Má dhéantar idirbheart íocaíochta a údarú d'ainneoin gur aimsigh an tseirbhís fíoraith meaitseála neamhréireacht agus gur thug sí fógra maidir leis an neamhréireacht sin d'úsáideoir na seirbhíse íocaíochta, d'fhéadfadh sé go n-aistrefaí na cistí chuig íocaí neamhbheartaithe. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a chur ar an eolas maidir leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag a rogha neamhaird a dhéanamh den neamhréireacht ar tugadh fógra ina leith agus dul ar aghaidh le forghníomhú an idirbhirt. Ba cheart d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a bheith ábalta diúltú do sheirbhís den sórt sin a úsáid tráth ar bith le linn a ngaoil chonarthaigh leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta. I ndiaidh rogha an diúltaithe, ba cheart go mbeadh úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ábalta leas a bhaint as an tseirbhís arís.
- (74) Ba cheart don úsáideoir seirbhísí íocaíochta an soláthraí seirbhísí íocaíochta a chur ar an eolas a luaithe is féidir maidir le haon chonspóidí a bhaineann le hidirbhearta íocaíochta a líomhnaítear go bhfuil siad neamhúdraithe, nár forghníomhaíodh i gceart iad nó aistriithe creidmheasa údaraithe i gcás inar mhífheidhmigh an tseirbhís fíorúcháin meaitseála, ar choinníoll gur chomhlíon an soláthraí seirbhísí íocaíochta a chuid oibleagáidí faisnéise. Má chomhlíon an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta an spriocdháta maidir le fógra a thabhairt, ba

cheart don úsáideoir seirbhíse íocaíochta a bheith in ann na héilimh sin a leanúint faoi réir tréimhsí teorann náisiúnta. Níor cheart difear a dhéanamh leis sin d'éilimh eile idir úsáideoirí seirbhíse íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta.

(75) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le cailíteanais a leithdháileadh i gcás idirbhearta íocaíochta neamhúdaráithe nó aistrithe creidmheasa údaráithe sonracha. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag forálacha difriúla maidir le húsáideoirí seirbhíse íocaíochta nach tomhaltóirí iad, ós rud é gurb iondúil gur fearr is féidir le húsáideoirí den sórt sin an riosca calaoise a mheas agus bearta frithchúitimh a dhéanamh. Chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, ba cheart d'íocóirí a bheith i dteideal a n-éileamh ar aisíocaíocht a chur chuig a soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas i gcónaí, fiú i gcás ina bhfuil baint ag soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta leis an idirbheart íocaíochta. Ba cheart go mbeadh sin gan dochar do leithdháileadh an dliteanais idir na soláthraithe seirbhísí íocaíochta.

(76) I gcás seirbhísí tionscanta íocaíochta, le leithdháileadh an dliteanais idir an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta a bhfuil baint aige leis an idirbheart go gcuirfí iallach orthu a bheith freagrach as codanna faoi seach an idirbhirt atá faoina rialú féin.

(76a) *Ionas go mbeidh rochtain níos éasca ag an úsáideoir seirbhíse íocaíochta ar an soláthraí seirbhíse íocaíochta, ba cheart don soláthraí seirbhíse íocaíochta bealach cumarsáide a chruthú agus a sheirbheáil chun a chur ar chumas an úsáideora seirbhíse íocaíochta fógra a thabhairt nó díbhlocáil na hionstraimé íocaíochta a iarraidh dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Leis an mbealach sin, ba cheart go mbeadh an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta in ann fógra a thabhairt maidir le hidirbheart calaoiseach, comhairle cháilithe a fháil nuair a bhíonn drochamhras ann go ndearnadh ionsaí calaoise orthu agus fógra a thabhairt faoi shaincheisteanna achrannacha a bhaineann le híocaíochtaí a rinneadh, amhail earráidí na meaisíní íocaíochta le linn na n-íocaíochtaí.*

(77) I gcás idirbheart íocaíochta neamhúdaráithe, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta méid an idirbhirt sin a aisíoc láithreach leis an íocóir. I gcás ina mbeidh amhras mór ann go ndearnadh idirbheart neamhúdaráithe mar gheall ar iompar calaoiseach an íocóra agus i gcás ina mbeidh an t-amhras sin bunaithe ar fhorais oibiachtúla a chuireann an soláthraí seirbhísí íocaíochta in iúl don údarás náisiúnta ábhartha, áfach, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta a bheith in ann imscrúdú a dhéanamh sula n-aisíocfaidh sé an t-íocóir. Ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta, laistigh de **14** lá gnó i ndiaidh an t-idirbheart a thabhairt dá aire nó i ndiaidh fógra a fháil ina leith, méid an idirbhirt íocaíochta neamhúdaráithe a aisíoc leis an íocóir nó na cúiseanna agus an fhianaise thacaíochta maidir leis an aisíocaíocht a dhiúltú a sholáthar don íocóir agus na comhlachtaí a bhféadfaidh an t-íocóir an t-ábhar a tharchur chucu a chur in iúl, mura nglacfaidh an t-íocóir leis na cúiseanna arna soláthar. Chun an t-íocóir a chosaint ar aon mhíbhuntáiste, níor cheart dáta luacha creidmheasa na haisíocaíochta a bheith níos déanaí ná an dáta ar cuireadh méid an idirbhirt do dhochar an chuntais. Chun dreasacht a sholáthar don úsáideoir seirbhísí íocaíochta i dtaobh fógra a thabhairt, gan aon mhoill mhíchúí, don soláthraí seirbhísí íocaíochta maidir le haon chás ina ndearnadh ionstraim íocaíochta a ghoid nó a chailleadh, agus, ar an gcaoi sin, laghdú a dhéanamh ar an riosca i dtaobh idirbhearta íocaíochta neamhúdaráithe, níor cheart don úsáideoir a bheith faoi dhliteanas ach i leith méid an-teoranta, mura rud é gur ghníomhaigh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta go calaoiseach nó le mórfhaillí. Sa chomhthéacs sin, is cosúil gur méid leordhóthanach é EUR 50 chun a áirithiú go mbeidh cosaint chomhchuibhithe ar ardleibhéal ag úsáideoirí laistigh den Aontas. Níor cheart aon dliteanas a bheith ann i gcás nach bhfuil an t-íocóir in ann teacht ar an eolas faoi chaillteanas, goid nó

míleithreasú na hionstraimhe íocaíochta. Ina theannta sin, nuair a bheidh fógra tugtha ag úsáideoir seirbhísí íocaíochta do sholáthraí seirbhísí íocaíochta go mb'fhéidir gur cuireadh a ionstraim íocaíochta i mbaol, níor cheart a cheangal ar an úsáideoir seirbhísí íocaíochta aon chaillteanas breise a chumhdach a d'eascródh as úsáid neamhúdaraithe a baineadh as an ionstraim sin. Ba cheart na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith freagrach as slándáil theicniúil a gcuid táirgí féin.

(78) Le forálacha dliteanais i gcás aistrithe creidmheasa údaraithe i gcás inar cuireadh an tseirbhís a bhraitheann neamhréireachtaí idir ainm **nó le haitheantóir eile** agus aitheantóir uathúil íocaí i bhfeidhm go mícheart nó i gcás ina mífheidhmíonn an tseirbhís sin, chruthófaí na dreasachtaí cearta do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta chun seirbhís atá ag feidhmiú go hiomlán a sholáthar, d'fhonn an riosca maidir le húdaruithe íocaíochta nach bhfuil bunús leo a laghdú. Má chinn an t-íocóir leas a bhaint as seirbhís den sórt sin, ba cheart soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra a chur faoi dhliteanas as méid iomlán an aistrithe creidmheasa i gcásanna nach ndearna an soláthraí seirbhísí íocaíochta sin, ach gur cheart go ndéanadh sé dá mbeadh sé ag feidhmiú i gceart, fógra a thabhairt don íocóir maidir le neamhréireacht idir an t-aitheantóir uathúil **nó aon ionadaí eile arna shainiú ag ÚBE** agus ainm an íocaí arna sholáthar ag an íocóir agus go ndearna an méid sin damáiste airgeadais don íocóir. I gcás ina mbeidh dliteanas sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra inchurtha i leith sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí, ba cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra a chúiteamh as an damáiste airgeadais arna thabhtú. **Beidh sé sin i gcomhréir le Rialachán (AE) [202X/...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an...lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 agus Rialachán (AE) 2021/1230 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro**²⁴.

(78a) **Ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta comhoibriú i gcónaí leis an úsáideoir seirbhísí íocaíochta i gcásanna ina bhfuil aon neamhréireachtaí sna híocaíochtaí le cruthú.**

(79) Ba cheart **úsáideoirí seirbhísí íocaíochta** a chosaint go leormhaith i gcomhthéacs **calaois innealtóireachta sóisialta, mar a thugtar uirthi, i gcás ina ndéanann calaoiseoir ionramháil ar úsáideoir seirbhísí íocaíochta tabhairt faoi ghníomhaíocht áirithe, amhail idirbheart íocaíochta a thionscnamh, nó dintiúir slándála an úsáideora seirbhísí íocaíochta a thabhairt ar láimh do na calaoiseoirí.** Tá méadú suntasach tagtha ar líon na gcásanna **‘innealtóireachta sóisialta’ den chineál sin** le blianta beaga anuas. Cásanna ‘spúfála’ ina ligeann calaoiseoirí orthu féin gur fostaithe de chuid soláthraí seirbhísí íocaíochta custaiméara iad, **nó d'eintiteas ábhartha a bhféadfadh a mheas go réasúnach go bhfuil nasc aige le foinsé iontaofa de chuid an chustaiméara, amhail banc ceannais nó údarás rialtais,** agus ina mbaineann siad mí-úsáid as ainm, seoladh **ríomhphoist** nó uimhir fóin an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta chun muinín na gcustaiméirí a fháil agus bob a bhualadh orthu maidir le roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh, tá siad ag éirí níos forleithne san Aontas ar an drochuair. Leis na cineálacha nua calaoise ‘spúfála’ **nó ‘pearsanú’** sin táthar ag doiléiriú na difríochta a bhí i dTreoir (AE) 2015/2366 idir idirbhearta údaraithe agus idirbhearta neamhúdaraithe. **Ba cheart na coinníollacha faoinar thug an custaiméir a chead nó a cead chun íocaíocht a dhéanamh,** a chur san áireamh go cuí, lena n-áirítear ag cúirteanna, chun idirbheart a cháiliú mar idirbheart údaraithe nó neamhúdaraithe. Go

²⁴ **Rialachán (AE) [202X/...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an...lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 agus Rialachán (AE) 2021/1230 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro (IO L ...).**

deimhin, d'fhéadfadh sé gur údaraíodh idirbheart i gcúinsí inar deonaíodh údarú den sórt sin in áitreabh cúbláilte lena ndéantar difear do shláine an cheada. Dá bhrí sin, ní féidir aisíocaíochtaí a theorannú d'idirbhearta neamhúdaraíthe amháin, mar a bhí i dTreoir (AE) 2015/2366, a thuilleadh. ■

(79a) *Maidir le hidirbhearta íocaíochta a údarú, leis an gcead ba cheart rún an íocóra a chur in iúl ar bhonn eolas iomlán ar fhíorais ábhartha lena n-áirítear méid, faighteoir agus cuspoir an idirbhirt. Ba cheart rún an íocóra, bunaithe ar eolas iomlán ar fhíorais ábhartha, tráth an idirbhirt, a mheasúnú de bhun an dlí náisiúnta.*

(80) Tá níos mó modhanna ag soláthraithe seirbhísí *íocaíochta* ná mar atá ag tomhaltóirí chun deireadh a chur le ■cásanna '*spúfála*', trí choimircí teicniúla leormhaithe agus láidre arna bhforbairt le soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí amhail oibreoirí líonraí móibíleacha, ardáin idirlín etc. *Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar na soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí sin comhoibriú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise. Má theipeann orthu déanamh amhlaidh, ba cheart iad a bheith freagrach go comhphárteach i gcás calaoise.* Le cásanna calaoise maidir le pearsanú fostaithe bainc téitear i gcion ar dhea-cháil an bhainc, na hearnála bainc éireachta ina hiomláine agus d'fhéadfaí damáiste suntasach airgeadais a dhéanamh leo do thomhaltóirí an Aontais, rud a rachaidh i gcion ar a muinín in íocaíochtaí leictreonacha agus sa chóras bainc éireachta. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh tomhaltóir macánta ar a ndearnadh calaois '*spúfála*' den sórt sin i gcás ina ligeann calaoiseoirí orthu féin gur fostaithe de chuid soláthraí seirbhísí íocaíochta custaiméara iad agus go mbaineann siad mí-úsáid as ainm, seoladh ríomhphoist nó uimhir fóin an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta i dteideal aisíocaíocht a fháil ar mhéid iomlán an idirbhirt íocaíochta chalaouisigh ón soláthraí seirbhísí íocaíochta, mura rud é gur ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach nó le 'mórfhailli'. A luaithe a thiofáidh an tomhaltóir ar an eolas go ndearnadh an cineál sin calaoise *spúfála* air nó uirthi, ba cheart don tomhaltóir, gan moill mhíchúí, an teagmhas a thuairisciú do na póilíní, trí nósanna imeachta gearán ar líne más féidir, i gcás ina gcuireann na póilíní ar fáil é, agus dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta, agus gach fianaise tacaíochta is gá a sholáthar. ■

(81) I bhfianaise a n-oibleagáidí maidir le slándáil a gcuid seirbhísí a choimircíú i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵, tá sé de chumas soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí cur leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise '*spúfála*'. Dá bhrí sin, agus gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar síos sa dlí náisiúnta lena gcuirtear an Treoir sin chun feidhme, ba cheart *dlíteanas a bheith ag* soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí *freisin, i gcás inarb ábhartha agus* ba cheart dóibh comhoibriú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta chun tarluithe breise den chineál sin calaoise a chosc, lena n-áirítear trí ghníomhú go pras lena áirithiú go bhfuil bearta iomchuí eagraíochtúla agus teicniúla i bhfeidhm chun slándáil agus rúndacht na cumarsáide a chosaint i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE. Ba cheart aon éileamh *ar chalaouis* in aghaidh soláthraithe eile, mar atá soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí *nó ardáin ar líne*, ar dhamáiste airgeadais a dhéantar i gcomhthéacs an chineáil sin calaoise a dhéanamh i gcomhréir leis *an Rialachán seo*.

²⁵ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

- (81a) *Is féidir le hardáin ar líne rannchuidiú freisin le cásanna calaoise a mhéadú. Dá bhrí sin, agus gan dochar dá n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶ (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), ba cheart iad a chur faoi dhliteanas i gcás inar tháinig calaois chun cinn mar thoradh díreach ar chalaioiseoirí a úsáideann a n-ardán chun calaois a dhéanamh ar thomhaltóirí, más rud é gur cuireadh ar an eolas iad faoi ábhar calaoiseach ar a n-ardán agus nach ndearna siad é a bhaint.*
- (82) Chun measúnú a dhéanamh ar fhaillí nó ar mhórfhaillí a d'fhéadfadh sé a bheith déanta ag an úsáideoir seirbhíse íocaíochta, ba cheart na cúinsí uile a chur san áireamh. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar bhonn ginearálta ar an bhfianaise agus ar mhéid na faillí líomhnaithe de réir an dlí náisiúnta. Cé go bhfuil sárú ar dhualgas cúraim intuigthe i gcoincheap na faillí, áfach, ba cheart níos mó a bheith i gceist le 'mórfhaillí' ná mar atá le faillí amháin, agus ba cheart iompar a bheith i gceist léi lena léirítear go raibh míchúram nach beag ann; mar shampla, *íocaíocht a dhéanamh le calaoiseoir gan aon fhorais réasúnacha a bheith aige lena chreidiúint go bhfuil an t-íocaí a raibh an íocaíocht beartaithe dó dlisteanach*, na dintiúir a úsáidtear chun idirbheart íocaíochta a údarú a choimeád in aice leis an ionstraim íocaíochta i bhformáid oscailte atá inbhraite go héasca ag tríú páirtithe, *a chur ina luí ar bhanc bloc a bhaint a cuireadh i ndiaidh foláireamh calaoise ag gníomhú dó ar threoir ó thríú páirtí nach bhfuil aithne aige air, nó fón cliste neamhbhlocáilte a thabhairt do thríú páirtí.*
- (82a) *Agus an fíoras á chur i gcuntas go ndéantar an téarma 'mórfhaillí' a léirmhíniú ar bhealaí an-difriúla ar fud an Aontais, ba cheart do ÚBE treoirlínte a eisiúint maidir leis an gcaoi a ndéanfar an coincheap sin a léirmhíniú chun críche an Rialacháin seo.*
- (83) Maidir le téarmaí agus coinníollacha conarthacha a bhaineann le hionstraim íocaíochta a sholáthar agus a úsáid, arb é an éifeacht a bheadh acu an t-ualach cruthúnais ar an tomhaltóir a mhéadú nó an t-ualach cruthúnais ar an eisitheoir a laghdú, ba cheart a mheas go bhfuil siad ar neamhní. Thairis sin, i gcásanna sonracha agus go háirithe sa chás nach bhfuil an ionstraim íocaíochta i láthair ag an bpointe díola, mar atá i gcás íocaíochtaí ar líne, is iomchuí a cheangal ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta fianaise a sholáthar maidir le faillí líomhnaithe toisc gur an-teoranta an acmhainn atá ag an íocóir é sin a dhéanamh i gcásanna den sórt sin.
- (84) Tá tomhaltóirí an-leochaileach maidir le hidirbhearta íocaíochta cártabhunaithe i gcás nach eol méid beacht an idirbhirt nuair a thugann an t-íocóir cead an t-idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú, mar shampla ag stáisiúin bhreosla uathoibríocha, i gconarthaí maidir le fruiliú carranna nó tráth a mbíonn áirithintí óstáin á ndéanamh. Ba cheart go mbeadh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra ábalta méid cistí a bhlocáil ar chuntas íocaíochta an íocóra i gcomhréir le méid an idirbhirt íocaíochta ar féidir leis an íocóir a bheith ag súil leis le réasún agus sin i gcás inar thug an t-íocóir a thoiliú nó a toiliú, an méid beacht sin a bhlocáil. Ba cheart na cistí sin a scaoileadh díreach i ndiaidh an fhaisnéis a fháil maidir le méid beacht deiridh an idirbhirt íocaíochta agus ar a dhéanaí díreach i ndiaidh an t-ordú

²⁶ *Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair Do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32022R2065>).*

íocaíochta a fháil. Lena áirithiú go scaoilfear an difríocht idir an méid blocáilte agus méid beacht an idirbhirt íocaíochta go pras, ba cheart don íocaí an soláthraí seirbhísí íocaíochta a chur ar an eolas díreach i ndiaidh an tseirbhís nó na hearraí a sheachadadh chuig an íocóir.

- (85) Is ann fós do scéimeanna leagáide dochair dhírigh nach bhfuil in euro sna Ballstáit nach é an euro a n-airgeadra. Tá na scéimeanna sin éifeachtúil agus áirithítear leo an t-ardleibhéal céanna cosanta don íocóir trí mheán coimircí eile, nach mbíonn bunaithe i gcónaí ar cheart gan choinníoll chun aisíocaíochta. Sa chás sin ba cheart an t-íocóir a chosaint faoin riail ghinearálta maidir le haisíocaíocht nuair a sháraíonn an t-idirbheart íocaíochta forghníomhaithe an méid a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rialacha a leagan síos maidir leis an gceart chun aisíocaíochta atá níos fabhraí don íocóir ná na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Bheadh sé comhréireach a cheadú don íocóir agus do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra a aontú i gcreatchonradh nach bhfuil aon cheart ag an íocóir aisíocaíocht a fháil i gcásanna ina mbeidh an t-íocóir faoi chosaint. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh toisc gur thug an t-íocóir cead chun idirbheart a fhorghníomhú go díreach chuig a sholáthraí seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear nuair a ghníomhaíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta thar ceann an íocaí, nó toisc gur sholáthair an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó an t-íocaí faisnéis faoin idirbheart íocaíochta amach anseo don íocóir nó gur chuir an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó an t-íocaí an fhaisnéis sin ar fáil dó ar bhealach a comhaontaíodh ceithre seachtaine ar a laghad roimh an dáta dlite. Ar aon nós, ba cheart go mbeadh an t-íocóir faoi chosaint leis an riail ghinearálta aisíocaíochta i gcás idirbhearta íocaíochta atá neamhúdaraithé nó nár forghníomhaíodh i gceart nó i gcás aistrithe creidmheasa atá faoi réir chur i bhfeidhm mícheart na seirbhíse fíoraithé meaitseála nó i gcás calaois maidir le pearsanú ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta.
- (86) Maidir le pleanáil airgeadais agus comhlíonadh oibleagáidí íocaíochta in am trátha, ní mór do thomhaltóirí agus gnóthais cinnteacht a bheith acu maidir leis an méid ama a bhainfidh sé astu ordú íocaíochta a fhorghníomhú. Dá bhrí sin, is gá a shuíomh cathain a thiocfaidh éifeacht le cearta agus oibleagáidí, is é sin, nuair a gheobhaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an t-ordú íocaíochta, lena n-áirítear nuair a bheidh an deis ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta é a fháil tríd an modh cumarsáide arna chomhaontú sa chonradh seirbhíse íocaíochta. Is é sin an cás d'ainneoin aon bhaint roimh ré leis an bpróiseas a raibh cruthú agus seoladh na híocaíochta mar thoradh air, lena n-áirítear slándáil agus infhaighteacht na seiceálacha ar chistí, faisnéis faoi úsáid na huimhreach aitheantais pearsanta nó eisiúint gealltanais íocaíochta. Ina theannta sin, ba cheart ordú íocaíochta a fháil an tráth a bhfaighidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra an t-ordú íocaíochta le cur do dhochar chuntas an íocóra. Níor cheart aon ábharthacht ina leith sin a bheith ag baint leis an tráth a dtarchuirfidh íocaí orduithe íocaíochta chuig an soláthraí seirbhísí íocaíochta i leith, mar shampla, íocaíochtaí cárta nó dochair dhíreacha a bhailiú, ná an tráth a ndeonóidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta réamh-mhaoiniú i leith na méideanna gaolmhara don íocaí trí bhíthin méid a chur do shochar an chuntais ar bhonn teagmhasach. Ba cheart d'úsáideoirí a bheith in ann brath ar fhorghníomhú cuí ordaithe íocaíochta iomláin, bhailí mura bhfuil aon fhoras conarthach nó reachtúil ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta chun é a dhiúltú. Má dhiúltaíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta d'ordú íocaíochta, ba cheart an diúltú agus an chúis leis an diúltú a chur in iúl don úsáideoir seirbhíse íocaíochta a luaithe is féidir, faoi réir cheanglais dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta. I gcás ina bhforáiltear sa chreatchonradh go bhféadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta muirear a ghearradh as diúltú, ba cheart bonn cirt oibiachtúil a bheith leis an muirear sin agus ba cheart go mbeadh sé chomh híseal agus is féidir.

- (87) I bhfianaise an luais lena ndéantar idirbhearta íocaíochta a phróiseáil i gcórais íocaíochta lán-uathoibrithe, a fhágann nach féidir orduithe íocaíochta a chúlghairm gan ardchostais idirghabhála láimhe tar éis pointe áirithe ama, is gá sprioc-am soiléir a leagan síos maidir le híocaíochtaí a chúlghairm. Ag brath ar an gcineál seirbhíse íocaíochta agus ar an ordú íocaíochta, áfach, ba cheart nach mbeifí ábalta athrú a dhéanamh ar an spriocdháta maidir le híocaíochtaí a chúlghairm trí chomhaontú idir na páirtithe. Níor cheart feidhm a bheith ag cúlghairm, sa chomhthéacs sin, ach amháin idir úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus soláthraí seirbhísí íocaíochta, agus ba cheart go mbeidh an cúlghairm gan dochar do dhoathraitheacht agus do chríochnaitheacht idirbheart íocaíochta i gcórais íocaíochta.
- (88) Níor cheart do dhoathraitheacht ordaithe íocaíochta difear a dhéanamh do chearta nó oibleagáidí soláthraí seirbhísí íocaíochta faoi dhlíthe na mBallstát, bunaithe ar chreachonradh an íocóra nó ar dhlíthe, rialacháin, forálacha riaracháin nó treoirlínte náisiúnta, chun méid an idirbhirt íocaíochta fhorghníomhaithe a aisíoc leis an íocóir i gcás díospóid idir an t-íocóir agus an t-íocaí. Ba cheart a mheas gur ordú íocaíochta nua í aisíocaíocht den sórt sin. Cé is moite de na cásanna sin, níor cheart díospóidí dlí a thagann as an ngaol is bonn leis an ordú íocaíochta a shocrú ach amháin idir an t-íocóir agus an t-íocaí.
- (89) Tá sé riachtanach, maidir le próiseáil dhíreach íocaíochtaí ar shlí atá comhtháite go hiomlán agus maidir le deimhneacht dhlíthiúil i ndáil le comhlíonadh a dhéanamh ar aon bhunoibleagáid idir úsáideoirí seirbhísí íocaíochta, an méid iomlán arna aistriú ag an íocóir a chur do shochar chuntas an íocaí. Dá réir sin, níor cheart d'aon cheann de na hidirghabhálaithe a bhfuil baint acu le forghníomhú idirbheart íocaíochta a bheith in ann asbhaintí a dhéanamh ón méid arna aistriú. Ba cheart d'íocóirí a bheith in ann comhaontú a dhéanamh lena soláthraí seirbhísí íocaíochta, áfach, trínar féidir leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta a chuid muirear féin a asbhaint. Dá ainneoin sin, chun a chur ar chumas an íocaí a fhíorú go n-íocfar i gceart an méid atá dlite, ní hamháin gur cheart a léiriú i bhfaisnéis a sholáthrófar ina dhiaidh sin faoin idirbheart íocaíochta méid iomlán na gcistí a aistríodh, ach ba cheart méid aon mhuirear a asbhaineadh a léiriú freisin.
- (90) Chun cur le héifeachtúlacht íocaíochtaí ar fud an Aontais, i gcás na n-orduithe íocaíochta go léir arna dtionscnamh ag an íocóir agus arna n-ainmniú in euro nó in airgeadra Ballstáit nach é an euro a airgeadra, lena n-áirítear aistrithe creidmheasa agus seirbhísí aistrithe luacha airgid neamh-mheandracha, ba cheart go mbeadh siad faoi réir am forghníomhaithe 1 lá ar a mhéad. Maidir le gach íocaíocht eile, mar atá íocaíochtaí arna dtionscnamh ag íocaí nó trí íocaí, lena n-áirítear dochair dhíreacha agus íocaíochtaí cárta, in éagmais comhaontú sainráite idir an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus an t-íocóir lena leagtar síos am forghníomhaithe níos faide, ba cheart feidhm a bheith ag an am forghníomhaithe céanna de 1 lá. Ba cheart go mbeifí in ann síneadh ama 1 lá gnó eile a chur leis na tréimhsí sin, más rud é gur ar pháipéar a thugtar ordú íocaíochta, ionas gur féidir leanúint de sheirbhísí íocaíochta a sholáthar do thomhaltóirí nach bhfuil cleachtadh acu ach ar dhoiciméid pháipéir amháin. Nuair a úsáidtear scéim dochair dhíreach, ba cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí an t-ordú bailiúcháin a tharchur laistigh de na teorainneacha ama arna gcomhaontú idir an t-íocaí agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta, rud a fhágfaidh gur féidir socrú a dhéanamh ar an dáta dlite arna chomhaontú. ***Ba cheart na teorainneacha caiteachais a shonrú sa chonradh idir an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus an t-íocóir, ach is féidir iad a athrú.*** Ba cheart go bhféadfaí rialacha a choinneáil ar bun nó a bhunú lena sonrófar am forghníomhaithe níos giorra ná 1 lá gnó.
- (91) Ba cheart na rialacha maidir le forghníomhú an mhéid iomláin agus maidir leis an am forghníomhaithe a bheith ina ndea-chleachtas i gcás nach bhfuil ceann de na soláthraithe

seirbhísí íocaíochta lonnaithe san Aontas. Agus aistriú creidmheasa nó íocaíocht airgid á dhéanamh chuig íocaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, ba cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra meastachán a sholáthar don íocóir maidir leis an am a theastaíonn chun an t-aistriú creidmheasa nó an tseirbhís aistrithe luacha airgid a chur do shochar sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas. Ní féidir a bheith ag súil go ndéanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta san Aontas meastachán ar an am a ghlacann sé ar sholáthraí seirbhísí íocaíochta lasmuigh den Aontas, i ndiaidh dó na cistí a fháil, na cistí sin a chur do shochar chuntas an íocaí.

- (92) Chun a muintín as margáí íocaíochta a neartú, tá sé fíor-riachtanach d'úsáideoirí seirbhíse íocaíochta a bheith ar an eolas faoi na muirir iarbhír a bhaineann le seirbhísí íocaíochta. Dá réir sin, ba cheart toirmeasc a chur ar mhodhanna praghsála neamh-thrédhearcacha a úsáid, ós rud é go nglactar leis go coitianta go mbíonn sé an-deacair ag na húsáideoirí mar gheall ar na modhanna sin a chinneadh cad é praghas iarbhír na seirbhíse íocaíochta. Go sonrach, níor cheart úsáid as sannadh dáta luacha chun aimhleas an úsáideora a cheadú.
- (93) Ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta a bheith in ann a shonrú gan débhrí cén fhaisnéis is gá chun ordú íocaíochta a fhorghníomhú i gceart. Ba cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra gníomhú le dícheall cuí agus comhleanúnachas an aitheantóra uathúil a fhíorú, nuair is féidir sin go teicniúil agus gan idirghabháil láimhe a bheith de dhíth, agus, i gcás ina gcinntear go bhfuil an t-aitheantóir uathúil neamh-chomhleanúnach, an t-ordú íocaíochta a dhiúltú agus an t-íocóir a chur ar an eolas faoi sin.
- (94) Ar mhaithe le feidhmiú rianúil éifeachtúil córas íocaíochta, ní mór don úsáideoir a bheith in ann brath ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta chun an t-idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú i gceart agus laistigh den am arna chomhaontú. Is iondúil go mbíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta in ann na rioscaí a bhaineann leis an idirbheart íocaíochta a mheas. Is é an soláthraí seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn an córas íocaíochtaí, a dhéanann socrúithe chun cistí a cuireadh chuig an áit mhícheart nó nár leithdháileadh i gceart a aisghnóthú agus a chinneann i bhformhór na gcásanna cé na hidirghabhálaithe a bhfuil baint acu le hidirbheart íocaíochta a fhorghníomhú. I bhfianaise na gcúinsí sin go léir, is iomchuí, ach amháin faoi imthosca neamhghnácha nárbh fhéidir a thuar, dliteanas a chur ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta maidir le forghníomhú idirbhirt íocaíochta arna ghlacadh leis ón úsáideoir, ach amháin i leith gníomhartha agus neamhghníomhartha ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí, arb é an t-íocaí, agus eisean amháin, a roghnaigh é. Chun nach bhfágfar an t-íocóir gan chosaint, áfach, sna himthosca neamhdhóchúla ina mbeadh sé doiléir cé acu an bhfuair nó nach bhfuair soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí méid na híocaíochta go cuí, ba cheart an dualgas cruthúnais comhfhreagrach a bheith ar sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra. Is féidir a bheith ag súil leis de ghnáth i gcás na hinstitiúide is idirghabhálaí, arb iondúil gur comhlacht neamhchlaonta í mar atá banc ceannais nó teach imréitigh, a aistríonn méid na híocaíochta ón soláthraí seirbhísí íocaíochta is seoltóir go dtí an soláthraí seirbhísí íocaíochta is faighteoir, go stórálfaidh sí na sonraí cuntais agus go mbeidh sí in ann na sonraí sin a sholáthar más gá. Sa chás inarb cuireadh méid na híocaíochta do shochar chuntas an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta is faighteoir, ba cheart éileamh a bheith ag an íocaí láithreach in aghaidh an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta i dtaobh shochar an chuntais.
- (95) Ba cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, is é sin soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas nó, i gcás inarb iomchuí, an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, dliteanas a ghlacadh as forghníomhú ceart íocaíochta, lena n-áirítear méid iomlán an idirbhirt íocaíochta agus an t-am forghníomhaithe, agus ba cheart dó freagracht iomlán a ghlacadh as aon teip ar pháirtithe eile sa slabhra íocaíochta chomh fada le cuntas an íocaí.

Mar thoradh ar an dliteanas sin, ba cheart do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, i gcás nach gcuirfear an méid iomlán do shochar sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí nó nach gcuirfear do shochar an té sin é in am, an t-idirbheart íocaíochta a cheartú nó, gan aon mhoill mhíchuí, méid ábhartha an idirbhirt sin a aisíoc leis an íocóir, gan dochar d'aon éilimh eile a fhéadfar a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Mar gheall ar an dliteanas atá ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta, níor cheart an t-íocóir ná an t-íocaí a chur faoi ualach aon chostas a bhaineann le híocaíocht mhícheart. I gcás nach ndéanfar idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú, nó ina mbeidh an forghníomhú lochtach nó déanach, ba cheart gurb ionann i gcónaí dáta luacha na n-íocaíochtaí ceartaitheacha ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus an dáta luacha i gcás forghníomhú ceart.

- (96) Éilítear le feidhmiú cuí aistrithe creidmheasa agus seirbhísí íocaíochta eile go mbeidh conarthaí ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus a n-idirghabhálaithe, lena n-áirítear próiseálaithe, ina leagtar síos a gcearta agus a n-oibleagáidí frithpháirteacha. Tá ceistanna a bhaineann le dliteanais ina gcuid riachtanach de na conarthaí sin. Chun muinín fhrithpháirteach a áirithiú i measc soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus idirghabhálaithe a ghlacfaidh páirt in idirbheart íocaíochta, is gá deimhneacht dhlíthiúil a bheith ann i dtaobh soláthraí seirbhísí íocaíochta neamhfhreagrach a chúiteamh as cailteanais arna dtabhú nó as suimeanna arna n-íoc de bhun na rialacha maidir le dliteanas. Maidir le cearta breise agus sonraí maidir le hábhar cúláraigh agus conas déileáil le héilimh in aghaidh an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta nó an idirghabhálaí de thoradh ar idirbheart íocaíochta lochtach, ba cheart iad sin a bheith faoi réir comhaontaithe.
- (97) Féadfaidh próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist le soláthar seirbhísí íocaíochta ag na soláthraithe seirbhísí íocaíochta. ***Níor cheart é a bheith indéanta próiseáil den sórt sin a dhéanamh ach amháin le cead an úsáideora seirbhísí íocaíochta.*** D'fhéadfadh próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist le soláthar seirbhísí faisnéise cuntas, ar sonraí pearsanta ábhair sonraí iad nach úsáideoir soláthraí sonracha seirbhísí íocaíochta é, ach a bhfuil próiseáil a shonraí pearsanta ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta shonraigh sin riachtanach chun Conradh idir an soláthraí agus an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta a chomhlíonadh. I gcás ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart don phróiseáil a bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,²⁷ lena n-áirítear prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra, prionsabal an íoslghdaithe sonraí agus prionsabal an teorannaithe stórála. Ba cheart cosaint sonraí trí dhearadh agus cosaint sonraí mar réamhshocrú a leabú sna córais próiseála sonraí go léir a fhorbraítear agus a úsáidtear faoi chuimsiú an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi Rialachán (AE) 2018/1725 a bheith freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs an Rialacháin seo.
- (98) Mar a aithnítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Íocaíochtaí Miondíola don Aontas, baineann leas substaintiúil poiblí le dea-fheidhmiú mhargaí íocaíochtaí an Aontais. Dá bhrí sin, nuair is gá, i gcomhthéacs an Rialacháin seo, seirbhísí íocaíochta a sholáthar agus an Rialachán seo a chomhlíonadh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí

²⁷ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

íocaíochta agus d'oibreoírí córas íocaíochta a bheith in ann catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil mar a shainítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725. I gcás ina ndéantar catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus d'oibreoírí córas íocaíochta bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint. Ba cheart a áireamh sna bearta sin teorainneacha teicniúla maidir le hathúsáid sonraí agus maidir le húsáid beart úrscothach slándála agus caomhnaithe príobháideachais, lena n-áirítear bréagainmniú, nó criptiú, ***ach gan bheith teoranta dóibh***, chun comhlíonadh phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra, phrionsabal an íoslaghdaíthe sonraí agus phrionsabal an teorannaithe stórála a áirithiú, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus ***d'oibreoírí córas*** íocaíochta bearta sonracha eagraíochta a chur chun feidhme freisin, lena n-áirítear oiliúint ar phróiseáil sonraí den sórt sin, rochtain ar chatagóirí speisialta sonraí a theorannú agus rochtain den sórt sin a thairfeadh.

- (99) Ba cheart faisnéis do dhaoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta a sholáthar i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus le Rialachán (AE) 2018/1725.
- (100) Is minic a dhíríonn calaoiseoirí ar na daoine is leochailí inár sochaí. Tá sé fíor-riachtanach idirbhearta íocaíochta calaoiseacha a bhrath in am trátha, agus tá ról ***tábhachtach*** ag an bhfaireachán ar idirbhearta maidir lena mbrath. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta sásraí faireacháin idirbheart a bheith i bhfeidhm acu, lena léireofar rannchuidiú ríthábhachtach na sásraí sin le calaois a chosc, ag dul níos faide ná an chosaint a thairgtear le fíordheimhniú láidir custaiméirí, i ndáil le hidirbhearta íocaíochta, lena n-áirítear idirbhearta lena mbaineann seirbhísí tionscanta íocaíochta. ***I gcás ina mainníonn soláthraithe seirbhísí íocaíochta na sásraí iomchuí a bheith i bhfeidhm acu chun calaois a chosc, ba cheart iad a bheith freagrach as aon chailteanais airgeadais na n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a eascraíonn as calaois, a chumhdach.***
- (100a) Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus le soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí chun feachtais oideachais atá dírithe ar shaoránaigh a mhaoiniú maidir le conas calaois íocaíochta a bhrath agus gan bheith ina íospartach de chalaioiseoirí a bhaineann le híocaíochtaí a sheachaint. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí comhoibriú saor in aisce leis na Ballstáit maidir leis an tsaincheist sin.***
- (101) Ba cheart do ÚBE dréachtchaighdeán theicniúla rialála a fhorbairt maidir leis na ceanglais theicniúla shonracha a bhaineann le sásraí faireacháin idirbheart. Ba cheart ceanglais den sórt sin a thógáil ar an mbreislúach a eascraíonn as saintréithe comhshaoil agus iompraíochta a bhaineann le nósanna íocaíochta an úsáideora seirbhísí íocaíochta.
- (102) Lena áirithiú go n-oibreoidh sásraí faireacháin idirbheart go héifeachtach chun go mbeidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta ábalta calaois a bhrath agus a chosc, go háirithe trí úsáid neamhghnách seirbhísí íocaíochta lena bhféadfaí idirbheart calaoiseach a léiriú a bhrath, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith ábalta faisnéis a phróiseáil faoi idirbhearta a gcustaiméirí agus a gcuntais íocaíochta. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, áfach, tréimhsí iomchuí coinneála a shuí do chineálacha éagsúla sonraí a úsáidtear chun calaois a chosc. Ba cheart na tréimhsí coinneála sin a bheith teoranta go docht don tréimhse is gá chun iompar neamhghnách calaoiseach a bhrath, agus ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta na sonraí nach mbeidh riachtanach a thuilleadh chun calaois a bhrath agus a chosc a scriosadh ar bhonn rialta. Níor cheart sonraí a phróiseáiltear

chun críocha faireacháin idirbheart a úsáid i ndiaidh don úsáideoir seirbhísí íocaíochta scor de bheith ina chustaiméir de chuid an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta.

- (103) Tá calaois in aistrithe creidmheasa oiriúnaitheach go bunúsach agus cuimsítear inti cleachtais agus teicnící oscailte éagsúla, lena n-áirítear dintiúir fhíordheimhnithe a ghoid, cur isteach ar shonraisc, agus ionramháil shóisialta. Dá bhrí sin, le bheith ábalta cosc a chur ar chineálacha nua calaoise atá ag teacht chun cinn de shíor, ba cheart feabhas a bheith á chur ar an bhfaireachán ar idirbhearta i gcónaí, agus úsáid iomlán á baint as teicneolaíocht mar atá an intleacht shaorga. Is minic nach mbíonn léargas iomlán ag soláthraí seirbhísí íocaíochta amháin faoi na heilimintí go léir a bhféadfadh brath calaoise a bheith mar thoradh orthu. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé a bheith níos éifeachtaí trí bhíthin méid níos mó faisnéise ar ghníomhaíocht chalaioiseach féideartha a eascraíonn as soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith **éigeantach** an fhaisnéis ábhartha uile a roinnt idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Chun idirbhearta íocaíochta calaoiseacha a bhrath ar bhealach níos fearr agus a gcustaiméirí a chosaint, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, chun críche faireacháin idirbheart, úsáid a bhaint as sonraí calaoise íocaíochta arna roinnt ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile ar bhonn iltaobhach amhail ardáin thiomnaithe TF bunaithe ar shocruithe comhroinnte faisnéise. Chun feabhas a chur ar chosaint na n-íocóirí ar chalaiois in aistrithe creidmheasa, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith ábalta brath ar fhaisnéis atá chomh cuimsitheach agus nuashonraithe agus is féidir, is é sin, trí úsáid a bhaint i dteannta a chéile as faisnéis a bhaineann le haitheantóirí uathúla, le teicnící cúblála agus le himthosca eile a bhaineann le haistrithe creidmheasa calaoiseacha arna sainaitheint ina n-aonar ag gach soláthraí seirbhísí íocaíochta. Sula dtabharfar socrú comhroinnte faisnéise i gcrích, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta measúnú tionchair um chosaint sonraí a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2016/679. I gcás ina léirítear leis an measúnú tionchair um chosaint sonraí go mbeadh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an bpróiseáil, in éagmais coimircí, bearta slándála agus sásraí chun an riosca a mhaolú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta dul i gcomhairle leis an údarás ábhartha cosanta sonraí i gcomhréir le hAirteagal 36 den Rialachán sin (AE) 2016/679. Níor cheart go mbeadh gá le measúnú tionchair nua nuair a théann soláthraí seirbhísí íocaíochta isteach i socrú comhroinnte faisnéise atá ann cheana agus a bhfuil measúnú tionchair um chosaint sonraí déanta ina leith cheana. Ba cheart go leagfaí síos leis an socrú comhroinnte faisnéise bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun sonraí pearsanta a chosaint. Ba cheart go leagfaí síos ann róil agus freagrachtaí faoi dhlíthe cosanta sonraí, lena n-áirítear i gcás rialaitheoirí comhpháirteacha, na soláthraithe seirbhísí íocaíochta go léir.

(103a) Ba cheart do ÚBE ardán tiomnaithe TF a chur ar bun chun faisnéis a mhalartú maidir le cuntais chalaioiseacha.

(103b) I gcás ina nochtann na sásraí faireacháin go bhfuil fianaise láidir ann chun drochamhras a bheith ann go ndearnadh idirbheart calaoiseach, nó nuair a thugann an t-úsáideoir fógra don soláthraí seirbhísí íocaíochta faoi thuarascáil ó na póillíní, ba cheart go mbeadh sé de cheart ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta forghníomhú an oird íocaíochta a bhlocáil, nó na cistí gaolmhara a bhlocáil agus a aisghabháil. Ba cheart an fhianaise sin a thuiscint mar rud a chuimsíonn cúiseanna a bhfuil údar oibiachtúil leo a bhaineann le slándáil an idirbhirt íocaíochta agus amhras faoi idirbhearta neamhúdaraithe nó calaoiseacha. Má theipeann ar sholáthraí seirbhísí íocaíochta forghníomhú an oird íocaíochta a bhlocáil, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta sin aon chaillteanais airgeadais arna dtabhú ag úsáideoir seirbhísí íocaíochta dá bharr a chumhdach más íospartach calaoise den sórt sin an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta.

(104a) De bhun an Rialacháin seo, ba cheart an t-aitheantóir uathúil a fhíorú le haghaidh gach aistriú creidmheasa.

(104b) Ba cheart do ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina sonrú cé na haitheantóirí, seachas IBAN, ar cheart glacadh leo mar aitheantóirí uathúla.

(105) Chun cosc a chur ar mhalartuithe dlisteanacha faisnéise faoi ghníomhaíocht chalaioiseach fhéideartha a bheadh ina gcúis le ‘dí-rioscú’ gan údar nó le tarraingt siar seirbhísí cuntas íocaíochta chuig úsáideoirí seirbhísí íocaíochta gan míniú nó gan ceart cúitimh, is iomchuí go mbeidh coimircí i bhfeidhm. Sonraí calaoise íocaíochta a roinntear faoi shocrú iltaobhach um chomhroinnt faisnéise a bhféadfadh nochtadh sonraí pearsanta a bheith i gceist leis, lena n-áirítear aitheantóirí uathúla íocaithe a bhféadfadh baint a bheith acu le calaois in aistriú creidmheasa, níor cheart ach do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta úsáid a bhaint astu chun feabhas a chur ar an bhfaireachán ar idirbhearta. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta coimircí breise a chur i bhfeidhm, mar atá teagmháil a dhéanamh leis an gcustaiméir más íocóir aistriú creidmheasa é nó í, aistriú ar féidir glacadh leis go bhfuil sé calaoiseach, agus ba cheart tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar chuntas, i gcás ina n-ainmnítear leis an aitheantóir uathúil a roinntear mar chustaiméir a d’fhéadfadh a bheith calaoiseach custaiméir an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta sin. Níor cheart sonraí calaoise íocaíochta a roinntear i measc soláthraithe seirbhísí íocaíochta i gcomhthéacs socrúithe den sórt sin a bheith ina bhforais le seirbhísí baincéireachta a tharraingt siar gan imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh.

(106) Tá an chalaois íocaíochta ag éirí níos sofaisticiúla, agus calaoiseoirí ag úsáid teicnící cúblála agus pearsanaithe atá deacair d’úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a bhrath gan leibhéal leordhóthanach feasachta agus faisnéise faoi chalaois. Is féidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta ról tábhachtach a imirt maidir le cosc ar chalaois a threisiú trí gach tionscnamh is gá a dhéanamh go rialta chun tuiscint agus feasacht a n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a mhéadú faoi na rioscaí agus na treochoirí a bhaineann le calaois íocaíochta. Go sonrath, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta cláir agus feachtais chúil múscaillte feasachta a reáchtáil maidir le treochoirí agus rioscaí calaoise a dhírítear ar chustaiméirí agus ar fhostaithe soláthraithe seirbhísí íocaíochta, chun cuidiú le custaiméirí a thuiscint go ndearnadh iarracht calaois a dhéanamh orthu. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis oiriúnaithe faoi chalaois a thabhairt dá dtomhaltóirí, trí mheáin éagsúla, ina dtabharfar teachtaireachtaí agus rabhaidh shoiléire dóibh, rud a chuideoidh leo freagairt i gceart nuair a bheidh cásanna a d’fhéadfadh a bheith calaoiseach os a geomhair. Ba cheart do ÚBE treoirlínte a fhorbairt faoi na cineálacha éagsúla clár a bheidh le forbairt ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta maidir le rioscaí calaoise íocaíochta, agus cineál na rioscaí atá ag athrú de shíor maidir le calaois á chur san áireamh.

(107) Is gné bhunriachtanach í slándáil ríomhíocaíochtaí chun a áirithiú go mbeidh úsáideoirí faoi chosaint agus go bhforbrófar timpeallacht fhóna don ríomhthráchtáil. Ba cheart na seirbhísí íocaíochta go léir arna gcur ar fáil go leictreonach a dhéanamh ar bhealach slán, agus teicneolaíochtaí á nglacadh trínar féidir a rathú go ndéanfar fiordheimhniú sábháilte ar an úsáideoir agus trínar féidir an riosca calaoise a laghdú a mhéad is féidir. I réimse na calaoise, ba é tabhairt isteach an Fhíordheimhните Láidir Custaiméara (SCA) an phríomh-nuálaíocht maidir le Treoir (AE) 2015/2366. Thángthas ar an gconclúid i meastóireacht an Choimisiúin ar chur chun feidhme Threoir (AE) 2015/2366 gur éirigh go han-mhaith le fiordheimhniú láidir custaiméara cheana féin maidir le calaois a laghdú.

- (107a) *Chun go mbeidh tomhaltóirí in ann tairbhe a bhaint as SCA láidir leanúnach, agus chun go leanfaidh SCA de bheith ina uirlis éifeachtach sa chomhrac i gcoinne na calaoise i ríomhíocaíochtaí, is iomchuí go mbeadh cur i bhfeidhm SCA bunaithe ar riosca. Dá réir sin, leis na rialacha maidir le SCA, ba cheart dóthain solúbthachta a chur ar fáil don nuálaíocht laistigh d'earnáil na n-íocaíochtaí, lena n-áirítear réitigh nua SCA a fhorbairt.***
- (108) Níor cheart dul timpeall SCA go háirithe mar gheall ar aon spleáchas gan údar ar dhíolúintí SCA. Ba cheart **do ÚBE** sainmhínte soiléire ar Idirbhearta arna dTionscambh ag Ceannaithe (MITanna) agus ar Orduithe Poist nó Orduithe Teileafóin (MOTOanna) a thabhairt isteach ós rud é go dtuigtear agus go gcuirtear i bhfeidhm go héagsúil na nóisean sin, ar féidir brath orthu chun údar a thabhairt le neamhchur i bhfeidhm SCA, agus go bhfuil siad faoi réir spleáchas mí-úsáideach. Maidir le MITanna, ba cheart fiordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm nuair a chuirtear an sainordú tosaigh ar bun, gan aon ghá SCA a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta íocaíochta arna dtionscnamh ag ceannaithe ina dhiaidh sin. Maidir le MOTOanna, níor cheart ach tionscnamh na n-idirbheart íocaíochta - agus ní a bhforghníomhú - a bheith neamhdhigiteach chun idirbheart a mheas mar MOTO agus, dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh sé cumhdaithe faoin oibleagáid SCA a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, maidir le hidirbhearta íocaíochta bunaithe ar orduithe íocaíochta ar pháipéar, ar orduithe poist nó ar orduithe teileafóin arna ndéanamh ag an íocóir, ba cheart go mbeadh ceanglais slándála agus seiceálacha ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra i gceist leo, rud a éascóidh fiordheimhniú an idirbhirt íocaíochta. Níor cheart do chleachtais dul timpeall ar SCA ach oiread, lena n-áirítear dul i muinín faighteora atá bunaithe lasmuigh den Aontas chun éalú ó cheanglais SCA. **Ag an am céanna, ba cheart SCA a chur ar fáil saor in aisce i gcónaí.**
- (109) Ós rud é gurb é an soláthraí seirbhísí íocaíochta ar cheart dó fiordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm an soláthraí seirbhísí íocaíochta a eisiúint na dintiúir shlándála phearsantaithe, níor cheart idirbhearta íocaíochta arbh é an t-íocaí seachas an t-íocóir a thionscain iad bheith faoi réir fiordheimhniú láidir custaiméara a mhéid a thionscnaítear na hidirbhearta sin gan aon idirghníomhaíocht ná rannpháirtíocht ón íocóir. Ba cheart an cur chuige rialála maidir le **dochair dhíreacha** a ailíniú agus tairbhe a bhaint as na bearta cosanta tomhaltóirí céanna, lena n-áirítear aisíocaíochtaí.
- (109a) *I gcomhthéacs íocaíochtaí gnólacht le gnólacht (B2B) nó gnólacht le rialtas (B2G), ba cheart SCA a bheith iomchuí do leibhéal riosca na n-idirbheart sin, agus aon rialuithe agus seiceálacha atá ann cheana i measc na n-oibreoirí sin á gcur i gcuntas go háirithe. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, níor cheart go mbeadh gá le SCA le haghaidh gach idirbhirt den sórt sin, agus ba cheart é a chur in oiriúint do chur chuige rioscabhunaithe.***
- (110) Chun feabhas a chur ar chuimsiú airgeadais, agus i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸ maidir le ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, ba cheart do gach úsáideoir seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine a bhfuil scileanna ísle digiteacha acu agus daoine nach bhfuil rochtain acu ar ghléasanna digiteacha mar atá fóin chliste, tairbhe a bhaint as an gcosaint ar chalaos a chuirtear ar fáil le SCA, go háirithe maidir le

²⁸ Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

cian-idirbhearta íocaíochta digití agus rochtain ar líne ar chuntais íocaíochta a úsáid mar sheirbhísí bunúsacha airgeadais. Le tabhairt isteach SCA, chinn tomhaltóirí áirithe san Aontas go raibh sé dodhéanta idirbhearta ar líne a dhéanamh mar gheall ar a neamhábaltacht ábhartha SCA a chur i gcrích. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a áirithiú gur féidir lena gcustaiméirí tairbhe a bhaint as modhanna éagsúla chun SCA a atá oiriúnaithe dá riachtanais agus dá gcásanna a chur i gcrích. Níor cheart go mbraithfeadh na modhanna sin ar theicneolaíocht, ar ghléas nó ar shásra aonair amháin, nó ar fhón cliste *nó gaireas cliste eile* a bheith ag duine.

- (111) Is modhanna ríomh-shainaitheantais iad Tiachóga na Céannachta Digití ón Aontas a chuirtear chun feidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014²⁹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú le Rialachán [XXX], lena dtairgtear uirlisí aitheantais agus fiordheimhnithe chun rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais thar theorainneacha, lena n-áirítear seirbhísí íocaíochta. Le tabhairt isteach Thiachóg na Céannachta Digití ón Aontas éascófaí tuilleadh sainaithint dhigiteach trasteorann agus fiordheimhnithe le haghaidh íocaíochtaí digiteacha slána agus éascófaí forbairt tírdhreacha íocaíochtaí digiteacha uile-Eorpacha.
- (112) Ba cheart feabhas ginearálta ar bhearta slándála a bheith ag gabháil le fás na ríomhthráchtála agus íocaíochtaí móibíleacha. I gcás cianthionscnamh idirbhirt íocaíochta, i.e., nuair a chuirtear ordú íocaíochta tríd an idirlíon, ba cheart go mbraithfeadh fiordheimhniú na n-idirbheart ar chóid dhinimiciúla chun an t-úsáideoir a chur ar an eolas, i gcónaí, faoi mhéid agus íocaí an idirbhirt atá á údarú ag an úsáideoir.
- (113) An ceanglas maidir le SCA a chur i bhfeidhm maidir le cian-idirbhearta íocaíochta trí chóid lena nasctar an t-idirbheart go dinimiciúil le méid sonracha agus le híocaí sonracha, ba cheart go léireofaí leis fás na n-íocaíochtaí móibíleacha agus teacht chun cinn samhlacha éagsúla trína ndéantar íocaíochtaí móibíleacha.
- (114) Ós rud é go dtugtar aghaidh le nasc dinimiciúil ar na rioscaí a bhaineann le sárú ar ainm an íocaí agus ar mhéid sonracha an idirbhirt idir an uair a dhéantar ordú íocaíochta agus fiordheimhniú íocaíochtaí, ach maidir leis riosca calaoise ar bhonn níos ginearálta freisin, le haghaidh íocaíochtaí móibíleacha nach mór go n-úsáidfí an t-idirlíon ar ghléas an íocóra chun feidhmiú fiordheimhnithe láidir custaiméara a chur i gcrích, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta eilimintí a chur i bhfeidhm freisin lena nasctar an t-idirbheart go dinimiciúil le méid sonracha agus le híocaí sonracha nó le bearta slándála comhchuibhithe a bhfuil an éifeacht chéanna leo a chur i bhfeidhm, lena n-áiríteofar rúndacht, barántúlacht agus sláine an idirbhirt le linn gach céime den tionscnamh.
- (115) Faoin díolúine ó SCA faoi Airteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/389, ceadaíodh do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta gan SCA a chur i bhfeidhm i gcás inar thionscain an t-íocóir cian-idirbheart ríomh-íocaíochta lena aithin an soláthraí seirbhísí íocaíochta go raibh leibhéal íseal riosca leis a measúnaíodh ar bhonn sásraí faireacháin idirbheart. Léiríodh leis an aiseolas ón margadh, áfach, chun go mbeidh níos mó soláthraithe seirbhísí íocaíochta ag cur anailís riosca idirbhirt chun feidhme, gur gá rialacha iomchuí a ghlacadh maidir le raon feidhme na hanailíse riosca idirbheart, ceanglais iniúchóireachta shoiléire a thabhairt isteach,

²⁹ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lgh. 73-114).

níos mó sonraí agus sainmhínte níos fearr a sholáthar maidir le ceanglais faireacháin riosca agus sonraí a roinnt ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena cheadú do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta idirbhearta calaoiseacha a thuairisciú arb iadsan amháin atá faoi dhliteanas ina leith agus measúnú a dhéanamh ar na buntáistí sin. Ba cheart do ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena leagtar síos rialacha maidir le hanailís riosca idirbheart. ***Chun úsáid na díolúine ó anailís riosca idirbhirt a mhéadú, ba cheart breithniú a dhéanamh sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar thairseacha breise le haghaidh na díolúine sin. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a mheas an gá a shoiléiriú ar cheart do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta dliteanas i leith an íocóra amháin a áireamh ina rátaí calaoise.***

- (116) Ba cheart bearta slándála a bheith comhoiriúnach leis an leibhéal riosca a bhaineann le seirbhísí íocaíochta. Chun go bhféadfar forbairt a dhéanamh ar mhodhanna íocaíochta áisiúla, inrochtana le haghaidh íocaíochtaí ísealriosca, mar atá íocaíochtaí gan teagmháil ar luach íseal ag an bpointe díola ***nó íocaíochtaí arna ndéanamh i gcomhthéacs corparáideach ag íocóir corparáideach***, cibé acu atá nó nach bhfuil na híocaíochta sin bunaithe ar fhón póca, ba cheart na díolúintí ó chur i bhfeidhm na gceanglas slándála a shonrú i gcaighdeáin theicniúla rialála. Tá gá le húsáid shábháilte a bhaint as dintiúir shlándála phearsantaithe chun teorannú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le spúfáil, le fioscaireacht agus le gníomhaíochtaí calaoiseacha eile. Ba cheart go mbeadh an t-úsáideoir ábalta brath ar ghlacadh beart lena gcosnaítear rúndacht agus sláine dintiúir slándála pearsantaithe.
- (117) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta SCA a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn, *inter alia*, aon bheart á dhéanamh ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta trí chianbhealach a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leis i dtaobh calaois íocaíochta nó mí-úsáidí eile. Ba cheart go mbeadh bearta slándála leordhóthanacha i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta chun rúndacht agus sláine na ndintiúir slándála pearsantaithe an úsáideora seirbhísí íocaíochta a chosaint.
- (118) Níl aon tuiscint chomhsheasmhach ag páirtithe leasmhara an mhargaidh ar fud na mBallstát ar cheanglais SCA is infheidhme maidir le rollú ionstraimí íocaíochta, go háirithe cártaí íocaíochta, i dtiachóg dhigiteach. D'fhéadfadh riosca a bheith ag baint le calaois íocaíochta nó mí-úsáidí eile má chruthaítear comhartha nó a phróiseas athsholáthair. Dá bhrí sin, ba cheart go gceanglófaí le cruthú nó le hathsholáthar comhartha ionstraime íocaíochta, a dhéantar trí chianbhealach le rannpháirtíocht an úsáideora seirbhísí íocaíochta, go gcuirfeadh soláthraí seirbhísí íocaíochta an úsáideora seirbhísí íocaíochta SCA i bhfeidhm tráth a eiseofar nó a athsholáthrófar an comhartha. Trí SCA a chur i bhfeidhm nuair a chruthaítear nó nuair a athsholáthraítear an comhartha, ba cheart don soláthraí seirbhísí íocaíochta a fhíorú go cianda gurb é an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta úsáideoir ceart na hionstraime íocaíochta agus an t-úsáideoir agus leagan digitithe na hionstraime íocaíochta a cheangal leis an ngnáireas faoi seach.
- (119) Ba cheart go gceanglófaí ar oibreoirí tiachóg digiteach a fhíoraíonn eilimintí SCA nuair a úsáidtear ionstraimí comharthaithe a stóráiltear sna tiachóga digiteacha le haghaidh íocaíochtaí comhaontuithe seachfhoinsithe a dhéanamh le soláthraithe seirbhísí íocaíochta na n-íocóirí ionas go mbeidh siad ábalta leanúint le fíoruithe den sórt sin a dhéanamh, ach a cheangal orthu freisin príomhcheanglais slándála a chomhlíonadh. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an íocóra, faoi chomhaontuithe den sórt sin, dliteanas iomlán a choinneáil as aon teip ag oibreoirí tiachóg dhigiteach faoi bhealach a fháil trí SCA

a chur i bhfeidhm agus ba cheart an ceart a bheith acu forálacha slándála oibreoir na dtiachóg a iniúchadh agus a rialú.

- (120) I gcás ina soláthraíonn soláthraithe seirbhísí teicniúla nó oibreoirí scéimeanna íocaíochta seirbhísí d'íocaithe nó do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta íocaithe nó íocóirí, ba cheart dóibh tacú le fíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm laistigh de shainchúram a róil maidir le hidirbhearta íocaíochta a thionscnamh nó a fhorghníomhú. I bhfianaise a róil maidir lena áirithiú go gcuirfear na príomhcheanglais slándála a bhaineann le híocaíochtaí miondíola chun feidhme i gceart, lena n-áirítear trí réitigh iomchuí TF a sholáthar, ba cheart soláthraithe seirbhísí teicniúla agus oibreoirí scéimeanna íocaíochta a bheith faoi dhliteanas i leith *damáiste* airgeadais *díreach* a dhéanfar *don íocaí*, do *sholáthraí* seirbhísí íocaíochta an *íocaí* nó an *íocóra as a mainneachtain, agus go comhréireach lena mainneachtain, laistigh de shainchúram a ngaoil chonarthaigh, agus gan a bheith níos mó ná méid an idirbhirt i dtrácht, na seirbhísí is gá chun* feidhmiú fíordheimhniithe láidir custaiméara *a éascú, na seirbhísí sin a sholáthar*.
- (121) Ba cheart do na Ballstáit na húdaráis inniúla a ainmniú chun údarú a dheonú d'institiúidí íocaíochta agus chun creidiúnú agus faireachán a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le malairt modhanna réitigh díospóidí (ADR).
- (122) Gan dochar do cheart na gcustaiméirí chun caingean a thabhairt sna cúirteanna, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gurb ann do nósanna imeachta ADR atá furasta a rochtain, agus atá leordhóthanach, neamhspleách, neamhchlaonta, trédhearcach agus éifeachtach, idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus úsáideoirí seirbhísí íocaíochta. Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰ nach mbainfear an bonn den chosaint a thugtar do thomhaltóirí trí rialacha éigeantacha dhlí na tíre ina bhfuil gnáthchónaí orthu de bharr aon téarmaí conarthacha i ndáil leis an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh. D'fhonn nós imeachta éifeachtúil agus éifeachtach maidir le réiteach díospóidí a chur ar bun, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go liostóidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta le nós imeachta ADR i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochta a leagtar síos i dTreoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, chun díospóidí a réiteach sula rachfar i muinín cúirte. Ba cheart d'údarás inniúla ainmnithe fôgra a thabhairt don Choimisiún faoi eintiteas nó eintitis inniúla cáilíochta ADR ar a geríoch chun díospóidí náisiúnta agus trasteorann a réiteach agus chun comhoibriú maidir le díospóidí a bhaineann le cearta agus oibleagáidí de bhun an Rialacháin seo. *Ba cheart nósanna imeachta ADR a bheith éigeantach do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta*.
- (123) Ba cheart tomhaltóirí a bheith i dteideal a gcearta a fhorfheidhmiú maidir leis na hoibleagáidí arna bhforchur ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta agus ríomh-airgid faoin Rialachán seo trí ghníomhaíochtaí ionadaíocha i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³².

³⁰ IO L 177, 4.7.2008, lgh. 6–16.

³¹ Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 165, 18.6.2013, lgh. 63–79).

³² Treoir (AE) 2020/1828 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE, (IO L 409, 4.12.2020, lgh. 1-27).

- (124) Ba cheart nósanna imeachta iomchuí a bhunú maidir le gearáin a dhéanamh in aghaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí agus lena áirithiú, más iomchuí, go bhforchuirfear pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Chun comhlíonadh éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus a ghníomhaíonn go neamhspleách³³ ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le cé na húdaráis a ainmníodh, in éineacht le tuairisc shoiléir ar na cúraimí atá orthu.
- (125) Gan dochar don cheart chun caingean a thabhairt sa chúirt lena áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, ba cheart d'údaráis inniúla na cumhachtaí is gá arna ndeonú faoin Rialachán seo a fheidhmiú, lena n-áirítear an chumhacht chun sárúithe líomhnaithe a imscrúdú agus chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorchur, sa chás nach gcomhlíonfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, go háirithe má tá an baol ann go ndéanfaidh an soláthraí sin cion eile nó má tá ábhar inní eile ann i dtaobh leasanna comhchoiteanna tomhaltóirí. Ba cheart d'údaráis inniúla sásraí éifeachtacha a chur ar bun chun tuairisciú ar shárúithe a d'fhéadfadh a bheith ann nó sárúithe iarbhír a spreagadh. Ba cheart go mbeadh na sásraí sin gan dochar do chearta cosanta aon duine a ionchúisíodh.
- (126) Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i ndáil le sárúithe ar fhorálacha ón Rialachán seo. Ba cheart go gcomhlíonfadh na smachtbhannaí riaracháin, na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla agus na bearta riaracháin sin íoscheanglais áirithe, lena n-áirítear na híoschumhachtaí ba cheart a dhílsiú d'údaráis inniúla le go mbeidh siad ábalta iad a fhorchur, na critéir ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh agus iad á gcur i bhfeidhm agus iad á bhfoilsíú agus ag tuairisciú fúthu. Ba cheart do na Ballstáit rialacha sonracha agus sásraí éifeachtacha a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla.
- (127) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht d'údaráis inniúla pionóis airgid riaracháin a bheidh sách ard a fhorchur chun na sochair a bhféadfaí a bheith ag súil leo a fhritháireamh agus a bheith athchomhairleach fiú le forais níos mó.
- (128) Agus smachtbhannaí agus bearta riaracháin á bhforchur acu, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar aon phionóis choiriúla a d'fhéadfadh a bheith forchurtha roimhe sin ar an duine nádúrtha céanna nó ar an duine dlítheanach céanna atá freagrach as an sárú céanna agus an cineál pionós riaracháin nó an cineál beart riaracháin eile agus leibhéal na bpionós riaracháin airgid á gcinneadh acu. Déantar amhlaidh chun a áirithiú go mbeidh déine na bpionós uile agus na mbearta riaracháin eile a fhorchuirtear chun críoch airgid, i gcás ina mbeidh dúbláil imeachtaí riaracháin agus coiriúla ann, teoranta dá bhfuil riachtanach i bhfianaise thromchúis an tsáraithe lena mbaineann.
- (129) Le córas éifeachtach maoirseachta éilítear go mbeidh maoirseoirí ar an eolas faoi na laigí i gcomhlíonadh na rialacha sa Rialachán seo ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Tá sé

³³ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás BaincÉireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, p. 12).

tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh maoirseoirí in ann na smachtbhannaí agus na bearta riaracháin a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a chur in iúl dá chéile, i gcás ina mbeadh an fhaisnéis sin ábhartha do mhaoirseoirí eile freisin.

- (130) Braitheann éifeachtacht chreat an Aontais le haghaidh seirbhísí íocaíochta ar chomhar idir réimse leathan údarás inniúil, lena n-áirítear údarás náisiúnta atá freagrach as cánachas, cosaint sonraí, iomaíocht, cosaint tomhaltóirí, iniúchadh, na póilíní agus údarás forfheidhmithe eile. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-éascófar an comhar sin lena gcreat dlíthiúil de réir mar is gá, chun spriocanna chreat an Aontais le haghaidh seirbhísí íocaíochta a bhaint amach freisin trína rialacha a fhorfheidhmiú go cuí. Ba cheart a áireamh ar chomhar den sórt sin malartú faisnéise chomh maith le cúnaimh frithpháirteach chun smachtbhannaí riaracháin a fhorfheidhmiú go héifeachtach, go háirithe maidir le gnóthú trasteorann pionós airgid.
- (131) Gan beann ar a n-ainmníocht faoin dlí náisiúnta, is féidir foirmeacha nós imeachta brostaithe um fhorfheidhmiú nó comhaontuithe socraíochta a fháil i mBallstáit go leor agus úsáidtear iad mar mhalairt ar imeachtaí foirmiúla chun go nglacfar níos gasta le cinneadh a bhfuil sé d'aidhm leis smachtbhanna riaracháin nó beart riaracháin a fhorchur nó deireadh a chur leis an sárú líomhnaithe agus a iarmhairtí sula gcuirtear tús le himeachtaí foirmiúla smachtbhanna. Cé nach ndealraíonn sé gurb iomchuí iarracht a dhéanamh na modhanna forfheidhmithe sin arna dtabhairt isteach ag go leor Ballstát a chomhchuíbhíú ar leibhéal an Aontais, i ngeall ar na cuir chuige an-éagsúil dlí arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart a admháil go gcuirtear ar chumas na n-údarás inniúil ar féidir leo iad a chur i bhfeidhm leis na modhanna sin cásanna sáraithe a láimhseáil ar bhealach níos tapúla, níos saoire agus níos éifeachtúla ar an iomlán faoi chúinsí áirithe, agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a spreagadh. Mar sin féin, níor cheart oibleagáid a bheith ar na Ballstáit na modhanna forfheidhmithe sin a thabhairt isteach ina gcreat dlíthiúil ná iallach a chur ar na húdarás inniúla iad a úsáid mura measann siad gur iomchuí sin.
- (132) Tá réimse éagsúil smachtbhannaí riaracháin agus beart riaracháin bunaithe ag na Ballstáit faoi láthair le haghaidh sárúithe ar na príomhforálacha lena rialaítear forálacha seirbhísí íocaíochta agus cuir chuige neamhréireacha maidir le sárúithe ar na forálacha sin a imscrúdú agus a smachtbhanna a fhorchur ina leith. Mura leagtar amach ar bhealach níos soiléire cad iad na príomhforálacha nach mór go spreagfaí forfheidhmiú sách athchomhairleach leo i ngach áit san Aontas, chuirfí bac ar an margadh aonair le haghaidh seirbhísí íocaíochta a bhaint amach agus bheadh an baol ann go spreagfaí siopadóireacht dlínsí a mhéid atá na húdarás inniúla ullmhaithe go míchothrom maidir leis na sárúithe sin a fhorfheidhmiú go pras agus leis an díspreagadh céanna sna Ballstáit.
- (133) Ós rud é gurb é is cuspóir do na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla iallach a chur ar dhaoine nádúrtha nó ar dhaoine dlítheanacha a shainiúitear mar dhaoine atá freagrach as sárú leanúnach nó a gceanglaítear orthu ordú ón údarás inniúil atá ag imscrúdú a chomhlíonadh, an t-ordú sin a chomhlíonadh nó deireadh a chur leis an sárú leanúnach, níor cheart go gcuirfí cosc le cur i bhfeidhm íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ar údarás inniúla smachtbhannaí riaracháin ina dhiaidh sin a fhorchur maidir leis an sárú céanna.
- (134) Mura bhforálann na Ballstáit dá mhalairt, ba cheart íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a ríomh ar bhonn laethúil.
- (135) Ba cheart do na Ballstáit na húdarás inniúla a chumhachtú chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin den sórt sin a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta nó ar

dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile i gcás inarb ábhartha chun an cás a leigheas i gcás sáraithe. Ba cheart go mbeadh réimse na smachtbhannaí agus na mbeart leathan go leor ionas go mbeidh na Ballstáit agus na húdaráis inniúla ábalta na difríochtaí idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta, go háirithe idir institiúidí creidmheasa agus institiúidí íocaíochta eile, maidir lena méid, a dtréithe agus cineál a ngnó a chur san áireamh.

- (136) Má fhoilsítear smachtbhanna riaracháin nó beart riaracháin mar gheall ar shárú ar fhorálacha an Rialacháin seo, d'fhéadfadh éifeacht láidir athchomhairleach a bheith acu in aghaidh an sárú sin a dhéanamh arís. Le foilsiú, cuirtear eintitis eile ar an eolas freisin faoi na rioscaí a bhaineann leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta ar forchuireadh smachtbhanna air sula ndéantar caidreamh gnó leis agus cuidíonn sé le húdaráis inniúla i mBallstáit eile maidir leis na rioscaí a bhaineann le soláthraí seirbhísí íocaíochta nuair a oibríonn sé ina mBallstáit ar bhonn trasteorann. Ar na cúiseanna sin, ba cheart foilsiú cinntí maidir le smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a cheadú fad a bhaineann sé le daoine dlítheanacha. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le smachtbhanna riaracháin nó beart riaracháin a fhoilsiú, ba cheart d'údarás inniúla tromchúis an tsáraithe agus an éifeacht athchomhairleach is dócha a bheidh ag an bhfoilseachán a chur san áireamh. Mar sin féin, féadfaidh aon fhoilsiú den sórt sin a dtagraítear do dhaoine nádúrtha cur isteach ar bhealach díréireach ar a gcearta a eascraíonn as an gCairt um Chearta Bunúsacha agus as reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir le cosaint sonraí. Dá bhrí sin, ba cheart foilsiú a dhéanamh ar bhealach anaithnidithe mura measann an t-údarás inniúil gur gá cinntí ina bhfuil sonraí pearsanta a fhoilsiú chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú go héifeachtach, lena n-áirítear i gcás ráitis phoiblí nó toirmisc shealadacha. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don údarás inniúil údar a thabhairt lena chinneadh.
- (137) Chun faisnéis níos cruinne a bhailiú maidir leis an leibhéal comhlíontachta le dlí an Aontais ar an láthair, agus níos mó infheictheachta á thabhairt do ghníomhaíocht forfheidhmithe na n-údarás inniúil, is gá an raon feidhme a mhéadú agus cáilíocht na sonraí a thuairiscíonn údaráis inniúla do ÚBE a fheabhsú. Ba cheart faisnéis atá le tuairisciú a anaithnidiú chun na rialacha cosanta sonraí atá i bhfeidhm a chomhlíonadh agus ba cheart í a chur ar fáil i bhfoirm chomhiomlánaithe chun na rialacha maidir le rúndacht ghairmiúil agus rúndacht maidir le himeachtaí a chomhlíonadh. Ba cheart do ÚBE tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin go rialta faoin dul chun cinn atá á dhéanamh i ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sna Ballstáit.
- (138) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún, chun boilsciú a chur san áireamh, nuashonrú a dhéanamh ar na méideanna, go dtí an méid a bhféadfadh oibleagáid a bheith ar íocóir na cailteanais a sheasamh a bhaineann le haon idirbheart íocaíochta neamhúdaráithe arna n-eascairt as úsáid a bhaint as ionstraim íocaíochta chaillte nó ghoidte nó as míleithreasú ionstraime íocaíochta. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhonn comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (139) Lena áirithiú go gcuirfeadh an Rialachán seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, ba cheart go mbeadh an Coimisiún ábalta brath ar shaineolas agus ar thacaíocht ÚBE, ar cheart go mbeadh sé de chúram air treoirínite agus dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cur chun feidhme a ullmhú. Ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún na dréacht-Chaighdeáin Theicniúla Rialála sin a ghlacadh. Agus treoirínite, dréacht-Chaighdeáin Theicniúla Rialála agus dréacht-Chaighdeáin Theicniúla Cur Chun Feidhme á bhforbairt ag ÚBE de bhun na

Treorach seo agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ba cheart dó dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, lena n-áirítear iad siúd i margadh na seirbhísí íocaíochta, lena léireofar na leasanna go léir atá i gceist.

- (140) Ba cheart cumhachtaí idirghabhála táirgí a dheonú do ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 9(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, le go mbeidh sé ábalta toirmeasc nó srian sealadach a chur san Aontas ar chineál áirithe nó ar ghné shonrach seirbhíse íocaíochta nó seirbhíse ríomh-airgid a shaináithnítear mar ghné a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do thomhaltóirí, rud a chuirfeadh feidhmiú ordúil agus sláine na margáí airgeadais i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 a leasú dá réir. ***Sula bhfeidhmeofar na cumhachtaí sin, ba cheart do ÚBE a áirithiú - i gcás inar féidir - go ndeachaigh sé i gcomhairle le soláthraithe seirbhísí íocaíochta nó le soláthraithe tríú páirtí.***
- (140a) Ba cheart na hacmhainní uile is gá, lena n-áirítear acmhainní daonna, a thabhairt do ÚBE chun a shainordú faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.***
- (141) Ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁴ a leasú chun tagairt don Rialachán seo a áireamh ionas go n-éascófar an comhar trasteorann maidir le forfheidhmiú an Rialacháin seo.
- (142) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon margadh inmheánach i seirbhísí íocaíochta a chomhtháthú tuilleadh, a bhaint amach go leordhóthanach de bhrí go dteastaíonn comhchuíbhiú rialacha éagsúla i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta, ach, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (143) I bhfianaise go leagtar síos leis an Rialachán seo agus le Treoir (AE) XXX (PSD3) an creat dlíthiúil lena rialaítear soláthar seirbhísí íocaíochta miondíola agus seirbhísí ríomh-airgid laistigh den Aontas, chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht chreat dlí an Aontais a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna le dáta chur i bhfeidhm na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a cheanglaítear ar na Ballstáit a ghlacadh chun Treoir (AE) XXX (PSD3) a chomhlíonadh. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta neamhréireachtaí a fhíorú idir ainm agus aitheantóir uathúil íocaí i gcás aistrithe creidmheasa agus an córas dliteanais faoi seach ó 24 mhí i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, áfach, agus ar an gcaoi sin tugtar go leor ama do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta na bearta is gá a dhéanamh chun a gcórais inmheánacha a choigeartú, chun na ceanglais sin a chomhlíonadh.
- (144) I gcomhréir le prionsabail na rialála níos fearr, ba cheart an Rialachán seo a athbhreithniú maidir lena éifeachtacht agus a éifeachtúlacht chun a chuspóirí a bhaint amach. Ba cheart an t-athbhreithniú a dhéanamh tráth leordhóthanach i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo chun go mbeidh fianaise leormhaith ann ar féidir an t-athbhreithniú a bhunú

³⁴ Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004, IO L 345, 27.12.2017, lch. 1-26).

uirthi. Meastar gur tréimhse chúí é 5 bliana. Cé gur cheart an Rialachán seo a mheas ina iomláine san athbhreithniú, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ábhair áirithe, eadhon feidhmiú na baincseirbhíosa oscailte, muirearú i leith seirbhísí íocaíochta agus réitigh bhreise chun calaois a chomhrac. Maidir le raon feidhme an Rialacháin seo, áfach, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh níos luaithe, 3 bliana i ndiaidh a theacht i bhfeidhm, i bhfianaise na tábhachta a ghabhann leis an ábhar sin in Airteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵. Leis an athbhreithniú sin ar an raon feidhme, ba cheart a chur san áireamh go bhféadfaí an liosta de sheirbhísí íocaíochta arna gcumhdach a leathnú chun go n-áireofaí leis seirbhísí mar atá na seirbhísí a dhéantar trí chórais íocaíochta agus scéimeanna íocaíochta, agus go bhféadfaí iad a chuimsiú i raon feidhme roinnt seirbhísí teicniúla atá eisiata faoi láthair.

- (145) Urramaítear leis an Rialachán seo cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an ceart meas a bheith ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart leigheas éifeachtacha a fháil agus an ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion céanna. Ní mór an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (146) Tá tagairtí do mhéideanna in euro le tuiscint mar an choibhéis airgeadra náisiúnta arna cinneadh ag gach Ballstát nach é an euro a airgeadra.
- (146a) *Ba cheart rochtain a bheith ag tomhaltóirí ar leigheasanna comhréireacha agus éifeachtacha, lena n-áirítear cúiteamh as aon damáiste a d'fhulaing siad. Ba cheart na leigheasanna sin a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm leigheasanna eile atá ar fáil do thomhaltóirí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.***
- (147) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶ agus thug sé tuairim an [XX XX 2023]³⁷,

³⁵ Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

³⁶ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39-98).

³⁷ IO C [...], [...], lch. [...].

TEIDEAL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais aonfhoirmeacha maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid a sholáthar, maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) trédhearcacht na gcoinníollacha agus na gceanglas faisnéise maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid;
 - (b) cearta agus oibleagáidí faoi seach úsáideoirí seirbhísí íocaíochta agus ríomh-airgid, agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus ríomh-airgid i ndáil le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid a sholáthar.
2. Mura sonraítear a mhalairt, tuigfear sa Rialachán seo go gciallaíonn aon tagairt do sheirbhísí íocaíochta seirbhísí íocaíochta agus ríomh-airgid.
3. Mura sonraítear a mhalairt, tuigfear sa Rialachán seo go gciallaíonn aon tagairt do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí ríomh-airgid.

3a. Tá próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo faoi réir Rialachán (AE) 2016/679.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn na catagóirí soláthraithe seirbhísí íocaíochta seo a leanas laistigh den Aontas:
 - (a) institiúidí creidmheasa mar a shainítear in **Airteagal 4(1)**, pointe (1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁸, lena n-áirítear brainsí díobh i gcás ina bhfuil na brainsí sin lonnaithe san Aontas, bíodh ceannoifigí na mbrainsí sin lonnaithe laistigh den Aontas nó lasmuigh den Aontas;
 - (b) institiúidí gioró oifige poist atá i dteideal seirbhísí íocaíochta a sholáthar faoin dlí náisiúnta;

³⁸ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

- (c) institiúidí íocaíochta;
- (d) BCE agus bainc cheannais náisiúnta nuair nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údarás airgeadaíochta nó údarás phoiblí eile;
- (e) Ballstáit nó a n-údarás réigiúnacha nó áitiúla nuair nach bhfuil siad ag gníomhú ina gcáil mar údarás phoiblí.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) idirbhearta íocaíochta a dhéantar in airgead tirim amháin, díreach ón íocóir chuig an íocaí, gan aon idirghabháil;
- (b) idirbhearta íocaíochta ón íocóir chuig an íocaí trí ghníomhaire tráchtála, mar a shainítear in Airteagal 1(2) de Threoir 86/653/CEE, **ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir** : (i) údaraítear an gníomhaire tráchtála trí chomhaontú chun díol nó ceannach earraí nó seirbhísí a chaibidlíú nó a thabhairt i gcrích thar ceann an íocóra amháin nó an íocaí amháin, ach ní thar ceann na beirte araon, is cuma an bhfuil cistí an chliaint á gcoinneáil ag an ngníomhaire tráchtála nó nach bhfuil, agus (ii) sa chomhaontú sin tugtar fíorchorrlach don íocóir nó don íocaí dul i mbun caibidlíochta leis an ngníomhaire tráchtála nó díol nó ceannach earraí nó seirbhísí a thabhairt i gcrích;
- (c) idirbhearta íocaíochta arb é atá iontu bailiú agus seachadadh airgid thirim ar bhonn neamhghairmiúil faoi chuimsiú gníomhaíocht neamhbhrabúis nó gníomhaíocht charthanach;
- (d) seirbhísí ina soláthraíonn an t-íocaí airgead tirim don íocóir mar chuid d'idirbheart íocaíochta chun earraí agus seirbhísí a cheannach, i ndiaidh iarraidh shainráite ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta díreach roimh fhorghníomhú an idirbhirt íocaíochta;
- (e) seirbhísí ina soláthraítear airgead tirim **go deonach** i siopaí miondíola i ndiaidh iarraidh shainráite ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta ach neamhspleách ar fhorghníomhú aon idirbhirt íocaíochta agus gan aon oibleagáid earraí agus seirbhísí a cheannach. Soláthrófar faisnéis don úsáideoir seirbhísí íocaíochta maidir le haon mhuirir a d'fhéadfaí a ghearradh ar an tseirbhís sin sula soláthrófar an t-airgead tirim a iarradh;
- (f) idirbhearta íocaíochta atá bunaithe ar aon cheann de na doiciméid seo a leanas arna dtarraingt ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta d'fhonn cistí a chur ar fáil don íocaí:
 - (i) seiceanna páipéir arna rialú ag Coinbhinsiún na Ginéive an 19 Márta 1931 lena soláthraítear dlí comhionann le haghaidh seiceanna;
 - (ii) seiceanna páipéir cosúil leis na cinn dá dtagraítear i bpointe (i) agus arna rialú le dlíthe na mBallstát nach bhfuil ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Ginéive an 19 Márta 1931 lena soláthraítear dlí comhionann le haghaidh seiceanna;
 - (iii) dréachtaí páipéarbhunaithe dá dtagraítear i gCoinbhinsiún na Ginéive an 7 Meitheamh 1930 lena leagtar síos dlí comhionann le haghaidh billí malairte nó nótaí gealltanais;
 - (iv) dréachtaí páipéarbhunaithe cosúil leis na cinn dá dtagraítear i bpointe (iii) agus arna rialú le dlíthe na mBallstát nach bhfuil ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Ginéive an 7 Meitheamh 1930 lena soláthraítear dlí comhionann le haghaidh billí malairte agus nótaí gealltanais;
 - (v) dearbháin pháipéarbhunaithe;
 - (vi) seiceanna taistil páipéarbhunaithe;
 - (vii) orduithe airgid poist páipéarbhunaithe arna sainiú ag an Aontas Poist Uilechoiteann;

- (g) idirbhearta íocaíochta arna ndéanamh laistigh de chóras íocaíochta nó córas socraíochta urrús idir gníomhairí socraíochta, contrapháirtithe lárnacha, tithe imréitigh nó bainc cheannais agus rannpháirtithe eile sa chóras, agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta, gan dochar d'Airteagal 31;
- (h) idirbhearta íocaíochta a bhaineann le seirbhísí a dhéanamh ar shócmhainní urrús, lena n-áirítear díbhinní, ioncam nó dáileacháin eile, nó fuascailt nó díol, arna ndéanamh ag daoine dá dtagraítear i bpointe (g) nó ag gnólachtaí infheistíochta, institiúidí creidmheasa, gnóthais chomhinfeistíochta nó cuideachtaí bainistíochta sócmhainní a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta agus ag aon eintitis eile a bhfuil cead acu ionstraimí airgeadais a choimeád;
- (ha) ***idirbhearta íocaíochta a úsáidtear chun seirbhísí trádála agus socraíochta a fhorghníomhú trí chomharthaí ríomh-airgid a úsáid mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁹, i gcás ina bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta údaraithe cheana féin mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní i mBallstát le haghaidh na seirbhísí sin faoi Theideal V den Rialachán sin;***
- (i) gan dochar d'Airteagal 23(2), agus Airteagail 58 agus 87, seirbhísí arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí teicniúla;
- (j) seirbhísí atá bunaithe ar ionstraimí sonracha íocaíochta a chomhlíonann ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
- (i) ionstraimí nach gceadaíonn don sealbhóir earraí nó seirbhísí a fháil ach amháin ar áitreabh ***fisiciúil nó fíoriúil*** an eistheora nó laistigh de líonra teoranta aonair soláthraithe seirbhísí atá faoi chomhaontú díreach tráchtála le heisitheoir gairmiúil;
- (ii) ionstraimí nach féidir a úsáid ach amháin chun raon an-teoranta earraí nó seirbhísí a fháil, ***lena n-áirítear ionstraimí atá teoranta d'úsáid in idirbhearta gnólacht le gnólacht, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin;***
- (iii) ionstraimí nach bhfuil bailí ach i mBallstát amháin, ar ionstraimí iad a sholáthraítear arna iarraidh sin ag gnóthas nó eintiteas eanála poiblí agus faoi rialú ag údarás poiblí náisiúnta nó réigiúnach chun críocha sonracha cánach nó sóisialta ar mhaithe le hearraí nó seirbhísí sonracha a fháil ó sholáthraithe a bhfuil comhaontú tráchtála acu leis an eistitheoir, ***agus nach féidir a chomhshó in airgead tirim;***
- (k) idirbhearta íocaíochta arna ndéanamh ag soláthraí líonraí cumarsáide leictreonaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁰, nó seirbhísí arna soláthar sa bhreis ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), den Treoir sin do rannpháirtí ar an líonra nó ar an tseirbhís:
- (i) chun ábhar digiteach agus seirbhísí guthbhunaithe a cheannach, gan beann ar an ngléas a úsáidtear chun an t-ábhar digiteach a cheannach nó a thomhailt, arna muirearú ar an mbille gaolmhar; or
- (ii) a dhéantar ó ghléas leictreonach nó trí ghléas leictreonach agus arna muirearú ar an mbille gaolmhar faoi chuimsiú gníomhaíocht charthanach nó chun ticéid a cheannach;

³⁹ ***Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40***<http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj>**).**

⁴⁰ Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

ar choinníoll nach mó luach aon idirbheart íocaíochta aonair ná EUR **60** agus:

- nach mó luach carnach na n-idirbheart íocaíochta i gcás rannpháirtí aonair ná EUR **360** in aghaidh na míosa, nó
- i gcás ina ndéanfaidh rannpháirtí réamh-mhaoiniú ar a chuntas le soláthraí an líonra nó na seirbhíse cumarsáide leictreonaí, nach mó luach carnach na n-idirbheart íocaíochta ná EUR **360** in aghaidh na míosa;

(l) idirbhearta íocaíochta arna ndéanamh idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta, a ngníomhaithe nó a mbrainsí, dá gcuntas féin;

(m) idirbhearta íocaíochta agus seirbhísí gaolmhara idir máthairghnóthas agus a fhoghnóthas nó idir foghnóthais den mháthairghnóthas céanna, **lena n-áirítear bailiú cistí chomh maith le híocaíochtaí a fhorghníomhaíonn eintitis a bhaineann leis an ngrúpa céanna** thar ceann grúpa ag máthairghnóthas nó ag a fhoghnóthas ■.

3. Tá feidhm ag Teideal II agus Teideal III maidir le hidirbhearta íocaíochta in airgeadra Ballstáit i gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra agus soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí araon lonnaithe laistigh den Aontas, nó ina mbeidh an t-aon soláthraí seirbhísí íocaíochta amháin san idirbheart íocaíochta lonnaithe laistigh den Aontas.
4. Tá feidhm ag Teideal II, cé is moite d'Airteagal 13(1), pointe (b), d'Airteagal 20, pointe (2)(e) agus d'Airteagal 24, pointe (a), agus Teideal III, cé is moite d'Airteagail 67 go 72, maidir le hidirbhearta íocaíochta in airgeadra nach airgeadra Ballstáit é, i gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra agus soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí araon lonnaithe laistigh den Aontas, nó ina mbeidh an t-aon soláthraí seirbhísí íocaíochta amháin san idirbheart íocaíochta lonnaithe laistigh den Aontas, i leith na gcodanna sin den idirbheart íocaíochta arna ndéanamh san Aontas.
5. Tá feidhm ag Teideal II, cé is moite d'Airteagal 13(1), pointe (b), d'Airteagal 20, pointe (2)(e) agus pointe (5)(h) agus d'Airteagal 24, pointe (a), agus ag Teideal III, cé is moite d'Airteagal 28(2) agus (3), d'Airteagail 62, 63 agus 67, d'Airteagal 69(1), agus d'Airteagail 75 agus 78, maidir le hidirbhearta íocaíochta sna hairgeadraí go léir i gcás nach mbeidh ach ceann amháin de na soláthraithe seirbhísí íocaíochta lonnaithe laistigh den Aontas, i leith na gcodanna sin den idirbheart íocaíochta arna ndéanamh san Aontas.
6. Féadfaidh na Ballstáit institiúidí dá dtagraítear in Airteagal 2(5), pointí (4) go (23), de Threoir 2013/36/AE a dhíolmhú ó fhorálacha uile an Rialacháin seo nó cuid díobh a chur i bhfeidhm.
7. Faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta= bliain amháin i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh ÚBE treoirlínte ina sonrú na critéir maidir le heisiamh idirbheart íocaíochta ón íocóir chuig an íocaí trí ghníomhaire tráchtála dá dtagraítear i mír 2, pointe (b) den Airteagal seo.
8. Déanfaidh ÚBE dréacht-Chaighdeán Theicniúla Rialála a fhorbairt chun coinníollacha na n-eisiamh dá dtagraítear i mír 2, pointe (j), a shonrú. Cuirfidh ÚBE san áireamh an taithí a fuarthas i gcur i bhfeidhm threoirlínte ÚBE an 24 Feabhra 2022 maidir leis an eisiamh líonra teoranta faoi Threoir (AE) 2015/1283.

Cuirfidh ÚBE na Caighdeáin Theicniúla Rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta= bliain amháin i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréacht-Chaighdeáin Theicniúla Rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

9. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha sin ina dhlí arna nglacadh aige de bhun mhír 6, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus, tabharfaidh siad

fógra freisin gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na forálacha sin.

9a. *Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 59 freisin maidir le soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus ardáin ar líne.*

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘Ballstát baile’ ceachtar díobh seo a leanas:

- (a) an Ballstát ina bhfuil a oifig chláráithe ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta; nó
- (b) mura bhfuil aon oifig chláráithe ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta, faoina dhlí náisiúnta, an Ballstát ina bhfuil a cheannoifig ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta;

(2) ciallaíonn ‘Ballstát áíochta’ an Ballstát, seachas an Ballstát baile, ina bhfuil gníomhaire, dáileoir nó brainse ag soláthraí seirbhísí íocaíochta nó ina soláthraíonn sé seirbhísí íocaíochta;

(3) ciallaíonn ‘seirbhís íocaíochta’ aon ghníomhaíocht ghnó a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(4) ciallaíonn ‘institiúid íocaíochta’ duine dlítheanach ar deonaíodh údarú dó nó di i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir (AE) [PSD3] chun seirbhísí íocaíochta nó seirbhísí ríomh-airgid a sholáthar ar fud an Aontais;

(5) ciallaíonn ‘idirbheart íocaíochta’ gníomh lena gcuirtear, lena n-aistrítear nó lena n-aistarraingítear cistí, bunaithe ar ordú íocaíochta arna dhéanamh ag an íocóir, nó thar a cheann, nó ag an íocaí, nó thar a cheann, gan beann ar aon bhunoibleagáidí idir an t-íocóir agus an t-íocaí;

(6) ciallaíonn ‘tionscnamh idirbhirt íocaíochta’ na bearta is gá chun forghníomhú idirbhirt íocaíochta a ullmhú, lena n-áirítear ordú íocaíochta a dhéanamh agus an próiseas fiordheimhínte a chur i gcrích;

(7) ciallaíonn ‘cianthionscnamh idirbhirt íocaíochta’ idirbheart íocaíochta dá ndéantar ordú íocaíochta tríd an idirlíon;

(8) ciallaíonn ‘forghníomhú idirbhirt íocaíochta’ an próiseas a thosaíonn nuair a bhíonn tionscnamh idirbhirt íocaíochta curtha i gcrích agus a chríochnaíonn nuair a bhíonn na cistí a cuireadh, a aistarraingíodh nó a aistríodh ar fáil don íocaí;

(9) ciallaíonn ‘córas íocaíochta’ córas aistrithe cistí lena bhfuil socrúithe foirmiúla agus caighdeánaithe agus rialacha coiteanna le haghaidh próiseáil, imréiteach nó socrú idirbheart íocaíochta;

(10) ciallaíonn ‘oibreoir córais íocaíochta’ an t-eintiteas dlíthiúil atá freagrach go dlíthiúil as córas íocaíochta a oibriú;

(11) ciallaíonn ‘íocóir’ duine nádúrtha nó duine dlítheanach ag a bhfuil cuntas íocaíochta agus a dhéanann ordú íocaíochta ón gcuntas íocaíochta sin, nó, i gcás nach bhfuil cuntas íocaíochta ann, duine **nádúrtha nó duine dlítheanach** a dhéanann ordú íocaíochta;

(12) ciallaíonn ‘íocaí’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bheartaítear mar fhaighteoir cistí lena bhain idirbheart íocaíochta;

(13) ciallaíonn ‘úsáideoir seirbhísí íocaíochta’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhaineann úsáid as seirbhís íocaíochta nó as seirbhís ríomh-airgid i gcáil íocóra nó íocaí, nó i gcáil ceachtar díobh sin;

- (14) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí íocaíochta’ comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 2(1) nó duine nádúrtha nó dlítheanach a thairbhíonn de dhíolúine de bhun Airteagal 34, 36 agus 38 de Threoir (AE) [PSD3];
- (15) ciallaíonn ‘cuntas íocaíochta’ cuntas atá á shealbhú ag soláthraí seirbhísí íocaíochta in ainm úsáideora seirbhísí íocaíochta amháin nó níos mó a úsáidtear chun idirbheart íocaíochta amháin nó níos mó a dhéanamh agus trínar féidir cistí a sheoladh chuig tríú páirtithe agus cistí a fháil uathu;
- (16) ciallaíonn ‘ordú íocaíochta’ treoir ó íocóir nó íocaí dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta ag iarraidh go ndéanfar idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú;
- (17) ciallaíonn ‘sainordú’ léiriú ar údarú a thugann an t-íocóir don íocaí agus (go díreach nó go hindíreach tríd an íocaí) do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra lena gceadaítear don íocaí idirbheart íocaíochta a thionscnamh chun cuntas íocaíochta sainithe an íocóra a chur chun dochair agus lenar féidir le soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra cloí le teoracha den sórt sin;
- (18) ciallaíonn ‘ionstraim íocaíochta’ gléas nó gléasanna indibhidiúlaithe agus/nó sraith nósanna imeachta a comhaontaíodh idir an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta a chumasaíonn tionscnamh an idirbhirt íocaíochta;
- (19) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas’ soláthraí seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn cuntas íocaíochta d’íocóir agus a dhéanann an cuntas sin a chothabháil;
- (20) ciallaíonn ‘seirbhís tionscanta íocaíochta’ seirbhís chun ordú íocaíochta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an **ÍOCÓIR** nó **ag an ÍOCAÍ** maidir le cuntas íocaíochta arna shealbhú ag soláthraí seirbhísí íocaíochta eile;
- (21) ciallaíonn ‘seirbhís faisnéise cuntas’ seirbhís ar líne lena mbailítear, go díreach nó trí sholáthraí seirbhísí teicniúla, agus lena gcomhdhlúthaítear faisnéis a shealbhaítear ar chuntas íocaíochta amháin nó níos mó de chuid úsáideora seirbhísí íocaíochta le ceann amháin nó níos mó de na soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas;
- (22) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta’ soláthraí seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí tionscanta íocaíochta;
- (23) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas’ soláthraí seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí faisnéise cuntas;
- (24) ciallaíonn ‘tomhaltóir’ duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha seachas trádáil, gnó ná gairm an duine sin, i gconarthaí seirbhíse íocaíochta a chumhaítear leis an Rialachán seo;
- (25) ciallaíonn ‘creatchonradh’ conradh seirbhíse íocaíochta lena rialaítear forghníomhú amach anseo idirbheart íocaíochta aonair agus idirbheart íocaíochtaí comhleanúnach agus a bhféadfadh sé go gcuimsítear ann an oibleagáid agus na coinníollacha maidir le cuntas íocaíochta a bhunú;
- (26) ciallaíonn ‘seirbhís aistrithe luacha airgid’ seirbhís íocaíochta faoina bhfaightear cistí ó íocóir, gan aon chuntais íocaíochta a chruthú in ainm an íocóra nó an íocaí, chun méid comhfhreagrach a aistriú chuig íocaí nó chuig soláthraí seirbhísí íocaíochta eile atá ag gníomhú thar ceann an íocaí, agus chuige sin amháin, nó seirbhís íocaíochta faoina bhfaightear na cistí sin thar ceann an íocaí agus a gcuirtear ar fáil don íocaí iad;
- (27) ciallaíonn ‘dochar díreach’ seirbhís íocaíochta le haghaidh cuntas íocaíochta íocóra a chur chun dochair, i gcás ina dtionscnóidh an t-íocaí idirbheart íocaíochta ar bhonn sainordú a thabharfaidh an t-íocóir don íocaí, do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí nó do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra féin;
- (28) ciallaíonn ‘aistriú creidmheasa’, seirbhís íocaíochta, lena n-áirítear aistrithe creidmheasa meandracha, ina gcuireann an soláthraí seirbhísí íocaíochta ag a bhfuil cuntas íocaíochta an íocóra, **nó an soláthraí seirbhísí íocaíochta ag a bhfuil cuntas íocaíochta an íocaí**, idirbheart íocaíochta nó sraith idirbheart íocaíochta do shochar cuntas íocaíochta íocaí, ar bhonn treoir ón íocóir;

- (29) ciallaíonn ‘aistriú creidmheasa meandrach’ aistriú creidmheasa a fhorghníomhaítear láithreach, gan beann ar an lá nó ar an uair;
- (30) ciallaíonn ‘cistí’ airgead bainc ceannais arna eisiúint d’úsáid mhiondíola, d’airgead taisce agus do ríomh-airgead;
- (31) ciallaíonn ‘dáta luacha’ am tagartha arna úsáid ag soláthraí seirbhísí íocaíochta chun ús a ríomh ar na cistí a chuirtear do dhochar nó do shochar cuntas íocaíochta;
- (32) ciallaíonn ‘ráta malairte tagartha’ an ráta malairte a úsáidtear mar bhonn chun aon chostas comhshó airgeadra a ríomh agus a nochtann an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó a thagann ó fhoinse atá ar fáil go poiblí;
- (33) ciallaíonn ‘ráta úis tagartha’ an ráta úis a úsáidtear mar bhonn chun aon ús atá le cur i bhfeidhm a ríomh, ar ráta é a thagann ó fhoinse atá ar fáil go poiblí agus ar féidir leis an dá pháirtí i gconradh seirbhíse íocaíochta í a fhíorú;
- (34) ciallaíonn ‘fíordheimhniú’ nós imeachta lenar féidir leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta fíorú a dhéanamh ar aitheantas úsáideora seirbhísí íocaíochta nó ar bhailíocht na húsáide a bhaintear as ionstraim íocaíochta shonrach, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as dintiúir shlándála phearsantaithe an úsáideora;
- (34a) ciallaíonn ‘údarú’ cead arna dheonú i nós imeachta ina bhfíordheimhniú an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta idirbheart ar leith go neamhsrianta agus láneolas aige ar na fíorais ábhartha uile;**
- (35) ciallaíonn ‘fíordheimhniú láidir custaiméara’ fíordheimhniú atá bunaithe ar úsáid a bhaint as dhá eilimint nó níos mó a rangáitear mar eolas (rud nach bhfuil ar eolas ach ag an úsáideoir), seilbh (rud atá i seilbh an úsáideora amháin) agus fréimhíocht (rud is dílis don úsáideoir), atá neamhspleách ar a chéile, sa mhéid nach gcuireann sárú eilimint amháin isteach ar iontaofacht na n-eilimintí eile, agus ar fíordheimhniú é atá ceaptha sa chaoi go gcosnófar rúndacht na sonraí fíordheimhniithe;
- (36) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí teicniúla’ soláthraí seirbhísí lena dtacaítear le soláthar seirbhísí íocaíochta, gan seilbh a ghlacadh aon tráth ar na cistí atá le haistriú;
- (37) ciallaíonn ‘dintiúir shlándála phearsantaithe’ gnéithe phearsantaithe arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta d’úsáideoir seirbhísí íocaíochta chun críocha fíordheimhniithe;
- (38) ciallaíonn ‘sonraí íocaíochta íogaire’ sonraí is féidir a úsáid chun calaois a dhéanamh, lena n-áirítear dintiúir shlándála phearsantaithe;
- (39) ciallaíonn ‘aitheantóir uathúil’ teaghlaim litreacha, uimhreacha nó siombailí arna sonrú ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta don úsáideoir seirbhísí íocaíochta, **nó túscaire atá nasctha go huathúil leis an teaghlaim sin**, agus atá le soláthar ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta chun úsáideoir seirbhísí íocaíochta eile a shainiú gan débhrí nó chun cuntas íocaíochta an úsáideora seirbhísí íocaíochta eile sin a shainiú gan débhrí maidir le hidirbheart íocaíochta;
- (40) ciallaíonn ‘meán cianchumarsáide’ meán a fhéadfar a úsáid, gan an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta beirt a bheith i láthair go fisiceach an tráth céanna, chun conradh seirbhísí íocaíochta a thabhairt i gcrích;
- (41) ciallaíonn ‘meán marthanach’ aon ionstraim lena gcuirtear ar chumas an úsáideora seirbhísí íocaíochta faisnéis a díriodh chuig an úsáideoir seirbhísí íocaíochta sin féin a stóráil ar bhealach inrochtana mar phointe tagartha amach anseo go ceann tréimhse is leormhaith chun críocha na faisnéise agus a fhágann gur féidir an fhaisnéis arna stóráil a atáirgeadh gan í a athrú;
- (42) ciallaíonn ‘micrifhiontar’ fiontar ar fiontar é, an tráth a dtabharfar an conradh seirbhíse íocaíochta i gcrích, faoi mar a shainítear in Airteagal 1 agus in Airteagal 2(1) agus (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE;
- (43) ciallaíonn ‘lá gnó’, i ndáil le soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra nó an íocaí a bhfuil baint aige le forghníomhú idirbhirt íocaíochta, lá ar a bhfuil gnó ar oscailt chun idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú;

- (44) ciallaíonn ‘gníomhaire’ duine nádúrtha nó dlítheanach a ghníomhaíonn thar ceann institiúid íocaíochta maidir le seirbhísí íocaíochta a sholáthar, cé is móite de **sheirbhísí ríomh-airgid**;
- (45) ciallaíonn ‘brainse’ áit ghnó seachas an cheannoifig atá ina cuid d’institiúid íocaíochta, nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach aici agus a dhéanann, ar bhonn díreach, na hidirbhearta uile ar cuid dhílis iad de ghnó institiúide íocaíochta nó cuid de na hidirbhearta sin; measfar gur brainse amháin iad na háiteanna gnó go léir arna mbunú sa Bhallstát céanna ag institiúid íocaíochta a bhfuil ceannoifig aici i mBallstát eile;
- (46) ciallaíonn ‘grúpa’ grúpa gnóthas atá nasctha lena chéile trí ghaol dá dtagraítear in Airteagal 22(1), (2) nó (7) de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴¹ nó gnóthais dá dtagraítear in Airteagail 4, 5, 6 agus 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 ón gCoimisiún⁴², atá nasctha lena chéile trí ghaol dá dtagraítear in Airteagal 10(1) nó Airteagal 113(6), an chéad fhomhír, nó 113(7), an chéad fhomhír de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
- (47) ciallaíonn ‘ábhar digiteach’ earraí nó seirbhísí a tháirgtear agus a sholáthraítear i bhfoirm dhigiteach, a bhfuil a n-úsáid nó a dtomhailt teoranta do ghléas teicniúil agus nach n-áirítear leo ar aon bhealach úsáid ná tomhaltas earraí nó seirbhísí fisiceacha;
- (48) ciallaíonn ‘idirbhearta íocaíochta a fháil’ seirbhís íocaíochta arna soláthar ag soláthraí seirbhísí íocaíochta a bhfuil conradh aige le hiocaí chun glacadh le hidirbhearta íocaíochta agus chun na hidirbhearta sin a phróiseáil, a bhfuil de thoradh air cistí a aistriú chuig an iocaí;
- (49) ciallaíonn ‘ionstraimí íocaíochta a eisiúint’ seirbhís íocaíochta ó sholáthraí seirbhísí íocaíochta a bhfuil conradh aige i ndáil le hionstraim íocaíochta a sholáthar d’íocóir chun idirbhearta íocaíochta an íocóra a thionscnamh agus a phróiseáil;
- (50) ciallaíonn ‘ríomh-airgead’ luach airgeadaíochta a stóráiltear go leictreonach, lena n-áirítear go maighnéadach, arna léiriú le héileamh ar an eisitheoir a eisítear nuair a fhaightear cistí chun idirbhearta íocaíochta a dhéanamh agus a nglacann daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile seachas an t-eisitheoir leis;
- (51) ciallaíonn ‘dáileoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach a dháileann nó a fhuasclaíonn ríomh-airgead thar ceann institiúid íocaíochta;
- (52) ciallaíonn ‘seirbhísí ríomh-airgid’ ríomh-airgead a eisiúint, cuntais íocaíochta ina stóráiltear aonaid ríomh-airgid a chothabháil, agus aonaid ríomh-airgid a aistriú;
- (53) ciallaíonn ‘trádainm tráchtála’ an t-ainm a úsáideann an t-íocaí de ghnáth agus é ***i mbun trádáil agus margú a ghnó*** chun é féin a chur in aithne don íocóir;
- (54) ciallaíonn ‘soláthraí UMB’ oibreoirí uathmheaisíní baine nach ***bhfuil*** cuntais íocaíochta acu.
- (55) ciallaíonn ‘institiúid íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí ríomh-airgid’ institiúid íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí ina ndéantar ríomh-airgead a eisiúint, cuntais íocaíochta ina stóráiltear aonaid ríomh-airgid a chothabháil, agus aonaid ríomh-airgid a aistriú, bíodh aon cheann de na seirbhísí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I á sholáthar aige freisin nó ná bíodh.

⁴¹ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

⁴² Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeán teicniúla rialála maidir le ceanglais cistí dílse le haghaidh institiúidí (IO L 74, 14.3.2014, lch. 8).

(55a) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí cumarsáide leictreonai’ aon soláthraí a thagann faoi raon feidhme na nithe seo a leanas:

(a) Treoir (AE) 2018/1972 (an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach); nó

(b) Rialachán (AE) 2022/2065 [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha];

Chun críche mhír 1, pointe (39), déanfaidh ÚBE, agus cleachtais mhargaidh ábhartha agus modhanna éagsúla aitheantais a úsáidtear ar fud an Aontais á gcur san áireamh, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina leagfar amach liosta cuimsitheach de na modhanna is féidir a úsáid mar aitheantóir uathúil.

Cuirfidh EBA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

TEIDEAL II

TRÉDHEARCAHT NA gCOINNÍOLLACHA AGUS NA gCEANGLAS FAISNÉISE MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ ÍOCAÍOCHTA

CAIBIDIL 1

Rialacha ginearálta

Airteagal 4

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Teideal seo maidir le hidirbhearta íocaíochta aonair, le creatchonarthaí agus le hidirbhearta íocaíochta a chumhdaítear leis na conarthaí sin. Féadfaidh na páirtithe sna hidirbhearta íocaíochta aonair, sna creatchonarthaí agus sna hidirbhearta íocaíochta sin a chumhdaítear leo a chomhaontú nach mbeidh feidhm ag an Teideal seo go hiomlán nó go páirteach i gcás nach tomhaltóir é an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta.
2. Féadfaidh na Ballstáit an Teideal seo a chur i bhfeidhm maidir le micrifhiontair ar an gcaoi chéanna a gcuirtear i bhfeidhm iad maidir le tomhaltóirí.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha dlíthiúla sin a ghlacfaidh siad de bhun mhír 2, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus, tabharfaidh siad fógra freisin gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na forálacha sin.

Airteagal 5

Airgeadra agus comhshó airgeadra

1. Déanfar íocaíochtaí san airgeadra arna chomhaontú idir na páirtithe.
2. I gcás ina gcuirfear seirbhís comhshó airgeadra ar fáil roimh thionscnamh an idirbhirt íocaíochta agus i gcás ina gcuirfear an tseirbhís comhshó airgeadra sin ar fáil ag UMB, ag an bpointe díola nó ina gcuirfidh an t-íocaí ar fáil í, déanfaidh an páirtí a bhfuil an tseirbhís comhshó airgeadra á cur ar fáil aige don íocóir na muirir uile a nochtadh don íocóir, chomh maith leis an ráta malairte atá le húsáid chun an t-idirbheart íocaíochta a chomhshó. ***Aireofar sna muirir sin aon mharcáil suas os cionn an ráta malairte eachtraí infheidhme is déanaí atá ar fáil arna eisiúint ag an mbanc ceannais ábhartha. Beidh an fhaisnéis maidir le muirir agus an ráta malairte infheicthe ar bhealach feiceálach agus trédhearcach sula ndéanfaidh an t-íocóir an t-idirbheart íocaíochta a údarú.***
3. Tabharfar an deis don íocóir aontú leis an tseirbhís comhshó airgeadra ar an mbonn sin.

Airteagal 6

Faisnéis faoi mhuirir bhreise nó laghdúithe

1. I gcás ina n-iarrfaidh an t-íocaí muirear nó ina dtairgfídh sé laghdú as ucht ionstraim íocaíochta ar leith a úsáid, cuirfidh an t-íocaí an t-íocóir ar an eolas faoi sin sula dtionscnófar an t-idirbheart íocaíochta, ***ar bhealach soiléir, trédhearcach agus inrochtana.***
2. I gcás ina ndéanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó páirtí eile atá bainteach leis an idirbheart muirear a iarraidh as ucht ionstraim íocaíochta ar leith a úsáid, cuirfidh sé an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar an eolas faoi sin ***ar bhealach soiléir, trédhearcach agus inrochtana,*** sula dtionscnófar an t-idirbheart íocaíochta.
3. Ní bheidh sé d'oireagáid ar an íocóir na muirir dá dtagraítear i mír 1 agus 2 a íoc ach amháin má cuireadh méid iomlán na muirear sin in iúl sular tionscnaíodh an t-idirbheart íocaíochta.

Airteagal 7

Ceanglais faisnéise is infheidhme maidir le seirbhísí aistarraingthe airgid thirim

Daoine nádúrtha nó dlítheanacha a sholáthraíonn seirbhísí aistarraingthe airgid thirim dá dtagraítear in Airteagal 38 de Threoir (AE) [PSD3], soláthróidh siad ***ar bhealach trédhearcach, indealaithe agus intuigthe*** dá gcustaiméirí faisnéis maidir le haon mhuirir, ***lena n-áirítear an ráta malairte agus aon mharcáil suas os cionn an ráta malairte eachtraí infheidhme is déanaí atá ar fáil arna***

eisiúint ag an mbanc ceannais ábhartha, go díreach ar thionscnamh an phróisis aistarraingthe agus ar fháil an airgid thirim nuair a bheidh an t-idirbheart curtha i gcrích.

Airteagal 8

Muirir i dtaobh faisnéise

1. Ní ghearrfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta muirear ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta as faisnéis a sholáthar faoin Teideal seo.
2. Féadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta teacht ar chomhaontú maidir le muirir le haghaidh faisnéis bhreise nó faisnéis níos rialta, nó tarchur trí mheáin chumarsáide seachas na cinn a shonraítear sa chreatchonradh, arna soláthar ar iarraidh ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta.
3. Beidh na muirir i dtaobh faisnéise dá dtagraítear i mír 2 réasúnta agus comhréireach *i ndáil leis* na costais iarbhír.

Airteagal 9

Dualgas cruthúnais i dtaobh ceanglais faisnéise

Is ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bheidh an dualgas a chruthú gur chomhlíon siad na ceanglais faisnéise a leagtar amach sa Teideal seo.

Airteagal 10

Maolú ar cheanglais faisnéise maidir le hionstraimí íocaíochta ar luach íseal agus maidir le ríomh-airgead

I gcás ionstraimí íocaíochta nach mbaineann, de réir an chreatchonartha ábhartha, ach le hidirbhearta íocaíochta aonair nach mó ná EUR 50 nó a bhfuil teorainn chaiteachais EUR **250** orthu nó ina stóráiltear cistí nach mó ná EUR **250** aon tráth:

- (a) de mhaolú ar Airteagail 19, 20 agus 24, ní sholáthróidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta don íocóir ach faisnéis faoi phríomhthréithe na seirbhíse íocaíochta, lena n-áirítear an bealach ar féidir an ionstraim íocaíochta a úsáid, dliteanas, muirir arna dtobhach agus faisnéis ábhartha eile a theastaíonn ón íocóir chun cinneadh eolasach a dhéanamh, chomh maith le léiriú ar cá gcuirtear ar fáil ar bhealach sorochtana aon fhaisnéis agus aon coinníollacha eile a shonraítear in Airteagal 20;
- (b) féadfaidh na comhpháirtithe sa chreatchonradh a chomhaontú, de mhaolú ar Airteagal 22, nach gceanglófar ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta athruithe a mholadh ar choinníollacha an chreatchonartha ar an gcaoi chéanna dá bhforáiltear in Airteagal 19(1);
- (c) féadfaidh na comhpháirtithe sa chreatchonradh a chomhaontú, de mhaolú ar Airteagail 25 agus 26, i ndiaidh idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú:
 - (i) nach soláthróidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó nach gcuirfidh sé ar fáil ach tagairt lena gcuirfead ar a chumas don úsáideoir seirbhísí íocaíochta an t-idirbheart íocaíochta a shainiú, méid an idirbhirt íocaíochta, aon mhuirir nó, i gcás roinnt idirbhearta íocaíochta den chineál céanna arna ndéanamh leis an íocaí céanna, faisnéis faoin méid iomlán agus na muirir i leith na n-idirbheart íocaíochta sin;

- (ii) nach gceanglófar ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta faisnéis dá dtagraítear i bpointe (i) a sholáthar nó a chur ar fáil más gan ainm a úsáidtear an ionstraim íocaíochta nó mura bhfuil an soláthraí seirbhíse íocaíochta in ann í a sholáthar go teicniúil ar shlí eile. Tabharfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta deis don íocóir méid na gcistí arna stóráil a fhíorú.

CAIBIDIL 2

Idirbhearta íocaíochta aonair

Airteagal 11

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le hidirbhearta íocaíochta aonair nach gcumhdaítear le creatchonradh.
2. I gcás ina ndéanfar ordú íocaíochta le haghaidh idirbheart íocaíochta aonair a tharchur trí ionstraim íocaíochta a chumhdaítear le creatchonradh, ní bheidh oibleagáid ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta faisnéis atá tugtha cheana don úsáideoir seirbhísí íocaíochta a sholáthar ná a chur ar fáil ar bhonn creatchonradh le soláthraí seirbhísí íocaíochta eile, ná faisnéis a thabharfar don úsáideoir seirbhísí íocaíochta i gcomhréir leis an gcreatchonradh sin.

Airteagal 12

Faisnéis ghinearálta roimh ré

1. Sula mbeidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta faoi cheangal ag conradh nó tairiscint seirbhíse íocaíochta aonair, cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta ar fáil don úsáideoir seirbhísí íocaíochta, ar bhealach sorochtana, an fhaisnéis agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13 maidir lena chuid seirbhísí féin. Ar iarraidh ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta, soláthróidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis agus na coinníollacha ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile. Tabharfar an fhaisnéis agus na coinníollacha i bhfocail shothuigthe agus i bhfoirm shoiléir intuigthe, i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ina gcuirtear an tseirbhís íocaíochta ar fáil nó in aon teanga eile a chomhaontóidh na páirtithe.
2. Má tugadh an conradh seirbhíse íocaíochta aonair i gcrích ar iarraidh ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta trí mhodh cianchumarsáide a fhágann nach féidir leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta mír 1 a chomhlíonadh, comhlíonfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta a oibleagáidí faoin mír sin díreach tar éis fhorghníomhú an idirbhirt íocaíochta.
3. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a n-oibleagáidí faoi mhír 1 a chomhlíonadh freisin trí chóip den dréachtchonradh seirbhísí íocaíochta aonair nó den dréachtordú íocaíochta a sholáthar d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear an fhaisnéis agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13.

Airteagal 13

Faisnéis agus coinníollacha

1. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta **ar bhealach trédhearcach, indealaithe agus intuigthe** an fhaisnéis agus na coinníollacha seo a leanas **ar a laghad** d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta:
 - (a) sonrú ar an bhfaisnéis nó ar an aitheantóir uathúil atá le soláthar ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta ionas gur féidir ordú íocaíochta a dhéanamh nó a fhorghníomhú go cuí;
 - (b) an t-am forghníomhaithe uasta i leith na seirbhíse íocaíochta atá le soláthar;
 - (c) an t-am a mheastar a gheobhaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas na cistí d'aistrithe creidmheasa agus d'idirbhearta seirbhísí aistrithe luacha airgid;
 - (d) na muirir uile is infíoitha ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus, i gcás inarb infheidhme, miondealú ar na muirir sin;
 - (e) i gcás inarb infheidhme, an ráta malairte iarbhír nó an ráta malairte tagartha atá le cur i bhfeidhm i leith an idirbhirt íocaíochta;
 - (f) i gcás inarb infheidhme, na muirir mheasta ar chomhshó airgeadra i ndáil le haistrithe creidmheasa agus idirbhearta seirbhísí aistrithe luacha airgid, arna sloinneadh mar chéatadán marcála suas os cionn **ráta tagarmhairc malairte eachtraí a chomhlíonann Rialachán (AE) 2016/1011 chomh maith le fíorluach airgeadaíochta in airgeadra an íocóra. Taispeánfar na muirir sin tráth nach déanaí ná an tráth a údaraíonn an t-íocóir an t-idirbheart íocaíochta;**
 - (g) na nósanna imeachta um réiteach malartach díospóidí atá ar fáil don úsáideoir seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagail 90, 94 agus 95.
2. Ina theannta sin, soláthróidh soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta faisnéis shoiléir chuimsitheach don íocóir maidir le gach ceann díobh seo a leanas, nó cuirfidh siad ar fáil don íocóir í, sula ndéanfar an íocaíocht a thionscnamh:
 - (a) ainm an tsoláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, seoladh geografach a cheannoifige agus, i gcás inarb infheidhme, seoladh geografach a ghníomhaire nó a bhraínse atá bunaithe sa Bhallstát ina gcuirtear an tseirbhís íocaíochta ar fáil, agus aon sonraí teagmhála eile, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist, is ábhartha chun cumarsáid a dhéanamh leis an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta; agus
 - (b) sonraí teagmhála an údarais inniúil arna ainmniú faoin Rialachán seo.
3. I gcás inarb infheidhme, cuirfear aon fhaisnéis agus coinníollacha ábhartha eile a leagtar amach in Airteagal 20 ar fáil don úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar bhealach sorochtana.

Airteagal 14

Faisnéis don íocóir agus don íocaí tar éis ordú íocaíochta a dhéanamh

I gcás ina ndéantar ordú íocaíochta trí sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, déanfaidh an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, díreach i ndiaidh an tionscnaimh, na sonraí seo go léir a leanas a sholáthar nó a chur ar fáil don íocóir agus, i gcás inarb infheidhme, don íocaí:

- (a) deimhniú go ndearnadh an t-ordú íocaíochta le soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an íocóra;
- (b) tagairt lena gcuirtear ar chumas an íocóra agus an íocaí an t-idirbheart íocaíochta a shainaithint agus, i gcás inarb iomchuí, lena gcuirtear ar chumas an íocaí an t-íocóir a shainaithint, agus aon fhaisnéis eile arna haistriú leis an idirbheart íocaíochta;
- (c) méid an idirbhirt íocaíochta;
- (d) i gcás inarb infheidhme, méid aon mhuirear is infíochta leis an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta i leith an idirbhirt, agus, i gcás inarb infheidhme, miondealú ar mhéideanna na muirear sin.

Airteagal 15

Faisnéis do sholáthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an íocóra i gcás ina ndéantar ordú íocaíochta trí sheirbhís tionscanta íocaíochta

I gcás ina ndéantar ordú íocaíochta trí sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, soláthróidh an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta tagairt an idirbhirt íocaíochta ar fáil do sholáthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an íocóra.

Airteagal 16

Faisnéis don íocóir tar éis an t-ordú íocaíochta a fháil

Díreach tar éis dó an t-ordú íocaíochta a fháil, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra a sholáthar nó a chur ar fáil don íocóir, ar an mbealach céanna dá bhforáiltear in Airteagal 12(1), na sonraí seo go léir a leanas maidir lena chuid seirbhísí féin:

- (a) tagairt lena gcuirtear ar chumas an íocóra an t-idirbheart íocaíochta a shainaithint agus an fhaisnéis is gá don íocóir chun an t-íocaí a shainaithint gan débhrí, lena n-áirítear ainm trádála tráchtála an íocaí;
- (b) méid an idirbhirt íocaíochta san airgeadra a úsáideadh san ordú íocaíochta;
- (c) méid aon mhuirear is infíochta ag an íocóir i leith an idirbhirt, agus i gcás inarb infheidhme, miondealú ar mhéideanna na muirear sin;
- (d) i gcás inarb infheidhme, an ráta malairte a d'úsáid soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra san idirbheart íocaíochta nó tagairt don ráta malairte sin, murab ionann é agus an ráta a sholáthraítear i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (e), agus méid an idirbhirt íocaíochta i ndiaidh an chomhshó airgeadra sin;
- (e) an dáta a bhfuarthas an t-ordú íocaíochta.

Airteagal 17

Faisnéis don íocaí tar éis an fhorghníomhaithe

Díreach tar éis fhorghníomhú an idirbhirt íocaíochta, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí na sonraí seo go léir a leanas, maidir lena chuid seirbhísí féin, a sholáthar nó a chur ar fáil don íocaí ar an mbealach céanna dá bhforáiltear in Airteagal 12(1):

- (a) tagairt lena gcuirtear ar chumas an íocaí an t-idirbheart íocaíochta a shainaithint agus, i gcás inarb iomchuí, lena gcuirtear ar chumas an íocaí an t-íocóir a shainaithint, agus aon fhaisnéis eile arna haistriú leis an idirbheart íocaíochta;
- (b) méid an idirbhirt íocaíochta san airgeadra ina bhfuil na cistí ar fáil don íocaí;
- (c) méid aon mhuirear is iníoctha ag an íocaí i leith an idirbhirt íocaíochta, agus, i gcás inarb infheidhme, miondealú ar mhéideanna na muirear sin;
- (d) i gcás inarb infheidhme, an ráta malairte a d'úsáid soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí san idirbheart íocaíochta, agus méid an idirbhirt íocaíochta roimh an gcomhshó airgeadra sin;
- (e) dáta luacha an tsochair.

CAIBIDIL 3

Creatchonarthaí

Airteagal 18

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le hidirbhearta íocaíochta a chumhdaítear le creatchonradh.

Airteagal 19

Faisnéis ghinearálta roimh ré

1. In am trátha sula mbeidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta faoi cheangal ag aon chreatchonradh nó aon tairiscint, soláthróidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 20 don úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile. Tabharfar an fhaisnéis agus na coinníollacha i bhfocail shothuigthe agus i bhfoirm shoiléir intuigthe, i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ina gcuirtear an tseirbhís íocaíochta ar fáil nó in aon teanga eile a chomhaontóidh na páirtithe.
2. I gcás inar tugadh an creatchonradh i gerich ar iarraidh ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta trí mhodh cianchumarsáide a fhágann nach féidir leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta mír 1 a chomhlíonadh, comhlíonfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta a oibleagáidí faoin mír sin díreach tar éis thabhairt i gerich an chreatchonartha.

3. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a n-oibleagáidí faoi mhír 1 a chomhlíonadh freisin trí chóip den dréachtchreachonradh a sholáthar d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear an fhaisnéis agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 20.

Airteagal 20

Faisnéis agus coinníollacha

Soláthróidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta **ar bhealach trédhearcach, indealaithe agus intuigthe** an fhaisnéis agus na coinníollacha seo a leanas don úsáideoir seirbhísí íocaíochta:

- (a) maidir leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta:
- (i) ainm an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta, seoladh geografach a cheannoifige agus, i gcás inarb infheidhme, seoladh geografach a ghníomhaire, a dháileora nó a bhrainse atá bunaithe sa Bhallstát ina gcuirtear an tseirbhís íocaíochta ar fáil, agus aon seoladh eile, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist, is ábhartha chun cumarsáid a dhéanamh leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta;
 - (ii) sonraí na n-údarás maoirseachta ábhartha arna n-ainmniú faoi Threoir (AE) [PSD3] agus an chlár dá bhforáiltear in Airteagail 17 agus 18 den Treoir sin nó sonraí aon chlár phoiblí ábhartha eile d'údarú an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta agus an uimhir chlárúcháin nó modh aitheantais coibhéiseach sa chlár sin;
- (b) maidir le húsáid na seirbhíse íocaíochta:
- (i) tuairisc ar phríomhthréithe na seirbhíse íocaíochta atá le soláthar;
 - (ii) sonraí ar an bhfaisnéis nó ar an aitheantóir uathúil atá le soláthar ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta ionas gur féidir ordú íocaíochta a dhéanamh nó a fhorghníomhú go cuí;
 - (iii) foirm agus nós imeachta maidir le hordú íocaíochta a dhéanamh nó maidir le cead a thabhairt idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú agus maidir le cead den sórt sin a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagail 49 agus 66;
 - (iv) tagairt don am a bhfuarthas ordú íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 64 agus an scoitham, más ann dó, arna bhunú ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta;
 - (v) an t-am forghníomhaithe uasta i leith na seirbhísí íocaíochta atá le soláthar;
 - (vi) an t-am a mheastar a gheobhaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas cistí na n-aistrithe creidmheasa;
 - (vii) an bhfuil an deis ann teorainneacha caiteachais a chomhaontú maidir le húsáid na hionstraimí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 51(1);
 - (viii) i gcás ionstraimí íocaíochta cártabhunaithe comhlipéadaithe, cearta na n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/751;
- (c) maidir le muirir, rátaí úis agus rátaí malairte:
- (i) na muirir uile is iníoctha ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear na muirir atá bainteach leis an mbealach a ndéanfar faisnéis faoin Rialachán seo a sholáthar nó a chur ar fáil, agus a mhinice a dhéanfar é sin, agus, i gcás inarb infheidhme, miondealú ar mhéideanna na muirear sin;

- (ii) na muirir go léir, más ann dóibh, ar aistarraingtí uathmheaisíní bainc (UMBanna) Aontais is iníoctha ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta lena soláthraí seirbhísí íocaíochta ag UMB de chuid iad seo a leanas:

(1)a soláthraí seirbhísí íocaíochta;

■

(3) soláthraí seirbhísí íocaíochta a bhaineann le líonra UMBanna a bhfuil gaol conarthach ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an úsáideora leo;

(4) soláthraí UMB nach riarann cuntais íocaíochta agus seirbhísí aistarraingthe airgid thirim á dtairiscint aige;

(iii) i gcás inarb infheidhme, an ráta úis agus an ráta malairte atá le cur i bhfeidhm nó, má tá ráta tagartha úis agus ráta tagartha malairte le húsáid, an modh chun an t-ús iarbhír a ríomh, agus an dáta ábhartha agus an t-innéacs nó an bonn ábhartha chun an ráta tagartha úis nó an ráta tagartha malairte sin a chinneadh;

(iv) i gcás ina gcomhaontófar é, cur i bhfeidhm láithreach na n-athruithe ar an ráta tagartha úis nó an ráta tagartha malairte agus na gceanglas faisnéise a bhaineann leis na hathruithe i gcomhréir le hAirteagal 22(3);

(v) i gcás inarb infheidhme, na muirir mheasta le haghaidh seirbhísí comhshó airgeadra i ndáil le haistriú creidmheasa arna shloinneadh mar ***mhéid iomlán i bhfíorluach airgeadaíochta agus*** mar chéatadán marcála suas os cionn ***ráta tagarmhairc*** malairte eachtraí ***a chomhlíonann Rialachán (AE) 2016/1011. Déanfar na muirir sin, agus an céatadán marcála suas, a thaispeáint go soiléir sula ndéanfaidh an t-íocóir an t-idirbheart críochnaitheach in airgeadra baile an íocóra;***

(d) maidir le cumarsáid:

(i) i gcás inarb infheidhme, na modhanna cumarsáide, lena n-áirítear na ceanglais theicniúla maidir le trealamh agus bogearraí an úsáideora seirbhísí íocaíochta, arna gcomhaontú idir na páirtithe i dtaobh faisnéis nó fógraí faoin Rialachán seo a tharchur;

(ii) an bealach a ndéanfar faisnéis faoin Rialachán seo a sholáthar nó a chur ar fáil, agus a mhínice a dhéanfar é sin;

(iii) an teanga nó na teangacha ina dtabharfar an creatchonradh i gcrích agus ina ndéanfar cumarsáid le linn an ghaoil chonarthacha arna ghabháil ar láimh;

(iv) an ceart atá ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta chun téarmaí conarthacha an chreachonrtha agus faisnéis agus coinníollacha a fháil i gcomhréir le hAirteagal 21;

(e) maidir le coimircí agus bearta ceartaitheacha:

(i) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar na bearta a dhéanfaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta chun ionstraim íocaíochta a choimeád sábháilte agus conas fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí íocaíochta chun críocha Airteagal 52, pointe (b);

(ii) an nós imeachta slán i dtaobh an fhógra a thabharfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta don úsáideoir seirbhísí íocaíochta i gcás calaois amhrasta nó calaois iarbhír nó bagairtí slándála;

(iii) i gcás ina gcomhaontófar iad, na coinníollacha faoina bhforchoimeádfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an ceart chun ionstraim íocaíochta a bhlocáil i gcomhréir le hAirteagal 51;

- (iv) an dliteanas atá ar an íocóir i gcomhréir le hAirteagal 57(5), le hAirteagal 59(3) agus le hAirteagal 60, lena n-áirítear faisnéis faoin méid ábhartha;
 - (v) an chaoi, agus an tréimhse ama ar laistigh di, a dtabharfaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta fógra don soláthraí seirbhísí íocaíochta, agus do na póilíní i gcás calaiois phearsanaithe dá dtagraítear in Airteagal 59, faoi aon idirbheart íocaíochta atá neamhúdaráithe nó nár tionscnaíodh i gceart nó nár forghníomhaíodh i gceart nó faoi aon aistriú creidmheasa údaráithe a rinneadh i ndiaidh cur i bhfeidhm mícheart seirbhíse fíorúcháin meaitseála ar chomhréireacht idir an ainm agus an t-aitheantóir uathúil, i gcomhréir le hAirteagal 54;
 - (vi) dliteanas an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta as idirbhearta íocaíochta neamhúdaráithe i gcomhréir le hAirteagal 56, as cur i bhfeidhm mícheart seirbhíse fíorúcháin meaitseála idir an t-ainm agus an t-aitheantóir uathúil i gcomhréir le hAirteagal 57 agus as , calaiois phearsanaithe i gcomhréir le hAirteagal 59;
 - (vii) an dliteanas atá ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta as idirbhearta íocaíochta a thionscnamh nó a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagail 75 agus 76;
 - (viii) na coinníollacha i dtaobh aisíocaíochta i gcomhréir le hAirteagail 62 agus 63;
- (f) maidir le hathruithe ar an gcreatchonradh agus foirceannadh an chreachonartha:
- (i) i gcás ina gcomhaontófar é, faisnéis go measfar gur ghlac an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta le hathruithe ar na coinníollacha i gcomhréir le hAirteagal 22, mura dtugann an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta fógra don soláthraí seirbhísí íocaíochta nach bhfuil glacadh leo, roimh an dáta beartaithe ar a dtiocfaidh siad i bhfeidhm;
 - (ii) fad tréimhse an chreachonartha;
 - (iii) an ceart atá ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta chun an creatchonradh a fhoirceannadh agus aon chomhaontú a bhaineann le foirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 22(1) agus Airteagal 23;
- (g) maidir le sásamh:
- (i) aon chlásal conarthach ar an dlí is infheidhme maidir leis an gcreatchonradh nó na cúirteanna inniúla;
 - (ii) na nósanna imeachta um réiteach malartach díospóidí atá ar fáil don úsáideoir seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagail 90, 94 agus 95.

Airteagal 21

Inrochtaineacht na faisnéise agus inrochtaineacht choinníollacha an chreachonartha

Aon tráth le linn an ghaoil chonarthaigh, beidh sé de cheart ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta téarmaí conarthacha an chreachonartha a fháil, arna iarraidh sin dó, chomh maith leis an bhfaisnéis agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 20, ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile.

Airteagal 22

Athruithe ar choinníollacha an chreatchonartha

1. Déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta aon athrú ar an gcreatchonradh nó ar an bhfaisnéis agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 20 a mholadh ar an mbealach céanna dá bhforáiltear in Airteagal 19(1) agus tráth nach déanaí ná 2 mhí roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh siad i bhfeidhm. Is féidir leis an úsáideoir seirbhísí íocaíochta glacadh leis na hathruithe nó diúltú dóibh roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh siad i bhfeidhm.
2. I gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 20, pointe (f)(i), cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar an eolas go measfar gur ghlac an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta leis na hathruithe sin mura dtugann an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta fógra don soláthraí seirbhísí íocaíochta, roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh siad i bhfeidhm, nach bhfuil glacadh leo. Cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar an eolas freisin, má dhiúltaíonn an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta do na hathruithe sin, go bhfuil sé de cheart ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta an creatchonradh a fhoirceannadh saor in aisce agus le héifeacht aon tráth go dtí an dáta ar a mbeadh feidhm ag na hathruithe.
3. Féadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta athruithe ar an ráta úis nó an ráta malairte a chur i bhfeidhm láithreach agus gan fógra, ar choinníoll go gcomhaontófar an ceart sin sa chreatchonradh agus go mbeidh na hathruithe ar an ráta úis nó an ráta malairte bunaithe ar an ráta úis tagartha nó ar an ráta malairte tagartha arna gcomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 20, pointe (c)(iii) agus (iv). Cuirfear an soláthraí seirbhísí íocaíochta an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar an eolas faoi aon athrú ar an ráta úis a luaite is féidir ar an mbealach céanna dá bhforáiltear in Airteagal 19(1), murar chomhaontaigh na páirtithe a mhinice go sonrach a sholáthrófar an fhaisnéis nó a chuirfear ar fáil í nó bealach sonrach a soláthrófar an fhaisnéis nó a gcuirfear ar fáil í. I gcás athruithe ar an ráta úis nó an ráta malairte atá níos fabhraí do na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta, áfach, féadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochtaí iad a chur i bhfeidhm gan fógra.
4. Déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta athruithe ar an ráta úis nó an ráta malairte a úsáidtear in idirbhearta íocaíochta a chur chun feidhme agus a ríomh ar bhealach neodrach a fhágann nach ndéanfar idirdhealú in aghaidh úsáideoirí seirbhísí íocaíochta.

Airteagal 23

Foirceannadh

1. Féadfaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta an creatchonradh a fhoirceannadh aon tráth, ach amháin má tá tréimhse fógra comhaontaithe ag na páirtithe. Ní rachaidh tréimhse den sórt sin thar 1 mhí.
2. Beidh foirceannadh an chreatchonartha saor in aisce don úsáideoir seirbhísí íocaíochta ach amháin i gcás ina mbeidh an conradh i bhfeidhm ar feadh níos lú ná 3 mhí. Na muirir, más ann dóibh, i leith fhoirceannadh an chreatchonartha, beidh siad iomchuí agus beidh siad i gcomhréir leis na costais. I gcás, faoin gcreatchonradh, ina dtairgtear seirbhísí íocaíochta i gcomhpháirt le seirbhísí teicniúla a dhírítear ar thacaíocht a thabhairt i gcomhair soláthar seirbhísí íocaíochta agus a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó tríú páirtí a bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta i gcomhpháirtíocht leis, beidh na seirbhísí teicniúla sin faoi réir na gceanglas creatchonartha céanna maidir le táillí foirceanta.
3. Má chomhaontaítear é sa chreatchonradh, féadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta creatchonradh arna thabhairt i gcrích ar feadh tréimhse éiginnte a fhoirceannadh trí fhógra 3 mhí ar a laghad a thabhairt ar an mbealach céanna dá bhforáiltear in Airteagal 19(1).
4. Na muirir ar sheirbhísí íocaíochta a ghearrtar ar bhonn rialta, ní bheidh siad iníoctha ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta ach ar bhonn comhréireach suas go dtí foirceannadh an chonartha. Más roimh ré a íoctar muirir den sórt sin, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta na muirir sin a aisíoc go comhréireach.

5. Tá forálacha an Airteagail seo gan dochar do dhlíthe agus do rialacháin na mBallstát lena rialaítear cearta na bpáirtithe a dhearbhú go bhfuil an creatchonradh neamh-infheidhmithe nó go bhfuil sé ar neamhní.
6. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le forálacha níos fabhraí maidir le foirceannadh d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta. ***Déanfar cuspóirí na bhforálacha sin a ailíniú leis an Rialachán seo agus cuirfear in iúl don Choimisiún iad.***
7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta = sonraí chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le forálacha a ndlí arna nglacadh de bhun mhír 6. Tabharfaidh siad fógra, gan mhoill, faoi aon leasú ar na forálacha sin ina dhiaidh sin.

Airteagal 24

Faisnéis roimh fhorghníomhú idirbheart íocaíochta aonair

I gcás idirbheart íocaíochta aonair arna thionscnamh ag an íocóir faoi chreachonradh, soláthróidh soláthraí seirbhísí íocaíochta, ar iarraidh ón íocóir i leith an idirbhirt íocaíochta shonraigh sin, faisnéis shainráite maidir leis na nithe seo a leanas go léir:

- (a) an t-am uasta forghníomhaithe;
- (b) na muirir is iníoctha ag an íocóir ***arna sloinneadh in airgeadra na híocaíochta agus, más infheidhme, an céatadáin marcála suas ar aon rátaí malairte is infheidhme i gcomparáid le tagarmharc malairte eachtraí a chomhlíonann Rialachán (AE) 2016/1011;***
- (c) i gcás inarb infheidhme, miondealú ar mhéideanna aon mhuirear ***sula bhforghníomhaíonn an t-íocóir an íocaíocht.***

Airteagal 25

Faisnéis don íocóir faoi idirbhearta íocaíochta aonair

1. Tar éis méid idirbhirt íocaíochta aonair a chur do dhochar chuntas an íocóra nó, i gcás nach n-úsáideann an t-íocóir cuntas íocaíochta, tar éis don ordú íocaíochta a bheith faighte, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra an fhaisnéis uile seo a leanas a sholáthar don íocóir, gan aon mhoill mhíchúí agus ar an mbealach céanna a leagtar síos in Airteagal 19(1):
 - (a) tagairt lena gcuirtear ar chumas an íocóra an t-idirbheart íocaíochta a shainaithint agus an fhaisnéis is gá chun an t-íocaí a shainaithint gan débhrí, lena n-áirítear ainm trádála tráchtála an íocaí;
 - (b) méid an idirbhirt íocaíochta san airgeadra ina gcuirfear do dhochar chuntas íocaíochta an íocóra é nó san airgeadra a úsáidtear i gcomhair an ordaithe íocaíochta;
 - (c) méid aon mhuirear i leith an idirbhirt íocaíochta, agus, i gcás inarb infheidhme, miondealú ar mhéideanna na muirear sin, nó ar an ús is iníoctha ag an íocóir;
 - (d) i gcás inarb infheidhme, an ráta malairte a d'úsáid soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí san idirbheart íocaíochta, agus méid an idirbhirt íocaíochta tar éis an chomhshó airgeadra sin;

- (e) dáta luacha an dochair nó an dáta a bhfuarthas an t-ordú íocaíochta.
2. Áireofar le creatchonradh coinníoll lena bhféadfaidh an t-íocóir a cheangal go soláthrófar nó go gcuirfear ar fáil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, ar bhonn tréimhsiúil, saor in aisce agus ar bhealach comhaontaithe a fhágann gur féidir leis an íocóir faisnéis a stóráil agus a atáirgeadh gan athrú.
3. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis a sholáthar ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile ar a laghad uair sa mhí, saor in aisce.
4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi fhorálacha a ndlí arna nglacadh de bhun mhír 3 faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta = sonraí chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tabharfaidh siad fógra, gan mhoill, faoi aon leasú ar na forálacha sin ina dhiaidh sin.

Airteagal 26

Faisnéis don íocaí faoi idirbhearta íocaíochta aonair

1. Tar éis idirbheart íocaíochta aonair a fhorghníomhú, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí an fhaisnéis uile seo a leanas a sholáthar don íocaí, gan aon mhoill mhíchúil agus ar an mbealach céanna a leagtar síos in Airteagal 19(1):
- (a) tagairt lena gcuirtear ar chumas an íocaí an t-idirbheart íocaíochta agus an t-íocóir a shainaithint, agus aon fhaisnéis arna haistriú leis an idirbheart íocaíochta;
- (b) méid an idirbhirt íocaíochta san airgeadra ina gcuirtear do shochar chuntas íocaíochta an íocaí é;
- (c) méid aon mhuirear i leith an idirbhirt íocaíochta, agus, i gcás inarb infheidhme, miondealú ar mhéideanna na muirear sin, nó ar an ús is iníoctha ag an íocaí;
- (d) i gcás inarb infheidhme, an ráta malairte a d'úsáid soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí san idirbheart íocaíochta, agus méid an idirbhirt íocaíochta roimh an gcomhshó airgeadra sin;
- (e) dáta luacha an tsochair.
2. Féadfar a áireamh le creatchonradh coinníoll go soláthrófar nó go gcuirfear ar fáil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, ar bhonn tréimhsiúil, uair sa mhí ar a laghad agus ar bhealach comhaontaithe a fhágann gur féidir leis an íocaí faisnéis a stóráil agus a atáirgeadh gan athrú.
3. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis a sholáthar ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile ar a laghad uair sa mhí, saor in aisce.
4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi fhorálacha a ndlí arna nglacadh de bhun mhír 3 faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta = sonraí chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tabharfaidh siad fógra, gan mhoill, faoi aon leasú ar na forálacha sin ina dhiaidh sin.

TEIDEAL III

CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ ÍOCAÍOCHTA A SHOLÁTHAR AGUS A ÚSÁID

CAIBIDIL 1

Forálacha comhchoiteanna

Airteagal 27

Raon feidhme

1. I gcás nach tomhaltóir é an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta, féadfaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta a chomhaontú nach bhfuil feidhm ag Airteagal 28(1), Airteagal 49(7), agus Airteagail 55, 60, 62, 63, 66, 75 agus 76 go hiomlán nó go páirteach. Ina theannta sin, féadfaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta teorainneacha ama a chomhaontú atá éagsúil leis na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 54.
2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag Airteagal 95 i gcás nach tomhaltóir é an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta.
3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go gcuirfear na forálacha sa Teideal seo i bhfeidhm maidir le micrifhiontair ar an gcaoi chéanna a gcuirtear i bhfeidhm iad maidir le tomhaltóirí. ***Déanfar na forálacha sin a ailniú go hiomlán leis an Rialachán seo agus lena chuspóirí agus cuirfear in iúl don Choimisiún iad.***
4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta = sonraí chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] faoi fhorálacha a ndlí arna nglacadh de bhun mhír 2 agus 3 . Tabharfaidh siad fógra, gan mhoill, faoi aon leasú ar na forálacha sin ina dhiaidh sin.

Airteagal 28

Muirir is infheidhme

1. Ní ghearrfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta muirear ar an úsáideoir seirbhísí íocaíochta as a oibleagáidí faisnéise a chomhlíonadh ná as bearta ceartaitheacha agus bearta coiscitheacha faoin Teideal seo, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 65(1), in Airteagal 66(5) agus in Airteagal 74(4). Déanfar na muirir sin a chomhaontú idir an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus beidh siad réasúnta ***agus comhréireach leis*** na costais iarbhir.
2. Maidir le hidirbhearta íocaíochta arna soláthar laistigh den Aontas, i gcás ina mbeidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an íocóra agus an íocaí araon, nó an soláthraí seirbhísí íocaíochta aonair san idirbheart íocaíochta, lonnaithe san Aontas, íocfaidh an t-íocaí na muirir arna ngearradh ag a sholáthraí seirbhísí íocaíochta, agus íocfaidh an t-íocóir na muirir arna ngearradh ag a sholáthraí seirbhísí íocaíochta.
3. Ní iarrfaidh an t-íocaí muirir as úsáid na híocaíochta ■.

- 3a. *Nuair atá oibreoir uathmheaisín bainc (UMB) údaraithe mar institiúid chreidmheasa nó mar sholáthraí seirbhísí íocaíochta san Aontas, agus nuair a sholáthraíonn sé seirbhísí aistarraingthe airgid thirim, soláthróidh an t-oibreoir sin nó cuirfidh sé ar fáil faisnéis maidir le haon táille sheasta is infheidhme tráth thionscnamh an phróisis aistarraingthe, go sonrach an tráth a chuirtear cárta an úsáideora isteach in UMB nó roimhe, nó an tráth a dhéantar cárta an úsáideora a thapáil i gcoinne UMB nó roimhe. Taispeánfar aon táille sheasta den sórt sin i luach airgeadaíochta agus áiritheofar go gcuirfear an t-úsáideoir ar an eolas ar bhealach trédhearcach, indealaithe agus intuigthe maidir le haon táillí seasta a ghearrfaidh an t-oibreoir UMB sin as airgead tirim a aistarraingt, gan beann ar thionscnamh an chárta UMB a úsáidtear.*
- 3b. *Ní cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta cosc ar an íocaí laghdú a thairiscint don íocóir ná an t-íocóir a stiúradh ar shlí eile i dtreo ionstraim íocaíochta ar leith a úsáid.*



Airteagal 29

Maolú i gcás ionstraimí íocaíochta ar luach íseal agus ríomh-airgid

1. I gcás ionstraimí íocaíochta nach mbaineann, de réir an chreachonartha, ach le hidirbhearta íocaíochta aonair amháin nach mó ná EUR 50, nó a bhfuil teorainn chaiteachais EUR 250 orthu nó ina stóráiltear cistí nach mó ná EUR 250 aon tráth, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a chomhaontú lena n-úsáideoir seirbhísí íocaíochta:
 - (a) nach bhfuil feidhm ag Airteagal 52, pointe (b), Airteagal 53(1), pointe (c) agus pointe (d), ná ag Airteagal 60(4) mura rud é go gceadaítear an ionstraim íocaíochta a bhlocáil nó cosc a chur ar í a úsáid tuilleadh;
 - (b) nach bhfuil feidhm ag Airteagail 55 agus 56, ná ag Airteagal 60(1) agus (4), más gan ainm a úsáidtear an ionstraim íocaíochta nó mura bhfuil an soláthraí seirbhísí íocaíochta in ann a chruthú, ar chúiseanna eile ar gné dhílis den ionstraim íocaíochta iad, gur údaráidh idirbheart íocaíochta;
 - (c) de mhaolú ar Airteagal 65(1), nach gceanglaítear ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta fógra faoi dhiúltú ordaithe íocaíochta a thabhairt don úsáideoir seirbhísí íocaíochta, más léir an neamh-fhorghníomhú ón gcomhthéacs;
 - (d) de mhaolú ar Airteagal 66, ní dhéanfaidh an t-íocóir an t-ordú íocaíochta a chúlghairm i ndiaidh dó an t-ordú íocaíochta a tharchur nó an t-idirbheart íocaíochta a údarú chun íocaíocht a dhéanamh leis an íocaí;
 - (e) de mhaolú ar Airteagail 69 agus 70, go mbeidh feidhm ag tréimhsí forghníomhaithe eile.
2. Beidh feidhm ag Airteagail 56 agus 60 freisin maidir le ríomh-airgead, ach amháin i gcás nach bhfuil sé ar chumas sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra an cuntas íocaíochta ar a stóráiltear an ríomh-airgead a reo ná an ionstraim íocaíochta a bhlocáil. Féadfaidh na Ballstáit an maolú sin a theorannú do chuntais íocaíochta ar a stóráiltear an ríomh-airgead nó d'ionstraimí íocaíochta ar luach áirithe.

3. Tabharfaidh na Ballstáit, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, fógra don Choimisiún faoi fhorálacha a ndlí arna nglacadh de bhun mhír 2. Tabharfaidh siad fógra, gan mhoill, faoi aon leasú ar na forálacha sin ina dhiaidh sin.

Airteagal 30

Eisiúint agus infhuascailteacht ríomh-airgid

1. Déanfaidh eisitheoirí ríomh-airgid ríomh-airgead a eisiúint ar parluach nuair a gheobhaidh siad na cistí.
2. Arna iarraidh sin don sealbhóir ar ríomh-airgead, déanfaidh an t-eisitheoir ríomh-airgid, tráth ar bith agus ar parluach, luach airgid an ríomh-airgid atá á choinneáil a fhuascailt.
3. Sa chonradh idir an t-eisitheoir ríomh-airgid agus an sealbhóir ar ríomh-airgead, luafar go soiléir agus go feiceálach na coinníollacha fuascailte, lena n-áirítear aon táille is infheidhme, agus cuirfear an sealbhóir ar ríomh-airgead ar an eolas faoi na coinníollacha sin sula mbeidh sé faoi cheangal aon chonartha nó tairisceana.
4. Ní fhéadfar táille a ghearradh ar fhuascailt ríomh-airgid ach amháin má luaitear é sa chonradh i gcomhréir le mír 3 agus sna cásanna seo a leanas amháin:
 - (a) i gcás ina n-iarrann an sealbhóir ar ríomh-airgead fuascailt roimh fhoirceannadh an chonartha;
 - (b) i gcás ina ndéanfar foráil sa chonradh maidir le dáta foirceanta agus go ndéanfaidh an sealbhóir ar ríomh-airgead an conradh a fhoirceannadh roimh an dáta sin;
 - (c) i gcás ina n-iarrtar fuascailt níos mó ná bliain amháin i ndiaidh dháta fhoirceannadh an chonartha.

Beidh aon táille den sórt sin comhréireach agus i gcomhréir leis na costais iarbhrí arna dtabhú ag an eisitheoir ríomh-airgid.

5. I gcás ina n-iarrann an sealbhóir ar ríomh-airgead fuascailt roimh fhoirceannadh an chonartha, féadfaidh an sealbhóir a iarraidh go bhfuasclófar an ríomh-airgead go hiomlán nó go páirteach.
6. I gcás ina n-iarrann an sealbhóir ar ríomh-airgead fuascailt ar dháta fhoirceannadh an chonartha, nó suas le bliain amháin i ndiaidh an fhoirceanta sin, déanfaidh an t-eisitheoir ríomh-airgid ceann díobh seo a leanas:
 - (a) Luach iomlán airgeadaíochta an ríomh-airgid a fhuascailt; nó
 - (b) Na cistí go léir arna n-iarraidh ag an sealbhóir ar ríomh-airgead a fhuascailt i gcás ina ndéanann an institiúid íocaíochta ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(c) de Threoir XXX [PSD3] agus ní fios roimh ré cén cion de na cistí atá le húsáid ag na sealbhóirí ar ríomh-airgead mar ríomh-airgead.
7. D'ainneoin mhíreanna 4, 5 agus 6, beidh cearta fuascailte duine, seachas tomhaltóir, a ghlacann le ríomh-airgead faoi réir an chomhaontaithe chonarthaigh idir an t-eisitheoir ríomh-airgid agus an duine sin.
8. Ní dheonóidh institiúid íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí ríomh-airgid don shealbhóir ar ríomh-airgead ús nó aon sochar eile a bhaineann leis an bhfad ama a mbeidh an ríomh-airgead ina sheilbh nó ina seilbh.

CAIBIDIL 2

Rochtain ar chórais íocaíochta agus ar chuntais arna gcoimeád le hinstiúidí creidmheasa

Airteagal 31

Rochtain ar chórais íocaíochta

1. Beidh rialacha oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha, trédhearcacha agus comhréireacha i bhfeidhm ag oibreoirí córais íocaíochta maidir le rochtain ar chóras íocaíochta ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta údaraithe nó cláraithe ar daoine dlítheanacha iad. Ní chuirfidh oibreoirí córais íocaíochta bac ar rochtain ar chóras íocaíochta ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun cosaint a tabhairt ar rioscaí sonracha, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, riosca socraíochta, riosca oibriúcháin, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca gnó, nó ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun cobhsaíocht airgeadais agus oibríochtúil an chórais íocaíochta a chosaint.
2. Cuirfidh oibreoir córais íocaíochta a rialacha agus a nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht sa chóras íocaíochta sin agus na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáideann sé chun measúnú riosca a dhéanamh ar iarratasóirí ar rannpháirtíocht ar fáil go poiblí.
3. Ar iarratas ar rannpháirtíocht a fháil ó sholáthraí seirbhísí íocaíochta, déanfaidh oibreoir córais íocaíochta measúnú ar na rioscaí ábhartha a bhaineann le rochtain ar an gcóras a dheonú don soláthraí seirbhísí íocaíochta is iarratasóir. Ní dhiúltaíodh oibreoir córais íocaíochta rannpháirtíocht do sholáthraí seirbhísí íocaíochta is iarratasóir ach amháin i gcás ina bhfuil rioscaí ag baint leis an iarratasóir don chóras, mar a thagraítear i mír 1. Tabharfaidh an t-oibreoir córais íocaíochta fógra i scríbhinn don soláthraí seirbhísí íocaíochta is iarratasóir sin i dtaobh ar deonaíodh nó ar diúltaíodh an iarraidh ar rannpháirtíocht agus tabharfaidh sé na cúiseanna iomlána le haon diúltú.
4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 maidir le córais íocaíochta nach bhfuil iontu ach soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar leis an ngrúpa céanna iad.
5. Ní bheidh aon cheann de na ceanglais seo a leanas i bhfeidhm ag oibreoirí córais íocaíochta:
 - (a) rialacha sriantacha maidir le ballraíocht éifeachtach i gcórais íocaíochta eile;
 - (b) rialacha lena ndéantar idirdhealú idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta údaraithe nó idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta cláraithe i ndáil le cearta, oibleagáidí agus teidlíochtaí na rannpháirtithe;
 - (c) srianta ar bhonn stádas instiúideach.
6. Rannpháirtí i gcóras íocaíochta lena gceadaítear do sholáthraí seirbhísí íocaíochta údaraithe nó cláraithe agus nach rannpháirtí sa chóras íocaíochta é, orduithe aistrithe a chur tríd an gcóras íocaíochta sin, tabharfaidh sé, arna iarraidh sin dó, an deis chéanna do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta údaraithe nó cláraithe eile ar bhealach oibiachtúil, comhréireach,

trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndiúltófar an iarraidh sin, soláthróidh rannpháirtí córais íocaíochta na cúiseanna iomlána le diúltú den sórt sin d'aon soláthraí seirbhísí íocaíochta iarrthach.

7. Maidir le córais íocaíochta nach gcumhdaítear faoi mhaoirseacht an Eurochórais, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 795/2014, ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chórais íocaíochta chun forfheidhmiú mhíreanna 1, 2, 3, 5 agus 6 a áirithiú le córais íocaíochta arna rialú lena ndlí náisiúnta.

Airteagal 32

Soláthar cuntas íocaíochta ag institiúidí creidmheasa d'institiúidí íocaíochta

1. Ní dhiúltóidh institiúid creidmheasa cuntas íocaíochta a oscailt nó ní dhéanfaidh sí cuntas íocaíochta a dhúnadh d'institiúid íocaíochta dá gníomhairí nó dá dáileoirí nó d'iarratasóir ar cheadúnas mar institiúid íocaíochta *i gcásanna ina bhfuil bonn cirt leis ar fhorais oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha, go háirithe* sna cásanna seo a leanas:

- (a) Tá forais thromchúiseacha ag an institiúid creidmheasa le bheith in amhras go bhfuil rialuithe lochtacha um sciúradh airgid nó um maoiniú sceimhlitheoireachta ag an iarratasóir nó go bhfuil gníomhaíochtaí mídhleathacha á ndéanamh ag an iarratasóir nó ag a chustaiméirí;
- (b) tá nó bhí sárú *ábhartha* conartha á dhéanamh ag an iarratasóir ar chuntas;
- (c) ní bhfuarthas dóthain faisnéise agus doiciméad *a bhaineann le hábhair a leagtar amach sa mhír seo* ón iarratasóir ar chuntas;
- (d) cuireann an t-iarratasóir ar chuntas nó a shamhail ghnó próifíl riosca iomarcach i láthair;

■

- (ea) *dhiúltaigh an t-údarás inniúil údarú mar institiúid íocaíochta a dheonú nó tá údarú mar institiúid íocaíochta tarraingthe siar aige.*

I gcás ina gcinneann institiúid creidmheasa cuntas íocaíochta a dhúnadh i gcomhréir leis an mír seo, beidh éifeacht leis an dúnadh cuntais ar dhul in éag do thréimhse fógra nach mbeidh níos lú ná 4 mhí, ach amháin má dhúntar an cuntas íocaíochta ar chúiseanna a bhaineann le calaois nó ar chúiseanna a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha.

2. Déanfar cearta arna ndeonú faoi mhír 1 do ghníomhairí nó do dháileoirí a dheonú go heisiach chun seirbhísí íocaíochta a sholáthar thar ceann na hinstitiúide íocaíochta.
3. Tabharfaidh institiúid creidmheasa fógra don institiúid íocaíochta nó dá gníomhairí nó dá dáileoirí, nó don iarratasóir ar cheadúnas mar institiúid íocaíochta, faoi aon chinneadh

maidir le diúltú cuntas íocaíochta a oscailt nó cuntas íocaíochta a dhúnadh d'institiúid íocaíochta nó dá gníomhairí nó dá dáileoirí, nó d'iarratasóir ar cheadúnas mar institiúid íocaíochta; déanfaidh sé aon chinneadh den sórt sin a spreagadh go cuí. Ní mór spreagadh den sórt sin a bheith sonrath i dtaca leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht nó gníomhaíocht phleanáilte na hinstitiúide íocaíochta sin nó a gníomhairí nó a dáileoirí, arna measúnú ag an institiúid creidmheasa, agus ní mór nach spreagadh cineálach a bheidh ann.

- 3a. Sa bhreis ar an bhfógra dá dtagraítear i mír 3, tabharfaidh institiúid creidmheasa fógra don údarás inniúil náisiúnta freisin maidir lena cinneadh oscailt nó dúnadh cuntais íocaíochta shonraigh a dhiúltú. Foilseoidh na húdaráis inniúla sonraí comhiomlána maidir le diúltuithe agus dúnadh cuntas íocaíochta.**
4. Institiúid íocaíochta nó a gníomhairí nó a dáileoirí, nó iarratasóir ar cheadúnas mar institiúid íocaíochta a fhaigheann cinneadh diúltach ó institiúid creidmheasa maidir le rochtain nó cinneadh maidir le dúnadh ó sheirbhísí cuntas íocaíochta, féadfaidh siad achomharc a dhéanamh chuig údarás inniúil.
5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrath an fhormáid chomhchuibhithe agus an fhaisnéis atá le bheith san fhógra agus an spreagadh dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo **agus ina sonrath na forais oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha agus na cásanna ina mbeidh institiúid creidmheasa in ann oscailt cuntais íocaíochta a dhiúltú nó ina mbeidh sí in ann cuntas íocaíochta a dhúnadh d'institiúid íocaíochta, dá gníomhairí, nó dá dáileoirí nó d'iarratasóir ar cheadúnas mar institiúid íocaíochta. Leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin, forbrófar freisin na cuspóirí, na cumhachtaí agus na nósanna imeachta comhchuibhithe a bheidh le leanúint ag na húdaráis inniúla i leith achomhairc arna dtarchur chucu faoi mhír 4 den Airteagal seo.**

Cuirfidh ÚBE na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhómhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta= bliain amháin i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhómhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Caibidil 3

Seirbhísí faisnéise cuntas agus seirbhísí tionscanta íocaíochta

ROINN 1

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Airteagal 33

Cearta na n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta

1. Ní chuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta cosc ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta úsáid a bhaint as soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta chun seirbhísí tionscanta íocaíochta dá dtagraítear i bpointe (6) d'Iarscríbhinn I a fháil. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis na cuntais íocaíochta uile atá i seilbh an úsáideora seirbhísí íocaíochta agus a bhfuil rochtain orthu ar líne.
 - 1a. ***Déanfaidh íocaithe modh íocaíochta amháin ar a laghad a thairiscint d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta gan formhuirir nach mbraitheann ar sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta a úsáid.***
 2. Ní chuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta cosc ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta úsáid a bhaint as seirbhísí faisnéise cuntas dá dtagraítear i bpointe (7) d'Iarscríbhinn I. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis na cuntais íocaíochta uile atá i seilbh an úsáideora seirbhísí íocaíochta agus a bhfuil rochtain orthu ar líne.
 - 2a. ***Déanfaidh trádálaithe amhail creidiúnaithe agus oibreoirí árachais bealach a thairiscint d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta chun a gcuid sonraí a chomhroinnt nach mbraitheann ar sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas a úsáid.***
 - 2b. ***Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta tomhaltóirí ar an eolas ar bhealach soiléir agus sothuigte nuair a thíolactar tairiscint phearsantaithe dóibh atá bunaithe ar uathphróiseáil sonraí pearsanta.***

Airteagal 34

Gaolta conarthacha

1. Ní chuirfidh aon pháirtí soláthar seirbhísí faisnéise cuntas agus seirbhísí tionscanta íocaíochta aon choinníoll le gaol conarthach a bheith ann chuige sin idir soláthraithe seirbhísí den sórt sin agus soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas.

2. I gcás ina bhfuil socrú conarthach iltaobhach i bhfeidhm agus ina bhfuil na sonraí cuntas íocaíochta céanna mar a rialaítear faoin Rialachán seo ar fáil freisin faoi chuimsiú an tsocraithe chonarthaigh iltaobhaigh sin, beidh rochtain trí fhaisnéis cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta ar shonraí cuntas íocaíochta a rialaítear faoin Rialachán seo indéanta i gcónaí gan an gá bheith ina chuid de shocrú conarthach iltaobhach den sórt sin.

ROINN 2

COMHÉADAIN ROCHTANA SONRAÍ LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE CUNTAS AGUS SEIRBHÍSÍ TIONSCANTA ÍOCAÍOCHTA

Airteagal 35

Comhéadain thiomnaithe rochtana a sholáthar

1. Beidh comhéadan tiomnaithe amháin ar a laghad i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a thairgeann cuntas íocaíochta atá inrochtana ar líne d'íocóir chun sonraí a mhalartú le soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta.
2. Gan dochar d'Airteagail 38 agus 39, soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a thairgeann cuntas íocaíochta atá inrochtana ar líne d'íocóir agus a bhfuil comhéadan tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo curtha i bhfeidhm acu, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu freisin comhéadan eile a choimeád go buan mar chúltaca chun críche sonraí a mhalartú le soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta ***ach ceadóidh siad i gcónaí rochtain ar chomhéadain lena gceadaítear leanúnachas gnó do na soláthraithe sin.***
3. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas go n-úsáidfear lena gcomhéadain thiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 caighdeáin chumarsáide a eisiúnn eagraíochtaí Eorpacha nó idirnáisiúnta um chaighdeánú lena n-áirítear an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) nó an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO). Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas freisin go ndéanfar sonraíochtaí teicniúla aon cheann de na comhéadain thiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 a dhoiciméadú agus go sonrófar iontu sraith gnáthamh, prótacal agus uirlisí a theastaíonn ó sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas ionas go mbeidh a mbogearraí agus a bhfeidhmchláir ábalta idir-oibriú le córais an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an doiciméadacht maidir le sonraíochtaí teicniúla a gcomhéadan tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 ar fáil, saor in aisce agus gan mhoill, arna iarraidh sin do sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta údaraithe, do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas nó do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a bhfuil iarratas curtha faoi bhráid a n-údarás inniúil acu ar an údarú ábhartha agus cuirfidh siad achoimre ar an doiciméadacht sin ar fáil go poiblí ar a suíomh gréasáin.
4. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, cé is moite de chásanna éigeandála lena gcuirtear cosc orthu déanamh amhlaidh, go gcuirfear aon athrú ar

shonraíochtaí teicniúla a gcomhéadan tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta údaraithe, do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas, nó do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a bhfuil iarratas curtha faoi bhráid a n-údarás inniúil acu ar an údarú ábhartha, roimh ré, a luaithe is féidir agus nach lú ná **6 seachtaine** sula gcuirfear an t-athrú chun feidhme. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas cásanna éigeandála a dhoiciméadú i gcás inar cuireadh athruithe chun feidhme gan réamhfhaisnéis den sórt sin agus cuirfidh siad an doiciméadacht ar fáil d'údarás inniúla arna iarraidh sin dóibh.

5. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas staidreamh ráithiúil ar a suíomh gréasáin maidir le hinfhaighteacht agus feidhmíocht a gcomhéadan tiomnaithe. Déanfar feidhmíocht na gcomhéadan tiomnaithe a thomhas de réir líon na n-iarrataí rathúla ar fhaisnéis faoi chuntas os cionn líon iomlán na n-iarrataí ar fhaisnéis faoi chuntas, agus de réir líon agus mhéid idirbheart na n-iarrataí rathúla ar thionscnamh íocaíochta os cionn líon iomlán agus méid idirbheart de líon iomlán na n-iarrataí ar thionscnamh íocaíochta.
6. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas saoráid tástála ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht, lena nascadh leis na comhéadain thiomnaithe agus leis an tástáil fheidhmiúil chun go mbeidh soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta údaraithe agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas údaraithe, nó soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a bhfuil iarratas déanta acu ar an údarú ábhartha, ábalta a mbogearraí agus a bhfeidhmchláir a úsáidtear chun seirbhís íocaíochta a thairiscint d'úsáideoirí a thástáil. Ní chomhroinnfear aon sonra íocaíochta íogaire ná aon sonra pearsanta eile tríd an tsaoráid tástála.
7. I gcás teagmhas nó earráid gan choinne a tharlaíonn le linn phróiseas sainaitheanta, fíordheimhnithe, nó mhalartú na n-eilimintí sonraí tríd an gcomhéadan tiomnaithe, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas soláthar maidir le teachtaireachtaí fógra a thabhairt don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta nó don soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas ina míneofar an chúis leis an teagmhas nó leis an earráid gan choinne.

Airteagal 36

Ceanglais maidir le comhéadain thiomnaithe rochtana ar shonraí

1. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas go gcomhlíonfaidh an comhéadan tiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 35(1) na ceanglais slándála agus feidhmíochta seo a leanas:
 - (a) leis an gcomhéadan tiomnaithe déanfar seisiúin chumarsáide a bhunú agus a choinneáil ar bun idir an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas, an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta agus aon úsáideoir seirbhísí íocaíochta lena mbaineann le linn fhíordheimhniú an úsáideora seirbhísí íocaíochta;
 - (b) áiritheofar leis an gcomhéadan tiomnaithe sláine agus rúndacht na ndintiúr slándála pearsantaithe agus na gcód fíordheimhnithe arna dtarchur ag an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta nó ag an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó tríothu;

- (c) ní bheidh aga freagartha an chomhéadain thiomnaithe maidir le hiarrataí soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta ar rochtain níos faide ná aga freagartha an chomhéadain a chuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ar fáil dá úsáideoirí seirbhísí íocaíochta chun rochtain dhíreach a fháil ar a gcuntas íocaíochta ar líne.
2. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta cuntas, tríd an gcomhéadan tiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 35(1), go mbeidh soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta ábalta an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) iad féin a shainnaint don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas;
- (b) treoir a thabhairt don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas tús a chur leis an bhfíordheimhniú bunaithe ar chead an úsáideora seirbhíse íocaíochta arna thabhairt don soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó do na soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 49(2);
- (c) úsáid a bhaint, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, as aon díolúine fíordheimhnithe arna gcur i bhfeidhm ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas;
- (d) **ar a laghad** aitheantóir uathúil an chuntais, ainmneacha gaolmhara **nó aitheantóirí eile** an tsealbhóra cuntais agus na hairgeadraí **agus iarmhéid an chuntais** mar atá ar fáil don úsáideoir seirbhíse íocaíochta a fheiceáil sula dtionscnófar an íocaíocht.
3. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ar chumas soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas cumarsáid shlán a dhéanamh, tríd an gcomhéadan tiomnaithe, chun faisnéis a iarraidh agus a fháil maidir le cuntas íocaíochta ainmnithe amháin nó níos mó agus maidir le hidirbhearta íocaíochta gaolmhara.
4. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta cuntas go mbeidh soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta ábalta an méid seo a leanas, ar a laghad, a dhéanamh:
- (a) buanordú íocaíochta nó dochar díreach a dhéanamh agus a chúlghairm;
- (b) íocaíocht aonair a thionscnamh;
- (c) íocaíocht dar dáta amach anseo a thionscnamh agus a chúlghairm;
- (d) íocaíochtaí a thionscnamh le tairbhíthe iomadúla;
- (e) íocaíochtaí a thionscnamh, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an t-íocaí ar liosta thairbhíthe an íocóra;
- (f) cumarsáid shlán a dhéanamh maidir le hordú íocaíochta a dhéanamh ó chuntas íocaíochta an íocóra agus an fhaisnéis go léir maidir le tionscnamh an idirbhirt íocaíochta agus an fhaisnéis go léir a bhfuil rochtain ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas uirthi maidir le forghníomhú an idirbhirt íocaíochta a fháil;
- (g) ainm an tsealbhóra cuntais a fhíorú sula dtionscnófar an íocaíocht is cuma cé acu atá nó nach bhfuil ainm an tsealbhóra cuntais ar fáil tríd an gcomhéadan díreach;

(h) íocaíocht a thionscnamh le fíordheimhniú láidir custaiméara aonair, ar choinníoll gur sholáthair an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta gach ceann díobh seo a leanas don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas:

(i) aitheantóir uathúil an íocóra,

(ii) ainm dlíthiúil agus tráchtála agus ‘aitheantóir uathúil’ an íocaí,

(iii) tagairt d’idirbheart,

(iv) méid na híocaíochta agus airgeadra na híocaíochta, ar ar spreagadh an fíordheimhniú custaiméara láidir aonair.

(ha) i gcásanna ina dtairgfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas roghanna iomadúla fíordheimhniithe, an modh fíordheimhniithe atá le tiolacadh don íocóir a roghnú, agus an rogha is lú anásta don íocóir á cur san áireamh;

(hb) diúltú idirbheart íocaíochta a thionscnamh ar fhorais a bhfuil bonn cirt leo.

5. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas go soláthrófar leis an gcomhéadan tiomnaithe an méid seo a leanas do sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta:

(a) deimhniú láithreach, arna iarraidh sin, i bhformáid shimplí ‘is ea’ nó ‘ní hea’, i dtaobh an bhfuil an méid is gá chun idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú ar fáil ar chuntas íocaíochta an íocóra;

(b) an deimhniú ón soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ***a luaithe is féidir, agus tráth nach faide ná 30 soicind tar éis údarú an íocóra go ndearnadh*** an íocaíocht ***nó*** go ndéanfar í a fhorghníomhú ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, agus aon ordú íocaíochta atá ann cheana a d’fhéadfadh difear a dhéanamh d’fhorghníomhú iomlán an ordaithe íocaíochta atá á dhéanamh á gcur san áireamh.

Ní dhéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) a chomhroinnt leis an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta ach féadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas í a úsáid chun deimhniú a sholáthar maidir le forghníomhú na hoibríochta.

I gcás ina ndéanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas aon rialuithe a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmiú na híocaíochta, déanfar na rialuithe sin sula ndeimhneofar an íocaíocht.

Rochtain ar shonraí do thríú páirtithe

1. Gan dochar d'Airteagal 36, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta cuntas go gcuirfear ar fáil lena gcomhéadan tiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 35(1) an leibhéal céanna infhaighteachta agus feidhmíochta i gcónaí, lena n-áirítear tacaíocht theicniúil agus TF, agus a chuirfear ar fáil leis na comhéadain a chuireann soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ar fáil don úsáideoir seirbhísí íocaíochta chun rochtain dhíreach a fháil ar a chuntas íocaíochta ar líne.
 2. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas an fhaisnéis **ó** chuntais íocaíochta ainmnithe agus ó idirbhearta íocaíochta gaolmhara a chuirtear ar fáil don úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus rochtain á hiarraidh go díreach acu ar fhaisnéis faoi chuntas, ar choinníoll nach bhfuil sonraí íocaíochta íogaire san fhaisnéis sin.
 3. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas do sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta an fhaisnéis **is gá** maidir le tionscnamh agus forghníomhú an idirbhirt íocaíochta nó a chuirtear ar fáil dó nuair is é an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta a thionscnaíonn an t-idirbheart go díreach. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil díreach tar éis an t-ordú íocaíochta a fháil agus déanfar **aon nuashonrú ar an bhfaisnéis sin, lena n-áirítear an stádas íocaíochta, a bhrú chuig an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta tríd an gcomhéadan tiomnaithe i bhfíor-am** ar bhonn leanúnach go **dtí go bhforghníomhófar** an íocaíocht **nó go dtí go ndiúltófar di**.
- 3a. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, forbróidh ÚBE, agus é ag dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo le haghaidh seirbhísí tionscanta íocaíochta agus seirbhísí faisnéise cuntas.**

Bearta teagmhasacha le haghaidh comhéadan tiomnaithe nach bhfuil ar fáil

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas gach beart is féidir leo chun neamh-infhaighteacht **agus tearcfheidhmíocht** an chomhéadain tiomnaithe a chosc. Glacfar leis go mbeidh infhaighteacht i gceist nuair nach bhfaighfear aon fhreagra ó chomhéadan tiomnaithe an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas laistigh de 30 soicind cúig iarraidh i ndiaidh a chéile ar rochtain ar fhaisnéis chun seirbhísí tionscanta íocaíochta nó seirbhísí faisnéise cuntas a sholáthar.
2. I gcás nach mbeidh an comhéadan tiomnaithe ar fáil, cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas soláthraithe seirbhísí íocaíochta a úsáideann an comhéadan tiomnaithe ar an eolas faoi na bearta a glacadh chun an comhéadan a athbhunú agus faoin am a mheastar is gá chun an fhadhb a réiteach. Le linn thréimhse na hinfaighteachta, tairgfídh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas réiteach malartach éifeachtach

do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus tionscanta íocaíochta gan moill *mhíchúí*, mar atá úsáid an chomhéadain a úsáideann an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas le haghaidh fíordheimhnithe agus cumarsáid a dhéanamh lena úsáideoirí, chun rochtain a fháil ar shonraí cuntas íocaíochta.

3. I gcás nach mbeidh an comhéadan tiomnaithe ar fáil agus nár thairg an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas réiteach malartach tapa agus éifeachtach dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta nó soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas a iarraidh ar a n-údarás inniúil, agus an fhaisnéis agus an fhianaise ar fad is gá á soláthar acu, cead a thabhairt dóibh úsáid a bhaint as an gcomhéadan a úsáideann an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas le haghaidh fíordheimhnithe agus cumarsáid a dhéanamh lena úsáideoirí chun rochtain a fháil ar shonraí cuntas íocaíochta.
4. Bunaithe ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh an t-údarás inniúil, ar feadh tréimhse theoranta ama go dtí go mbeidh an comhéadan tiomnaithe ar fáil arís, údarú a thabhairt do gach soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta agus gach soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas rochtain a fháil ar shonraí cuntas íocaíochta trí chomhéadan a úsáideann an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas le haghaidh fíordheimhnithe agus cumarsáid a dhéanamh lena úsáideoirí. Cuirfidh an t-údarás inniúil a chinneadh in iúl don soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas iarrthach nó don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta iarrthach agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí é ar a shuíomh gréasáin. Ordóidh an t-údarás inniúil don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas feidhmiú iomlán an chomhéadain thiomnaithe a athbhunú sula rachaidh an t-údarú sealadach in éag.
5. Déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh gan moill mhíchúí maidir le haon iarraidh a thabharfar isteach faoi mhír 3. Fad is nach mbeidh cinneadh déanta ag an údarás inniúil maidir leis an iarraidh, féadfaidh an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta iarrthach nó an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas iarrthach rochtain eisceachtúil a fháil ar shonraí cuntas íocaíochta trí chomhéadan a úsáideann an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas le haghaidh fíordheimhnithe agus cumarsáid a dhéanamh lena úsáideoirí. Scoirfidh an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta iarrthach nó an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas iarrthach de bheith ag déanamh amhlaidh nuair a bheidh an comhéadan tiomnaithe ar fáil arís, nó nuair a ghlacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh gan an úsáid sin a údarú, cibé acu is túisce.
6. I gcásanna ina bhfuil sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas cead a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas nó do sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta rochtain a fháil ar an gcomhéadan a úsáideann soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas le haghaidh fíordheimhnithe agus cumarsáid lena n-úsáideoirí, cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas aon sonraíocht teicniúil a theastaíonn ó sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas nó ó sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta ar fáil láithreach chun nasc leormhaith a dhéanamh leis an gcomhéadan a úsáideann an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas le haghaidh fíordheimhnithe agus cumarsáid lena úsáideoirí.
7. Agus rochtain á fáil acu ar an gcomhéadan a úsáideann an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas le haghaidh fíordheimhnithe agus cumarsáid a dhéanamh lena úsáideoirí, comhlíonfaidh na soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas nó na soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagal 45(2). Go sonrath, sainaitheoidh na soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas nó na soláthraithe seirbhísí

tionscanta íocaíochta iad féin go cuí i gcónaí don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas.

Airteagal 39

Maolú ar chomhéadan tiomnaithe a bheith ann le haghaidh rochtain ar shonraí

1. De mhaolú ar Airteagal 35(1), arna iarraidh sin do sholáthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, féadfaidh an t-údarás inniúil an soláthraí seirbhísí íocaíochta iarrthach a dhíolmhú ón oibleagáid comhéadan tiomnaithe a bheith i bhfeidhm agus cead a thabhairt don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ceann de na comhéadain a úsáideann an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas le haghaidh fiordheimhnithe agus cumarsáid a dhéanamh lena úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a thairiscint mar chomhéadan le haghaidh malartú slán sonraí nó, i gcás ina bhfuil údar leis, gan aon chomhéadan a thairiscint ar chor ar bith le haghaidh malartú slán sonraí.
2. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrú na critéir ar ar a mbonn a fhéadfar, i gcomhréir le mír 1, soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a dhíolmhú ón oibleagáid comhéadan tiomnaithe a bheith i bhfeidhm agus cead a bheith acu an comhéadan a chuireann sé ar fáil dá úsáideoir íocaíochta chun rochtain a fháil ar a chuntais íocaíochta ar líne, mar chomhéadan le haghaidh malartú slán sonraí le soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta, nó, i gcás inarb iomchuí, gan aon chomhéadan a bheith aige ar chor ar bith le haghaidh malartú slán sonraí.

Cuirfidh ÚBE na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta= bliain amháin i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

ROINN 3

CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ ÍOCAÍOCHTA IS RIARTHÓIR CUNTAS

Airteagal 40

Oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas maidir le seirbhísí tionscanta íocaíochta

Déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas na bearta seo a leanas lena áirithiú go mbeidh sé de cheart ag an íocóir an tseirbhís tionscanta íocaíochta a úsáid:

- (a) cumarsáid shlán a dhéanamh le soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta;
- (b) díreach tar éis dó an t-ordú íocaíochta a fháil ó sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, déanfaidh sé an fhaisnéis go léir ar thionscnamh an idirbhirt íocaíochta a sholáthar nó a chur ar fáil don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, mar aon leis an bhfaisnéis go léir a bhfuil rochtain uirthi ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas maidir le forghníomhú an idirbhirt íocaíochta;
- (c) déileálfaidh sé le horduithe íocaíochta arna dtarchur trí sheirbhísí soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta amhail is dá mba orduithe íocaíochta iad na horduithe íocaíochta sin arna dtarchur go díreach ag an íocóir nó ag an íocaí, go háirithe maidir le huainiú, tosaíocht nó muirir.

Chun críocha phointe (b), i gcás nach mbeidh an fhaisnéis ar fad dá dtagraítear sa phointe sin nó cuid di ar fáil díreach i ndiaidh an t-ordú íocaíochta a fháil, áiritheoidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas go gcuirfear aon fhaisnéis, **lena n-áirítear aon nuashonrú ar stádas íocaíochta**, maidir le forghníomhú an ordaithe íocaíochta ar fáil don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta díreach i ndiaidh an fhaisnéis sin a bheith ar fáil don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas.

Airteagal 41

Oibleagáidí soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas maidir le seirbhísí faisnéise cuntas

1. Déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas na bearta seo a leanas lena áirithiú go mbeidh sé de cheart ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta an tseirbhís faisnéise cuntas a úsáid:
 - (a) cumarsáid shlán a dhéanamh leis an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas;
 - (b) déileálfaidh sé le hiarrataí ar shonraí arna dtarchur trí sheirbhísí soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas amhail is dá n-iarrfadh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta na sonraí tríd an gcomhéadan a chuireann an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ar fáil dá úsáideoirí seirbhísí íocaíochta chun rochtain dhíreach a fháil ar a gcuntas íocaíochta.
2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ar chumas do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas rochtain a fháil ar fhaisnéis ó chuntais íocaíochta ainmnithe agus idirbhearta íocaíochta gaolmhara arna sealbhú ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas chun críocha an tseirbhís faisnéise cuntas a fheidhmiú is cuma an bhfuil nó nach bhfuil an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta ag iarraidh na faisnéise sin go gníomhach.

Srian le rochtain ar chuntais íocaíochta ag soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta

1. Féadfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas rochtain ar chuntas íocaíochta a dhiúltú do sholáthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó do sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta ar chúiseanna a mbeidh údar oibiachtúil leo agus a mbeidh fianaise chuí ag gabháil leo. Bainfidh na cúiseanna sin le rochtain neamhúdaraithe, de réir Airteagal 49(3), nó le rochtain chalaíseach ar an gcuntas íocaíochta ag an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas sin nó ag an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta sin, lena n-áirítear tionscnamh neamhúdaraithe nó calaíseach maidir le hidirbheart íocaíochta. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar an eolas go bhfuil rochtain ar an gcuntas íocaíochta diúltaithe agus soláthróidh sé na cúiseanna atá leis sin. Soláthrófar an fhaisnéis sin, i gcás inar féidir, don úsáideoir seirbhísí íocaíochta sula ndiúltófar rochtain agus ar a dhéanaí díreach ina dhiaidh sin, mura rud é go mbeadh soláthar na faisnéise sin ag teacht salach ar chúiseanna slándála a bhfuil bonn cirt oibiachtúil leo nó go dtoirmisctear an fhaisnéis sin a sholáthar faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais nó faoi dhlí ábhartha náisiúnta eile.
2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an teagmhas a bhaineann leis an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó leis an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta a thuairisciú láithreach don údarás inniúil. Áireofar leis an bhfaisnéis sonraí ábhartha an cháis agus na cúiseanna le beart a dhéanamh. Déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an gcás agus, más gá, déanfaidh sé bearta iomchuí.

Bainistíocht rochtana sonraí ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta

1. Soláthróidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas deais don úsáideoir seirbhísí íocaíochta, a chomhtháthófar ina chomhéadan úsáideora, chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar na ceadanna arna dtabhairt ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta chun críche seirbhísí faisnéise cuntas nó seirbhísí tionscanta íocaíochta lena gcumhdaítear íocaíochtaí iomadúla nó athfhillteacha.
2. Leis an deais, déanfar an méid seo a leanas:
 - (a) soláthrófar don úsáideoir seirbhísí íocaíochta, ***a mhéid atá an fhaisnéis i seilbh an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas***, forléargas ar gach cead atá fós ar siúl arna thabhairt chun críocha seirbhísí faisnéise cuntas nó seirbhísí tionscanta íocaíochta, lena n-áirítear:
 - (i) ainm an tsoláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó an tsoláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta dár deonaíodh rochtain;
 - (ii) cuntas an chustaiméara dár deonaíodh rochtain;

- (iii) cuspóir an cheada;
- (iv) tréimhse bailíochta an cheada;
- (v) na catagóirí sonraí atá á gcomhroinnt;

(va) na dátaí ar a bhfuarthas rochtain ar shonraí.

- (b) cead a thabhairt don úsáideoir seirbhísí íocaíochta rochtain sonraí a tharraingt siar ***do sheirbhísí faisnéise cuntas uile nó do sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta uile nó*** le haghaidh seirbhís faisnéise cuntas ar leith nó soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta ar leith;

■

- (ca) ***cead a thabhairt d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta diúltú do chomhroinnt sonraí le tríú páirtithe ar bhealach ginearálta do gach iarraidh ar chead rochtana sonraí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;***

- (d) taifead de cheadanna rochtana sonraí a tarraingíodh siar nó atá imithe in éag, ar feadh tréimhse 2 bhliain, a chur san áireamh;

- (da) ***beidh sí comhsheasmhach le deaiseanna FIDA agus ceadóidh sí do shealbhóirí sonraí na ceadanna sonraí a eascraíonn as an Rialachán sin agus as an Rialachán seo araon a bhainistiú trí dheais aonair arna iarraidh sin don úsáideoir.***

2a. ***Forbróidh ÚBE treirlínte lena sonrúfar na catagóirí sonraí dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), chun go mbeadh na sonraí intuigthe do thomhaltóirí.***

2b. ***I gcás ina gcinntídh úsáideoir seirbhísí íocaíochta, de bhun mhír 2, pointe (b), rochtain ar shonraí a tharraingt siar, déanfaidh an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta lena mbaineann an méid seo a leanas:***

(a) gan na sonraí a úsáid a thuilleadh;

(b) na sonraí a tharraingt siar; agus

(c) na sonraí go léir a fuarthas mar thoradh ar an gcead rochtana sonraí a dheonaigh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta a léirscriosadh gan moill mhíchuí.

3. Áiritheoidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas go mbeidh sé éasca teacht ar an deais ina chomhéadan úsáideora agus go mbeidh an fhaisnéis a thaispeánfar ar an deais soiléir, cruinn agus sothuigthe don úsáideoir seirbhísí íocaíochta.

4. Comhoibreoidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta dár deonaíodh cead chun faisnéis a chur ar fáil don úsáideoir seirbhísí íocaíochta tríd an deais i bhfíor-am. Chun críocha mhír 2 ■:

- (a) Cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta ar an eolas i bhfíor-am faoi athruithe arna ndéanamh ar chead a bhaineann leis an soláthraí sin arna dhéanamh ag úsáideoir seirbhísí íocaíochta tríd an deais;
- (b) Cuirfidh soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ar an eolas i bhfíor-am faoi chead nua arna dheonú ag úsáideoir seirbhísí íocaíochta maidir le cuntas íocaíochta arna sholáthar ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas sin, lena n-áirítear:
 - (i) cuspóir an cheada arna dheonú ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta, **ar bhealach soiléir agus sothuigthe don úsáideoir**;
 - (ii) tréimhse bailíochta an cheada;
 - (iii) na catagóirí sonraí lena mbaineann.

Airteagal 44

Bacainní toirmisce ar rochtain ar shonraí

1. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas nach gcruthófar lena geomhéadan tiomnaithe bacainní ar sholáthar seirbhísí tionscanta íocaíochta agus faisnéise cuntas **agus go gcumasófar eispéireas simplí agus gan uaim do thomhaltóirí**.

Áireofar ar na bacainní toirmisce na nithe seo a leanas, **ach gan a bheith teoranta dóibh**:

- (a) cosc a chur ar sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta nó soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas úsáid a bhaint as na dintiúir **shlándála phearsantaithe** arna n-eisiúint ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas chuig a n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta;
- (b) a cheangal ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a n-aitheantóir uathúil a ionchur de láimh i bhfearann an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ionas go mbeidh siad ábalta seirbhísí faisnéise cuntas nó seirbhísí tionscanta íocaíochta a úsáid;
- (c) a cheangal go ndéanfar seiceálacha breise ar an gcead arna thabhairt ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta do sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta nó do sholáthraí seirbhísí faisnéise cuntas;
- (d) clárúcháin bhreise a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus ar sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas chun go mbeidh siad ábalta rochtain a fháil ar chuntas íocaíochta an úsáideora seirbhísí íocaíochta nó ar an geomhéadan tiomnaithe;
- (e) a cheangal, mura rud é go bhfuil sé fíor-riachtanach chun malartú faisnéise a éascú idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus soláthraithe seirbhísí faisnéise íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas a bhaineann, go

háirithe, leis an deais dá dtagraítear in Airteagal 43 a thabhairt cothrom le dáta, go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí faisnéise íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas a sonraí teagmhála a réamhchlárú leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas;

- (f) srian a chur leis an bhféidearthacht d'úsáideoir seirbhísí íocaíochta íocaíochtaí a thionscnamh trí sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta ach amháin chuig na híocaithe sin atá ar liosta thairbhíthe an íocóra;
- (g) srian a chur le tionscnaimh íocaíochta chuig aitheantóirí uathúla intíre nó ó aitheantóirí uathúla intíre amháin;
- (h) a cheangal go gcuirfear fíordheimhniú láidir custaiméara i bhfeidhm níos mó uaireanta i gcomparáid leis an bhfíordheimhniú láidir custaiméara arna cheangal ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas nuair a bheidh rochtain dhíreach ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta ar a chuntas íocaíochta nó nuair a bheidh íocaíocht á tionscnamh aige leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas;
- (i) comhéadan tiomnaithe a sholáthar nach dtacaíonn leis na nósanna imeachta fíordheimhnithe uile arna gcur ar fáil ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas dá úsáideoir seirbhísí íocaíochta;
- (j) turas faisnéise cuntas nó turas tionscanta íocaíochta a fhorchur, i gcur chuige 'atreoraithe' nó 'díchúpláilte' chun an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta **a fhíordheimhniú chomh maith le** céimeanna breise nó gníomhaíochtaí riachtanacha **a fhorchur** leis an turas úsáideora i gcomparáid leis an nós imeachta fíordheimhnithe coibhéseach a thairgtear d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta nuair a bhíonn rochtain dhíreach acu ar a gcuntais íocaíochta nó nuair a thionscnaíonn siad íocaíocht leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas;
- (k) a fhorchur go ndéanfar an t-úsáideoir a atreorú go huathoibríoch, ag céim an fhíordheimhnithe, chuig seoladh leathanach gréasáin an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas nuair is é sin an t-aon mhodh chun fíordheimhniú a dhéanamh maidir leis an úsáideoir seirbhísí íocaíochta a fhaigheann tacaíocht ó sholáthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas;
- (l) dhá fhíordheimhniú láidre custaiméara a cheangal i dturas seirbhíse tionscanta íocaíochta amháin i gcás ina dtarchuireann an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta chuig an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an fhaisnéis go léir is gá chun an íocaíocht a thionscnamh, eadhon fíordheimhniú láidir custaiméara amháin le haghaidh an dearbhaithe is ea/ní hea agus an dara fíordheimhniú láidir custaiméara do thionscnamh na híocaíochta.

1a. Ní bheidh bearta agus ionstraimí a úsáideann soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas mar fhreagairt ar chialais amhrasta nó chun Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh ina mbacainní toirmisce.

2. Maidir le gníomhaíochtaí na seirbhísí tionscanta íocaíochta agus na seirbhísí faisnéise cuntas, ní sonraí íocaíochta íogaire iad ainm ná uimhir chuntais **ná aon aitheantóir uathúil eile** úinéir an chuntais.

ROINN 4

CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE CUNTAS AGUS SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ TIONSCANTA ÍOCAÍOCHTA

Airteagal 45

Úsáid soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta as an gcomhéadan custaiméirí

1. Gheobhaidh soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta rochtain ar shonraí cuntas íocaíochta go heisiach tríd an gcomhéadan tiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 35, cé is moite de na himthosca a chumhdaítear le hAirteagal 38(4) agus (5) agus Airteagal 39.
2. I gcás ina bhfaighidh soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta rochtain ar shonraí cuntas íocaíochta trí chomhéadan a chuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ar fáil dá úsáideoirí seirbhísí íocaíochta chun rochtain dhíreach a fháil ar a gcuntas íocaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 38(4) agus (5), nó i gcás gurb é sin an t-aon chomhéadan a mbeidh rochtain air i gcomhréir le hAirteagal 39, déanfaidh an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta an méid seo a leanas i gcónaí:
 - (a) é féin a shainnithint don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas;
 - (b) brath ar na nósanna imeachta fíordheimhnithe a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas don úsáideoir seirbhísí íocaíochta;
 - (c) déanfaidh sé na bearta is gá lena áirithiú nach bpróiseálfaidh siad sonraí (lena n-áirítear rochtain agus stóráil sonraí) chun críocha seachas an tseirbhís a sholáthar arna hiarraidh ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta;
 - (d) na sonraí ar a bhfaightear rochtain tríd an gcomhéadan atá á fheidhmiú ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas dá úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a logáil, agus na logchomhaid a sholáthar don údarás inniúil, arna iarraidh sin dó agus gan moill mhíchuí. Scríosfar na logaí 3 bliana i ndiaidh a gcruthaithe. Féadfar logaí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse choinneála sin má tá gá leo ar mhaithe le nósanna imeachta faireacháin atá ar siúl cheana, ***ach ní fhéadfar iad a choinneáil ach ar feadh na tréimhse a bhfuil fíorghá leis chun na nósanna imeachta sin a chur i gcrích.***

■ *Airteagal 46*

Oibleagáidí sonracha na soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta an méid seo a leanas:

- (a) an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis arna hiarradh ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta a sholáthar do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir agus an t-idirbheart íocaíochta á thionscnamh go díreach;
- (b) ní sholáthróidh siad seirbhísí ach amháin i gcás ina mbeidh siad bunaithe ar chead ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 49;
- (c) ní shealbhóidh siad ag aon tráth cistí an íocóra i ndáil le soláthar na seirbhíse tionscanta íocaíochta;
- (d) áiríteoidh siad nach mbeidh rochtain ag páirtithe eile, **lena n-áirítear an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta féin**, ar dhintíúir shlándála phearsantaithe an úsáideora seirbhísí íocaíochta, cé is moite den íocóir agus d'eisitheoir na ndintíúir slándála pearsantaithe, agus gur trí bhealaí slána éifeachtúla a dhéanfaidh an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta iad a tharchur;
- (e) áiríteoidh siad nach soláthrófar ach don íocaí amháin aon fhaisnéis eile faoin úsáideoir seirbhísí íocaíochta a gheofar agus seirbhísí tionscanta íocaíochta á soláthar agus nach soláthrófar an fhaisnéis sin gan chead ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta;
- (f) gach uair a thionscnófar íocaíocht, cuirfidh siad iad féin in aithne don soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus déanfaidh siad cumarsáid leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, leis an íocóir agus leis an íocaí ar bhealach slán.

2. Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta an méid seo a leanas:

- (a) sonraí íocaíochta íogaire de chuid an úsáideora seirbhísí íocaíochta a stóráil, a rochtain agus a úsáid;
- (b) ní iarrfaidh siad aon sonra ar an úsáideoir seirbhísí íocaíochta seachas na sonraí is gá chun an tseirbhís tionscanta íocaíochta a sholáthar;
- (c) déanfaidh siad aon sonra pearsanta nó neamhphearsanta a phróiseáil (lena n-áirítear úsáid, rochtain nó stóráil sonraí) chun críocha seachas an tseirbhís tionscanta íocaíochta a sholáthar arna ceadú ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta;
- (d) ní leasóidh siad méid an idirbhirt, an t-íocaí ná aon ghné eile den idirbheart.

Airteagal 47

Oibleagáidí sonracha soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus forálacha eile a bhaineann leo

1. Déanfaidh an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas an méid seo a leanas:

- (a) ní sholáthróidh sé seirbhísí ach amháin i gcás ina mbeidh siad bunaithe ar chead ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 49;
- (b) áiríteoidh sé nach mbeidh rochtain ag páirtithe eile, **lena n-áirítear an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas é féin**, cé is moite den úsáideoir agus d'eisitheoir na ndintíúir slándála pearsantaithe, ar dhintíúir shlándála phearsantaithe an úsáideora

seirbhísí íocaíochta, agus nuair a tharchuirfidh an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas na dintiúir sin, go ndéanfar an tarchur sin trí bhealaí slána éifeachtúla;

- (c) maidir le gach seisiún cumarsáide, cuirfidh sé é féin in aithne do sholáthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an úsáideora seirbhísí íocaíochta agus déanfaidh sé cumarsáid shlán leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas agus leis an úsáideoir seirbhísí íocaíochta;
- (d) ní dhéanfaidh sé ach an fhaisnéis ó chuntais íocaíochta ainmnithe agus ó idirbhearta íocaíochta gaolmhara a rochtain;
- (e) beidh sásraí oiriúnacha agus éifeachtacha i bhfeidhm acu lena gcuirfear cosc ar rochtain ar fhaisnéis seachas ó chuntais íocaíochta ainmnithe agus ó idirbhearta íocaíochta gaolmhara, i gcomhréir le cead ón úsáideoir seirbhísí íocaíochta.

2. Ní dhéanfaidh an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas an méid seo a leanas:

- (a) ní iarrfaidh sé sonraí íocaíochta íogaire atá nasctha leis na cuntais íocaíochta;
- (b) ní déanfaidh sé aon sonraí a úsáid, a rochtain nó a stóráil chun críocha seachas an tseirbhís tionscanta íocaíochta a sholáthar arna ceadú ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

3. Ní bheidh feidhm ag na hAirteagail seo a leanas maidir le soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas: Airteagail 4 go 8, Airteagail 10, 11 agus 12, Airteagail 14 go 19, Airteagail 21 go 29, Airteagail 50 agus 51, Airteagail 53 go 79, agus Airteagail 83 agus 84.

ROINN 5

CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 48

Ról na n-údarás inniúil

1. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, d'acht is d'áirithe, a n-oibleagáidí i ndáil leis an gcomhéadan tiomnaithe dá dtagraítear in Airteagal 35(1) agus go ndéanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas ábhartha aon bhacainn choiscthe arna sainaitheint a liostaítear in Airteagal 44 a bhaint láithreach. I gcás ina sainaitheofar nach gcomhlíonann na comhéadain tiomnaithe an Rialachán seo nó ina sainaitheofar bacainní, lena n-áirítear ar bhonn faisnéise arna tarchur ag seirbhísí tionscanta íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta forfheidhmiúcháin is gá ***agus is leormhaith***, gan mhoill ***mhíchuí***, agus gearrfaidh siad aon smachtbhanna iomchuí ***agus comhréireach*** nó, i gcás inarb iomchuí ***agus ina bhfuil údar cuí leis***, tabharfaidh siad cearta rochtana i gcomhréir le hAirteagal 38(4).
2. Déanfaidh na húdaráis inniúla gach beart forfheidhmiúcháin is gá gan mhoill i gcás inar gá sin chun cearta rochtana na soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus na soláthraithe

seirbhísí faisnéise cuntas a chaomhnú. Féadfar smachtbhannaí iomchuí a áireamh i ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.

3. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas a n-oibleagáidí i ndáil le húsáid comhéadan rochtana sonraí i gcónaí.
4. Beidh na hacmhainní is gá ag na húdaráis inniúla, go háirithe i dtéarmaí baill foirne tiomnaithe, ionas go gcomhlíonfaidh siad a gcúraimí i gcónaí.
5. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla le húdaráis mhaoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679 i gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist.
6. Tionólfaidh na húdaráis inniúla, ar a dtionscnamh féin, cruinnithe comhpháirteacha rialta le soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus déanfaidh siad a ndícheall a áirithiú go ndéanfar fadhbanna féideartha a thioctadh as úsáid comhéadan malartaithe sonraí agus idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus as rochtain orthu a réiteach go tapa agus go buan.
7. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas sonraí d'údaráis inniúla maidir le rochtain ag soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta ar chuntais íocaíochta a riarann siad. Féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, a iarraidh ar sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus ar sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta aon sonra ábhartha maidir lena gcuid oibríochtaí a sholáthar. I gcomhréir lena chumhachtaí de bhun Airteagal 29, pointe (b), Airteagal 31 agus Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, comhordóidh ÚBE an ghníomhaíocht faireacháin sin arna déanamh ag na húdaráis inniúla, rud a seachnóidh dubailt tuairiscithe sonraí. Tuairisceoidh ÚBE don Choimisiún gach dhá bhliain maidir le méid agus feidhmiú na margaí le haghaidh seirbhísí faisnéise cuntas agus seirbhísí tionscanta íocaíochta san Aontas. Féadfar moltaí a bheith sna tuarascálacha tréimhsiúla sin, i gcás inarb iomchuí.
8. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonrú na sonraí a sholáthrófar d'údaráis inniúla de bhun mhír 7 chomh maith leis an modheolaíocht agus an tréimhsiúlacht a chuirfear i bhfeidhm maidir le soláthar sonraí den sórt sin.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta= 18 mí i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

CAIBIDIL 4

Idirbhearta íocaíochta a údarú

Airteagal 49

Údarú

1. Ní údarófar idirbheart íocaíochta nó sraith idirbheart íocaíochta ach amháin má tá cead tugtha ag an íocóir chun an t-idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú. Féadfaidh an t-íocóir idirbheart íocaíochta a údarú roimh fhorghníomhú an idirbhirt íocaíochta, nó, má chomhaontaíonn an t-íocóir agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas é sin, tar éis fhorghníomhú an idirbhirt íocaíochta.
2. Ní údarófar rochtain ar chuntas íocaíochta chun críche seirbhísí faisnéise cuntas nó seirbhísí tionscanta íocaíochta ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta ach má thugann an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta don soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó, faoi seach, don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, chun rochtain a fháil ar an gcuntas íocaíochta agus ar na sonraí ábhartha sa chuntas sin.
3. In éagmais ceada, measfar go mbeidh idirbheart íocaíochta nó rochtain ar chuntas íocaíochta ag soláthraí seirbhísí faisnéise cuntais nó ag soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta neamhúdaraithé.
4. Ní fhíoróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an cead arna thabhairt ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta don soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas nó don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta.
5. An cead dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, déanfar é a shloinneadh san fhoirm a chomhaontóidh an t-íocóir agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta ábhartha. Féadfar cead maidir le hidirbheart íocaíochta a fhorghníomhú a léiriú freisin tríd an íocaí nó tríd an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta.
6. An nós imeachta maidir le cead a thabhairt, déanfar é a chomhaontú idir an t-íocóir agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta ábhartha.
7. Féadfaidh **an** t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta, **aon tráth**, cead chun idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú nó chun rochtain a fháil ar chuntas íocaíochta chun críche seirbhísí tionscanta íocaíochta nó seirbhísí faisnéise cuntas, féadfaidh sé an cead sin a tharraingt siar **█**. Féadfaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta cead chun sraith idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú a tharraingt siar freisin, agus sa chás sin measfar go mbeidh aon idirbheart íocaíochta ina dhiaidh sin neamhúdaraithé.

Airteagal 50

Neamhréireachtaí idir ainm agus aitheantóir uathúil íocaí i gcás aistrithe creidmheasa

1. I gcás aistrithe creidmheasa, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí, saor in aisce, arna iarraidh sin do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, a fhíorú an bhfuil nó nach bhfuil an t-aitheantóir uathúil ag teacht le hainm an íocaí a sholáthair an t-íocóir, agus cuirfidh sé toradh an fhíoraithe sin in iúl do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra. I gcás nach bhfuil an t-aitheantóir uathúil ag teacht le hainm an íocaí, tabharfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra fógra don íocóir faoi aon neamhréireacht den sórt sin a braitheadh agus cuirfidh sé méid na neamhréireachta sin in iúl don íocóir.
2. Soláthróidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta an tseirbhís dá dtagraítear i mír 1 díreach i ndiaidh don íocóir an t-aitheantóir uathúil agus ainm an íocaí a sholáthar dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta, agus sula dtabharfar an deis don íocóir an t-aistriú creidmheasa a údarú.
3. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a áirithiú nach gcuirfear cosc ar íocóirí, i gcás brath agus fógra neamhréireachta amhail dá dtagraítear i mír 1, an t-aistriú creidmheasa lena mbaineann a údarú. Má údaraíonn an t-íocóir, i ndiaidh dó nó di fógra a fháil faoi neamhréireacht a braitheadh, an t-aistriú creidmheasa agus má dhéantar an t-idirbheart a fhorghníomhú i gcomhréir leis an aitheantóir uathúil arna thabhairt ag an íocóir, measfar gur fhorghníomhaíodh an t-idirbheart sin i gceart.
4. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta go mbeidh sé de cheart ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a roghnú gan an tseirbhís dá dtagraítear i mír 1 a thairiscint dóibh agus cuirfidh siad a n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ar an eolas maidir leis na modhanna chun ceart rogha an diúltaithe den sórt sin a chur in iúl. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta go mbeidh sé de cheart ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a roghnú an tseirbhís sin a ghlacadh, cé gur roghnaigh siad ar dtús gan an tseirbhís dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh.
5. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ar an eolas gurb é an toradh a d'fhéadfadh bheith ar idirbheart a údarú d'ainneoin neamhréire a braitheadh agus a fógraíodh nó ar dhiúltú don tseirbhís dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh, go ndéanfaí na cistí a aistriú chuig cuntas íocaíochta nach bhfuil i seilbh an íocaí arna shonrú ag an íocóir. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis sin san am céanna leis an bhfógra maidir le neamhréireachtaí nó nuair a roghnaíonn an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta gan an tseirbhís dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh.
6. Soláthrófar an tseirbhís dá dtagraítear i mír 1 maidir le horduithe íocaíochta a dhéantar trí bhealaí tionscanta ríomh-íocaíochta agus trí orduithe íocaíochta neamh-leictreonacha a bhaineann le hidirghníomhaíocht fíor-ama idir an t-íocóir agus soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra.
7. Ní bheidh gá leis an tseirbhís mheaitseála dá dtagraítear i mír 1 i gcás nach ndearna an t-íocóir féin an t-aitheantóir uathúil agus ainm an íocaí a ionchur.
8. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le haistrithe creidmheasa meandracha arna n-ainmniú in euro a thagann faoi raon feidhme Rialachán XXX (IPR).

Airteagal 50a

Aghaidh a thabhairt ar neamhidirdhealú suíomhbhunaithe i leith aitheantóirí cuntais íocaíochta

1. ***I gcás ina ndéanfaidh íocóir aistriú creidmheasa chuig íocaí ag a bhfuil cuntas íocaíochta atá lonnaithe laistigh den Aontas, ní bheidh sé de cheangal ar an íocóir an Ballstát ina bhfuil an cuntas sin lonnaithe a shonrú, ar choinníoll go mbeidh an cuntas íocaíochta inrochtana.***

2. ***I gcás ina nglacfaidh íocaí le haistriú creidmheasa nó ina n-úsáidfidh sé dochar díreach chun cistí a bhailiú ó íocóir ag a bhfuil cuntas íocaíochta atá lonnaithe laistigh den Aontas, ní bheidh sé de cheangal ar an íocaí an Ballstát ina bhfuil an cuntas sin lonnaithe a shonrú, ar choinnioll go mbeidh an cuntas íocaíochta inrochtana.***

Airteagal 51

Teorainneacha le húsáid na hionstraimí íocaíochta agus bac ar í a úsáid

1. I gcás ina n-úsáidfeair ionstraim íocaíochta shonrach chun críocha cead a thabhairt, tabharfaidh an t-íocóir agus soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra ***deis don úsáideoir seirbhísí íocaíochta teorainneacha caiteachais cothroma agus comhréireacha a leagan síos*** i leith idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhaítear tríd an ionstraim íocaíochta sin. Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta ***athrú*** aontaobhach ar na teorainneacha caiteachais a comhaontaíodh lena n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta. ***Socrófar an teorainn chaiteachais, mar réamhshocrú, ag liebhéal íseal agus sonrú sa chonradh idir an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus an t-íocóir í.***
2. ***Déanfaidh an*** soláthraí seirbhísí íocaíochta an ionstraim íocaíochta a bhlocáil ***i gcás ina bhfuil rioscaí*** a bhfuil údar oibiachtúil leo i dtaca le slándáil na hionstraimí airgeadais, ina bhfuil amhras ann faoi úsáid neamhúdraithe nó úsáid chalaíseach a bheith á baint as an ionstraim íocaíochta nó, i gcás ionstraim íocaíochta a ngabhann líne chreidmheasa léi, ina bhfuil riosca i bhfad níos mó go bhféadfadh sé nach mbeidh an t-íocóir in ann an dliteanas íoca atá air a chomhlíonadh. ***I gcás nach ndéanfar an ionstraim íocaíochta a bhlocáil in ainneoin forais réasúnacha a bheith ann amhras a bheith ann faoi chalaíseach a bheith déanta, ní sheasfaidh an t-íocóir aon iarmhairtí airgeadais, seachas i gcás ina mbeidh tar éis gníomhú go chalaíseach.***
3. I gcásanna den sórt sin cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an t-íocóir ar an eolas ar bhealach comhaontaithe faoi bhlocáil na hionstraimí íocaíochta agus na cúiseanna leis sin, más féidir, sula mblocálfar an ionstraim íocaíochta agus ar a dhéanaí díreach ina dhiaidh sin, mura rud é go mbeadh soláthar na faisnéise sin ag teacht salach ar chúiseanna slándála a bhfuil bonn cirt oibiachtúil leo nó go dtoirmiscear an fhaisnéis sin a sholáthar faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais nó faoi dhlí ábhartha náisiúnta eile.
4. Déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an ionstraim íocaíochta a dhíbhlocáil nó cuirfidh sé ionstraim íocaíochta nua ina hionad a luaithe nach ann a thuilleadh do chúiseanna na blocála.

Airteagal 52

Oibleagáidí an úsáideora seirbhísí íocaíochta i ndáil le hionstraimí íocaíochta agus dintiúir shlándála phearsantaithe

An t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta atá i dteideal ionstraim íocaíochta a úsáid, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) úsáidfidh sé an ionstraim íocaíochta i gcomhréir leis na téarmaí lena rialaítear eisiúint agus úsáid na hionstraimí íocaíochta, téarmaí a bheidh oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach;

- (b) tabharfaidh sé fógra, gan moill mhíchúí, don soláthraí seirbhíse íocaíochta, nó don eintiteas arna shonrú ag an soláthraí seirbhíse íocaíochta, nuair a thiocfaidh sé ar an eolas faoi chailteanas, goid, míleithreasú nó úsáid neamhúdaraithe na hionstraimí íocaíochta **nó a dhintúir shlándála phearsantaithe ábhartha.**

Chun críocha phointe (a), déanfaidh an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta, a luaithe a gheobhaidh sé ionstraim íocaíochta, gach beart réasúnach chun a dhintúir shlándála phearsantaithe a choimeád sábháilte.

Airteagal 53

Oibleagáidí an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta i ndáil le hionstraimí íocaíochta

1. Déanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta a eiseoidh ionstraim íocaíochta an méid seo a leanas:
 - (a) cinnteoidh sé nach mbeidh rochtain ag aon pháirtí ar na dintúir shlándála phearsantaithe seachas an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta atá i dteideal an ionstraim íocaíochta a úsáid, gan dochar do na hoibleagáidí ar an úsáideoir seirbhíse íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 52;
 - (b) staonfaidh sé ó ionstraim íocaíochta gan iarraidh a sheoladh, ach amháin i gcás ina mbeidh ionstraim íocaíochta eile le cur in ionad ionstraim íocaíochta a tugadh don úsáideoir seirbhíse íocaíochta cheana;
 - (c) áiritheoidh sé go mbeidh modhanna iomchuí, **lena n-áirítear bealach cumarsáide saor in aisce trínar féidir tacaíocht dhaonna a thabhairt i dteanga oifigiúil an Bhallstáit óstaigh**, ar fáil i gcónaí lena chur ar chumas an úsáideora seirbhíse íocaíochta fógra a dhéanamh de bhun Airteagal 52, pointe (b) nó chun díbhlocáil na hionstraimí íocaíochta a iarraidh de bhun Airteagal 51(4);
 - (d) tabharfaidh sé deis don úsáideoir seirbhíse íocaíochta fógra a thabhairt de bhun Airteagal 52, pointe (b), saor in aisce agus gan a ghearradh ach costais fhéideartha athsholáthair a bhaineann go díreach leis an ionstraim íocaíochta;
 - (e) cuirfidh sé cosc ar aon úsáid a bhaint as an ionstraim íocaíochta i ndiaidh fógra a bheith tugtha de bhun Airteagal 52, pointe (b).
 - (ea) **úsáidfidh sé bealaí cumarsáide sábháilte agus, i bprionsabal, staonfaidh sé ó naisc agus doiciméid a chur trí ríomhphost;**
 - (f) Chun críocha phointe (c), soláthróidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta don úsáideoir seirbhíse íocaíochta, arna iarraidh sin dó, bealach lena chruthú, go ceann 18 mí i ndiaidh an fhógra, go ndearna an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta fógra den sórt sin.
 2. Is ar an soláthraí seirbhíse íocaíochta a bheidh an riosca maidir le hionstraim íocaíochta nó aon dintúir shlándála phearsantaithe a bhaineann léi a sheoladh chuig an úsáideoir seirbhíse íocaíochta.
- 2a. *I gcás nach gcomhlíonfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo, ní sheasfaidh an t-íocóir aon chailteanais airgeadais a thiocfaidh as sin mura rud é gur ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach.***

Airteagal 54

Fógra a thabhairt faoi idirbhearta íocaíochta neamhúdaraithe, údaraithe nó idirbhearta íocaíochta nár forghníomhaíodh i gceart, agus iad a cheartú

1. Ní dhéanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta aon idirbheart íocaíochta neamhúdaraithe, nár forghníomhaíodh i gceart nó aon idirbheart íocaíochta údaraithe i gcás inar thug an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta fógra don soláthraí seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 57 agus Airteagal 59 a cheartú gan aon mhoill mhíchúí ach i ndiaidh dó teacht ar an eolas faoi aon idirbheart den sórt sin as a n-eascaíonn éileamh, lena n-áirítear éileamh faoi Airteagal 75, agus tráth nach déanaí ná **18** mí i ndiaidh dháta an dochair.

Na teorainneacha ama maidir le fógra a thabhairt a leagtar síos sa chéad fhomhír, ní bheidh feidhm acu i gcás inar theip ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis maidir leis an idirbheart íocaíochta a sholáthar nó a chur ar fáil i gcomhréir le Teideal III.

2. I gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta i gceist, gheobhaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta ceartúchán ón soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas de bhun mhír 1 den Airteagal seo, gan dochar d'Airteagal 56(4) agus d'Airteagal 75(1).

Airteagal 55

Fianaise maidir le hidirbhearta íocaíochta a údarú agus a fhorghníomhú

1. I gcás ina ndiúltóidh úsáideoir seirbhísí íocaíochta gur údaraigh sé idirbheart íocaíochta atá forghníomhaithe nó ina maífidh sé nach ndearnadh an t-idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú i gceart, is faoin soláthraí seirbhísí íocaíochta a bheidh sé a chruthú go ndearnadh an t-idirbheart íocaíochta a údarú, a thairfeadh go cruinn agus a iontráil sna cuntais agus nach ndearnadh difear dó de bharr cliseadh teicniúil nó easnamh éigin eile ar an tseirbhís a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta.

Má thionscnaítear an t-idirbheart íocaíochta trí sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, is faoin soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta a bheidh sé a chruthú gurb amhlaidh, laistigh dá réimse inniúlachta féin, a rinneadh an t-idirbheart íocaíochta a údarú agus a thairfeadh go cruinn agus nach ndearnadh difear dó de bharr cliseadh teicniúil nó easnamh eile a bhaineann leis an tseirbhís íocaíochta a bhfuil sé i gceannas uirthi.

2. I gcás ina ndiúltóidh úsáideoir seirbhísí íocaíochta gur údaraigh sé idirbheart íocaíochta atá forghníomhaithe, ní leor as féin úsáid ionstraime íocaíochta arna thairfeadh ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta de réir mar is iomchúí, lena chruthú gur údaraigh an t-íocóir an t-idirbheart íocaíochta nó gur ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach nó gur theip air, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí, ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí faoi Airteagal 52 a chomhlíonadh. Soláthróidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchúí, an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, fianaise thacaíochta lena chruthú go ndearna an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta calaois nó mórfhaillí.

Airteagal 56

Dlíteanas an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta i leith idirbhearta íocaíochta neamhúdaraithe

1. Gan dochar d'Airteagal 54, i gcás idirbheart íocaíochta neamhúdaraithe, aisíocfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra méid an idirbheart íocaíochta neamhúdaraithe leis an íocóir láithreach, agus in aon chás tráth nach déanaí ná deireadh an lae gnó dár gcionn, tar éis dó an t-idirbheart neamhúdaraithe a thabhairt faoi deara nó fógra a fháil

faoi, ach amháin sa chás ina bhfuil forais réasúnacha amhrais ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra go ndearna an t-íocóir calaois agus ina gcuirfidh sé na forais in iúl don údarás náisiúnta ábhartha i scríbhinn.

2. I gcás ina raibh forais réasúnacha amhrais ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra go ndearna an t-íocóir calaois, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra ceachtar díobh seo a leanas laistigh de **14** lá gnó i ndiaidh an t-idirbheart a thabhairt faoi deara nó fôgra a fháil ina leith:
 - (a) méid an idirbhirt íocaíochta neamhúdaraíthe a aisíoc leis an íocóir má chinn soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, i ndiaidh imscrúdú breise a dhéanamh, nach ndearna an t-íocóir aon chalaos;
 - (b) údar a thabhairt **don údarás náisiúnta ábhartha agus don íocóir** leis an aisíocaíocht a dhiúltú agus na comhlachtaí a bhféadfaidh an t-íocóir an t-ábhar a tharchur chucu a chur in iúl i gcomhréir le hAirteagail 90, 91, 93, 94 agus 95 mura nglacfaidh an t-íocóir leis na cúiseanna arna soláthar.
3. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra an cuntas íocaíochta ar cuireadh méid an idirbhirt dá dhochar ar ais sa staid ina mbeadh sé murach gur tharla an t-idirbheart íocaíochta neamhúdaraíthe. Áiritheofar soláthraí seirbhísí íocaíochta freisin go mbeidh dáta luacha an tsochair le haghaidh chuntas íocaíochta an íocóra tráth nach déanaí ná an dáta ar cuireadh an méid do dhochar an chuntais.
4. I gcás ina dtionscnófar an t-idirbheart íocaíochta trí sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas méid an idirbhirt íocaíochta neamhúdaraíthe a aisíoc láithreach, agus in aon chás tráth nach déanaí ná deireadh an lae gnó ina dhiaidh sin, agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh sé an cuntas íocaíochta ar cuireadh méid an idirbhirt dá dhochar ar ais sa staid ina mbeadh sé murach gur tharla an t-idirbheart íocaíochta neamhúdaraíthe.
5. Más é an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta atá faoi dhliteanas i leith an idirbhirt íocaíochta neamhúdaraíthe, déanfaidh an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a chúiteamh láithreach, arna iarraidh sin dó, as na cailiteanais arna dtabhú nó na suimeanna arna n-íoc mar thoradh ar an aisíocaíocht leis an íocóir, lena n-áirítear méid an idirbhirt íocaíochta neamhúdaraíthe. I gcomhréir le hAirteagal 55(1), is ar an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta a bheidh sé a chruthú gurb amhlaidh, laistigh dá réimse inniúlachta féin, go ndearnadh an t-idirbheart íocaíochta a údarú agus a thaifeadadh go cruinn agus nach ndearnadh difear dó de bharr cliseadh teicniúil nó easnamh eile a bhaineann leis an tseirbhís íocaíochta a bhfuil sé i gceannas uirthi.
6. D'fhéadfadh sé go mbeadh an t-íocóir i dteideal cúiteamh airgeadais breise a fháil ón soláthraí seirbhísí íocaíochtaí gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh arna thabhairt i gcrích idir an t-íocóir agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó maidir leis an gconradh arna thabhairt i gcrích idir an t-íocóir agus an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, i gcás inarb infheidhme.

Airteagal 57

An dliteanas atá ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta as cur i bhfeidhm mícheart na seirbhíse meaitseála fíorúcháin

1. Ní sheasfaidh an t-íocóir aon chailiteanais airgeadais as aon aistriú creidmheasa údaraíthe i gcás nár thug soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, de shárú ar Airteagal 50(1), fôgra don íocóir maidir le neamhréireacht a braitheadh idir an t-aitheantóir uathúil agus ainm an íocáí a sholáthair an t-íocóir.
2. Laistigh de **14** lá gnó i ndiaidh idirbheart aistrithe creidmheasa arna fhorghníomhú sna himthosca dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt faoi deara nó fôgra a fháil ina leith, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta ceachtar díobh seo a leanas:
 - (a) méid iomlán an aistrithe creidmheasa údaraíthe a aisíoc leis an íocóir;

- (b) údar *cruinn agus cuí* a thabhairt *don íocóir i scríbhinn* leis an aisíocaíocht a dhiúltú, *a chruthú don údarás inniúil ábhartha nach ndearnadh sárú ar Airteagal 50(1)* agus na comhlachtaí a bhféadfaidh an t-íocóir an t-ábhar a tharchur chucu a léiriú i gcomhréir le hAirteagail 90, 91, 93, 94 agus 95 mura nglacfaidh an t-íocóir leis na cúiseanna arna soláthar.
3. I gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí freagrach as sárú ar Airteagal 50(1) arna dhéanamh ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, aisíocfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí an damáiste airgeadais arna thabhu ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra.
4. Is faoi sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra nó, sa chás dá dtagraítear i mír 3, faoi sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí a bheidh sé a chruthú nach ndearnadh sárú ar Airteagal 50(1).
5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 4 i gcás inar ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach nó i gcás inar roghnaigh an t-íocóir gan an tseirbhís fíorúcháin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50(4).
6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le haistrihe creidmheasa meandracha arna n-ainmniú in euro a thagann faoi raon feidhme Rialachán XXX (IPR).

Airteagal 58

Dlíteanas soláthraithe seirbhísí teicniúla agus oibreoirí scéimeanna íocaíochta as mainneachtain tacú le fíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm

Maidir le soláthraithe seirbhísí teicniúla agus oibreoirí scéimeanna íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí don íocaí, nó do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí nó an íocóra, beidh siad faoi dhlíteanas i leith damáiste airgeadais *díreach* a dhéanfar don íocaí, do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí nó an íocóra as a mainneachtain, *agus go comhréireach lena* mainneachtain, laistigh de shainchúram a ngaoil chonarthaigh, *agus gan a bheith níos mó ná méid an idirbhirt i dtrácht*, na seirbhísí is gá chun feidhmiú fíordheimhnithe láidir custaiméara a éascú, na seirbhísí sin a sholáthar.

Airteagal 59

Calaois um phearsanú

1. I gcás ina ndearna tríú páirtí úsáideoir seirbhísí íocaíochta, ar tomhaltóir é, a ionramháil trí ligeann air féin gur fostaí de chuid sholáthraí seirbhísí íocaíochta an tomhaltóra é *nó aon eintiteas ábhartha eile de chineál poiblí nó príobháideach* agus úsáid á baint as ainm nó seoladh ríomhphoist nó uimhir fóin an *eintitis* sin go neamhdhleathach agus mar gheall ar an ionramháil sin go ndearnadh idirbhearta íocaíochta údaraithe calaoiseacha, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta méid iomlán an idirbhirt íocaíochta údaraithe a bhí calaoiseach a aisíoc leis an tomhaltóir ar choinníoll go ndearna an tomhaltóir, gan aon

mhoill, an chalois a thuairisciú do na póilíní agus gur thug sé fógra ina leith dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta.

2. Laistigh de 10 lá gnó ón uair a bheidh **í** fógra faighte aige faoin idirbheart íocaíochta údaraithe calaoiseach arna dhéanamh **ag an tomhaltóir agus a bheidh tuarascáil ó na póilíní tugtha dó**, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta ceann den dá ní seo a leanas:
 - (a) méid an idirbhirt íocaíochta údaraithe chalaouisigh a aisíoc leis an tomhaltóir;
 - (b) i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta le hamhras a bheith air go ndearna an tomhaltóir calaois nó mórfhaillí, údar **cuí** a thabhairt **don údarás náisiúnta ábhartha** leis an aisíocaíocht a dhiúltú agus na comhlachtaí a bhféadfadh an tomhaltóir an t-ábhar a tharchur chucu a chur in iúl don tomhaltóir i gcomhréir le hAirteagail 90, 91, 93, 94 agus 95 mura nglacfaidh an tomhaltóir leis na cúiseanna arna soláthar.
 3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 má ghníomhaigh an tomhaltóir go calaoiseach nó le mórfhaillí **nó má dhiúltaíonn sé déanamh de réir imscrúdú an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta, nó fáisnéis ábhartha maidir le himthosca an phearsanaithe a sholáthar.**
 4. Is faoi sholáthraí seirbhísí íocaíochta an tomhaltóra a bheidh sé a chruthú gur ghníomhaigh an tomhaltóir go calaoiseach nó le mórfhaillí.
 5. I gcás ina gcuirfidh soláthraí seirbhísí íocaíochta gur tharla an cineál calaoise amhail dá dtagraítear i mír 1 in iúl dóibh, comhoibreoidh soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí go dlúth le soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus gníomhóidh siad go tapa lena áirithiú go bhfuil bearta iomchuí eagraíochtúla agus teicniúla i bhfeidhm chun slándáil agus rúndacht na cumarsáide a chosaint i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE, lena n-áirítear maidir le sainaitheint líne glaonna agus seoladh ríomhphoist. **Mura ndéanfaidh na soláthraithe seirbhíse cumarsáide leictreonaí an t-ábhar calaoiseach nó neamhdhleathach a bhaint, tar éis dóibh a bheith curtha ar an eolas faoin ábhar calaoiseach nó neamhdhleathach a bheith ann, déanfaidh siad méid iomlán an idirbhirt íocaíochta údaraithe chalaouisigh a aisíoc leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta faoina gcoinníoll go mbeidh, gan aon mhoill, an chalois tuairiscithe do na póilíní ag an tomhaltóir agus fógra tugtha aige dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta faoi sin.**
- 5a. **Beidh na bearta oideachasúla uile is gá i bhfeidhm ag na soláthraithe seirbhíse cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear foláirimh dá gcustaiméirí trí gach modh agus meán iomchuí nuair a thiocfadh cineálacha nua camscéimeanna ar líne chun cinn, agus riachtanais a ngrúpaí custaiméirí is leochailí á gcur i gcuntas acu.**
- Tabharfaidh na soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí léiriú soiléir dá gcustaiméirí ar conas iarrachtaí calaoiseacha a shainaitheint agus tabharfaidh siad rabhadh dóibh maidir leis na bearta agus na réamhchúraimí is gá a dhéanamh chun nach ndíreofar gníomhaíochtaí calaoiseacha orthu. Cuirfidh na soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí a gcustaiméirí ar an eolas faoin nós imeachta chun gníomhaíochtaí calaoiseacha a thuairisciú agus faoi conas fáisnéis a bhaineann le calaois a fháil go tapa.**

- 5b. *Na soláthraithe uile atá bainteach leis an slabhra calaoise, gníomhóidh siad go mear chun a áirithiú go mbeidh na bearta oibríochtúla agus teicniúla iomchuí i bhfeidhm chun slándáil na n-úsáideoirí íocaíochta a choimirciú agus idirbhearta á ndéanamh acu. Beidh teicnící coiscithe calaoise agus maolaithe calaoise i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta, soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus soláthraithe seirbhísí ardán digiteach chun calaois den uile chineál a chmhrac, lena n-áirítear calaois brú-íocaíochta neamhúdaraithe agus údaraithe.*
- 5c. *Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], eiseoidh ÚBE treoirlínte teicniúla i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 maidir le coincheap na mórfhaillí i gcomhthéacs an Rialacháin seo agus na creataí dlíthiúla náisiúnta ar an ábhar sin á n-urramú aige.*

Airteagal 60

An dliteanas atá ar an íocóir as idirbhearta íocaíochta neamhúdaraithe

1. De mhaolú ar Airteagal 56, féadfaidh oibleagáid a bheith ar an íocóir na cailleanais a iompar a bhaineann le haon idirbhearta íocaíochta neamhúdaraithe, suas go EUR 50 ar a mhéad, a eascraíonn as úsáid a bhaint as ionstraim íocaíochta chaillte nó ghoidte nó as míleithreasú ionstraime íocaíochta.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír i gcás inar tharla aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) nach raibh cailleanas, goid nó míleithreasú ionstraime íocaíochta **nó dintiúr slándála** inbhraite don íocóir roimh íocaíocht, ach amháin i gcás inar ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach; or
- (b) gurbh é ba chúis leis an gcaillteanas gníomhartha a rinne nó nach ndearna fostaí, gníomhaire nó brainse de chuid soláthraí seirbhísí íocaíochta nó de chuid eintitis ar seachfhoinsíodh a chuid gníomhaíochtaí dó.

Seasfaidh an t-íocóir na cailleanais go léir a bhaineann le haon idirbheart íocaíochta neamhúdaraithe más rud é gur tabhaíodh na cailleanais sin de bharr gur ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach nó gur mhainnigh sé ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 52 a chomhlíonadh, d'aon ghnó nó trí mhórfhaillí. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag an uasmhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

I gcás nár ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach ná nár theip air d'aon ghnó a oibleagáidí faoi Airteagal 52 a chomhlíonadh, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta nó na soláthraithe seirbhísí íocaíochta an dliteanas dá dtagraítear sa mhír seo a laghdú, agus aird á tabhairt acu, go háirithe, ar chineál na ndintiúr slándála pearsantaithe agus ar na dálaí sonracha faoinar cailleadh nó ar goideadh an ionstraim íocaíochta nó ina ndearnadh í a mhíleithreasú.

2. I gcás nach gcomhlíonfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra an oibleagáid fiordheimhniú láidir custaiméara a iarraidh a leagtar amach in Airteagal 85, ní sheasfaidh an t-íocóir aon chaillteanas airgeadais mura rud é gur ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach. Beidh feidhm ag an méid sin freisin i gcás ina gcuirfeadh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra nó soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí díolúine i bhfeidhm ó fhíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm. I gcás nach ndearna an t-íocaí nó soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí na **CÓRAIS, na crua-earraí agus na bogearraí is gá a fhorbairt nó a leasú chun** fiordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm, aisíocfaidh an t-íocaí nó soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí an damáiste airgeadais a rinneadh do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra.
3. I gcás ina gcuirfeadh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí díolúine i bhfeidhm ó fhíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm, **beidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí** faoi dhliteanas i leith sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra as aon chaillteanas airgeadais a thabhóidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra.
4. Ní sheasfaidh an t-íocóir aon iarmhairt airgeadais a eascródh as úsáid a bhaint as an ionstraim íocaíochta chaillte, ghoidte nó mhíleithreasaithe tar éis fógra a thabhairt i gcomhréir le h'Airteagal 52, pointe (b), ach amháin i gcás inar ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach.

Mura soláthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta modhanna iomchuí chun fógra a thabhairt i gcónaí faoi ionstraim íocaíochta atá caillte, goidte nó mí-leithreasaithe, mar a cheanglaítear faoi faoi Airteagal 53(1), pointe (c), ní bheidh an t-íocóir faoi dhliteanas i leith na n-iarmhairtí airgeadais a eascródh as úsáid na hionstraime íocaíochta sin, ach amháin i gcás inar ghníomhaigh an t-íocóir go calaoiseach.

Airteagal 61

Idirbhearta íocaíochta i gcás nach eol méid an idirbhirt roimh ré

1. I gcás ina dtionscnódh an t-íocaí idirbheart íocaíochta, nó ina dtionscnófaí tríd an íocaí é, i gcomhthéacs idirbheart íocaíochta cártabhunaithe, **idirbheart bunaithe ar chuntas go cuntas nó aistriú creidmheasa**, agus nach eol an méid beacht sa todhchaí an tráth a údaróidh an t-íocóir an forghníomhu an idirbhirt íocaíochta, ní fhéadfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra cistí a bhlocáil ar chuntas íocaíochta an íocóra ach amháin má thugann an t-íocóir cead méid beacht na gcistí sin a bhlocáil.
2. Beidh méid na gcistí a bheidh blocáilte ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra i gcomhréir le méid an idirbhirt íocaíochta ar féidir leis an íocóir a bheith ag súil leis le réasún.
3. Cuirfidh an t-íocaí méid beacht an idirbhirt íocaíochta in iúl dá sholáthraí seirbhísí íocaíochta díreach i ndiaidh an tseirbhís nó na hearraí a sheachadadh don íocóir.
4. Scaoilfidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra na cistí a bheidh blocáilte ar chuntas íocaíochta an íocóra díreach i ndiaidh an fhaisnéis a fháil maidir le méid beacht an idirbhirt íocaíochta.

Airteagal 62

Aisíocaíochtaí ar idirbhearta íocaíochta arna dtionscnamh ag íocaí nó trí íocaí

1. Beidh íocóir i dteideal aisíocaíocht a fháil ó sholáthraí seirbhísí íocaíochta i leith idirbheart íocaíochta údaraithe a thionscain an t-íocóir trí íocaí agus a forghníomhaíodh cheana, i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:
 - (a) nár sonraíodh san údarú méid beacht an idirbhirt íocaíochta nuair a rinneadh an t-údarú;

- (b) gur sháraigh méid an idirbhirt íocaíochta an méid a bhféadfadh an t-íocóir a bheith ag súil leis le réasún agus aird ar an bpátrún caiteachais roimhe sin, ar na coinníollacha sa chreatchonradh agus ar imthosca ábhartha an cháis.

Ar iarraidh ón soláthraí seirbhísí íocaíochta, is é an t-íocóir a bheidh freagrach as a chruthú gur comhlíonadh na coinníollacha sin.

Is éard a bheidh san aisíocaíocht méid iomlán an idirbhirt íocaíochta fhorghníomhaithe. Dáta luacha an tsochair le haghaidh chuntas íocaíochta an íocóra, ní bheidh sé níos déanaí ná an dáta ar cuireadh an méid do dhochar an chuntais.

Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, de bhreis ar an gceart dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, i gcás dochair dhíreacha amháil dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, beidh ceart gan choinníoll ag an íocóir ar aisíocaíocht laistigh de na teorainneacha ama arna leagan síos in Airteagal 63 den Rialachán seo.

2. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), ní dhéanfaidh an t-íocóir cúiseanna a agairt a bhaineann le costais mhalartaithe airgeadra a d'fhéadfadh a bheith ann más rud é gur cuireadh i bhfeidhm an ráta malairte tagartha arna chomhaontú lena sholáthraí seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (e), agus le hAirteagal 20, pointe (c)(iii).
3. Féadfaidh an t-íocóir agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta a chomhaontú i gcreatchonradh nach bhfuil aon cheart ag an íocóir aisíocaíocht a fháil i gcás:
 - (a) gur údaraigh an t-íocóir forghníomhú an idirbhirt íocaíochta go díreach leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta;
 - (b) i gcás inarb infheidhme, inar sholáthair an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó an t-íocaí faisnéis faoin idirbheart íocaíochta amach anseo don íocóir nó gur inar chuir an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó an t-íocaí an fhaisnéis sin ar fáil dó ar shlí chomhaontaithe ceithre seachtaine ar a laghad roimh an dáta dlite.
4. I gcás dochair dhíreacha in airgeadraí seachas an euro, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta cearta aisíocaíochta níos fabhraí a thairiscint i gcomhréir lena scéimeanna dochair dhírigh ar choinníoll go mbeidh siad níos tairbhí don íocóir.

Airteagal 63

Iarrataí ar aisíocaíochtaí ar idirbhearta íocaíochta arna dtionscnamh ag nó trí bhíthin íocaí

1. Féadfaidh an t-íocóir an aisíocaíocht dá dtagraítear in Airteagal 62 ar idirbheart íocaíochta údairithe arna dtionscnamh ag íocaí nó trí íocaí a iarraidh go ceann tréimhse 8 seachtaine ón dáta ar cuireadh na cistí do dhochar an chuntais.
2. Laistigh de 10 lá gnó i ndiaidh iarraidh ar aisíocaíocht a fháil, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta ceachtar díobh seo a leanas:
 - (a) méid iomlán an idirbhirt íocaíochta a aisíoc;

- (b) údar a thabhairt leis an aisíocaíocht a dhiúltú agus na comhlachtaí a bhféadfaidh an t-íocóir an t-ábhar a tharchur chucu a chur in iúl i gcomhréir le hAirteagail 90, 91, 93, 94 agus 95 mura nglacfaidh an t-íocóir leis na cúiseanna arna soláthar.

Ní bheidh feidhm ag an gceart atá ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta an aisíocaíocht a dhiúltú faoin gcéad fhomhír den mhír seo sa chás a leagtar amach in Airteagal 76(1), an ceathrú fomhír.

CAIBIDIL 5

Forghníomhú idirbheart íocaíochta

ROINN 1

ORDUITHE ÍOCAÍOCHTA AGUS MÉIDEANNA ARNA N-AISTRÍÚ

Airteagal 64

Orduithe íocaíochta a fháil

1. Is é an t-am a gheofar an t-ordú íocaíochta an t-am a bhfaighidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra an t-ordú íocaíochta.

Ní chuirfear méid idirbhirt do dhochar chuntas an íocóra sula bhfaighfear an t-ordú íocaíochta. Mura bhfuil an t-am fála ar lá gnó i gcás sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, measfar gur ar an seisiún trádála dár gcionn a fuarthas an t-ordú íocaíochta.

Féadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta am scoite a shuí gar do dheireadh lae gnó, agus measfar gur ar an lá gnó dár gcionn a fuarthas aon ordú íocaíochta arna fháil i ndiaidh an ama sin.
2. Má chomhaontaíonn an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta a bhfuil ordú íocaíochta á dhéanamh aige agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta go dtosóidh forghníomhú an ordaithe íocaíochta ar lá sonrach nó ag deireadh tréimhse áirithe nó ar an lá a chuir an t-íocóir cistí ar fáil don soláthraí seirbhísí íocaíochta, meastar gurb é an t-am fála an lá comhaontaithe chun críocha Airteagal 69. Mura bhfuil an lá comhaontaithe ina lá gnó don soláthraí seirbhísí íocaíochta, measfar gur ar an lá gnó dár gcionn a fuarthas an t-ordú íocaíochta arna fháil.
3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le haistrithe creidmheasa meandracha arna n-ainmniú in Euro arna gcumhdach le Rialachán XXX (IPR).

Airteagal 65

Orduithe íocaíochta a dhiúltú

1. I gcás ina ndiúltóidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta ordú íocaíochta a fhorghníomhú nó idirbheart íocaíochta a thionscnamh, tabharfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta fógra faoin diúltú agus, más féidir, faoi na cúiseanna leis an diúltú sin agus faoin nós imeachta chun aon bhotúin fhíorasacha ba chúis leis an diúltú don úsáideoir seirbhísí íocaíochta a cheartú, mura dtoirmiscear é sin le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais nó le dlí náisiúnta ábhartha eile.

Déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an fógra a sholáthar nó a chur ar fáil ar bhealach comhaontaithe a luaithe is féidir, agus, in aon chás, laistigh de na tréimhsí a shonraítear in Airteagal 69. ***I gcás ina ndiúltóidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaíocht a fhorghníomhú toisc forais oibiachtúla a bheith aige chun drochamhras a bheith air go ndearnadh idirbheart íocaíochta calaoiseach i gcomhréir le hAirteagal 83(1), déanfar an fhaisnéis is gá chun go bhféadfaidh an t-idirbheart amhrasach a réiteach, déanfar a fhaisnéis sin a chur san áireamh san fhógra.***

Féadfar coinníoll a áireamh sa chreatchonradh go bhféadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta táille réasúnta a ghearradh as diúltú den sórt sin má tá údar oibiachtúil leis an diúltú, ***ach ní i gcás diúltú mar gheall ar dhrochamhras a bheith ann go ndearnadh idirbheart calaoiseach.***

2. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach i gcreatchonradh an íocóra, ní dhiúltóidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an íocóra idirbheart íocaíochta údaraithe a fhorghníomhú gan beann ar cé acu an é íocóir a dhéanfaidh an t-ordú íocaíochta, lena n-áirítear trí sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, nó trí íocaí a dhéanfaidh é, mura dtoirmiscear é sin le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais nó le dlí náisiúnta eile.
3. Chun críocha Airteagal 69 agus Airteagal 75 measfar nach bhfuarthas ordú íocaíochta ar diúltaíodh é a fhorghníomhú.

Airteagal 66

Do-athraitheacht ordaithe íocaíochta

1. Ní dhéanfaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta ordú íocaíochta a chúlghairm a luaithe a bheidh sé faighte ag soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, mura sonraítear a mhalairt san Airteagal seo.
2. I gcás ina dtionscnóidh soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta an t-idirbheart íocaíochta, nó ina dtionscnóidh an t-íocaí é nó ina dtionscnófar tríd an íocaí é, ní dhéanfaidh an t-íocóir an t-ordú íocaíochta a chúlghairm tar éis cead a thabhairt don soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta an t-idirbheart íocaíochta a thionscnamh nó tar éis cead a thabhairt an t-idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú chun íocaíocht a dhéanamh leis an íocaí.
3. I gcás dochar díreach agus gan dochar do chearta aisíocaíochta, féadfaidh an t-íocóir an t-ordú íocaíochta a chúlghairm ar a dhéanaí faoi dheireadh an lae gnó roimh an lá arna chomhaontú chun na cistí a chur do dhochar an chuntais.

4. Sa chás dá dtagraítear in Airteagal 64(2), féadfaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta ordú íocaíochta a chúlghairm ar a dhéanaí faoi dheireadh an lae oibre roimh an lá arna chomhaontú.
5. Tar éis na dteorainneacha ama a leagtar síos i míreanna 1 go 4, ní fhéadfar an t-ordú íocaíochta a chúlghairm ach amháin má chomhaontaítear an méid sin idir an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus na soláthraithe seirbhísí íocaíochta ábhartha. Sa chás dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, beidh gá le toiliú ón íocaí freisin. Má chomhaontaítear é sa chreatchonradh, féadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta ábhartha muirear a ghearradh as cúlghairm.

Airteagal 67

Méideanna arna n-aistriú agus méideanna arna bhfáil

1. Aistreoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí agus aon idirghabhálaithe de chuid na soláthraithe seirbhísí íocaíochta méid iomlán an idirbhirt íocaíochta agus staonfaidh siad ó mhuirir a asbhaint ón méid arna aistriú.
2. Féadfaidh an t-íocaí agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta a chomhaontú go n-asbhainfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta ábhartha a mhuirir ón méid arna aistriú sula geuirfidh sé do shochar an íocaí é. I gcás den sórt sin, déanfar méid iomlán an idirbhirt íocaíochta agus na muirir a dheighilt ó chéile san fhaisnéis a thabharfar don íocaí.
3. Má asbhaintear aon mhuirir seachas na muirir dá dtagraítear i mír 2 ón méid arna aistriú, áiritheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra go bhfaighidh an t-íocaí méid iomlán an idirbhirt íocaíochta arna thionscnamh ag an íocóir. I gcás ina dtionscnóidh an t-íocaí an t-idirbheart íocaíochta nó ina dtionscnófar tríd an íocaí é, áiritheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí go bhfaighidh an t-íocaí méid iomlán an idirbhirt íocaíochta.

ROINN 2

AM FORGHNÍOMHAITHE AGUS DÁTA LUACHA

Airteagal 68

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le:
 - (a) idirbhearta íocaíochta in euro;
 - (b) idirbhearta íocaíochta náisiúnta in airgeadra an Bhallstáit atá lasmuigh de limistéar an euro;
 - (c) idirbhearta íocaíochta nach bhfuil i gceist leo ach comhshó airgeadra amháin idir an euro agus airgeadra Ballstáit atá lasmuigh de limistéar an euro, ar choinníoll go ndéanfar an comhshó airgeadra is gá sa Bhallstát lena mbaineann atá lasmuigh de limistéar an euro agus, i gcás idirbhearta íocaíochta trasteorann, gur in euro a dhéantar an t-aistriú trasteorann.
2. Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le hidirbhearta íocaíochta nach dtagraítear dóibh i mír 1, mura gcomhaontófar a mhalairt idir an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta, cé is moite d'Airteagal 73,

nach bhfuil ar fáil do na páirtithe. Má chomhaontaíonn an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta tréimhse níos faide ná mar a leagtar amach in Airteagal 69, áfach, i gcás idirbhearta íocaíochta laistigh den Aontas, ní rachaidh an tréimhse níos faide sin thar 5 lá gnó tar éis an ama fála amhail dá dtagraítear in Airteagal 64.

Airteagal 69

Idirbhearta íocaíochta chuig cuntas íocaíochta

1. Gan dochar d'Airteagal 2(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, áiritheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra gurb amhlaidh, tar éis an ama fála amhail dá dtagraítear in Airteagal 64, a dhéanfar méid an idirbhirt íocaíochta a chur do shochar chuntas sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faoi dheireadh an lae gnó ina dhiaidh sin. Féadfar síneadh lae gnó eile a chur leis an teorainn ama sin i gcás idirbhearta íocaíochta arna dtionscnamh ar pháipéar.
2. Déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí dáta luacha a shannadh don idirbheart íocaíochta agus méid an idirbhirt íocaíochta a chur ar fáil do chuntas íocaíochta an íocaí tar éis don soláthraí seirbhísí íocaíochta na cistí a fháil i gcomhréir le hAirteagal 73.
- 2a. ***I gcás ina bhfágann na sásraí faireacháin idirbheart a leagtar amach in Airteagal 83(1) go bhfuil forais réasúnacha drochamhras a bheith ann go ndearnadh idirbheart íocaíochta calaoiseach, féadfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta diúltú na cistí a chur ar fáil láithreach do chuntas íocaíochta an íocaí. Lorgóidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí, de réir mar is iomchuí agus gan moill mhíchuí, soiléiriú ar an idirbheart íocaíochta calaoiseach amhrasach agus, ag brath ar an toradh, cuirfidh sé na cistí ar fáil nó tabharfaidh sé ar ais do sholáthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an íocóra iad.***
3. Déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí ordú íocaíochta arna dhéanamh ag an íocaí nó tríd an íocaí a tharchur chuig soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra laistigh de na teorainneacha ama arna gcomhaontú idir an t-íocaí agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta, lena gcumasófar socraíocht a dhéanamh, a mhéid a bhaineann le dochar díreach, ar an dáta dlite arna chomhaontú. ***Beidh feidhm ag mír [2a] dá réir.***

Airteagal 70

Gan cuntas íocaíochta a bheith ag íocaí leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta

I gcás nach bhfuil cuntas íocaíochta ag an íocaí leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta, cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta a gheobhaidh na cistí i gcomhair an íocaí na cistí ar fáil don íocaí laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 69(1).

Airteagal 71

Airgead tirim arna chur ar chuntas íocaíochta

I gcás ina gcuirfidh tomhaltóir airgead tirim ar chuntas íocaíochta leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta sin in airgeadra an chuntais íocaíochta sin, áiritheoidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta go gcuirfear an méid ar fáil agus go sannfar dáta luacha dó díreach tar éis na cistí a fháil. I gcás nach tomhaltóir é an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta, cuirfear an méid ar fáil agus sannfar dáta luacha dó ar an seisiún trádála tar éis an lae a bhfuarthas na cistí, ar a dhéanaí.

Airteagal 72

Idirbhearta íocaíochta náisiúnta

Maidir le hidirbhearta íocaíochta náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le hamanna forghníomhaithe uasta níos giorra ná iad siúd dá bhforáiltear sa Roinn seo. ***Déanfaidh na Ballstáit cinntí a dhéanfar faoin Airteagal seo a chur in iúl don Choimisiún.***

Airteagal 73

Dáta luacha agus infhaighteacht cistí

1. Ní bheidh dáta luacha an tsochair do chuntas íocaíochta an íocaí tráth níos déanaí ná an lá gnó ar a gcuirfear méid an idirbhirt íocaíochta do shochar chuntas sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí.
 2. Áiritheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí go mbeidh méid an idirbhirt íocaíochta ar fáil don íocaí díreach tar éis an méid sin a chur do shochar chuntas sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí sa chás, maidir le soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí, go bhfuil i gceist ceachtar díobh seo a leanas:
 - (a) níl aon chomhshó airgeadra i gceist;
 - (b) tá comhshó airgeadra i gceist idir an euro agus airgeadra de chuid Bhallstáit nó idir dhá airgeadra de chuid na mBallstát.
- Beidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar síos sa mhír seo freisin maidir le híocaíochtaí laistigh de sholáthraí seirbhísí íocaíochta amháin.
3. Ní bheidh dáta luacha an dochair do chuntas íocaíochta an íocóra níos luaithe ná an t-am a chuirfear méid an idirbhirt íocaíochta do dhochar an chuntais íocaíochta sin.

Airteagal 74

Aitheantóirí uathúla míchearta

1. Má dhéantar idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú i gcomhréir leis an aitheantóir uathúil, measfar go mbeidh an t-idirbheart íocaíochta sin forghníomhaithe i gceart maidir leis an íocaí a shonraítear leis an aitheantóir uathúil.
2. Má tá an t-aitheantóir uathúil arna sholáthar ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta mícheart, ní bheidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta faoi dhliteanas faoi Airteagal 75 maidir le neamh-fhorghníomhú nó forghníomhú lochtach an idirbhirt íocaíochta.
3. Déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra iarrachtaí réasúnacha na cistí a bhfuil baint acu leis an idirbheart íocaíochta a aisghabháil. Comhoibreoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí leis na hiarrachtaí sin freisin trí gach faisnéis ábhartha maidir le bailiú cistí a chur in iúl do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra.

I gcás nach féidir cistí a bhailiú faoin gcéad fhomhír, soláthróidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra don íocóir, arna iarraidh sin i scríbhinn, an fhaisnéis atá ar fáil do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra agus agus faisnéis is ábhartha maidir leis an íocóir ionas go gcomhdóidh an t-íocóir éileamh dlíthiúil chun na cistí a aisghabháil.

4. I gcás ina gcomhaontaítear é sa chreachonradh, féadfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta muirear a ghearradh ar an úsáideoir seirbhísí íocaíochta as an aisghabháil. ***Beidh an muirear réasúnta agus comhréireach leis na costais arna dtabhú.***
5. Má sholáthraíonn an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta faisnéis de bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (a), nó pointe (b)(ii) d'Airteagal 20, ní bheidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta faoi dhliteanas ach amháin i leith idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú i gcomhréir leis an aitheantóir uathúil arna sholáthar ag an úsáideoir seirbhísí íocaíochta.
6. I gcás ina bhfuil an t-aitheantóir uathúil arna sholáthar ag an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta mícheart, beidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta faoi dhliteanas i gcomhréir le hAirteagal 76.

Airteagal 75

An dliteanas atá ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta as neamh-fhorghníomhú, forghníomhú lochtach nó forghníomhú déanach a dhéanamh ar idirbhearta íocaíochta

1. I gcás ina ndéanfaidh an t-íocóir ordú íocaíochta ar bhonn díreach, beidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra faoi dhliteanas i leith an íocóir, gan dochar d'Airteagal 54, Airteagal 74(2) agus (3), ná Airteagal 79, as an idirbheart íocaíochta a fhorghníomhú i gceart, mura féidir leis a chruthú don íocóir agus, i gcás inarb ábhartha, do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí go bhfuair soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí méid an idirbhirt íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 69(1). Sa chás sin, beidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faoi dhliteanas i leith an íocaí as forghníomhú ceart an idirbhirt íocaíochta.

I gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra faoi dhliteanas faoin gcéad fhomhír, déanfaidh sé méid an idirbhirt íocaíochta neamh-fhorghníomhaithe nó an idirbhirt íocaíochta lochtaigh a aisíoc leis an íocóir láithreach, agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh sé an cuntas íocaíochta ar cuireadh méid an idirbhirt dá dhochar ar ais sa staid ina mbeadh sé murach gur tharla an t-idirbheart íocaíochta lochtach.

Dáta luacha an tsochair le haghaidh chuntas íocaíochta an íocóra, ní bheidh sé níos déanaí ná an dáta ar cuireadh an méid do dhochar an chuntais.

I gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faoi dhliteanas faoin gcéad fhomhír, cuirfidh sé méid an idirbhirt íocaíochta ar fáil don íocaí láithreach agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh sé an méid comhfhreagrach do shochar chuntas íocaíochta an íocaí.

Dáta luacha an tsochair le haghaidh chuntas íocaíochta an íocóra, ní bheidh sé níos déanaí ná an dáta a sannfaí don mhéid mar dháta luacha dá mba rud é gur forghníomhaíodh an t-idirbheart i gceart i gcomhréir le hAirteagal 73.

I gcás ina ndéanfar forghníomhú déanach ar idirbheart íocaíochta, áiritheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí, arna iarraidh sin do sholáthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra atá ag gníomhú thar ceann an íocóra, nach mbeidh dáta luacha an tsochair le haghaidh chuntas íocaíochta an íocaí níos déanaí ná an dáta a sannfaí don mhéid mar dháta luacha dá mba rud é gur forghníomhaíodh an t-idirbheart i gceart.

I gcás idirbheart íocaíochta neamh-fhorghníomhaithe nó idirbheart íocaíochta a ndéanfar forghníomhú lochtach air agus inarb é an t-íocóir a dhéanfaí an t-ordú íocaíochta, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra, gan beann ar an dliteanas faoin mír seo, arna iarraidh sin agus gan táille a ghearradh ar an íocóir, iarracht láithreach an t-idirbheart íocaíochta a rianú agus tabharfaidh sé fógra don íocaí faoin toradh.

2. I gcás ina ndéanfaidh an t-íocaí ordú íocaíochta, nó ina ndéanfar é a tríd an íocaí, beidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faoi dhliteanas i leith an íocaí, gan dochar d'Airteagal 54, Airteagal 74(2) agus (3), ná Airteagal 79, as an ordú íocaíochta a tharchur i gceart chuig soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra i gcomhréir le hAirteagal 69(3). I gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faoi dhliteanas faoin bhfomhír seo, déanfaidh sé an t-ordú íocaíochta i dtrácht a tharchur láithreach chuig soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra.

I gcás ina ndéanfar tarchur déanach ar an ordú íocaíochta, sannfar dáta luacha don mhéid ar chuntas íocaíochta an íocaí ar dáta é nach déanaí ná an dáta luacha a sannfaí don mhéid dá mba rud é gur forghníomhaíodh an t-idirbheart i gceart.

Gan dochar d'Airteagal 54, Airteagal 74(2) agus (3), agus Airteagal 79, beidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faoi dhliteanas don íocaí as an idirbheart íocaíochta a láimhseáil i gcomhréir lena oibleagáidí faoi Airteagal 73. I gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faoi dhliteanas faoin bhfomhír seo, áiritheoidh sé go mbeidh méid an idirbhirt íocaíochta ar fáil don íocaí díreach tar éis an méid sin a chur do shochar chuntas soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí. Sannfar dáta luacha don mhéid ar chuntas íocaíochta an íocaí ar dáta é nach déanaí ná an dáta luacha a sannfaí don mhéid dá mba rud é gur forghníomhaíodh an t-idirbheart i gceart.

I gcás idirbheart íocaíochta neamh-fhorghníomhaithe nó idirbheart íocaíochta a ndéanfar forghníomhú lochtach air, ar idirbheart é nach bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí faoi dhliteanas ina leith faoin gcéad fhomhír agus faoin tríú fomhír, beidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra faoi dhliteanas don íocóir.

I gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra faoi dhliteanas amhlaidh, déanfaidh sé, de réir mar is iomchuí agus gan aon mhoill mhíchuí, méid an idirbhirt íocaíochta neamh-fhorghníomhaithe nó an idirbhirt íocaíochta lochtaigh a aisíoc leis an íocóir, agus cuirfidh sé an cuntas íocaíochta ar cuireadh méid an idirbhirt dá dhochar ar ais sa staid ina mbeadh sé murach gur tharla an t-idirbheart íocaíochta lochtach. Dáta luacha an tsochair le haghaidh chuntas íocaíochta an íocóra, ní bheidh sé níos déanaí ná an dáta ar cuireadh an méid do dhochar an chuntais.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid faoin gceathrú fomhír maidir le soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra i gcás ina gcruthóidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra go bhfuair soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí méid an idirbheart íocaíochta, fiú mura bhfuil i gceist ach go raibh moill ar fhorghníomhú an idirbheart íocaíochta. Más amhlaidh atá, sannfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí dáta luacha don mhéid ar chuntas íocaíochta an íocaí ar dáta é nach déanaí ná an dáta luacha a sannfaí don mhéid dá mba rud é gur forghníomhaíodh an t-idirbheart i gceart.

I gcás idirbheart íocaíochta neamh-fhorghníomhaithe nó idirbheart íocaíochta a ndéanfar forghníomhú lochtach air agus inarb é an t-íocaí a dhéanfaidh an t-ordú íocaíochta nó ina ndéanfar tríd an íocaí é, déanfaidh soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocaí, gan beann ar an dliteanas faoin mír seo, arna iarraidh sin agus gan táille a ghearradh ar an íocóir, iarracht láithreach an t-idirbheart íocaíochta a rianú agus tabharfaidh sé fógra don íocaí faoin toradh.

3. Beidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta faoi dhliteanas i leith a n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta faoi seach as aon mhuirir a bhfuil siad freagrach astu, agus as aon ús a bhfuil an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta faoina réir mar thoradh ar neamh-fhorghníomhú an idirbheart íocaíochta nó forghníomhú lochtach air, lena n-áirítear forghníomhú déanach.

Airteagal 76

Dlíteanas i gcás seirbhísí tionscanta íocaíochta maidir le neamh-fhorghníomhú, forghníomhú lochtach nó forghníomhú déanach ar idirbhearta íocaíochta

1. I gcás ina ndéanfaidh an t-íocóir ordú íocaíochta trí sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, gan dochar d'Airteagal 54 ná Airteagal 74(2) agus (3), méid an idirbheart íocaíochta neamh-fhorghníomhaithe nó an idirbheart íocaíochta lochtaigh a aisíoc leis an íocóir, agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh sé an cuntas íocaíochta ar cuireadh méid an idirbheart dá dhochar ar ais sa staid ina mbeadh sé murach gur tharla an t-idirbheart íocaíochta lochtach.

Is ar an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta a bheidh sé a chruthú go bhfuair an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas an íocóra an t-ordú íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 64 agus gurb amhlaidh, laistigh dá réimse inniúlachta féin, go ndearnadh an t-idirbheart íocaíochta a fhíordheimhniú agus a thaifeadadh go cruinn agus nach ndearnadh difear dó de bharr cliseadh teicniúil nó easnamh eile a bhaineann le neamh-fhorghníomhú an idirbheart, forghníomhú lochtach air nó forghníomhú déanach air.

2. Más é an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta atá faoi dhliteanas i leith neamh-fhorghníomhú an idirbheart, forghníomhú lochtach air nó forghníomhú déanach air, déanfaidh sé an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a chúiteamh láithreach, arna iarraidh sin dó, as na caillteanais arna dtabhú nó na suimeanna arna n-íoc mar thoradh ar an aisíocaíocht leis an íocóir.

Airteagal 77

Cúiteamh airgeadais breise

Féadfar aon chúiteamh airgeadais de bhreis ar an gcúiteamh dá bhforáiltear faoin Roinn seo a chinneadh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh arna thabhairt i gcrích idir an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta.

Airteagal 78

Ceart cúlraigh

1. I gcás ina mbeidh an dliteanas atá ar sholáthraí seirbhísí íocaíochta faoi Airteagal 56, 56, 57, 59, 75 agus 76 inchurtha i leith soláthraí seirbhísí íocaíochta eile nó i leith idirghabhálaí, déanfaidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó an t-idirghabhálaí sin an chéad soláthraí seirbhísí íocaíochta a chúiteamh as aon chaillteanas arna dtabhú nó aon suimeanna arna n-íoc faoi Airteagal 56, 57, 59, 75 agus 76. Áireofar leis sin cúiteamh i gcás ina mainneoidh aon cheann de na soláthraithe seirbhísí íocaíochta fíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm.
2. Féadfar tuilleadh cúitimh airgeadais a chinneadh i gcomhréir le comhaontuithe idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta nó idirghabhálaithe agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhme maidir leis an gcomhaontú arna thabhairt i gcrích eatarthu.

Airteagal 79

Imthosca neamhghnácha nárbh fhéidir a thuar

Ní thiochfaidh dliteanas i gceist faoi Chaibidil 4 nó Caibidil 5 i gcás imthosca neamhghnácha nárbh fhéidir a thuar agus nach bhfuil neart orthu ag an bpáirtí atá ag pléadail i leith chur i bhfeidhm na n-imthosca sin, ar imthosca iad nach bhféadfaí a n-iarmhairtí a sheachaint d'ainneoin gach iarracht a dhéanfaí air sin, nó i gcás ina mbeidh soláthraí seirbhísí íocaíochta faoi cheangal ag oibleagáidí dlíthiúla eile a chumhdaítear le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta.

CAIBIDIL 6

Cosaint sonraí

Airteagal 80

Cosaint sonraí

Beidh cead ag soláthraithe córas íocaíochta agus ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta catagóirí speisialta sonraí pearsanta amhail dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus in Airteagal 10 (1) de Rialachán (AE) 2018/1725 a phróiseáil a mhéid is gá chun seirbhísí íocaíochta a sholáthar agus chun oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, ar mhaithe le leas an phobail i dtaca le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí íocaíochta, faoi réir coimircí iomchuí maidir le cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- (a) bearta teicniúla chun comhlíonadh phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra, phrionsabal an íoslaghdaíthe sonraí agus phrionsabal an teorannaithe stórála a áirithiú, mar a leagtar

síos i Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear teorainneacha teicniúla maidir le hathúsáid sonraí agus maidir le húsáid beart úrscothach slándála agus beart caomhnaithe príobháideachais, lena n-áirítear bréagaimniú, nó criptiú;

- (b) bearta eagrúcháin, lena n-áirítear oiliúint ar chatagóirí speisialta sonraí a phróiseáil, rochtain ar chatagóirí speisialta sonraí a theorannú agus an rochtain sin a thaifeadh.

CAIBIDIL 7

Rioscaí oibriúcháin agus slándála agus fiordheimhniú

Airteagal 81

Rioscaí oibriúcháin agus slándála a bhainistiú

1. Bunóidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta creat ina mbeidh bearta maolaithe agus sásraí rialaithe iomchuí chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí oibriúcháin agus slándála a bhaineann leis na seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn siad. Mar chuid den chreat sin, bunóidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta nósanna imeachta éifeachtacha maidir le bainistiú teagmhas, agus coimeádfaidh siad ar bun iad, lena n-áirítear chun mórtheagmhais oibriúcháin agus slándála a bhrath agus a aicmiú.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar do chur i bhfeidhm Chaibidil II de Rialachán (AE)

2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴³ maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) soláthraithe seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), pointe (b) agus pointe (d) den Rialachán seo;
- (b) soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas dá dtagraítear in Airteagal 36(1) de Threoir (AE) (PSD3); agus
- (c) institiúidí íocaíochtaí atá díolmhaithe de bhun Airteagal 34(1) de Threoir (AE) (PSD3).

Soláthróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta don údarás inniúil arna ainmniú faoi Threoir (AE) XXX (PSD3) ar bhonn bliantúil, nó ag eatraimh níos giorra arna gcinneadh ag an údarás inniúil, measúnú cuimsitheach, a bheidh cothrom le dáta, maidir leis na rioscaí oibriúcháin agus slándála a bhaineann leis na seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn siad agus maidir le leordhóthanacht na mbearta maolaithe agus na sásraí rialaithe arna gcur chun feidhme mar fhreagra ar na rioscaí sin.

2. Déanfaidh ÚBE an comhar, lena n-áirítear faisnéis a chomhroinnt, i réimse na rioscaí oibriúcháin agus slándála a bhaineann le seirbhísí íocaíochta, a chur chun cinn i measc na n-údarás inniúil, agus idir na húdaráis inniúla agus BCE agus, i gcás inarb ábhartha, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise.

⁴³ Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

Airteagal 82

Tuairisciú calaoise

1. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta dá n-údaráis inniúla, ar bhonn bliantúil ar a laghad, sonraí staidrimh maidir le calaois a bhaineann le modhanna éagsúla íocaíochta. Soláthróidh na húdaráis inniúla sin na sonraí sin do ÚBE agus do BCE i bhfoirm chomhiomlánaithe.

Sna sonraí staidrimh maidir le calaois, áireofar líon agus luach na n-idirbheart calaoiseach aisíochta. I gcás ina ndiúltófar aisíocaíocht a dhéanamh, tabharfaidh soláthraithe íocaíochta an chúis atá leis an diúltú, amhail a shonrú gur ghníomhaigh an tomhaltóir go calaoiseach nó trí mhórfhaillí.

- 1a. ***Foilseoidh ÚBE agus BCE na sonraí staidrimh i bhfoirm chomhiomlánaithe ar bhonn bliantúil ar a laghad.***

2. Forbróidh ÚBE, i ndlúthchomhar le BCE, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le sonraí staidrimh atá le soláthar i gcomhréir le mír 1 maidir leis na ceanglais tuairiscithe calaoise dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfidh ÚBE na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta= bliain amháin i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena leagfar síos na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid chun go gcuirfidh na húdaráis inniúla na sonraí calaoise íocaíochta faoi bhráid ÚBE, amhail dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfidh ÚBE na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta= bliain amháin i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Airteagal 83

Sásraí faireacháin idirbheart agus comhroinnt sonraí calaoise

1. Beidh sásraí faireacháin idirbheart i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta lena mbainfidh an méid seo a leanas:

- (a) tacú le fiordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm **bunaithe ar riosca** i gcomhréir le hAirteagal 85;
- (b) fiordheimhniú láidir custaiméara a dhíolmhú bunaithe ar na critéir faoi Airteagal 85(11), faoi réir coinníollacha sonraíthe agus teoranta bunaithe ar an leibhéal riosca lena mbaineann, cineálacha agus mionsonraí na sonraí arna measúnú ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta, **lena n-áirítear trí na sásraí faireacháin idirbheart a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo**;
- (c) **idirbhearta** íocaíochta a d'fhéadfadh a bheith calaoiseach a chosc, a bhrath **agus, i gcás inar féidir, a réiteach**, lena n-áirítear idirbhearta lena mbaineann seirbhísí tionscanta íocaíochta.

2. Beidh na sásraí faireacháin idirbheart bunaithe ar an anailís ar idirbhearta íocaíochta a rinneadh roimhe sin agus ar rochtain ar chuntais íocaíochta ar líne **agus freisin ar na sonraí calaoise arna gcomhroinnt agus na pátrúin chalaioise arna dtabhairt faoi deara**. Déanfar na sonraí seo a leanas is gá chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 **a áireamh** sa phróiseáil:

- (a) faisnéis faoin úsáideoir seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear na saintréithe comhshaoil agus iompraíochta atá tipiciúil don úsáideoir seirbhísí íocaíochta i gcúinsí ina mbaintear gnáthúsáid as na dintiúir shlándála phearsantaithe;
- (b) faisnéis maidir leis an gcuntas íocaíochta, lena n-áirítear stair na n-idirbheart íocaíochta;
- (c) faisnéis idirbhirt, lena n-áirítear méid an idirbhirt agus aitheantóir uathúil an íocaí;
- (d) sonraí seisiúin, lena n-áirítear raon seoltaí phrótacal idirlín an ghléis óna bhfuarthas rochtain ar an gcuntas íocaíochta.

I gcás ina nochtann na sásraí faireacháin idirbheart go bhfuil fianaise láidir ann chun drochamhras a bheith ann go ndearnadh idirbheart calaoiseach, nó nuair a thugann an t-úsáideoir fógra don soláthraí seirbhísí íocaíochta faoi thuarascáil ó na póilíní, beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta forghníomhú an oird íocaíochta a bhlocáil, nó na cistí gaolmhara a bhlocáil agus a aisghbháil. Tuigfear an fhianaise sin mar chúiseanna a bhfuil údar oibiachtúil leo a bhaineann le slándáil an idirbhirt íocaíochta agus amhras faoi idirbhearta neamhúdaráithe nó calaoiseacha.

Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta na n-íocaithe na sonraí is gá chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bhfuil baint acu leis an idirbheart.

Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta na sonraí dá dtagraítear sa mhír seo a stóráil go ceann tréimhse is faide ná mar is gá chun na gcríoch a leagtar amach i mír 1, agus, ***in aon chás, nach faide ná 10 mbliana*** ní i ndiaidh an caidreamh custaiméara a fhoirceannadh.

Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta go gcuirfear san áireamh sna sásraí faireacháin idirbheart, ar a laghad, gach ceann de na tosca riosca-bhunaithe seo a leanas:

- (a) liostaí d'eilimintí fíordheimhniithe a cuireadh i gcontúirt nó a goideadh;
- (b) méid gach idirbhirt íocaíochta;
- (c) cásanna calaoise aitheanta i soláthar seirbhísí íocaíochta;
- (d) comharthaí d'ionfhabhtú bogearraí mailíseacha in aon seisiúin den nós imeachta fíordheimhniúcháin;
- (e) i gcás ina gcuireann an soláthraí seirbhísí íocaíochta an gléas rochtana nó na bogearraí ar fáil, loga d'úsáid na feiste rochtana nó na mbogearraí a chuirtear ar fáil don úsáideoir seirbhísí íocaíochta agus úsáid neamhghnách as an ngléas rochtana nó as na bogearraí.

Féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta próiseáil a dhéanamh ar na sonraí a liostaítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 83(2) le haghaidh fíordheimhniú láidir custaiméara mar ghné 'fréimhíochta' de bhun Airteagal 3, pointe (35).

3. Chun mír 1, pointe (c), **na chomhlíonadh, déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis, lena n-áirítear aitheantóir uathúil, ainm, uimhir eagraíochta, modus operandi agus faisnéis idirbhirt eile** íocaí a mhalartú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile atá faoi réir socrúithe comhroinnte faisnéise amhail dá dtagraítear i mír 5, i gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta chun glacadh leis go raibh idirbheart íocaíochta calaoiseach ann. Glacfar le fianaise leordhóthanach chun **faisnéis** uathúla a chomhroinnt nuair a bheidh sé curtha in iúl ag dhá úsáideoir seirbhísí íocaíochta éagsúla ar custaiméirí an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta céanna iad gur úsáideadh aitheantóir uathúil íocaí chun aistriú creidmheasa calaoiseach a dhéanamh. Ní choimeádfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta **faisnéis** a gheofar i ndiaidh an mhalartaithe faisnéise dá dtagraítear sa mhír seo agus i mír 5 go ceann tréimhse is faide ná mar is gá chun na geríoch a leagtar síos i mír 1, pointe (c).
- 3a. ***A mhéid is gá chun mír 1, pointe (c), a chomhlíonadh, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta, gníomhairí forfheidhmithe dlí agus údaráis phoiblí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a chomhroinnt le húdaráis phoiblí.***
4. Sna socrúithe comhroinnte faisnéise, saineofar mionsonraí le haghaidh rannpháirtíochta agus leagfar amach na mionsonraí maidir le heilimintí oibríochtúla, lena n-áirítear úsáid a bhaint as ardáin thiomnaithe TF, **más infheidhme**. Sula dtabharfar socrúithe den sórt sin i gcrích, déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta measúnú tionchair i gcomhpháirt ar an gcosaint sonraí amhail dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh siad réamhchomhairliúchán leis an údarás maoirseachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán sin. ***Tabharfar na socrúithe comhroinnte faisnéise i gcrích faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***
- 4a. ***Déanfaidh ÚBE ardán TF tiomnaithe a chur ar bun chun a chur ar chumas soláthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis ar aitheantóirí uathúla calaoiseacha agus faisnéis ábhartha eile ar a bhfuil tuairisc san Airteagal seo a mhalartú le soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile.***
- Cuirfear an t-ardán sin ar bun faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***
5. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta fôgra d'údaráis inniúla maidir lena rannpháirtíocht sna socrúithe comhroinnte faisnéise dá dtagraítear i mír 4, i ndiaidh do rannpháirtithe a mballraíocht sa socrú comhroinnte faisnéise a bhailíochtú nó, de réir mar is infheidhme, maidir le scor dá mballraíochta, a luaithe a bheidh éifeacht leis an scor sin.

- 5a. *I gcás ina mainníonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta bac a chur ar aitheantóir uathúil ar tuairiscíodh é a bheith caolaíseach don soláthraí seirbhísí íocaíochta sin nó a bheith bainteach le hidirbhearta a bhfuil cruthúnas follasach ann ar iad a bheith calaoiseach, ní sheasfaidh an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta aon chailleanais airgeadais a bheidh ann dá thoradh sin.*
- 5b. *I gcás ina n-eascraíonn calaois íocaíochta ó fhoilsiú ábhair chalaoisigh ar líne, cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta, gan moill mhíchuí, soláthraithe seirbhísí óstála ar an eolas faoi sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).*
6. Ní bheidh próiseáil sonraí pearsanta i gcomhréir le mír 4 ina cúis le foirceannadh an ghaoil chonarthaigh leis an gcustaiméir ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta ná ní bheidh tionchar ag an bpróiseáil sin ar a gcur ar bord amach anseo ag soláthraí seirbhísí íocaíochta eile, *mura rud é go bhfionnfar, in imscrúdú caloise críochnúil arna dhéanamh ag na húdaráis ábhartha, gur ghlac an custaiméar páirt i gníomhaíocht chalaoiseach.*

Airteagal 84

Rioscaí agus treochtaí calaoise íocaíochta

1. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta foláireamh dá gcustaiméirí trí gach modh agus meán iomchuí nuair a thiofadh cineálacha nua calaoise íocaíochta chun cinn, agus riachtanais a ngrúpaí custaiméirí is leochailí á gcur san áireamh acu. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta tásca soiléire dá gcustaiméirí maidir le conas iarrachtaí calaoiseacha a shainaithint agus tabharfaidh siad rabhadh dóibh maidir leis na bearta agus na réamhchúraimí is gá a dhéanamh chun nach ndíreofar gníomhaíochtaí calaoiseacha orthu. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a gcustaiméirí ar an eolas faoin áit ar féidir leo gníomhaíochtaí calaoiseacha a thuairisciú agus faisnéis a bhaineann le calaois a fháil go tapa.
- 1a. *Déanfaidh na Ballstáit modhanna substaintiúla a leithdháileadh chun infheistíocht a dhéanamh san oideachas maidir le calaois a bhaineann le híocaíochtaí. D'fhéadfadh an t-oideachas sin a bheith i bhfoirm feachtas meáin nó ceachtanna i scoileanna. Comhoibreoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí saor in aisce leis na Ballstáit sna gníomhaíochtaí oideachasúla sin. Cuirfidh na Ballstáit Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún ar an eolas faoi na feachtais phleanáilte.*

Glacfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta, i gcomhar le soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, coimircí coisc leormhaith agus coimircí teicniúla láidre chun cose a chur le cásanna ina ndéanann calaoiseoirí ainm, seoladh point nó uimhir ghutháin a mhacasamhlú agus a mhí-úsáid chun úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a chur ar mhíthreoir i dtreo is go ndéanann siad idirbhearta calaoiseacha.

Comhoibreoidh soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí le soláthraithe seirbhísí íocaíochta lena áirithiú go bhfuil bearta iomchuí eagraíochtúla agus teicniúla i

bhfeidhm chun slándáil agus rúndacht na cumarsáide a chosaint i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE, lena n-áirítear maidir le sainaithint líne glaonna agus seoladh ríomhphoist.

2. Eagróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta cláir oiliúna ar bhonn bliantúil ar a laghad maidir le rioscaí agus treochtaí calaoise íocaíochta dá bhfostaithe ***atá gníomhach i seirbhísí íocaíochta a cheapadh agus a thairiscint do chustaiméirí*** agus áiríteoidh siad go mbeidh dóthain oiliúna ag a bhfostaithe lena gcúraimí agus lena bhfreagrachtaí a chur i gcrích i gcomhréir leis na beartais agus na nósanna imeachta slándála ábhartha chun rioscaí calaoise íocaíochta a mhaolú agus a bhainistiú.
3. Faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta= 18 mí i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], eiseoidh ÚBE treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 maidir leis na cláir maidir le rioscaí calaoise íocaíochta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 85

Fíordheimhniú láidir custaiméara

1. Cuirfidh soláthraí seirbhísí íocaíochta fíordheimhniú láidir custaiméara i bhfeidhm, ***ar bhonn an mheasúnaithe riosca arna dhéanamh faoin sásra faireacháin idirbheart mar a leagtar amach in Airteagal 83***, i gcás ina ndéanann an t-íocóir an méid seo a leanas:
 - (a) a chuntas íocaíochta ar líne a rochtain;
 - I**
 - (c) ordú íocaíochta a dhéanamh le haghaidh idirbheart ríomhíocaíochta;
 - (d) aon bheart a dhéanamh trí chianbhealach a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leis i dtaobh calaois íocaíochta nó mí-úsáidí eile.
2. Idirbhearta íocaíochta arna thionscnamh ag an íocaí seachas an t-íocaí, ní bheidh siad faoi réir fíordheimhniú láidir custaiméara a mhéid a thionscnaítear na hidirbhearta sin gan aon idirghníomhaíocht ná rannpháirtíocht ón íocóir. ***Beidh feidhm ag na díolúintí sin freisin maidir le haisíocaíochta arna dtionscnamh ag an íocaí bunaidh chun leasa an íocóra.***
3. I gcás ina mbeidh sainordú tugtha ag an íocaí lena dtugtar údarú don íocaí ordú íocaíochta a dhéanamh le haghaidh idirbheart íocaíochta nó sraith idirbheart íocaíochta trí ionstraim íocaíochta ar leith a eisítear lena úsáid ag an íocóir chun orduithe íocaíochta a dhéanamh le haghaidh na n-idirbheart íocaíochta, agus i gcás ina mbeidh an sainordú bunaithe ar chomhaontú idir an t-íocóir agus an t-íocaí maidir le soláthar táirgí nó seirbhísí, féadfar na hidirbhearta íocaíochta a thionscnóidh an t-íocaí ina dhiaidh sin ar bhonn sainordaithe den sórt sin a cháiliú mar idirbhearta tionscanta ag an íocaí, ar choinníoll nach gá don íocaí gníomhaíocht shonrach a dhéanamh roimh na hidirbhearta sin chun a dtionscnamh a spreagadh.
4. Na hidirbhearta íocaíochta a ndéanann an t-íocaí orduithe íocaíochta ina leith agus atá bunaithe ar an sainordú a thugann an t-íocóir, beidh siad faoi réir na bhforálacha ginearálta a bhfuil feidhm acu maidir le hidirbhearta arna dtionscnamh ag an íocaí amhail dá dtagraítear in Airteagail 61, 62 agus 63.

5. I gcás ina soláthraítear sainordú an íocóra don íocaí chun orduithe íocaíochta a dhéanamh le haghaidh na n-idirbheart dá dtagraítear i mír 3 trí chianbhealach le rannpháirtíocht an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta, beidh leagan síos sainordaithe den sórt sin faoi réir fíordheimhniú láidir custaiméara.
6. I gcás dochair dhíreacha, i gcás ina soláthraítear an sainordú a thugann an t-íocóir don íocaí chun idirbheart dochair dhírigh amháin nó níos mó a thionscnamh trí chianbhealach le rannpháirtíocht dhíreach soláthraí seirbhísí íocaíochta i leagan síos sainordaithe den sórt sin, cuirfear fíordheimhniú láidir custaiméara i bhfeidhm.
7. Maidir le hidirbhearta íocaíochta a ndéanann an t-íocóir orduithe íocaíochta ina leith le módúlachtaí seachas ardáin nó gléasanna leictreonacha a úsáid, mar atá orduithe íocaíochta ar pháipéar, orduithe poist nó **sásraí atá bunaithe ar** theileafón, ní bheidh siad faoi réir fíordheimhniú láidir custaiméara, gan beann ar a dhéanfar an t-idirbheart go leictreonach nó nach ndéanfar, ar choinníoll gurb é soláthraí seirbhísí íocaíochta an íocóra a dhéanfaidh na ceanglais agus na seiceálacha slándála lena n-éascaítear cineál **eile** fíordheimhnithe ar an idirbheart íocaíochta seachas **fíordheimhniú láidir custaiméara**.
8. Maidir le hordú íocaíochta a dhéanamh go cianta amhail dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta fíordheimhniú láidir custaiméara i bhfeidhm lena n-áirítear eilimintí lena nasctar an t-idirbheart go dinimiciúil le méid sonracha agus le híocaí sonracha.
9. Maidir le hordú íocaíochta amhail dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), a shocrú trí ghaireas íocóra lena n-úsáidtear teicneolaíocht ghairiúla chun faisnéis a mhalartú le bonneagar an íocaí, a n-éilítear lena fhíordheimhniú úsáid idirlín ar ghléas an íocóra, cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta fíordheimhniú láidir custaiméara i bhfeidhm lena n-áirítear eilimintí lena nasctar an t-idirbheart go dinimiciúil le méid sonracha agus le híocaí sonracha nó le bearta slándála comhchuibhithe comhéifeachta, lena n-áirithítear rúndacht, barántúlacht agus sláine mhéid an idirbhirt agus an íocaí le linn gach céim den tionscnamh.
10. Chun críocha mhír 1, beidh bearta slándála leordhóthanacha i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta chun rúndacht agus sláine na ndintiúr slándála pearsantaithe de chuid úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a chosaint.
11. Aon díolúine ó fhíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm arna ndearadh ag ÚBE faoi Airteagal 89, beidh sí bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:
 - (a) an leibhéal riosca a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthraítear;
 - (b) méid an idirbhirt, atarlú an idirbhirt, nó iad sin araon;
 - (c) an bealach íocaíochta a úsáidtear chun an t-idirbheart a fhorghníomhú.

(ca) cibé an tomhaltóirí nó íocóirí corparáideacha iad na páirtithe san idirbheart.
12. Maidir leis an dá eilimint nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (35), ar a mbeidh fíordheimhniú láidir custaiméara bunaithe, ní gá go mbaineann siad le catagóirí éagsúla, fad is a dhéanfar a neamhspleáchas a chaomhnú go hiomlán. Déanfar neamhspleáchas **na ngnéithe a chaomhnú go hiomlán i gcónaí agus áiritheoidh an nós imeachta fíordheimhnithe leibhéal ard slándála i gcónaí.**

Féadfaidh an ghné dhílis den fhíordheimhniú láidir custaiméara saintréithe comhshaoil agus iompair a áireamh amhail iadsan a bhaineann le suíomh an úsáideora seirbhísí íocaíochta, an uair a tharlaíonn an t-idirbheart nó an uair a úsáidtear an gaireas.

Airteagal 86

Fíordheimhniú láidir custaiméara i ndáil le seirbhísí tionscanta íocaíochta agus faisnéise cuntas

1. Beidh feidhm ag Airteagal 85(8) agus (9) freisin i gcás ina dtionscnófar íocaíochtaí trí sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta. Beidh feidhm ag Airteagal 85(10) freisin i gcás ina dtionscnófar íocaíochtaí trí sholáthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta agus i gcás ina n-iarrfar an fhaisnéis trí sholáthraí seirbhísí faisnéise cuntas.
2. Ceadóidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas do sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta agus do sholáthraithe seirbhísí faisnéise cuntas brath ar na nósanna imeachta fíordheimhniúcháin a sholáthraíonn an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas don úsáideoir seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 85(1) agus (10) agus, i gcás ina bhfuil baint ag an soláthraí seirbhísí tionscanta íocaíochta leis, i gcomhréir le hAirteagal 85(1), (8), (9), (10) agus (11).
3. Gan dochar do mhír 2, i gcás ina bhfaighidh soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas rochtain ar fhaisnéis cuntas, ní chuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas fíordheimhniú láidir custaiméara i bhfeidhm ach amháin maidir leis an gcéad uair a bhfaighidh soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas ar leith rochtain ar shonraí cuntas íocaíochta, ach amháin má bhíonn forais réasúnacha ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas a cheapadh bhfuil calaois á déanamh, ach ní maidir leis an rochtain ina dhiaidh sin ar an gcuntas íocaíochta sin ag an soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas sin.



Airteagal 88

Ceanglais inrochtaineachta maidir le fíordheimhniú láidir custaiméara

1. Gan dochar do na ceanglais inrochtaineachta faoi Threoir (AE) 2019/882, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta go mbeidh modh ar a laghad ar fáil dá gcustaiméirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine a bhfuil scileanna ísle digiteacha acu agus daoine nach bhfuil rochtain acu ar mhodhanna digiteacha nó ar ionstraimí íocaíochta, agus go mbeidh sé curtha in oiriúint dá staid shonrach, rud a chuirfidh ar a gcumas fíordheimhniú láidir custaiméara a chur i gcrích.
2. Ní fhágfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta go mbeidh feidhmíocht fhíordheimhnithe láidir custaiméara – ***a bheidh le soláthar saor in aisce*** - ag brath ar mhodh aonair fíordheimhniúcháin a úsáid go heisiach agus ní fhágfaidh siad go mbeidh feidhmíocht fhíordheimhniú láidir custaiméara ag brath, go sainráite nó go hintuigthe, ar fhón cliste ***nó gaireas cliste eile*** a bheith ag daoine. Forbróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta ***níos mó ná slí amháin le fíordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm*** chun riar ar staideanna sonracha ***éagsúla*** a gcustaiméirí uile ***go sonrach iadsan atá faoi chumas, atá***

ar bheagán scileanna digiteacha, daoine aosta agus iadsan nach bhfuil rochtain acu ar bhealaí digiteacha ná ar ionstraimí íocaíochta.

Airteagal 88a

Rochtain chothrom, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach ar ghairis mhóibíleacha

1. *Gan dochar d'Airteagal 6, mír (7), de Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/14508, ceadóidh monaróirí buntrealaimh gaireas móibíleach agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/1972 do sholáthraithe seirbhísí tosaigh idir-inoibritheacht éifeachtach leis na gnéithe teicniúla, agus rochtain chun críoch idir-inoibritheachta orthu, ar gnéithe iad is gá chun sonraí a stóráil agus a aistriú chun idirbhearta a phróiseáil, ar théarmaí cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha.*
2. *Ní bheidh cosc ar mhonaróirí buntrealaimh gaireas móibíleach agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí dá dtagraítear i mír 1 bearta fíorriachtanacha agus comhréireacha a dhéanamh chun a áirithiú nach mbainfidh an idir-inoibritheacht an bonn ó shláine na ngnéithe crua-earraí agus bogearraí lena mbaineann an oibleagáid idir-inoibritheachta ar choinníoll go mbeidh údar cuí leis na bearta sin.*
3. *Chun téarmaí cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha a chur i bhfeidhm de bhun mhír 1, foilseoidh mhonaróirí buntrealaimh gaireas móibíleach agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí dá dtagraítear sa mhír sin coinniollacha ginearálta idir-inoibritheachta agus rochtana éifeachtaí.*

Airteagal 89

Caighdeán theicniúla rialála maidir le sásraí fíordheimhniúcháin, cumarsáide agus faireacháin idirbheart

1. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeán theicniúla rialála ina sonrúfar na nithe seo a leanas:
 - (a) na ceanglais a bhaineann le fíordheimhniú láidir custaiméara amhail dá dtagraítear in Airteagal 85;
 - (b) na díolúintí ó chur i bhfeidhm Airteagal 85(1), (8) agus (9), bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 85(11);
 - (c) na ceanglais atá le comhlíonadh ag bearta slándála, i gcomhréir le hAirteagal 85(10) chun rúndacht agus sláine dhintiúir shlándála phearsantaithe na n-úsáideoirí seirbhíse íocaíochta a chosaint;
 - (d) na ceanglais is infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 87, maidir leis na comhaontuithe seachfhoinsithe idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta na n-íocóirí agus soláthraithe seirbhísí teicniúla maidir le soláthar agus fíorú na n-eilimintí d'fhíordheimhniú láidir custaiméara ag soláthraithe seirbhísí teicniúla; **Agus an**

méid sin á dhéanamh acu, déanfaidh ÚBE na treoirlínte atá ann cheana maidir le socruithe a sheachfhoinsiú a chur i gcuntas.

- (e) na ceanglais Theideal III, Caibidil 3 maidir le caighdeáin chumarsáide chomhchoiteanna, shlána chun críche sainaithe, fiordheimhnithe, fôgra a thabhairt, agus faisnéise, agus chun bearta slándála a chur chun feidhme, idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas, soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta, soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas, íocóirí, íocaithe agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile.
- (f) forálacha forlíontacha maidir le caighdeáin shlána oscailte chumarsáide ag baint úsáid as comhéadain thiomnaithe;
- (g) na ceanglais theicniúla maidir leis na sásraí faireacháin idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 83.

Chun críocha phointe (b), a mhéid a bhaineann le fiordheimhniú láidir custaiméara a chur i bhfeidhm le haghaidh idirbhearta íocaíochta, bunaithe ar anailís riosca idirbhirt, sonrófar sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, inter alia:

- (i) na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun go measfaí go bhfuil leibhéal íseal riosca ag baint le hidirbheart cian-íocaíochta leictreonaí, ***agus leibhéal na calaoise i ngach gníomhaíocht eacnamaíoch á gcur i gcuntas;***
- (ii) na modheolaíochtaí agus na samhlacha chun anailís riosca idirbheart a chur chun feidhme;
- (iii) na critéir chun rátaí calaoise a ríomh, lena n-áirítear maidir le leithdháileadh rátaí calaoise idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí eisiúna agus fála, nó laistigh de sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí eisiúna agus fála trí eintiteas dlíthiúil aonair;
- (iv) ceanglais mhionsonraithe agus chomhréireacha tuairiscithe agus iniúchóireachta.

(ga) liosta caighdeánaithe de chatagóirí faisnéise a bheidh le nochtadh ar an deais;

(gb) liosta uileghabhálach de na modhanna is féidir a úsáid mar aitheantóir uathúil;

(gc) na critéir maidir le heisiamh idirbheart íocaíochtaí ón íocóir leis an íocaí trí ghníomhaire tráchtála dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b).

2. Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 1 á bhforbairt, cuirfidh ÚBE an méid seo a leanas san áireamh:

- (a) an gá le leibhéal iomchuí slándála a áirithiú d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta agus do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, trí cheanglais éifeachtacha, atá bunaithe ar riosca, a ghlacadh;
- (b) an gá le sábháilteacht chistí na n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta agus a gcuid sonraí pearsanta a áirithiú;
- (c) an gá le hiomaíocht chóir a áirithiú agus a choinneáil ar bun i measc na soláthraithe seirbhísí íocaíochta go léir;
- (d) an gá le neodracht a áirithiú ó thaobh na teicneolaíochta agus ó thaobh na samhla gnó;
- (e) an gá lena bhfágáil go bhféadfar modhanna íocaíochta a fhorbairt a bheidh áisiúil, inrochtana agus nuálach.

(ea) an gá le cothromaíocht a aimsiú idir riosca calaoise agus taithí an tomhaltóra ar idirbhearta ar luach íseal;

(eb) staid éagsúil agus riachtanais shonracha tomhaltóirí agus íocóirí corparáideacha;

Déanfaidh ÚBE, sula ndéanfaidh sé a dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chur faoi bhráid an Choimisiúin, comhairliúchán oscailte a reáchtáil le geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha chun a áirithiú go ndéanfar an an dul chun cinn is úire i ndáil le próiseáil teicneolaíochta agus íocaíochtaí, mar aon le sonraíochtaí na n-idirbheart gnólacht le gnólacht agus gnólacht le rialtas, a chur i gcuntas sna dréacht chaighdeáin theicniúla rialála.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta= 1 bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

3. I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, déanfaidh ÚBE na caighdeáin theicniúla rialála a athbhreithniú agus, más iomchuí, tabharfaidh sé cothrom le dáta ar bhonn rialta iad chun, inter alia, forbairtí nuálaíochta agus teicneolaíochta, agus forálacha Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/2554, agus Tiachóga na Céannachta Digití ón Aontas arna gcur chun feidhme faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, a chur san áireamh.

CAIBIDIL 8

Nósanna imeachta um fhorfheidhmiú, údaráis inniúla agus pionóis

ROINN 1

NÓSANNA IMEACHTA GEARÁIN

Airteagal 90

Gearáin

1. Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta ar bun lena bhféadfaidh úsáideoirí seirbhísí íocaíochta agus páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear comhlachais tomhaltóirí, gearáin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil a ainmneofar chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a áirithiú, maidir le cásanna ina gcuirfear i leith soláthraithe seirbhísí íocaíochta gur sháraigh siad forálacha an Rialacháin seo.
2. I gcás inarb iomchuí agus gan dochar don cheart chun imeachtaí a thabhairt os comhair cúirte i gcomhréir le dlí náisiúnta nós imeachta, cuirfear an gearánach ar an eolas sa fhreagra ó na húdaráis inniúla ar na gearáin dá

dtagraítear i mír 1 gurb ann do na nósanna imeachta um réiteach malartach díospóidí a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 95.

Airteagal 91

Údaráis inniúla agus cumhachtaí imscrúdaitheacha

1. Feidhmeoidh údaráis inniúla a gcumhachtaí chun sáruithe féideartha ar an Rialachán seo a imscrúdú, agus forchuirfidh siad smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin arna leagan síos ina gcreataí dlí náisiúnta i gcomhréir leis an Rialachán seo, in aon cheann de na bealaí seo a leanas:

- (a) go díreach;
- (b) i gcomhar le húdaráis eile;
- (c) trí chumhachtaí a tharmligean chuig údaráis eile nó chuig comhlachtaí eile, agus an fhreagracht as maoirseacht a dhéanamh ar an údarás tarmligthe nó ar an gcomhlacht tarmligthe á coinneáil;
- (d) trí iarratas a chur chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

I gcás ina dtarmligfidh údaráis inniúla feidhmiú a gcumhachtaí chuig údaráis nó comhlachtaí eile i gcomhréir le pointe (c), sonrófar i dtarmligean na cumhachta na cúraimí tarmligthe, na coinníollacha faoina ndéanfar iad, agus na coinníollacha faoina bhféadfar tarmligean na cumhachta a chúlghairm. Beidh na húdaráis nó na comhlachtaí dá dtarmligfear na cumhachtaí eagraithe ar bhealach lena áiritheoidh go seachnófar coinbhleachtaí leasa. Déanfaidh údaráis inniúla maoirseacht ar ghníomhaíocht na n-údarás nó na gcomhlachtaí dá ndéantar na cumhachtaí a tharmligean.

2. Ainmneoidh na Ballstáit údaráis inniúla chun comhlíonadh éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú agus faireachán a dhéanamh air. Déanfaidh na húdaráis inniúla sin gach beart iomchuí chun an comhlíonadh sin a áirithiú.

Is iad seo a leanas a bheidh sna húdaráis inniúla:

- (a) údaráis phoiblí;
- (b) comhlachtaí arna n-aithint sa dlí náisiúnta nó údaráis phoiblí dá dtugtar an chumhacht sin go sainráite chun na críche sin sa dlí náisiúnta, lena n-áirítear bainc cheannais náisiúnta.

Beidh na húdaráis inniúla neamhspleách ar chomhlachtaí eacnamaíocha agus seachnóidh siad coinbhleachtaí leasa. Gan dochar do mhír 2, pointe (b), ní ainmneofar institiúidí íocaíochta, institiúidí creidmheasa, ná institiúidí gíoró oifige poist mar údaráis inniúla.

3. Beidh na cumhachtaí imscrúdaitheacha uile agus acmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 2 is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh.

Áireofar sna cumhachtaí sin:

- (a) le linn nósanna imeachta chun sáruithe féideartha ar an Rialachán seo a imscrúdú, an chumhacht lena cheangal ar na daoine nádúrtha nó dlítheanacha seo a leanas, *inter alia*, an fhaisnéis uile is gá chun an t-imscrúdú sin a dhéanamh:
- (i) soláthraithe seirbhísí íocaíochta;
 - (ii) soláthraithe seirbhísí teicniúla agus oibreoírí córas íocaíochta;
 - (iii) soláthróirí UMB nach riarann cuntais íocaíochta;
 - (iv) soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí;
 - (v) daoine nádúrtha a bhaineann leis na heintitis dá dtagraítear i bpointí (i), (ii) agus (iii);
 - (vi) tríú páirtithe ar sheachfhoinsigh na heintitis dá dtagraítear i bpointí (i), (ii) agus (iii) feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla chucu;
 - (vii) gníomhairí agus dáileoirí na n-eintiteas dá dtagraítear i bpointí (i), (ii) agus (iii) agus a mbrainsí atá bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann;
- (b) an chumhacht chun gach imscrúdú is gá a dhéanamh ar aon duine dá dtagraítear i bpointí (a)(i) go (vii) atá bunaithe nó lonnaithe i mBallstát an údaráis inniúil nó a sholáthraíonn seirbhísí ann, i gcás inar gá sin chun cúraimí na n-údarás inniúil a dhéanamh, lena n-áirítear an chumhacht chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (i) a cheangal go gcuirfear isteach doiciméid;
 - (ii) scrúdú a dhéanamh ar leabhair agus taifid na ndaoine dá dtagraítear i bpointí (a) (i) go (vi) agus cóipeanna a dhéanamh de na leabhair nó de na taifid sin nó sleachta a thógáil astu;
 - (iii) mínithe i scríbhinn nó ó bhéal a fháil ó aon duine dá dtagraítear i bpointí (a) (i) go (vii) nó óna ionadaithe nó óna fhoireann, i gcás inarb infheidhme;
 - (iv) agallamh a chur ar aon duine nádúrtha eile a thoilíonn go gcuirfear agallamh air chun faisnéis a bhailiú a bhaineann le hábhar imscrúdaithe;
- (c) an chumhacht chun gach iniúchadh is gá a dhéanamh ag áitreabh gnó na ndaoine dlítheanacha nó na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear i bpointí (a)(i) go (vii), faoi réir fógra a fháil roimh ré ó na húdaráis inniúla lena mbaineann.
4. I gcás ina leagtar síos le dlí Ballstáit na smachtbhannaí coiriúla is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 96, mír (2), beidh na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá i bhfeidhm ag an mBallstát sin ionas go mbeidh na húdaráis inniúla ábalta an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis bhreithiúnacha inniúla chun faisnéis shonrach a fháil maidir le himscrúduithe coiriúla ar sháruithe líomhnaithe ar an Rialachán seo, imeachtaí coiriúla arna dtionscnamh i ndáil le sáruithe líomhnaithe

den sórt sin, agus toradh imeachtaí den sórt sin lena n-áirítear an breithiúnas críochnaitheach;

- (b) an fhaisnéis sin a sholáthar d'údaráis inniúla eile agus do ÚBE chun a n-oibleagáid comhoibriú le chéile agus le ÚBE a chomhlíonadh chun críocha an Rialacháin seo.
5. Beidh cur chun feidhme agus feidhmiú na gcumhachtaí a leagtar amach san Airteagal sin comhréireach agus comhlíonfaidh sé dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear coimircí nós imeachta infheidhme agus prionsabail Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Beidh na bearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin arna nglacadh i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo iomchuí do chineál agus do dhíobháil fhoriomlán iarbhir nó fhéideartha an tsárraithe.
6. Faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach dáta= dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], eiseoidh ÚBE treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, maidir le nósanna imeachta gearán, lena n-áirítear na bealaí chun gearáin a chur isteach, an fhaisnéis a iarradh ó ghearánaigh, agus nochtadh na hanailíse comhiomláine ar na gearáin dá dtagraítear in Airteagal 90(1).

Airteagal 92

Rúndacht ghairmiúil

1. Gan dochar do chásanna a chumhdaítear leis an dlí coiriúil náisiúnta, beidh gach duine a oibríonn nó a d'oibrigh d'údaráis inniúla, agus aon saineolaithe a ghníomhaíonn thar ceann na n-údarás inniúil, faoi cheangal oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir leis an bhfaisnéis a bhaineann le himscrúduithe a dhéanann na húdaráis inniúla.
2. Beidh an fhaisnéis a mhalartaítear i gcomhréir le hAirteagal 93 faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla ag an údarás comhroinnte agus ag an údarás is faighteoir.

Airteagal 93

Dlínse agus comhar na n-údarás inniúil

1. I gcás sárú nó sárú amhrasta ar Theideal II agus Teideal III, is éard a bheidh sna húdaráis inniúla ná údaráis inniúla Bhallstát baile an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta, ach amháin i gcás gníomhairí agus brainsí a dhéanann gnó faoin gceart bunaíochta, agus sa chás sin is iad údaráis inniúla an Bhallstáit aíochta a bheidh ina n-údaráis inniúla.
2. I gcás sárúithe nó sárúithe amhrasta ar Theidil II agus III arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhísí teicniúla, oibreoirí córas íocaíochta, soláthróirí UMB nach riarann cuntais íocaíochta seirbhíse, soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí nó arna ndéanamh ag a ngníomhairí nó ag a mbrainsí, is údaráis inniúla an Bhallstáit ina soláthraítear an tseirbhís lena mbaineann a bheidh ina n-údaráis inniúla.
3. Agus a gcumhachtaí imscrúdaitheacha agus a gcumhachtaí chun smachtbhannaí a fhorchur á bhfeidhmiú acu, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann, comhoibreoidh údaráis inniúla le

chéile agus le húdaráis eile ó aon earnáil lena mbaineann de réir mar is infheidhme maidir le gach cás agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta trí fhaisnéis a mhalartú le chéile agus trí chúnamh frithpháirteach a áirithiú d'údaráis inniúla eile lena mbaineann de réir mar is gá chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

4. Comhoibreoidh na húdaráis ó earnálacha eile lena mbaineann, dá dtagraítear i mír 3, leis na húdaráis inniúla chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

ROINN 2

NÓSANNA IMEACHTA UM RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ AGUS PIONÓIS

Airteagal 94

Réiteach díospóidí

1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta nósanna imeachta leordhóthanacha, éifeachtacha i bhfeidhm maidir le teacht ar réiteach ar ghearáin ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta i ndáil leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Theideal II agus Theideal III. Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán ar fheidhmíocht na nósanna imeachta sin.

Cuirfear na nósanna imeachta sin i bhfeidhm i ngach Ballstát ina gcuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta na seirbhísí íocaíochta ar fáil agus beidh siad ar fáil i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ábhartha nó i dteanga eile má chomhaontaítear é sin idir an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus an t-úsáideoir seirbhísí íocaíochta.
2. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta freagra a thabhairt, ar pháipéar nó, má chomhaontaítear é idir soláthraí seirbhísí íocaíochta agus úsáideoir seirbhísí íocaíochta, ar mheán marthanach eile, ar na gearáin ó na húsáideoirí seirbhísí íocaíochta. Leis an bhfreagra sin, tabharfar aghaidh ar na pointí go léir a luafar, faoi cheann tréimhse leordhóthanach agus ar a dhéanaí faoi cheann 15 lá gnó ón uair a gheofar an gearán. I gcásanna eisceachtúla, mura féidir an freagra a thabhairt faoi cheann 15 lá gnó ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an soláthraí seirbhísí íocaíochta orthu, seolfaidh sé freagra fóille, ina gcuirfear in iúl go soiléir na cúiseanna atá leis an moill i dtaobh freagra a thabhairt ar an ngearán agus ina sonrúfar an sprioc-am faoina bhfaighidh an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta an freagra deiridh. In aon chás, ní rachaidh an sprioc-am faoina bhfaighfear an freagra deiridh thar 35 lá gnó.

Féadfaidh na Ballstáit rialacha a thabhairt isteach nó a choimeád ar bun maidir le nósanna imeachta um réiteach díospóidí atá níos tairbhí don úsáideoir seirbhíse íocaíochta ná an riail dá dtagraítear sa chéad fhomhír. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit amhlaidh, beidh feidhm ag na rialacha sin.
3. Cuirfidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an t-úsáideoir seirbhíse íocaíochta ar an eolas faoi eintiteas ADR amháin ar a laghad atá inniúil chun déileáil le díospóidí a bhaineann leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Theideal II agus Theideal III.
4. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a lua ar bhealach soiléir cuimsitheach, sorochtana, ar shuíomh gréasáin an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta agus ar an bhfeidhmchlár móibíleach faoi seach, más ann dó, ag an mbrainse, agus i dtéarmaí agus coinníollacha ginearálta an chonartha idir an soláthraí seirbhísí íocaíochta agus an t-úsáideoir

seirbhísí íocaíochta. Sonróidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta an dóigh ar féidir tuilleadh eolais a fháil faoin eintiteas ADR lena mbaineann agus faoi na coinníollacha maidir lena úsáid.

Airteagal 95

Nósanna imeachta ADR

1. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta ADR a bheidh leordhóthanach, neamhspleách, neamhchlaonta, trédhearcach agus éifeachtach chun teacht ar réiteach ar dhíospóidí idir úsáideoirí seirbhíse íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Theideal II agus Teideal III de réir dhlí ábhartha an Aontais agus an dlí náisiúnta i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochta a leagtar síos i dTreoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴, agus leas á baint acu as comhlachtaí inniúla atá ann cheana i gcás inarb iomchuí sin. Beidh nósanna imeachta ADR infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta.
 - 1a. ***Beidh rannpháirtíocht soláthraithe seirbhísí íocaíochta i nósanna imeachta ADR do thomhaltóirí éigeantach mura léireoidh an Ballstát don Choimisiún go bhfuil sásraí eile chomh héifeachtach céanna.***
2. Oibreoidh na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhar le chéile go héifeachtach chun teacht ar réiteach ar dhíospóidí trasteorann maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Theideal II agus Teideal III.
3. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil chun leibhéal cáilíochta an eintitis ADR nó na n-eintiteas ADR ar a gcríoch a chreidiúnú, faireachán a dhéanamh air agus é a fhoilsiú chun díospóidí a réiteach maidir le cearta agus oibleagáidí faoi Theideal II agus Teideal III, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Threoir 2013/11/AE.
4. Tabharfaidh na húdaráis inniúla, dá dtagraítear i mír 3, fógra don Choimisiún faoi eintiteas nó eintitis ADR ina gcríocha chun díospóidí maidir le cearta agus oibleagáidí faoi Theideal II agus Teideal III a réiteach, i gcomhréir le hAirteagal 20 de Threoir 2013/11/AE.
5. Cuirfidh an Coimisiún liosta ar fáil go poiblí de na heintitis ADR a dtugtar fógra dóibh i gcomhréir le mír 4 agus nuashonróidh sé an liosta sin aon uair a chuirfear athruithe in iúl.

Airteagal 96

Smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin

1. Gan dochar do chumhachtaí maoirseachta na n-údarás inniúil a ainmnítear faoi Threoir (AE) XXX (PSD3), i gcomhréir le Teideal II, Caibidil 1, roinn 3 den Treoir sin, agus do cheart na mBallstát smachtbhannaí coiriúla a leagan síos, leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin is infheidhme maidir le

⁴⁴ Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach ar dhíospóidí le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63).

sáruithe ar an Rialachán seo agus áiritheoidh siad go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan rialacha a leagan síos maidir le smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo atá faoi réir smachtbhannaí faoin dlí coiriúil náisiúnta. I gcás den sórt sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi fhorálacha ábhartha an dlí choiriúil agus faoi aon leasuithe a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 103.
3. I gcás ina mbeidh feidhm ag na rialacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus daoine dlítheanacha eile, i gcás sáruithe agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta, beidh feidhm ag smachtbhannaí riaracháin agus ag bearta riaracháin maidir le comhaltaí de chomhlacht bainistíochta na soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus na ndaoine dlítheanacha sin agus maidir le daoine nádúrtha eile a bheidh freagrach as sárú ar an Rialachán seo.
4. Féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, lena gcuirfear ar chumas a n-údarás inniúil imscrúdú a dhúnadh maidir le sárú líomhnaithe ar an Rialachán seo, i ndiaidh comhaontú socraíochta nó nós imeachta brostaithe um fhorfheidhmiú.

Ní dhéanann cumhachtú na n-údarás inniúil chun nósanna imeachta brostaithe um fhorfheidhmiú a shocrú nó a oscailt difear do na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit faoi mhír 1.

Airteagal 97

Smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin eile maidir le sáruithe sonracha

1. Gan dochar d'Airteagal 96(2), leagfar síos le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin náisiúnta na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin eile dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal sin maidir leis na forálacha seo a leanas a shárú nó teacht timpeall orthu:
 - (a) na rialacha maidir le rochtain ar chuntais arna gcoimeád le hinstitiúid creidmheasa a leagtar síos in Airteagal 32;
 - (b) na rialacha maidir le rochtain shlán ar shonraí ag soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas nó ag soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta arna leagan síos i dTeideal III, Caibidil 3, gan dochar d'Airteagal 45;
 - (c) an oibleagáid sásraí coiscthe calaoise a eagrú nó a dhéanamh lena n-áirítear fíordheimhniú láidir custaiméara mar a leagtar amach in Airteagal 85, Airteagal 86 agus Airteagal 87;

- (d) an dualgas na ceanglais maidir le trédhearcacht ar tháillí ag oibreoirí UMB nó ag dáileoirí airgid thirim eile a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 20(c) pointe (ii);
 - (e) mainneachtain soláthraithe seirbhísí íocaíochta cloí leis an tréimhse le haghaidh cúitimh d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta mar a leagtar amach in Airteagal 56(2), Airteagal 57(2) agus Airteagal 59(2).
2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, beidh na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin is infheidhme **éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus** cuimseofar an méid seo a leanas iontu:
- (a) fineálacha riaracháin;
 - (i) i gcás duine dlítheanach, fineáil riaracháin uasta de **7.5 %** ar a laghad dá láimhdeachas bliantúil iomlán mar a shainítear faoi mhír 3;
 - (ii) i gcás duine nádúrtha, fineáil riaracháin uasta de **EUR 2 750 000** ar a laghad nó, sna Ballstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
 - (iii) fineáil riaracháin uasta de dhá oiread ar a laghad de mhéid na mbrabús a gnóthaíodh ón sárú, i gcás inar féidir an brabús sin a chinneadh.
 - (b) ráiteas poiblí ina léirítear an duine dlítheanach nó nádúrtha atá freagrach as an sárú agus cineál an tsáraithe;
 - (c) ordú lena gceanglaítear ar an duine dlítheanach nó nádúrtha atá freagrach as an sárú scor den iompraíocht neamhdhleathach agus scor den iompraíocht sin a dhéanamh arís;
 - (d) toirmeasc sealadach ar chomhalta de chomhlacht bainistíochta an duine dhlítheanaigh, nó ar aon duine nádúrtha eile a bheidh freagrach as an sárú, feidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú.
3. Beidh an láimhdeachas bliantúil iomlán dá dtagraítear i mír 2, pointe (a)(i) den Airteagal seo agus in Airteagal 98(1) den Rialachán seo cothrom leis an nglanláimhdeachas mar a shainítear in Airteagal 2, pointe (5), de Threoir 2013/34/AE de réir na ráiteas airgeadais bliantúil atá ar fáil don dáta is déanaí ar an gclár comhardaithe, as a bhfuil comhaltaí chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an duine dhlítheanaigh freagrach.
- I gcás inar máthairghnóthas nó foghnóthas de chuid máthairghnóthais an duine dlítheanaigh a bhfuil sé de cheangal air ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir 2013/34/AE, is éard a bheidh sa láimhdeachas bliantúil iomlán ábhartha ná an glanláimhdeachas nó an t-ioncam a bheidh le cinneadh i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta ábhartha, de réir ráitis airgeadais chomhdhlúite an mháthairghnóthais deiridh atá ar fáil don don dáta is déanaí ar an gclár comhardaithe, as a

bhfuil comhaltaí chomhlacht riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais deiridh freagrach.

4. Féadfaidh na Ballstáit údaráis inniúla a chumhachtú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, chun cineálacha eile smachtbhannaí agus cineálacha eile cumhachtaí chun smachtbhannaí a fhorchur de bhreis ar na cinn dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus Airteagal 98 maidir le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla.

Airteagal 98

Íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla

1. Beidh údaráis inniúla i dteideal íocaíochtaí pionóis tréimhsiúla a fhorchur ar dhaoine dlítheanacha nó nádúrtha nach ndearna aon chinneadh, ordú, beart eatramhach, iarraidh, oibleagáid nó beart eile arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo a chomhlíonadh.

Beidh an íocaíocht phionósach thréimhsiúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír éifeachtach agus comhréireach agus is éard a bheidh inti méid laethúil a bheidh le híoc go dtí go mbeifear comhlíontach arís. Déanfar iad a fhorchur go ceann tréimhse nach faide ná sé mhí ón dáta a léirítear sa chinneadh lena bhforchuirtear na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla.

Beidh údaráis inniúla i dteideal íocaíochtaí pionóis tréimhsiúla uasta maidir leis an méid seo a leanas ar a laghad a fhorchur:

- (a) 3 % den mheánláimhdeachas laethúil i gcás duine dlítheanach;
- (b) EUR 30 000 i gcás duine nádúrtha.

Is é an láimhdeachas bliantúil iomlán dá dtagraítear in Airteagal 97(3), arna roinnt ar 365 a bheidh sa mheánláimhdeachas laethúil.

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le méideanna níos airde d'íocaíochtaí pionóis airgid ná na méideanna a leagtar síos i mír 1.

Eilimintí atá le breithniú agus smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin eile á gcinneadh

1. Cuirfidh údaráis inniúla, agus cineál agus leibhéal na smachtbhannaí agus na mbeart riaracháin nó beart riaracháin eile á gcinneadh acu, na heilimintí agus na cúinsí ábhartha go léir chun smachtbhannaí comhréireacha a chur i bhfeidhm san áireamh, lena n-áirítear:
 - (a) tromchúis agus fad an tsáraithe;
 - (b) leibhéal freagrachta an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach as an sárú;
 - (c) neart airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bheidh freagrach as an sárú, arna léiriú, i measc nithe eile, le láimhdeachas bliantúil iomlán an duine dhlítheanaigh, nó le hioncam bliantúil an duine nádúrtha a bheidh freagrach as an sárú;
 - (d) méid na mbrabús a ghnóthaigh nó na gcaillteanas a sheachain an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an sárú, a mhéid is féidir iad sin a chinneadh;
 - (e) na caillteanais do thríú páirtithe de bharr an tsáraithe, a mhéid is féidir iad a chinneadh;
 - (f) an míbhuntáiste a eascraíonn don duine dlítheanach nó nádúrtha at bheidh freagrach as an sárú ar dhúbailt imeachtaí coiriúla agus riaracháin agus smachtbhannaí i leith an iompair chéanna;
 - (g) tionchar an tsáraithe ar leasanna tomhaltóirí agus úsáideoirí seirbhísí íocaíochta eile;
 - (h) aon iarmhairt dhiúltach shistéamacha iarbhír nó fhéideartha a bhaineann leis an sárú.
 - (i) an chastacht nó rannpháirtíocht a bhaineann le níos mó ná duine nádúrtha nó dlítheanach amháin sa sárú;
 - (j) sárúithe roimhe seo a rinne an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an sárú;
 - (k) leibhéal comhair an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá freagrach as an sárú leis an údarás inniúil;
 - (l) aon ghníomh nó beart ceartaitheach arna dhéanamh ag an duine dlítheanach nó nádúrtha atá freagrach as an sárú lena áirithiú nach ndéanfar an sárú sin arís.
2. Déanfaidh údaráis inniúla a úsáideann comhaontuithe socraíochta nó nósanna imeachta brostaithe um fhorfheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 96(4) na smachtbhannaí agus na bearta riaracháin ábhartha a leagtar síos in Airteagal 96, 97 agus 98 a oiriúnú don chás lena mbaineann chun comhréireacht an cháis sin a áirithiú.

Airteagal 100

An ceart chun achomhairc

1. Beidh na cinntí a dhéanfaidh na húdaráis inniúla de bhun an Rialacháin seo inchoimhlinte os comhair na gcúirteanna.
2. Beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir le mainneachtain gníomhú.

Airteagal 101

Smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhoilsiú

1. Foilseoidh údaráis inniúla ar a suíomh gréasáin gach cinneadh lena bhforchuirtear smachtbhanna riaracháin nó beart riaracháin ar dhaoine dlítheanacha agus nádúrtha, mar gheall ar shárúithe ar an Rialachán seo, agus i gcás inarb infheidhme, gach comhaontú socraíochta. Áireofar san fhoilseachán tuairisc ghearr ar an sárú, ar an smachtbhanna riaracháin nó ar an mbeart riaracháin eile a forchuireadh, nó, i gcás inarb infheidhme, ráiteas faoin gcomhaontú socraíochta. Ní fhoilseofar aitheantas an duine nádúrtha a bheidh faoi réir an chinnidh lena bhforchuirtear smachtbhanna riaracháin nó beart riaracháin.

Foilseoidh na húdaráis inniúla an cinneadh agus an ráiteas dá dtagraítear sa chéad fhomhír díreach i ndiaidh fógra a thabhairt don duine dlítheanach nó nádúrtha a bheidh faoi réir an chinnidh faoin gcinneadh sin nó nuair a bheidh an comhaontú socraíochta sínithe.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina measann an t-údarás inniúil náisiúnta gur gá aitheantas nó sonraí pearsanta eile daoine nádúrtha a fhoilsiú chun cobhsaíocht na margaid airgeadais a chosaint nó chun forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, lena n-áirítear i gcás ráitis phoiblí dá dtagraítear in Airteagal 97(2)(b) nó toirmisc shealadacha dá dtagraítear in Airteagal 97(2)(d), féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta aitheantas na ndaoine nó na sonraí pearsanta a fhoilsiú freisin ar choinníoll go dtabharfaidh sé údar leis an gcinneadh sin agus go mbeidh an foilsiú teoranta do na sonraí pearsanta a bhfuil géarghá leo chun cobhsaíocht na margaid airgeadais a chosaint nó chun forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú.
3. I gcás ina bhfuil an cinneadh lena bhforchuirtear smachtbhanna riaracháin nó beart riaracháin eile faoi réir achomharc os comhair an údaráis bhreithiúnaigh ábhartha nó an údaráis eile, foilseoidh na húdaráis inniúla, gan mhoill, ar a suíomh gréasáin oifigiúil, faisnéis faoin achomharc agus aon fhaisnéis ina dhiaidh sin faoi thoradh an achomhairc sin, a mhéid a bhaineann sé le daoine dlítheanacha. I gcás ina mbaineann an cinneadh a ndéantar achomharc ina leith le duine nádúrtha agus nach gcuirtear an maolú faoi mhír 2 i bhfeidhm, ní fhoilseoidh údaráis inniúla faisnéis faoin achomharc ach i leagan anaithnidithe amháin.

4. Áiritheoidh údaráis inniúla go gcoinneofar aon fhoilseachán a dhéanfar i gcomhréir leis an Airteagal seo ar a suíomh gréasáin oifigiúil go ceann tréimhse nach faide ná 5 bliana. Ní choinneofar sonraí pearsanta a bheidh san fhoilseachán ar shuíomh gréasáin an údaráis inniúil ach amháin má léirítear le hathbheithniú bliantúil go bhfuil gá leanúnach leis na sonraí sin a fhoilsiú chun cobhsaíocht na margaí airgeadais a chosaint nó chun forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, agus ar aon chuma go ceann tréimhse nach faide ná 5 bliana.

Airteagal 102

Faireachán ar imeachtaí, ar smachtbhannaí agus ar bhearta

1. Tuairisceoidh na húdaráis inniúla do ÚBE, ar bhealach anaithnidithe agus i bhformáid chomhiomlánaithe ar bhonn rialta:
 - (a) imeachtaí foirmiúla riaracháin a thionscnamh, a chur ar fionraí nó a dhúnadh, rud a mbeidh de thoradh orthu go bhforchuirfear smachtbhannaí riaracháin nó bearta riaracháin;
 - (b) íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirtear i gcomhréir le hAirteagal 98 as sárúithe leanúnacha ar an Rialachán seo;
 - (c) i gcás inarb infheidhme, comhaontuithe socraíochta agus nósanna imeachta brostaithe um fhorfheidhmiú, agus a dtoradh, gan beann ar a bhfoilsiú; i gcomhréir le hAirteagal 96(4);
 - (d) imeachtaí coiriúla a mbeidh ciontú agus smachtbhannaí gaolmhara arna dtuairisciú ag údaráis bhreithiúnacha i gcomhréir le hAirteagal 91(4), pointe (a) mar thoradh orthu;
 - (e) aon achomharc in aghaidh cinntí chun smachtbhannaí coiriúla nó riaracháin nó bearta riaracháin a fhorchur agus toradh an achomhairc sin.
2. I gcás ina nochtfaidh an t-údarás inniúil smachtbhanna riaracháin nó beart riaracháin don phobal, déanfaidh sé iad a thuairisciú do ÚBE an tráth céanna.
3. Laistigh de 2 bhliain i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh ÚBE tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ar chur i bhfeidhm smachtbhannaí ag údaráis inniúla chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

Airteagal 103

Fógra a thabhairt faoi bhearta cur chun feidhme

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin arna nglacadh i gcomhréir leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear aon fhoráil ábhartha den dlí coiriúil, faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an

Rialacháin seo]. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill don Choimisiún faoi aon mhoill mhíchuí a dhéanfar orthu dá éis sin.

CAIBIDIL 9

Cumhachtaí idirghabhála táirgí ÚBE

Airteagal 104

Cumhachtaí idirghabhála sealadacha ÚBE

1. I gcomhréir le hAirteagal 9(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, féadfaidh ÚBE, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, toirmeasc nó srian sealadach a chur, san Aontas, ar chineál áirithe seirbhíse nó ionstraime íocaíochta nó seirbhíse nó ionstraime ríomh-airgid nó ar ghné shonrach díobh. Féadfaidh feidhm a bheith ag toirmeasc nó ag srian i dtosca áirithe, nó a bheith faoi réir eisceachtaí a bheidh sonraithe ag ÚBE.
2. Ní ghlacfaidh ÚBE cinneadh faoi mhír 1 mura gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:
 - (a) leis an ngníomhaíocht atá beartaithe, go dtabharfar aghaidh ar líon suntasach úsáideoirí seirbhísí íocaíochta nó úsáideoirí seirbhísí ríomh-airgid nó ar bhagairt ar fheidhmiú ordúil na margaí íocaíochta nó ríomh-airgid, agus ar shláine na margaí sin nó ar chobhsaíocht na margaí sin go léir nó cuid díobh san Aontas;
 - (b) na ceanglais rialála faoi dhlí an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir leis an tseirbhís íocaíochtaí nó maidir leis an tseirbhís ríomh-airgid, ní thugann siad aghaidh ar an mbagairt;
 - (c) nach ndearna údarás inniúil ná údarás inniúla gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt nó nach leor na gníomhaíochtaí atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol sin go leordhóthanach.

I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír, féadfaidh ÚBE an toirmeasc nó an srian dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur ar bhonn réamhchúraim sula ndéanfar seirbhís íocaíochta nó seirbhís ríomh-airgid a thairiscint nó a dháileadh d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta.

3. Agus gníomhaíocht á déanamh faoin Airteagal seo, áiritheoidh ÚBE an méid seo a leanas ar fad:

- (a) nach mbeidh éifeacht dhochrach ag an ngníomhaíocht ar éifeachtúlacht an mhargaidh íocaíochtaí ná ar an margadh seirbhísí ríomh-airgid ná ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ná ar sholáthraithe seirbhísí ríomh-airgid a bheidh díreireach leis na tairbhí a bhaineann leis an ngníomhaíocht;
 - (b) nach gcruthaítear leis an ngníomhaíocht riosca arbatráiste rialála, agus
 - (c) go ndearnadh an ghníomhaíocht i ndiaidh dul i gcomhairle leis an údarás inniúil náisiúnta ábhartha.
4. Sula gcinneadh aon ghníomhaíocht a dhéanamh faoin Airteagal seo, tabharfaidh ÚBE fógra do na húdaráis inniúla maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe aige.
 5. Foilseoidh ÚBE fógra ar a shuíomh gréasáin faoi aon chinneadh maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanamh faoin Airteagal seo. Sonrófar san fhógra mionsonraí an toirmisc nó an tsriain agus sonrófar tráth i ndiaidh fhoilsiú an fhógra óna mbeidh éifeacht leis na bearta, agus á áirithiú freisin nach bhfoilseofar fógraí faoi chinntí den sórt sin maidir le daoine nádúrtha ach i leagan anaithnidithe amháin. Ní bheidh feidhm ag toirmeasc ná srian ach amháin maidir le gníomhaíocht a dhéanfar tar éis do na bearta teacht i bhfeidhm.
 6. Déanfaidh ÚBE athbhreithniú ar thoirmeasc nó ar shrian arna bhforchur faoi mhír 1 ag idirthréimhsí iomchuí agus uair gach trí mhí ar a laghad. Mura ndéanfar an toirmeasc nó an srian a athnuachan tar éis na tréimhse 3 mhí sin, rachaidh sé in éag.
 7. Beidh forlámhas ag gníomhaíocht arna ghlacadh ag ÚBE faoin Airteagal seo ar aon ghníomhaíocht eile arna déanamh ag údarás inniúil roimhe sin.
 8. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmhligthe i gcomhréir le hAirteagal 106 chun critéir agus tosca a bheidh le cur san áireamh ag ÚBE a shonrú agus cinneadh á dhéanamh aige cathain a bheidh líon suntasach úsáideoirí seirbhísí íocaíochta nó úsáideoirí seirbhísí ríomh-airgid ann nó cathain a bheidh bagairt ar fheidhmiú ordúil na margáí seirbhísí íocaíochta nó ríomh-airgid, agus sláine na margáí sin nó ar chobhsaíocht na margáí sin go léir nó cuid díobh san Aontas dá dtagraítear i mír 2, pointe (a).

Áireofar leis na critéir agus na tosca sin:

- (a) an méid castachta a bhaineann le seirbhís nó ionstraim íocaíochta nó seirbhís nó ionstraim ríomh-airgid agus an caidreamh leis an gcineál úsáideoirí, lena n-áirítear tomhaltóirí, dá dtairgtear iad;
- (b) an méid riosca, do thomhaltóirí, seirbhíse nó ionstraime íocaíochta nó seirbhíse nó ionstraime ríomh-airgid;
- (c) an úsáid is féidir le calaoiseoirí a bhaint as an tseirbhís nó an ionstraim íocaíochta nó an tseirbhís nó an ionstraim ríomh-airgid;
- (d) méid nó leibhéal glactha na seirbhíse nó na hionstraime íocaíochta nó na seirbhíse nó na hionstraime ríomh-airgid;
- (e) an méid nuálaíochta a bhaineann le seirbhís nó ionstraim íocaíochta nó le seirbhís nó ionstraim ríomh-airgid.

TEIDEAL IV

GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE

Airteagal 105

Gníomhartha tarmligthe

Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 106 chun an Rialachán seo a leasú trí na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 60(1) a nuashonrú.

Airteagal 106

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 105 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinnithe ama ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 105 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula ndéanfar gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 105 i bhfeidhm ach amháin i gcás nár chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle ina aghaidh laistigh de thréimhse 3 mhí ón uair a tugadh fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an ngníomh sin nó i gcás, roimh dhul in éag na tréimhse sin, ina gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach gcuirfidh siad in aghaidh an ghnímh. Déanfar an tréimhse sin a fhadú de thrí mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

TEIDEAL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 107

Cearta aisíocaíochta níos fabhraí agus bearta coisctheacha calaoise níos déine

1. Féadfaidh na Ballstáit nó na soláthraithe seirbhísí íocaíochta cearta aisíocaíochta níos fabhraí a dheonú d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta i ndáil le haistriú creidmheasa údaraithe amhail dá dtagraítear in Airteagail 57 agus 59 agus foráil a dhéanamh maidir le bearta coisctheacha calaoise níos déine a théann níos faide ná na bearta a leagtar amach in Airteagal 83(1) agus in Airteagal 84.
2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha arna nglacadh de bhun mhír 1 faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta= dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon leasú gan mhoill ina dhiaidh sin.

Airteagal 108

Clásal athbheithnithe

1. Faoi 5 bliana i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, BCE agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus go háirithe ar an méid seo a leanas:
 - (a) a iomchuí atá na rialacha maidir le rochtain ar shonraí cuntas íocaíochta maidir le gnó na seirbhísí faisnéise cuntas agus na seirbhísí tionscanta íocaíochta, agus an tionchar ar an iomaíocht agus ar an nglacadh le baincéireacht oscailte, agus go háirithe na rialacha maidir le comhéadain thiomnaithe agus a maoluithe féin de réir Airteagail 38 agus 39;
 - (b) tionchar na rialacha maidir le heaspa socruithe conarthacha éigeantacha agus cúiteamh as rochtain ag soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus soláthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta ar chomhéadain dá dtagraítear in Airteagal 34;
 - (c) a iomchuí atá na rialacha maidir le muirir agus tionchar na rialacha sin, lena n-áirítear na rialacha maidir le formhuirearú de réir Airteagal 4488;
 - (d) a iomchuí atá na rialacha maidir le calaois a chosc agus a shásamh maidir le hidirbhearta neamhúdaraithe agus le hidirbhearta údaraithe.

(da) líon agus méid na bpionós riaracháin agus na mbeart riaracháin arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo nó ina leith, agus iad á n-aicmiú de réir an Bhallstáit;

(db) cáilíocht an chomhair idir na húdaráis inniúla náisiúnta agus ÚBE;

(dc) cineálacha agus treochtaí an iompair chalaoisigh, agus meastacháin ar an damáiste airgeadais de dheasca an iompair sin ar an margadh, agus cion an damáiste sin, arna chainníochtú ag na Ballstáit.

Más iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach isteach i dteannta na tuarascála uaidh.

2. Faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta= 3 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar raon feidhme an Rialacháin seo, go háirithe maidir le córais íocaíochta, scéimeanna íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí teicniúla, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, BCE agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Más iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach isteach i dteannta na tuarascála sin.

Airteagal 109

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 mar seo a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte d’Airteagal 1(2):

‘Gníomhóidh an tÚdarás laistigh de na cumhachtaí a thugtar leis an Rialachán seo agus faoi raon feidhme Threoir 2002/87/CE, Threoir 2008/48/CE (1), Threoir 2009/110/CE, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (2), Threoir 2013/36/AE (3), Threoir 2014/49/AE (4), Threoir 2014/92/AE (5), Threoir (AE) [...] (PSD3), Rialachán (AE) [...] (PSR) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, a mhéid a bhfuil feidhm ag na gníomhartha sin maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus airgeadais agus maidir leis na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht orthu, laistigh de na codanna ábhartha de Threoir 2002/65/CE, lena n-áirítear gach treoir, gach rialachán agus gach cinneadh atá bunaithe ar na gníomhartha sin, agus d’aon ghníomh eile de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena dtugtar cúraimí don Údarás.’;

2. Leasaítear Airteagal 4(2) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (i):

‘údaráis inniúla nó údaráis mhaoirseachta a thagann faoi raon feidhme na ngníomhartha eanála dá dtagraítear in Airteagal 1(2), lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach i ndáil le hábhair a bhaineann leis na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013;’

(b) scriostar pointí (iii), (vi), (vii) agus (viii).

Airteagal 110
Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2394, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘29. Rialachán (AE) xxxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xxxx maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.’

Airteagal 111

Tábla comhghaoil

Maidir le haon tagairt do Threoir (AE) 2015/2366 agus do Threoir 2009/110/CE, forléireofar í mar thagairt do Threoir (AE) (PSD3) nó don Rialachán seo agus léifear í i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 112

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = **21** mhí i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh feidhm ag Airteagail 50 agus 57, áfach, ón [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta= **27** mhí i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN I

SEIRBHÍSÍ ÍOCAÍOCHTA

(amhail dá dtagraítear i bpointe 3 d'Airteagal 3)

- (1) Seirbhísí trínar féidir airgead a chur ar chuntas íocaíochta agus/nó a aistarraingt as.
- (2) Idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú, lena n-áirítear aistrithe cistí ó chuntas íocaíochta agus chuig cuntas íocaíochta, lena n-áirítear i gcás ina gcumhdaítear na cistí faoi líne chreidmheasa le soláthraí seirbhísí íocaíochta an úsáideora nó le soláthraí seirbhísí íocaíochta eile.
- (3) Ionstraimí íocaíochta a eisiúint.
- (4) Idirbhearta íocaíochta a fháil.
- (5) Seirbhís aistrithe luacha airgid.
- (6) Seirbhísí tionscanta íocaíochta.
- (7) Seirbhísí faisnéise cuntas.

IARSCRÍBHINN II

SEIRBHÍ Sí RÍOMH-AIRGID

(amhail dá dtagraítear i bpointe 52 d'Airteagal 3)

Eisiúint ríomh-airgid, coinneáil cuntas íocaíochta ina stóráiltear aonaid ríomh-airgid agus aistriú aonad ríomh-airgid.

IARSCRÍBHINN III

AN TÁBLA COMHGHAOIL

TREOIR (AE) <u>2015/2366</u>	TREOIR <u>2009/110/EC</u>	TREOIR XXX (PSD3)	RIALACHÁN XXX (PSR)
Airteagal 1(1)	Airteagal 1(1)		Airteagal 2(1)
Litir (a)	Litir (a)		Litir (a)
Litir (b)	Litir (b)		-
Litir (c)	Litir (c)		Litir (b)
Litir (d)			Litir (c)
Litir (e)	Litir (d)		Litir (d)
Litir (f)	Litir (e)		Litir (e)
	Airteagal 1(2)	Airteagal 1(1)	
	Airteagal 1(3)	Airteagal 1(2)	
Airteagal 1(2)			Airteagal 1(1)
			Airteagal 1(2)
Airteagal 2(1)			Airteagal 2(1)
Airteagal 3			Airteagal 2(2)
Litir (a)			Litir (a)
Litir (b)			Litir (b)
Litir (c)			-

Litir (d)			Litir (c)
Litir (e)			Litir (d)
			Litir (e)
Litir (f)			-
Litir (g)			Litir (f)
Litir (h)			Litir (g)
Litir (i)			Litir (h)
Litir (j)			Litir (i)
Litir (k)	Airteagal 1(4)		Litir (j)
Litir (l)	Airteagal 1(5)		Litir (k)
Litir (m)			Litir (l)
Litir (n)			Litir (m)
Litir (o)			-
Airteagal 2(2)			Airteagal 2(3)
Airteagal 2(3)			Airteagal 2(4)
Airteagal 2(4)			Airteagal 2(5)
Airteagal 2(5)			Airteagal 2(6)
			Airteagal 2(7)
			Airteagal 2(8)
Airteagal 4:	Airteagal 2:	Airteagal 2:	Airteagal 3:
Pointí (1) – (3)		Pointí (1) – (3)	Pointí (1) – (3)

Pointe (4)		Pointe (4)	Pointe (4)
Pointe (5)		Pointe (5)	Pointe (5)
Pointe (6)		-	-
-		-	Pointí (6) agus (7)
		Pointe (6)	Pointe (8)
Pointe (7)		Pointe (7)	Pointe (9)
		Pointe (8)	Pointe (10)
Pointí (8) – (13)		Pointí (9) – (14)	Pointí (11) – (16)
-		-	Pointe (17)
Pointe (14)		Pointe (15)	Pointe (18)
Pointí (15) agus (16)		Pointí (17) agus (18)	Pointí (20) agus (21)
Pointe (17)		Pointe (16)	Pointe (19)
Pointí (18) agus (19)		Pointí (19) agus (20)	Pointí (22) agus (23)
Pointe (20)		Pointe (21)	Pointe (24)
Pointe (21)		-	Pointe (25)
Pointe (22)		Pointe (22)	Pointe (26)
Pointí (23) agus (24)		-	Pointí (27) agus (28)
-		-	Pointe (29)
Pointe (25)		Pointe (23)	Pointe (30)

Pointe (26) – (30)		-	Pointí (31) – (35)
		Pointe (24)	Pointe (36)
Pointe (31)		-	Pointe (37)
Pointe (32)		Pointe (25)	Pointe (38)
Pointí (33) – (36)		-	Pointí (39) – (42)
Pointí (37)		Pointe (26)	Pointe (43)
		Pointe (27)	
Pointí (38) – (40)		Pointí (28) – (30)	Pointí (44) – (46)
Pointí (41) agus (42)		-	-
Pointe (43)		-	Pointe (47)
Pointí (44) agus (45)		Pointí (31) agus (32)	Pointí (48) agus (49)
Pointe (46)		Pointe (33)	-
Pointe (47)		-	
Pointe (48)			-
	Pointe (1)	Pointe (39)	Pointe (55)
	Pointe (2)	Pointe (34)	Pointe (50)
	Pointe (3)	-	-
	Pointe (4)	Pointe (35)	-
		Pointí (36) – (38)	Pointí (52) – (54)

			Pointe (55)
		Airteagal 3(1), (2)	
Airteagal 5(1)	Airteagal 3(1)	Airteagal 3(3)	
	Airteagal 3(2)	Airteagal 9(5)	
Airteagal 5(2)		Airteagal 3(4)	
Airteagal 5(3)		Airteagal 36(4)	
Airteagal 5(4) agus (5)		-	
Airteagal 5(6)		Airteagal 3(4)	
Airteagal 5(7)		-	
Airteagal 6(1)	Airteagal 3(3)	Airteagal 4(1)	
	Airteagal 3(4)	Airteagal 20(1), (2), (3)	
Airteagal 6(2)		Airteagal 4(2)	
Airteagal 6(3)		Airteagal 4(3)	
Airteagal 6(4)		Airteagal 4(4)	
Airteagal 7	Airteagal 4	Airteagal 5	
Airteagal 8(1)	Airteagal 5(1)	Airteagal 6(1)	
Airteagal 8(2)	Airteagal 5(6)	Airteagal 6(2)	
Airteagal 8(3)	Airteagal 5(7)	Airteagal 6(3)	
Airteagal 9(1)		Airteagal 7(1), Airteagal 7(2)	

Airteagal 9(2)		Airteagal 7(3)	
-		Airteagal 7(4)	
Airteagal 9(3)		Airteagal 7(5)	
		Airteagal 8(1)	
	Airteagal 5(2)	Airteagal 8(2), Airteagal 8(4)	
	Airteagal 5(3)	Airteagal 8(3)	
	Airteagal 5(4)	Airteagal 8(5)	
	Airteagal 5(5)	Airteagal 8(6)	
Airteagal 10(1)		Airteagal 9(1)	
Airteagal 10(2)		Airteagal 9(2)	
	Airteagal 7(1)	Airteagal 9(3)	
	Airteagal 7(2)	Airteagal 9(4)	
	Airteagal 7(3)		
	Airteagal 7(4)		
Airteagal 11(1)		Airteagal 13(1)	
Airteagal 11(2)		Airteagal 13(2)	
Airteagal 11(3)		Airteagal 13(3)	
Airteagal 11(4)		Airteagal 13(4)	
Airteagal 11(5)		Airteagal 13(5)	
Airteagal 11(6)		Airteagal 13(6)	

Airteagal 11(7)		Airteagal 13(7)	
Airteagal 11(8)		Airteagal 13(8)	
Airteagal 11(9)		Airteagal 13(9)	
Airteagal 12		Airteagal 14	
Airteagal 13(1)		Airteagal 16(1)	
Airteagal 13(2)		Airteagal 16(2)	
Airteagal 13(3)		Airteagal 16(3)	
Airteagal 14(1)		Airteagal 17(1)	
Airteagal 14(2)		Airteagal 17(2)	
Airteagal 14(3)		Airteagal 17(3)	
Airteagal 14(4)		Airteagal 17(4)	
Airteagal 15(1)		Airteagal 18(1)	
Airteagal 15(2)		Airteagal 18(2)	
Airteagal 15(3)		Airteagal 18(3)	
Airteagal 15(4)		Airteagal 18(4)	
Airteagal 15(5)		Airteagal 18(5)	
		Airteagal 18(6)	
Airteagal 16		Airteagal 15	
Airteagal 17(1)		Airteagal 11(1)	
Airteagal 17(2)		Airteagal 11(2)	
Airteagal 17(3)		Airteagal 11(3)	

Airteagal 17(4)		Airteagal 11(4)	
Airteagal 18(1)	Airteagal 6(1), litir (a)	Airteagal 10(1)	
Litir (a)	Litir (c)	Litir (a)	
Litir (b)		Litir (b)	
Litir (c)		Litir (c)	
Airteagal 18(2)	Airteagal 6(4)	Airteagal 10(2)	
Airteagal 18(3)	Airteagal 6(4)	Airteagal 10(3)	
Airteagal 18(4)	Airteagal 6(1) litir (b)	Airteagal 10(4)	
Airteagal 18(5)	Airteagal 6(2); Airteagal 6(4)	Airteagal 10(5)	
	Airteagal 6(3)	Airteagal 10(6)	
Airteagal 18(6)		Airteagal 10(7)	
Airteagal 19(1)		Airteagal 19(1)	
Airteagal 19(2)		Airteagal 19(2)	
Airteagal 19(3)		Airteagal 19(3)	
Airteagal 19(4)		Airteagal 19(4)	
Airteagal 19(5)		Airteagal 19(5)	
Airteagal 19(6)		Airteagal 22(1)	
Airteagal 19(7)		Airteagal 19(6), Airteagal 21(2)	
Airteagal 19(8)		Airteagal 19(7), Airteagal 22(2)	

Airteagal 20(1)		Airteagal 23(1)	
Airteagal 20(2)		Airteagal 23(2)	
Airteagal 21		Airteagal 12	
Airteagal 22(1)		Airteagal 24(1)	
Airteagal 22(2)		Airteagal 24(2)	
Airteagal 22(3)		Airteagal 24(3)	
Airteagal 22(4)		Airteagal 24(4)	
Airteagal 22(5)		Airteagal 24(5)	
Airteagal 23(1)		Airteagal 25(1)	
Litir (a)		Litir (a)	
Litir (b)		Litir (b)	
Litir (c)		Litir (c)	
Litir (d)		-	
		Airteagal 25(2)	
Airteagal 23(2)		Airteagal 25(3)	
Airteagal 23(3)		Airteagal 25(4)	
Airteagal 24(1)		Airteagal 26(1)	
Airteagal 24(2)		Airteagal 26(2)	
Airteagal 24(3)		Airteagal 26(3)	
Airteagal 25(1)		Airteagal 27(1)	
Airteagal 25(2)		Airteagal 27(2)	

Airteagal 26(1)		Airteagal 28(1)	
Airteagal 26(2)		Airteagal 28(2)	
Airteagal 27(1)		Airteagal 29(1)	
Airteagal 27(2)		Airteagal 29(2)	
Airteagal 28(1)		Airteagal 30(1)	
Airteagal 28(2)		Airteagal 30(2)	
Airteagal 28(3)		Airteagal 30(3)	
Airteagal 28(4)		Airteagal 30(4)	
Airteagal 28(5)		Airteagal 30(5)	
Airteagal 29(1)		Airteagal 31(1)	
Airteagal 29(2)		Airteagal 31(2)	
Airteagal 29(3)		Airteagal 31(3)	
Airteagal 29(4)		Airteagal 31(4)	
Airteagal 29(5)		Airteagal 31(5)	
Airteagal 29(6)		-	
		Airteagal 31(6)	
Airteagal 30(1)		Airteagal 32(1)	
Airteagal 30(2)		Airteagal 32(2)	
Airteagal 30(3)		Airteagal 32(3)	
Airteagal 30(4)		Airteagal 32(4)	
Airteagal 31(1)		Airteagal 33(1)	

Airteagal 31(2)		Airteagal 33(2)	
	Airteagal 8(1) (2), (3)		
Airteagal 32(1)	Airteagal 9(1)	Airteagal 34(1)	
Litir (a)		Litir (a)	
	Litir (a)	Litir (b)	
Litir (b)	Litir (b)	Litir (c)	
Airteagal 32(2)	Airteagal 9(2)	Airteagal 34(2)	
Airteagal 32(3)	Airteagal 9(3)	Airteagal 34(3)	
Airteagal 32(4)	Airteagal 9(4)	Airteagal 34(4)	
Airteagal 32(5)	Airteagal 9(5), Airteagal 9(6), Airteagal 9(7)	Airteagal 34(5)	
Airteagal 32(6)	Airteagal 9(8)	Airteagal 34(6)	
Airteagal 33(1)		Airteagal 36(1)	
Airteagal 33(2)		Airteagal 36(2)	Airteagal 47(2)
Airteagal 34	Airteagal 9(9)	Airteagal 35	
		Airteagal 37(1),(2),(3)	
		Airteagal 38(1), (2)	
	Airteagal 10	Airteagal 45(2), (4)	

	Airteagal 11(1)		Airteagal 30(1)
	Airteagal 11(2)		Airteagal 30(2)
	Airteagal 11(3)		Airteagal 30(3)
	Airteagal 11(4)		Airteagal 30(4)
	Airteagal 11(5)		Airteagal 30(5)
	Airteagal 11(6)		Airteagal 30(6)
	Airteagal 11(7)		Airteagal 30(7)
	Airteagal 12		Airteagal 30(8)
	Airteagal 13		Caibidil 8 de Theideal IV
Airteagal 35(1)			Airteagal 31(1), Airteagal 31(5)
			Airteagal 31(2)
Airteagal 35(2)			Airteagal 31(3), Airteagal 31(4), Airteagal 31(6)
			Airteagal 31(7)
Airteagal 36			Airteagal 32(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7)
Airteagal 37(1)		-	
Airteagal 37(2)		Airteagal 39(1)	
Airteagal 37(3)		Airteagal 39(2)	

Airteagal 37(4)		Airteagal 39(3)	
Airteagal 37(5)		Airteagal 39(4)	
Airteagal 38(1)			Airteagal 4(1)
Airteagal 38(2)			Airteagal 4(2)
Airteagal 38(3)			-
Airteagal 39			-
			Airteagal 7
Airteagal 40(1)			Airteagal 8(1)
Airteagal 40(2)			Airteagal 8(2)
Airteagal 40(3)			Airteagal 8(3)
Airteagal 41			Airteagal 9
Airteagal 42(1)			Airteagal 10
Airteagal 42(2)			-
Airteagal 43(1)			Airteagal 11(1)
Airteagal 43(2)			Airteagal 11(2)
Airteagal 44(1)			Airteagal 12(1)
Airteagal 44(2)			Airteagal 12(2)
Airteagal 44(3)			Airteagal 12(3)
Airteagal 45			Airteagal 13
Pointe (1)			Pointe (1)
Litir (a)			Litir (a)

Litir (b)			Litir (b)
			Litir (c)
Litir (c)			Litir (d)
Litir (d)			Litir (e)
			Litreacha (f), (g)
Pointe (2)			Pointe (2)
Litir (a)			Litir (a)
Litir (b)			Litir (b)
Airteagal 45(3)			Airteagal 13(3)
Airteagal 46			Airteagal 14
Airteagal 47			Airteagal 15
Airteagal 48			Airteagal 16
Airteagal 49			Airteagal 17
Airteagal 50			Airteagal 18
Airteagal 51(1)			Airteagal 19(1)
Airteagal 51(2)			Airteagal 19(2)
Airteagal 51(3)			Airteagal 19(3)
Airteagal 52,			Airteagal 20
pointe (1)			litir (a)
litir (a)			Pointe (i)
Litir (b)			Pointe (ii)

Pointe (2)			Litir (b)
litir (a)			Pointe (i)
Litir (b)			Pointe (ii)
litir (c)			Pointe (iii)
litir (d)			Pointe (iv)
litir (e)			Pointe (v)
			Pointe (vi)
litir (f)			Pointe (vii)
litir (g)			Pointe (viii)
pointe (3)			Litir (c)
litir (a)			Pointe (i)
			Pointe (ii)(1), (2), (3), (4)
Litir (b)			Pointe (iii)
litir (c)			Pointe (iv)
			Pointe (v)
pointe (4)			Litir (d)
litir (a)			Pointe (i)
Litir (b)			Pointe (ii)
litir (c)			Pointe (iii)
litir (d)			Pointe (iv)

Pointe (5)			Litir (e)
litir (a)			Pointe (i)
Litir (b)			Pointe (ii)
litir (c)			Pointe (iii)
litir (d)			Pointe (iv)
litir (e)			Pointe (v), Pointe (vi)
litir (f)			Pointe (vii)
litir (g)			Pointe (viii)
Pointe (6)			Litir (f)
litir (a)			Pointe (i)
Litir (b)			Pointe (ii)
litir (c)			Pointe (iii)
Pointe (7)			Litir (g)
litir (a)			Pointe (i)
Litir (b)			Pointe (ii)
Airteagal 53			Airteagal 21
Airteagal 54(1)			Airteagal 22(1)
			Airteagal 22(2)
Airteagal 54(2)			Airteagal 22(3)
Airteagal 54(3)			Airteagal 22(4)

Airteagal 55(1)			Airteagal 23(1)
Airteagal 55(2)			Airteagal 23(2)
Airteagal 55(3)			Airteagal 23(3)
Airteagal 55(4)			Airteagal 23(4)
Airteagal 55(5)			Airteagal 23(5)
Airteagal 55(6)			Airteagal 23(6)
Airteagal 56			Airteagal 24
Airteagal 57(1)			Airteagal 25(1)
Airteagal 57(2)			Airteagal 25(2)
Airteagal 57(3)			Airteagal 25(3)
Airteagal 58(1)			Airteagal 26(1)
Airteagal 58(2)			Airteagal 26(2)
Airteagal 58(3)			Airteagal 26(3)
Airteagal 59(1)			Airteagal 5(1)
Airteagal 59(2)			Airteagal 5(2)
Airteagal 60(1)			Airteagal 6(1)
Airteagal 60(2)			Airteagal 6(2)
Airteagal 60(3)			Airteagal 6(3)
Airteagal 61(1)			Airteagal 27(1)
Airteagal 61(2)			Airteagal 27(2)
Airteagal 61(3)			Airteagal 27(3)

Airteagal 61(4)			-
Airteagal 62(1)			Airteagal 28(1)
Airteagal 62(2)			Airteagal 28(2)
Airteagal 62(3)			Airteagal 28(5)
Airteagal 62(4)			Airteagal 28(3)
Airteagal 62(5)			Airteagal 28(4)
Airteagal 63(1)			Airteagal 29(1)
Airteagal 63(2)			-
Airteagal 63(3)			Airteagal 29(2)
			Airteagal 29(3)
Airteagal 64(1)			Airteagal 49(1)
			Airteagal 49(2)
Airteagal 64(2)			Airteagal 49(3), Airteagal 49(5)
			Airteagal 49(4)
Airteagal 64(3)			Airteagal 49(7)
Airteagal 64(4)			Airteagal 49(6)
Airteagal 65(1)			-
Airteagal 65(2)			-
Airteagal 65(3)			-
Airteagal 65(4)			-

Airteagal 65(5)			-
Airteagal 65(6)			-
Airteagal 66(1)			Airteagal 33(1)
Airteagal 66(2) agus Airteagal 66(4)			Airteagal 40
Airteagal 66(3)			Airteagal 46(2)
Airteagal 66(5)			Airteagal 34(1), Airteagal 34(2)
Airteagal 67(1)			Airteagal 33(2)
Airteagal 67(2)			Airteagal 47(1)
Airteagal 67(3)			Airteagal 41(1)
Airteagal 67(4)			Airteagal 34(1), Airteagal 34(2)
			Airteagail 35 - 39
Airteagal 68(1)			Airteagal 51(1)
Airteagal 68(2)			Airteagal 51(2)
Airteagal 68(3)			Airteagal 51(3)
Airteagal 68(4)			Airteagal 51(4)
Airteagal 68(5)			Airteagal 42(1)
Airteagal 68(6)			Airteagal 42(2)
			Airteagal 43(1), (2), (3), (4)

			Airteagal 44(1), (2)
			Airteagal 45(1), (2)
			Airteagal 46(1)
			Airteagal 47(2)
			Airteagal 48(1), (2), (3), (4), (5)
			Airteagal 50(1), (2), (3), (4), (5), (6), (7), (8), (9)
Airteagal 69(1), Airteagal 69(2)			Airteagal 52
Airteagal 70(1)			Airteagal 53(1)
Airteagal 70(2)			Airteagal 53(2)
Airteagal 71(1)			Airteagal 54(1)
Airteagal 71(2)			Airteagal 54(2)
Airteagal 72(1)			Airteagal 55(1)
Airteagal 72(2)			Airteagal 55(2)
Airteagal 73(1)			Airteagal 56(1), Airteagal 56(3)
			Airteagal 56(2)
Airteagal 73(2)			Airteagal 56(4)
Airteagal 73(3)			Airteagal 56(5)

			Airteagal 57(1), (2), (3), (4), (5), (6)
			Airteagal 58
			Airteagal 59(1), (2), (3), (4), (5)
Airteagal 74(1)			Airteagal 60(1)
Airteagal 74(2)			Airteagal 60(2)
			Airteagal 60(3)
Airteagal 74(3)			Airteagal 60(4)
Airteagal 75(1)			Airteagal 61(1)
			Airteagal 61(2)
Airteagal 75(2)			Airteagal 61(3)
			Airteagal 61(4)
Airteagal 76(1)			Airteagal 62(1)
Airteagal 76(2)			Airteagal 62(2)
Airteagal 76(3)			Airteagal 62(3)
Airteagal 76(4)			Airteagal 62(4)
Airteagal 77(1)			Airteagal 63(1)
Airteagal 77(2)			Airteagal 63(2)
Airteagal 78(1)			Airteagal 64(1)
Airteagal 78(2)			Airteagal 64(2)

			Airteagal 66(3)
Airteagal 79(1)			Airteagal 65(1)
Airteagal 79(2)			Airteagal 65(2)
Airteagal 79(3)			Airteagal 65(3)
Airteagal 80(1)			Airteagal 66(1)
Airteagal 80(2)			Airteagal 66(2)
Airteagal 80(3)			Airteagal 66(3)
Airteagal 80(4)			Airteagal 66(4)
Airteagal 80(5)			Airteagal 66(5)
Airteagal 81(1)			Airteagal 67(1)
Airteagal 81(2)			Airteagal 67(2)
Airteagal 81(3)			Airteagal 67(3)
Airteagal 82(1)			Airteagal 68(1)
Airteagal 82(2)			Airteagal 68(2)
Airteagal 83(1)			Airteagal 69(1)
Airteagal 83(2)			Airteagal 69(2)
Airteagal 83(3)			Airteagal 69(3)
Airteagal 84			Airteagal 70
Airteagal 85			Airteagal 71
Airteagal 86			Airteagal 72
Airteagal 87(1)			Airteagal 73(1)

Airteagal 87(2)			Airteagal 73(2)
Airteagal 87(3)			Airteagal 73(3)
Airteagal 88(1)			Airteagal 74(1)
Airteagal 88(2)			Airteagal 74(2)
Airteagal 88(3)			Airteagal 74(3)
Airteagal 88(4)			Airteagal 74(4)
Airteagal 88(5)			Airteagal 74(5)
			Airteagal 74(6)
Airteagal 89(1)			Airteagal 75(1)
Airteagal 89(2)			Airteagal 75(2)
Airteagal 89(3)			Airteagal 75(3)
Airteagal 90(1)			Airteagal 76(1)
Airteagal 90(2)			Airteagal 76(2)
Airteagal 91			Airteagal 77
Airteagal 92(1)			Airteagal 78(1)
Airteagal 92(2)			Airteagal 78(2)
Airteagal 93			Airteagal 79
Airteagal 94			Airteagal 80
Airteagal 95(1)			Airteagal 81(1)
Airteagal 95(2)			-
Airteagal 95(3)			-

Airteagal 95(4)			-
Airteagal 95(5)			Airteagal 81(2)
Airteagal 96(1)			-
Airteagal 96(2)			-
Airteagal 96(3)			-
Airteagal 96(4)			-
Airteagal 96(5)			-
Airteagal 96(6)			Airteagal 82
			Airteagal 83(1), (2), (3), (4), (5), (6)
			Airteagal 84(1), (2), (3)
Airteagal 97(1)			Airteagal 85(1)
			Airteagail 85(2)-(7)
Airteagal 97(2)			Airteagal 85(8), Airteagal 85(9)
Airteagal 97(3)			Airteagal 85(10)
Airteagal 97(4)			Airteagal 86(1)
Airteagal 97(5)			Airteagal 86(2)
			Airteagal 86(3), (4)
			Airteagal 87
			Airteagal 88(1), (2),

			(3)
Airteagal 98(1)			Airteagal 89(1)
Litir (a)			Litir (a)
Litir (b)			Litir (b)
Litir (c)			Litir (c)
			Litir (d)
Litir (d)			Litir (e)
			Litir (f)
			Litir (g)
Airteagal 98(2), (4)			Airteagal 89(2)
Airteagal 98(3)			Airteagal 85(11)
Airteagal 98(5)			Airteagal 89(3)
Airteagal 99(1)			Airteagal 90(1)
Airteagal 99(2)			Airteagal 90(2)
Airteagal 100(1)			Airteagal 91(2)
Airteagal 100(2)			Airteagal 91(3)
Airteagal 100(3)			Airteagal 91(1)
Airteagal 100(4), (5)			
			Airteagal 91(4), (5)
Airteagal 100(6)			Airteagal 91(6)
			Airteagal 92

			Airteagal 93(1), (2), (3), (4)
Airteagal 101(1)			Airteagal 94(1)
Airteagal 101(2)			Airteagal 94(2)
Airteagal 101(3)			Airteagal 94(3)
Airteagal 101(4)			Airteagal 94(4)
Airteagal 102(1)			Airteagal 95(1)
Airteagal 102(2)			Airteagal 95(2)
Airteagal 103(1)			Airteagal 96(1)
			Airteagal 96(2), (3), (4)
Airteagal 103(2)			Airteagal 101(1), (2), (3), (4)
			Airteagal 97(1), (2), (3), (4)
			Airteagal 98(1), (2)
			Airteagal 99(1), (2)
			Airteagal 100(1), (2)
			Airteagal 102-104
Airteagal 104		Airteagal 40	Airteagal 105
Airteagal 105(1)		Airteagal 41(1)	Airteagal 106(1)
Airteagal 105(2)		Airteagal 41(2)	Airteagal 106(2)

Airteagal 105(3)		Airteagal 41(3)	Airteagal 106(3)
			Airteagal 106(4)
Airteagal 105(4)		Airteagal 41(4)	Airteagal 106(5)
Airteagal 105(5)		Airteagal 41(5)	Airteagal 106(6)
Airteagal 106			-
	Airteagal 14(1).(2)		
	Airteagal 15(1).(2)		
Airteagal 107(1)	Airteagal 16(1)	Airteagal 42(1)	
Airteagal 107(2)		Airteagal 42(2)	
Airteagal 107(3)	Airteagal 16(2)	Airteagal 42(3)	
			Airteagal 107
Airteagal 108	Airteagal 17	Airteagal 43	Airteagal 108
Airteagal 109(1)		Airteagal 44(1)	
Airteagal 109(2)		Airteagal 44(2)	
Airteagal 109(3)		Airteagal 44(3)	
Airteagal 109(4)		Airteagal 44(4)	
Airteagal 109(5)		-	
	Airteagal 18(1)	Airteagal 45(1), Airteagal 45(2)	
	Airteagal 18(2)	Airteagal 45(3)	
	Airteagal 18(3)	Airteagal 45(4)	

	Airteagal 18(4)	-	
Airteagal 114	Airteagal 21	Airteagal 48	
Airteagal 115(1)	Airteagal 22(1)	Airteagal 49(1)	
Airteagal 115(2)		Airteagal 49(2)	
Airteagal 115(3)	Airteagal 22(2)	Airteagal 49(3)	
Airteagal 115(4)		-	
Airteagal 115(5)		-	
Airteagal 115(6)		-	
Airteagal 116	Airteagal 23	Airteagal 50	Airteagal 112
Airteagal 117	Airteagal 24	Airteagal 51	-
Iarscríbhinn I		Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
		Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn II
Iarscríbhinn II		Iarscríbhinn III	Iarscríbhinn III
